

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

11 Iúil 2019



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2019/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344 ⁽²⁾ 21
- ★ Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne ⁽¹⁾ 57

TREORACHA

- ★ Treoir (AE) 2019/1151 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí ⁽¹⁾ 80

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE.

⁽²⁾ Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE agus maidir leis an Eilvéis.

GA

- ★ Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach 105

- ★ Treoir (AE) 2019/1153ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle 122

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

**RIALACHÁN (AE) 2019/1148 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 20 Meitheamh 2019**

**maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán, lena leasaítear Rialachán (CE)
Uimh. 1907/2006 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 98/2013**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, bunaíodh rialacha comhchuibhíthe maidir le substaintí nó meascáin a chur ar fáil, a thabhairt isteach, a shealbhú agus a úsáid, ar substaintí nó meascáin iad a bhféadfaí mí-úsáid a bhaint astu chun pléascáin a mhonarú go haindleathach, d'fhonn rochtain an phobail i gcoitinne orthu a theorannú agus tuairisciú iomchuí idirbheart amhrasach ar fud an tslabhra soláthair a áirithiú.
- (2) Cé gur chuidigh Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 le laghdú a dhéanamh ar an mbagairt a bhaineann le réamhtheachtaithe pléascán san Aontas, is gá neartú a dhéanamh ar an gcóras rialuithe i leith réamhtheachtaithe ar féidir a úsáid chun pléascáin bhaile a mhonarú. Mar gheall ar líon na n-athruithe atá de dhíth, is iomchuí Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 a ionadú ar mhaithe le soiléireacht.
- (3) Le Rialachán (AE) Uimh. 98/2013, cuireadh srian leis an rochtain a bhíonn ag daoine den phobal i gcoitinne ar réamhtheachtaithe pléascán agus leis an úsáid a bhaineann siad astu. D'ainneoin an tsriain sin, bhí na Ballstáit in ann cinneadh a dhéanamh, áfach, rochtain ar na substaintí sin a dheonú do dhaoine den phobal i gcoitinne trí chóras ceadúnúcháin agus clárúcháin. Dá bhrí sin, bhí srianta agus rialuithe ar réamhtheachtaithe pléascán éagsúil ó Bhallstát go céile agus ba dhóigh go gcruthóidís bacainní ar thrádáil laistigh den Aontas, rud a chuirfeadh bac ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Ina theannta sin, níor áirithíodh leis na srianta agus na rialuithe atá ann

⁽¹⁾ IO C 367, 10.10.2018, lch. 35.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 14 Meitheamh 2019.

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán (IO L 39, 9.2.2013, lch. 1).

cheana leibhéal leordhóthanach slándála poiblí mar nach raibh coirpigh á gcosc go leordhóthanach ó réamhtheachtaithe pléascán a fháil. Tá an bhagairt ó phléascáin bhaile ard go fóill agus tá sí ag teacht chun cinn i gcónaí.

- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, an córas chun cosc a chur ar mhonarú pléascán go haindleathach a neartú agus a chomhchuíbhiú tuilleadh i bhfianaise na bagartha ar an tslándáil phoiblí atá ag teacht chun cinn de bharr na sceimhlitheoireachta agus gníomhaíochtaí tromchúiseacha coiriúla eile. Ba cheart a áirithiú leis an neartú agus leis an gcomhchuíbhiú sin freisin saorghluaiseacht réamhtheachtaithe pléascán sa mhargadh inmheánach, agus ba cheart iomaíocht a chur chun cinn idir oibreoirí eacnamaíocha agus nuálaíocht a spreagadh, mar shampla, trí fhorbairt ceimiceán níos sábháilte a éascú a chuirfí in ionad réamhtheachtaithe pléascán.
- (5) Áirítear na nithe seo a leanas sna critéir chun na bearta a chinneadh ar cheart feidhm a bheith acu maidir leis na réamhtheachtaithe pléascán lena mbaineann: leibhéal na bagartha a bhaineann leis an réamhtheachtaí pléascán lena mbaineann, méid na trádála sa réamhtheachtaí pléascán lena mbaineann, agus cibé an féidir leibhéal tiúchana a bhunú faoina mbeifí in ann an réamhtheachtaí pléascán a úsáid fós chun na gcríoch dlísteanaigh ar chucu a chuirtear ar fáil é agus an seans á laghdú go suntasach go bhféadfaí an réamhtheachtaí sin a úsáid chun pléascáin a mhonarú go haindleathach.
- (6) Níor cheart cead a bheith ag an bpobal i gcoitinne réamhtheachtaithe pléascán áirithe a fháil, a thabhairt isteach, a shealbhú ná a úsáid, i dtiúchaintí atá os cionn luachanna teorann áirithe, arna léiriú mar chéatadán de réir meáchain (w/w). Ba cheart, áfach, cead a thabhairt don phobal i gcoitinne roinnt réamhtheachtaithe pléascán os cionn na teorann tiúchana sin a fháil, a thabhairt isteach, a shealbhú nó a úsáid i dtiúchaintí atá os cionn na luachanna teorann sin chun críocha dlísteanaigh, ar choinníoll go bhfuil ceadúnas acu chuige sin. I gcás gur duine dlíthiúil an iarratasóir, ba cheart d'údarás inniúil an Bhallstáit cúlra an duine dlíthiúil agus aon duine eile, atá ag gníomhú dó ina aonar nó mar chuid de chomhlacht de chuid an duine dhlítheanaigh, agus a bhfuil post ceannaireachta aige laistigh den duine dlítheanaigh, bunaithe ar chumhacht chun ionadaíocht a dhéanamh don duine dlítheanaigh, údarás le cinntí a dhéanamh thar ceann an duine dhlítheanaigh nó údarás chun rialú a fheidhmiú laistigh den duine dlítheanaigh chur san áireamh.
- (7) Maidir le roinnt réamhtheachtaithe pléascán atá srianta agus atá i dtiúchaintí níos airde ná na luachanna teorann dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ní ann d'aon úsáid dhlísteanaigh don phobal i gcoitinne. Dá bhrí sin, ba cheart deireadh a chur le ceadúnú i leith clóiríd photaisiam, sárchlóráit photaisiam, clóráit sóidiam agus sárchlóráit sóidiam. Níor cheart ceadúnú a cheadú ach do líon teoranta réamhtheachtaithe pléascán a bhfuil úsáid dhlíthiúil ag baint leo don phobal i gcoitinne. Ba cheart an ceadúnú sin a shrianadh go tiúchaintí nach mó iad ná an luach teorann uachtarach dá bhforáiltear leis an Rialachán seo. Os cionn an uaslúcha teorann sin, is mó an baol i ndáil le monarú aindleathach pléascán ná an úsáid dhlísteanaigh dhiomaibhseach a d'fhéadfadh daoine den phobal i gcoitinne baint as na réamhtheachtaithe pléascán sin, ós rud é gur féidir roghanna malartacha nó tiúchaintí níos ísle a úsáid chun an éifeacht chéanna a bhaint amach. Leis an Rialachán seo ba cheart a chinneadh freisin cé na himthosca ba cheart do na húdaráis inniúla a chur san áireamh, ar a laghad, agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le ceadúnas a eisiúint. Ba cheart dó sin, mar aon le formáid an cheadúnais a leagtar amach in Iarscríbhinn III, aitheantas na gceadúnas arna n-eisiúint ag Ballstáit eile a éascú.
- (8) Ba cheart é a bheith indéanta aitheantas frithpháirteach ceadúnas arna n-eisiúint ag Ballstáit eile a thabhairt go déthaobhach nó go hilaobhach, chun cuspóirí an mhargaidh aonair a bhaint amach.
- (9) D'fhonn srianta agus rialuithe an Rialacháin seo a chur i bhfeidhm, ba cheart do na hoibreoirí eacnamaíocha sin a bhíonn ag díol le húsáideoirí gairmiúla nó le daoine den phobal i gcoitinne a bhfuil ceadúnas acu bheith ábalta brath ar fhaisnéis a chuirtear ar fáil go réamhtheachtach sa slabhra soláthair. Dá bhrí sin, ba cheart do gach oibreoir eacnamaíoch sa slabhra soláthair a chur in iúl d'fhaigneoirí réamhtheachtaithe pléascán sin atá rialaithe go bhfuil cur ar fáil, tabhairt isteach, sealbhú, nó úsáid na réamhtheachtaithe pléascán sin ag daoine den phobal i gcoitinne faoi réir an Rialacháin seo, mar shampla trí lipéad iomchuí a ghreamú den phacáistíocht nó trína dheimhniú go bhfuil lipéad iomchuí greamaithe den phacáistíocht nó tríd an bhfaisnéis sin a áireamh sa bhileog sonraí sábháilteachta arna tiomsú i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).
- (10) Is é an difríocht idir oibreoir eacnamaíoch agus úsáideoir gairmiúil ná go gcuireann na hoibreoirí eacnamaíocha réamhtheachtaí pléascán ar fáil do dhuine eile agus i gcás úsáideoirí gairmiúla is é go bhfaigheann sé réamhtheachtaí pléascán nó go dtugann sé isteach é dá úsáid féin amháin. I gcás oibreoirí eacnamaíocha a bhíonn ag díol le húsáideoirí gairmiúla nó le hoibreoirí eacnamaíocha eile nó leis an bpobal i gcoitinne a

(* Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

bhfuil ceadúnas acu, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil a gcuid pearsanra a bhfuil baint acu le díol na réamhtheachtaithe pléascán ar an eolas faoi na táirgí a chuireann siad ar fáil a bhfuil réamhtheachtaithe pléascán iontu, mar shampla tríd an bhfaisnéis go bhfuil réamhtheachtaí pléascán sa táirge a áireamh i mbarrachód an táirge.

- (11) An t-idirdhealú idir úsáideoirí gairmiúla, ar cheart go bhféadfaí réamhtheachtaithe pléascán atá srianta a chur ar fáil dóibh, agus daoine den phobal i gcoitinne, nár cheart go bhféadfaí iad a chur ar fáil dó, tá sé ag brath ar an bhfuil sé i gceist ag an duine an réamhtheachtaí pléascán lena mbaineann a úsáid chun críocha a bhaineann le ceird shonrach an duine sin, lena ngnó nó lena ngairm ar leith, lena n-áirítear gníomhaíocht foraoiseachta, gortóireachta agus feirmeoireachta, bíodh an ghníomhaíocht sin ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha agus ní gá go mbainfeadh sé le méid an limistéir talún ar a ndéantar an ghníomhaíocht. Dá bhrí sin, níor cheart d'oibreoírí eacnamaíocha réamhtheachtaí pléascán atá srianta a chur ar fáil do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá gníomhach go gairmiúil i réimse nach gnách an réamhtheachtaí pléascán sonrach sin atá srianta a úsáid ann chun críocha gairmiúla ná do dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí nach bhfuil baint ar bith acu le haon chríoch ghairmiúil.
- (12) Pearsanra oibreoírí eacnamaíocha atá bainteach le réamhtheachtaithe pléascán a chur ar fáil, ba cheart é a bheith faoi réir na rialacha céanna faoin Rialachán seo atá i bhfeidhm maidir le daoine den phobal i gcoitinne agus na réamhtheachtaithe pléascán sin á n-úsáid dá gcáil phearsanta.
- (13) Ba cheart d'oibreoírí sonraí idirbhirt a choinneáil le bheith ina gcabhair mhór do na húdaráis chun coireacht thromchúiseach arna ndéanamh le gléasanna pléascacha baile a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus chun comhlíontacht an Rialacháin seo a fhíorú. Tá sé riachtanach gach gníomhaí sa slabhra soláthair agus gach custaiméir a aithint chun na críche sin, bíodh gur daoine den phobal i gcoitinne, úsáideoirí gairmiúla nó oibreoírí eacnamaíocha iad. Os rud é go bhféadfadh monarú agus úsáid aindleathach pléascán baile tréimhse shuntasach tar éis dhíol an réamhtheachtaí pléascán, ní mór na sonraí idirbhirt a choinneáil chomh fada agus is gá agus ar feadh tréimhse atá comhréireach agus iomchuí d'fhonn imscrúduithe a éascú agus gnáth-thréimhsí cigireachta á gcur san áireamh.
- (14) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin maidir le hoibreoírí eacnamaíocha a bhíonn ag feidhmiú ar líne, lena n-áirítear iad siúd a bhíonn ag feidhmiú maidir le margaí ar líne. Dá bhrí sin, ba cheart d'oibreoírí eacnamaíocha a bhíonn ag feidhmiú ar líne oiliúint a chur ar a bhfoirne agus nósanna imeachta iomchuí a bheith i bhfeidhm acu chun idirbhearta amhrasacha a bhrath. Ina theannta sin, níor cheart dóibh réamhtheachtaithe pléascán atá srianta a chur ar fáil ach amháin do dhuine den phobal i gcoitinne in aon Bhallstát a choimeádann ar bun, nó a bhunaíonn, córas ceadúnúcháin i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus ba cheart dóibh gan déanamh amhlaidh go dtí go mbeidh sé fíoraithe acu go bhfuil ceadúnas bailí ag an duine sin den phobal i gcoitinne. Tar éis dó céannacht an chustaiméara ionchasaigh a fhíorú, mar shampla trí na sásraí dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, ba cheart don oibreoír eacnamaíoch a fhíorú go bhfuil ceadúnas eisithe i leith an idirbhirt atá beartaithe, mar shampla trí chigireacht fhísiciúil ar an gceadúnas tráth seachadta an réamhtheachtaí pléascán nó, le toiliú an chustaiméara ionchasaigh, trí theagmháil a dhéanamh le húdaráis inniúil an Bhallstáit a d'eisigh an ceadúnas. Ba cheart d'oibreoírí eacnamaíocha atá ag feidhmiú ar líne, amháil iadsan atá ag feidhmiú as líne, dearbhuithe maidir leis an úsáid deiridh a iarraidh ar úsáideoirí gairmiúla freisin.
- (15) Níl sna margaí ar líne ach idirghabhálaithe idir oibreoírí eacnamaíocha ar lámh amháin, agus daoine den phobal i gcoitinne, úsáideoirí gairmiúla, nó oibreoírí eacnamaíocha eile ar an lámh eile. Mar sin níor cheart margaí ar líne a chur faoi scáth an tsainmhíneithe ar oibreoír eacnamaíoch agus níor cheart a cheangal orthu teoracha a thabhairt dá gcuid pearsanra a bhíonn páirteach i ndíol réamhtheachtaithe pléascán atá srianta, maidir leis na hoibleagáidí faoin Rialachán seo, céannacht ná, i gcás inarb iomchuí, ceadúnas an chustaiméara ionchasaigh a fhíorú, ná tuilleadh faisnéise a iarraidh ón gcustaiméir ionchasach. Mar sin féin, mar gheall ar an ról lárnach in idirbhearta ar líne atá ag na margaí ar líne, lena n-áirítear maidir le díolachán réamhtheachtaithe pléascán rialáilte, ba cheart dóibh úsáideoirí a bhfuil sé ina aidhm acu réamhtheachtaithe pléascán rialáilte a chur ar fáil trína gcuid seirbhísí a chur ar an eolas iad, ar bhealach soiléir, éifeachtach, faoi na hoibleagáidí faoin Rialachán seo. Ina theannta sin, ba cheart do mhargaí ar líne bearta a dhéanamh chun cabhrú lena áirithiú go gcomhlíonfaidh a gcuid úsáideoirí a n-oibleagáidí féin maidir le fíorú, mar shampla trí uirlisí a thairiscint chun fíorú ceadúnas a éascú. Os rud é go bhfuil tábhacht níos mó agus níos mó ag baint le margaí ar líne do gach cineál soláthair agus go bhfuil an-tábhacht ag baint leis an mbealach soláthair úd, lena n-áirítear chun críocha na sceimhlitheoireachta, ba cheart do mhargaí ar líne a bheith faoi réir na n-oibleagáidí céanna braite agus tuairiscithe agus atá oibreoírí eacnamaíocha, cé gur cheart nósanna imeachta atá ann chun idirbhearta amhrasacha a bhrath a oiriúnú go cuí don timpeallacht ar leith ar líne.

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainnitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

- (16) Níor cheart na hoibleagáidí ginearálta faireacháin a bheith i gceist leis an oibleagáid maidir le margaí ar líne faoin Rialachán seo. Ba cheart oibleagáidí sonracha amháin a leagan síos leis an Rialachán seo do mhargaí ar líne maidir le brath agus tuairisciú aon idirbhearta amhrasacha arna ndéanamh ar a suíomh gréasáin nó lena seirbhísí ríomhaireachta. Níor cheart do mhargaí ar líne a bheith faoi dhliteanas, ar bhonn an Rialacháin seo, i leith idirbhearta nár braitheadh in ainneoin nósanna imeachta atá iomchuí, réasúnta agus comhréireach a bheith i bhfeidhm ag an margadh ar líne d'fhonn idirbhearta amhrasacha den chineál sin a bhrath.
- (17) Éilíonn an Rialachán seo ar oibreoirí eacnamaíocha idirbhearta amhrasacha a thuairisciú, beag beann ar cé acu an duine den phobal i gcoitinne, úsáideoir gairmiúil nó oibreoir eacnamaíoch an custaiméir ionchasach. Ba cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí a bhaineann le réamhtheachtaithe pléascán rialáilte, lena n-áirítear an oibleagáid i leith idirbhearta amhrasacha a thuairisciú, maidir le gach substaint a liostaítear in Iarscríbhinn I agus II, beag beann ar a dtíúchan. Mar sin féin, eisiatar ó raon feidhme an Rialacháin seo táirgí a bhfuil réamhtheachtaithe pléascán iontu ar mhéid chomh beag agus i meascáin chomh casta gur rídheacair go teicniúil na réamhtheachtaithe pléascán a bhaint.
- (18) Chun cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a fheabhsú, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'údaráis phoiblí araon foráil a dhéanamh maidir le hoiliúint leordhóthanach maidir le hoibleagáidí faoin Rialachán seo. Ba cheart údaráis chigireachta a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit agus ba cheart do na Ballstáit gníomhaíochtaí múscailte feasachta a eagrú go rialta, a bheidh oiriúnaithe do shainiúlachtaí gach earnála éagsúla, agus ba cheart dóibh comhphlé buan a choimeád ar bun le hoibreoirí eacnamaíocha ar gach leibhéal den slabhra soláthair, lena n-áirítear na hoibreoirí eacnamaíocha a bhíonn ag feidhmiú ar líne.
- (19) Is féidir leis an rogha substaintí a úsáideann coirpigh chun pléascáin bhaile a dhéanamh athrú go tapa. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith indéanta substaintí breise a thabhairt faoi réir na hoibleagáide tuairiscithe dá bhforáiltear leis an Rialachán seo, agus an méid sin a dhéanamh ar bhonn práinne i gcás inar gá sin. D'fhonn freastal ar fhorbairtí a d'fhéadfadh teacht maidir le mí-úsáid substaintí mar réamhtheachtaithe pléascán, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le leasú a dhéanamh ar an Rialachán seo trí mhodhnú a dhéanamh ar na luachanna teorann ar os a gcionn nár cheart substaintí áirithe atá srianta faoin Rialachán seo a chur ar fáil do dhaoine den phobal i gcoitinne, agus trí shubstaintí breise a bhfuil idirbhearta amhrasacha maidir leo le tuairisciú a liostú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016⁽⁶⁾. Go sonrath, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (20) D'fhonn aghaidh a thabhairt ar shubstaintí nach bhfuil liostaithe in Iarscríbhinn I nó II, ach a dtagann Ballstát ar fhorais réasúnacha ina leith le creidiúint go bhféadfaí iad a úsáid chun pléascáin a mhonarú go haindleathach, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le clásal cosanta i leith nós imeachta leordhóthanach de chuid an Aontais. Ina theannta sin, i bhfianaise na rioscaí sonracha a dtabharfar aghaidh orthu leis an Rialachán seo, is iomchuí a cheadú do na Ballstáit bearta cosanta a ghlacadh, i gcúinsí áirithe, maidir le substaintí atá faoi réir beart cheana faoin Rialachán seo. Thairis sin, ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit bearta náisiúnta a choinneáil, ar chuir siad an Coimisiún ar an eolas ina leith nó ar thug siad fógra ina leith don Choimisiún roimhe seo i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 98/2013.
- (21) Dhéanfaí an creat rialála a shimpliú ach na srianta slándála ábhartha maidir le níotráit amóiniam a chur ar fáil atá i Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a chomhtháthú leis an Rialachán seo. Ar an gcúis sin, ba cheart Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú dá réir sin.

⁽⁶⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (22) Ceanglaítear leis an Rialachán seo sonraí pearsanta a phróiseáil agus a nochtadh ina dhiaidh sin do thríú páirtithe i gcás idirbhearta amhrasacha. Fágann an phróiseáil agus an nochtadh sin go gcuirtear as do na cearta bunúsacha chun saoil phríobháidigh agus ar an gceart sonraí pearsanta a chosaint. Dá réir sin, ba cheart a áirithiú go ndéanfar cosaint iomchuí ar an gceart bunúsach i ndáil le cosaint sonraí pearsanta daoine aonair, ar daoine aonair iad a ndéantar a sonraí pearsanta a phróiseáil agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm. Déantar próiseáil sonraí pearsanta a dhéanfar faoi chuimsiú an Rialacháin seo a rialú le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁷⁾. Dá bhrí sin, maidir le próiseáil na sonraí pearsanta a ghabhann le ceadúnú agus le tuairisc a thabhairt ar idirbhearta amhrasacha, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, lena n-áirítear na prionsabail ghinearálta cosanta sonraí i dtaca le dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht, teorannú de réir cuspóra, íoslaghú sonraí, cruinneas, teorannú stórála, sláine agus rúndacht agus leis an gceanglas atá ann aird chuí a thabhairt ar chearta an ábhair sonraí.
- (23) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo bunaithe ar na critéir maidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE. Ba cheart don mheastóireacht sin an bonn a sholáthar i gcomhair measúnuithe tionchair ar bhearta breise a d'fhéadfaí a ghlacadh amach anseo. Ba cheart faisnéis a bhailiú go rialta chun críche bonn eolais a chur faoin meastóireacht ar an Rialachán seo.
- (24) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon rochtain daoine den phobal i gcoitinne ar réamhtheachtaithe pléascán a theorannú, a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr, mar gheall ar fhairsinge agus éifeachtaí an teorannaithe, is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (25) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear rialacha comhchuibhithe leis an Rialachán seo maidir le substaintí nó le meascáin a chur ar fáil, a thabhairt isteach, a bheith i seilbh duine agus a úsáid, ar substaintí nó meascáin iad a bhféadfaí mí-úsáid a bhaint astu chun pléascáin a mhonarú go haindeathach, d'fhonn rochtain daoine den phobal i gcoitinne ar na substaintí nó meascáin sin a theorannú agus d'fhonn tuairisciú iomchuí idirbheart amhrasach ar fud an tslabhra soláthair a áirithiú.

Tá an Rialachán seo gan dochar d'fhorálacha níos déine eile de dhlí an Aontais a bhaineann leis na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I agus II.

Airteagal 2

Raon Feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán **seo** maidir leis na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I agus II agus maidir le meascáin agus substaintí ina bhfuil na substaintí sin.
2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) earraí mar a shainmhínítear iad i bpointe (3) d'Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;
 - (b) earraí piri-teicniúla mar a shainmhínítear iad i bpointe (1) d'Airteagal 3 de Threoir 2013/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁸⁾;

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

⁽⁸⁾ Treoir 2013/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hearraí piri-teicniúla a chur ar fáil ar an margadh (IO L 178, 28.6.2013, lch. 27).

- (c) earraí piriteicniúla atá beartaithe a úsáid chun críocha neamhthráchtála, i gcomhréir le dlí náisiúnta ag na fórsaí armtha, ag údarás forfheidhmithe dlí nó ag seirbhísí dóiteáin;
- (d) trealamh piriteicniúil a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾;
- (e) earraí piriteicniúla atá beartaithe a úsáid i dtionscal an aeraspáis;
- (f) caipíní forbhuailte atá beartaithe do bhréagáin;
- (g) táirgí míochaine a cuireadh ar fáil go dlisteanach iad do dhuine den phobal i gcoitinne ar bhonn oidis liachta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

Airteagal 3

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “substaint” substaint mar a shainmhínítear í i bpointe (1) d’Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;
- (2) ciallaíonn “meascán” meascán mar a shainmhínítear é i bpointe (2) d’Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;
- (3) ciallaíonn “earra” earra mar a shainmhínítear é i bpointe (3) d’Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;
- (4) ciallaíonn “cur ar fáil” aon soláthar, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce;
- (5) ciallaíonn “tabhairt isteach” substaint a thabhairt isteach i gcríoch Ballstáit, beag beann ar a ceann scríbe san Aontas, bíodh sin ó Bhallstát eile nó ó thríú tír, faoi nós imeachta custaim ar bith, mar a shainmhínítear é i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾ lena n-áirítear idirthuras;
- (6) ciallaíonn “úsáid” úsáid mar a shainmhínítear í i bpointe (24) d’Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;
- (7) ciallaíonn “idirbheart amhrasach” aon idirbheart a bhaineann le réamhtheachtaithe pléascán rialáilte a bhfuil údar cuí le bheith in amhras faoi go bhfuil an substaint nó meascán ceaptha lena mbaineann le húsáid i monarú aindleathach pléascán, tar éis gach cúinse ábhartha eile a chur san áireamh;
- (8) ciallaíonn “duine den phobal i gcoitinne” aon duine nádúrtha nó dlíthiúil atá ag gníomhú chun críoch nach bhfuil bainteach le ceird an duine sin, lena ghnó nó lena ghairm;

⁽⁹⁾ Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le trealamh muirí agus lena n-aisghairtear Treoir 96/98/CE ón gComhairle (IO L 257, 28.8.2014, lch. 146).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

- (9) ciallaíonn “úsáideoir gairmiúil” aon duine nádúrtha nó dlíthiúil nó eintiteas poiblí nó grúpa daoine nó eintiteas den sórt sin, a bhfuil gá inléirithe aige le réamhtheachtaí pléascán atá srianta chun críocha atá bainteach le trádáil, gnó, ceird nó gairm an duine sin, lena n-áirítear gníomhaíocht talmhaíocht, a dhéantar ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha agus ní gá go mbainfeadh sé le méid an limistéir talún ar a ndéantar an ghníomhaíocht talmhaíochta sin, ar choinníoll nach n-áirítear sna críocha sin an réamhtheachtaí pléascán sin atá srianta a chur ar fáil do dhuine eile;
- (10) ciallaíonn “oibreoir eacnamaíoch” aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó eintiteas poiblí nó grúpa daoine nó eintitis den sórt sin a chuireann réamhtheachtaithe pléascán rialáilte ar fáil ar an margadh, bíodh sin as líne nó ar líne, lena n-áirítear margáí ar líne;
- (11) ciallaíonn “margadh ar líne” soláthraí seirbhíse idirghabhála a ligeann d’oibreoirí eacnamaíocha ar thaobh amháin, agus do dhaoine den phobal i gcoitinne, d’úsáideoirí gairmiúla, nó d’oibreoirí eacnamaíocha ar an taobh eile, idirbhearta a thabhairt i gcrích maidir le réamhtheachtaithe pléascán rialáilte trí chonarthaí díolacháin nó seirbhíse ar líne, ar shuíomh gréasáin an mhargaidh ar líne nó ar shuíomh gréasáin oibreora eacnamaíoch a úsáideann seirbhísí ríomhaireachta arna soláthar ag an margadh ar líne;
- (12) ciallaíonn “réamhtheachtaí pléascán atá srianta” substaint atá liostaithe in Iarscríbhinn I atá i dtiúchán atá os cionn an luacha chomhfhreagraigh teorann a leagtar amach i gcolún 2 den tábla in Iarscríbhinn I, lena n-áirítear meascán nó substaint eile ina bhfuil substaint liostaithe san Iarscríbhinn sin ag tiúchan is airde ná an luach comhfhreagrach teorann;
- (13) ciallaíonn “réamhtheachtaí pléascán rialáilte” substaint atá liostaithe in Iarscríbhinn I nó II lena n-áirítear meascán nó substaint eile ina bhfuil substaint a liostaítear sna hIarscríbhinní sin seachas meascáin aonchineálacha le níos mó ná 5 chomhábhar ina bhfuil tiúchan gach ceann de na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I nó II faoi bhun 1 % w/w;
- (14) ciallaíonn “gníomhaíocht talmhaíochta” táirgí talmhaíochta a tháirgeadh, a thógáil nó a shaothrú, lena n-áirítear buainteoireacht, bleán, pórú ainmhithe agus coinneáil ainmhithe chun críoch feirmeoireachta, nó an limistéar talmhaíochta a choinneáil i ndea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil mar a bhunaítear faoi Airteagal 94 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾.

Airteagal 4

Saorghluaiseacht

Mura bhforáiltear dá mhalairt sa Rialachán seo ná i ngníomhartha dlíthiúla eile de chuid an Aontais, ní chuirfidh na Ballstáit cosc, srian ná bac ar réamhtheachtaí pléascán rialáilte a bheith á chur ar fáil, ar fhorais a bhaineann le cosc a chur ar mhonarú pléascán go haindleathach.

Airteagal 5

Cur ar fáil, tabhairt isteach, seilbh agus úsáid

1. Maidir le réamhtheachtaithe pléascán atá srianta, ní chuirfear ar fáil iad do dhaoine den phobal i gcoitinne, ná ní thabharfaidh daoine den phobal i gcoitinne isteach iad, ní shealbhóidh siad iad ná ní úsáidfidh siad iad.
2. Tá feidhm freisin ag an srian faoi mhír 1 maidir le meascáin ina bhfuil clóráití nó sárchlóráití a liostaítear in Iarscríbhinn I, i gcás ina dtéann tiúchan iomlán na substaintí sin sa mheascán thar luach teorann d’aon cheann de na substaintí sin a leagtar amach i gcolún 2 den tábla in Iarscríbhinn I.
3. Féadfaidh Ballstát córas ceadúnúcháin a choimeád ar bun, nó a bhunú, lena gceadaítear réamhtheachtaithe pléascán ar leith atá srianta a chur ar fáil do dhaoine den phobal i gcoitinne, nó lena gceadaítear do dhaoine den phobal i gcoitinne iad a thabhairt isteach, a shealbhú nó a úsáid, i dtiúchaintí nach airde ná na luachanna comhfhreagracha teorann a leagtar amach i gcolún 3 den tábla in d’Iarscríbhinn I.

⁽¹¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

Faoi chórais cheadúnúcháin den sórt sin, gheobhaidh duine den phobal i gcoitinne ceadúnas chun réamhtheachtaithe pléascán atá srianta a fháil, a thabhairt isteach, a shealbhú nó a úsáid. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuiltear ceaptha an réamhtheachtaí pléascán srianta sin a fháil, a thabhairt isteach, a shealbhú nó a úsáid, ceadúnais den chineál sin a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 6.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, gan mhoill, maidir leis na bearta uile a dhéanfaidh siad chun an córas ceadúnúcháin dá bhforáiltear i mír 3 a chur chun feidhme. Leagfar amach go sonrach san fhógra sin na réamhtheachtaithe pléascán atá srianta agus a bhfuil foráil déanta ag an mBallstát ina leith maidir le córas ceadúnúcháin i gcomhréir le mír 3.

5. Cuirfidh an Coimisiún liosta na mbearta a bhfuil fógra tugtha ag na Ballstáit ina leith ar fáil don phobal i gcomhréir le mír 4.

Airteagal 6

Ceadúnais

1. Gach Ballstát a eísonn ceadúnais do dhaoine den phobal i gcoitinne a bhfuil leas dlisteanach acu i réamhtheachtaithe pléascán atá srianta a fháil, a thabhairt isteach, a shealbhú nó a úsáid, leagfaidh sé síos rialacha maidir le heisiúint ceadúnas i gcomhréir le hAirteagal 5(3). Agus cinneadh á dhéanamh ag údarás inniúil an Bhallstáit maidir le ceadúnas a eisiúint, cuirfidh sé san áireamh na himthosca ábhartha uile, agus, go háirithe:

- (a) an gá inléirithe le réamhtheachtaí pléascán atá srianta agus dlisteanacht na húsáide atá beartaithe;
 - (b) infhaighteacht an réamhtheachtaí pléascán atá srianta i dtiúchaintí níos ísle nó substaintí malartacha ag a bhfuil éifeacht chomhchosúil;
 - (c) cúlra an iarratasóra, lena n-áirítear faisnéis maidir le ciontuithe coiriúla an iarratasóra in aon áit laistigh den Aontas;
 - (d) na socruithe stórála atá beartaithe lena áirithiú go bhfuil an réamhtheachtaí pléascán atá srianta á stóráil go sábháilte.
2. Diúltóidh an t-údarás inniúil ceadúnas a eisiúint má tá forais réasúnacha amhrais aige faoi dhlisteanacht na húsáide atá beartaithe nó faoi rún duine den phobal an réamhtheachtaí pléascán atá srianta a úsáid chun críche dlisteanáí.

3. Féadfaidh an t-údarás inniúil roghnú bailíocht an cheadúnais a theorannú, bíodh sé sin trí aon úsáid amháin nó úsáid iolrach a cheadú. Ní rachaidh tréimhse bailíochta an cheadúnais níos faide ná 3 bliana. Go dtí dáta ainmnithe éaga an cheadúnais, féadfaidh an t-údarás inniúil sealbhóir a cheangal an cheadúnais a léiriú go bhfuil na coinníollacha faoinar eisíodh an ceadúnas á gcomhlíonadh fós. Sonrófar ar an gceadúnas na réamhtheachtaithe pléascán atá srianta dá bhfuil an ceadúnas á eisiúint.

4. Féadfaidh an t-údarás inniúil a cheangal ar iarratasóirí táille a íoc as an iarratas ar cheadúnas. Ní rachaidh táille den sórt sin thar chostas próiseála an iarratais.

5. Féadfaidh an t-údarás inniúil an ceadúnas a chur ar fionraí nó a chúlghairm i gcás ina bhfuil forais réasúnacha aige le creidiúint nach bhfuil na coinníollacha faoinar eisíodh an ceadúnas á gcomhlíonadh a thuilleadh. Cuirfidh an t-údarás inniúil sealbhóirí ceadúnas ar an eolas faoi aon fhionraí a chuirfear ar a gceadúnais nó aon chúlghairm a dhéanfar orthu gan mhoill, ach amháin más rud é go gcuirfeadh sin imscrúduithe reatha i mbaol.

6. Achomhairc i gcoinne aon chinnidh de chuid údarais inniúil, mar aon le díospóidí a bhaineann le comhlíonadh choinníollacha an cheadúnais, is comhlacht iomchuí atá freagrach as achomhairc agus as díospóidí den sórt sin de réir an dlí náisiúnta a eísfidh iad.

7. Féadfaidh Ballstát ceadúnais arna n-eisiúint ag Ballstáit eile faoin Rialachán seo a aithint.
8. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as an bhformáid le haghaidh ceadúnas a leagtar amach in Iarscríbhinn III.
9. Gheobhaidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis maidir le ciontuithe coiriúla an iarratasóra i mBallstáit eile dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1 den Airteagal seo, tríd an gcóras a bunaíodh le Cinneadh Réime 2009/315/CGB ón gComhairle ⁽¹²⁾. Tabharfaidh na húdaráis láir dá dtagraítear in Airteagal 3 den Chinneadh Réime sin freagraí ar iarrataí ar fhaisnéis den sórt sin laistigh de 10 lá oibre ón iarraidh a fháil.

Airteagal 7

An slabhra soláthair a chur ar an eolas

1. Maidir le hoibreoir eacnamaíoch a chuireann réamhtheachtaí pléascán atá srianta ar fáil d'oibreoir eacnamaíoch eile, cuirfidh sé an t-oibreoir eacnamaíoch eile sin ar an eolas go bhfuil fáil, tabhairt isteach, sealbhú nó úsáid an réamhtheachtaí pléascán sin atá srianta ag daoine den phobal i gcoitinne faoi réir srian a leagtar amach in Airteagal 5(1) agus (3).

Maidir le hoibreoir eacnamaíoch a chuireann réamhtheachtaí pléascán atá rialaithe ar fáil d'oibreoir eacnamaíoch eile, cuirfidh sé an t-oibreoir eacnamaíoch eile sin ar an eolas go bhfuil fáil, tabhairt isteach, sealbhú nó úsáid an réamhtheachtaí pléascán sin atá rialaithe ag daoine den phobal i gcoitinne faoi réir oibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 9.

2. Maidir le hoibreoir eacnamaíoch a chuireann réamhtheachtaithe pléascán rialáilte ar fáil d'úsáideoir gairmiúil nó do dhuine den phobal i gcoitinne, déanfaidh sé a áirithiú agus beidh sé in ann a léiriú do na húdaráis náisiúnta cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 11, an méid seo a leanas i dtaobh a chuid pearsanra a bhfuil baint acu le díol réamhtheachtaithe pléascán rialáilte:

(a) go bhfuil siad ar an eolas faoi na táirgí e sin a chuireann siad ar fáil ina bhfuil réamhtheachtaithe pléascán rialáilte;

(b) gur tugadh treoracha dóibh i dtaobh na n-oibleagáidí de bhun Airteagail 5 go 9.

3. Maidir le margadh ar líne, nuair a chuireann sé réamhtheachtaithe pléascán rialaithe ar fáil trína sheirbhísí, déanfaidh sé bearta lena áirithiú go gcuirtear a úsáideoirí ar an eolas maidir leis na hoibleagáidí atá orthu de bhun an Rialacháin seo.

Airteagal 8

Fíorú tráth díola

1. Maidir le hoibreoir eacnamaíoch a chuireann réamhtheachtaí pléascán atá srianta ar fáil do dhuine den phobal i gcoitinne i gcomhréir le hAirteagal 5(3), fíoróidh sé i gcás gach idirbhirt cruthúnas céannachta agus ceadúnas an duine sin den phobal i gcoitinne i gcomhréir leis an gcóras atá bunaithe ag an mBallstát ina bhfuil an réamhtheachtaí pléascán atá srianta á chur ar fáil agus déanfaidh sé méid an réamhtheachtaí pléascán atá srianta a thaifead ar an gceadúnas.

2. D'fhonn a fhíorú gur úsáideoir gairmiúil nó oibreoir eacnamaíoch eile é an custaiméir ionchasach, iarrfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch a chuireann réamhtheachtaí pléascán atá srianta ar fáil d'úsáideoir gairmiúil nó d'oibreoir eacnamaíoch eile an fhaisnéis seo a leanas i leith gach iarraidh idirbhirt, ach amháin i gcás inar tharla fíorú den sórt sin don chustaiméir ionchasach sin laistigh de thréimhse bliana roimh dháta an idirbhirt sin agus nach n-imíonn an t-idirbheart go mór ó na hidirbhearta roimhe sin:

(a) cruthúnas céannachta an duine aonair atá i dteideal ionadaíocht a dhéanamh ar an gcustaiméir ionchasach;

(b) trádáil, gnó, nó gairm, mar aon le hainm, seoladh agus uimhir aitheantais cánach breisluacha chuideachta an chustaiméara ionchasaigh, nó aon uimhir chlárúcháin ábhartha eile de chuideachta an chustaiméara ionchasaigh, más ann di;

⁽¹²⁾ Cinneadh Réime 2009/315/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir le heagrú agus le hábhar an mhalartaithe faisnéise a bhaintear as an taifead coiriúil idir na Ballstáit (IO L 93, 7.4.2009, lch. 23).

(c) an úsáid atá beartaithe a bhaint as na réamhtheachtaithe pléascán atá srianta ag an gcustaiméir ionchasach.

Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as teimpléad ráiteas an chustaiméara a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

3. Chun críche úsáid bheartaithe an réamhtheachtaí pléascán atá srianta a fhíorú, déanfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch a mheasúnú cibé an bhfuil an úsáid bheartaithe comhsheasmhach le ceird, gnó nó gairm an chustaiméara ionchasaigh. Féadfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch an t-idirbheart a dhiúltú má bhíonn forais réasúnacha amhais aige faoi dhlísteacht na húsáide atá beartaithe nó faoi rún an chustaiméara ionchasaigh an réamhtheachtaí pléascán atá srianta a úsáid chun críche dlisteanáí. Déanfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch idirbhearta den sórt sin nó an iarracht sin ar idirbhearta a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 9.

4. D'fhonn comhlíonadh an Rialacháin seo a fhíorú agus d'fhonn monarú aindleathach pléascán a chosc agus a bhrath, coinneoidh oibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ar feadh 18 mí ó dháta an idirbhirt. I rith na tréimhse sin, cuirfeadh an fhaisnéis ar fáil lena hiniúchadh arna iarraidh sin do na húdaráis náisiúnta inniúla nó do na húdaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí.

5. Maidir le margadh ar líne, nuair a chuireann sé réamhtheachtaithe pléascán ar fáil trína sheirbhísí, déanfaidh sé bearta chun cabhrú lena áirithiú go gcomhlíonfaidh a chuid úsáideoirí na hoibleagáidí atá orthu faoin Airteagal seo.

Airteagal 9

Idirbhearta amhrasacha, substaintí ar iarraidh agus gadaíocht a thuairisciú

1. Chun monarú aindleathach pléascán a chosc agus a bhrath, tuairisceoidh oibreoirí eacnamaíocha agus margáí ar líne idirbhearta amhrasacha. Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha agus margáí ar líne amhlaidh tar éis dóibh féachaint do na himthosca go léir agus go háirithe sa chás ina ngníomhaíonn an custaiméir ionchasach ar bhealach amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

- (a) go ndealraítear go bhfuil sé neamhshoiléir maidir leis an úsáid atá beartaithe do na réamhtheachtaithe pléascán rialáilte;
- (b) go ndealraítear nach bhfuil cur amach aige ar an úsáid atá beartaithe do na réamhtheachtaithe pléascán rialáilte nó nach féidir leis míniú dealraitheach a thabhairt ar an úsáid sin;
- (c) go bhfuil sé ar intinn aige réamhtheachtaithe pléascán rialáilte a cheannach i gcainníochtaí, i dteaglaimí nó i dtiúchaintí atá neamhchoitianta d'úsáid dhlísteanach;
- (d) nach bhfuil sé toilteanach cruthúnas a sholáthar i leith céannachta, áit chónaithe ná, i gcás inarb iomchuí, stádas mar úsáideoir gairmiúil nó mar oibreoir eacnamaíoch;
- (e) go n-éilíonn sé modhanna neamhghnácha íocaíochta a úsáid, lena n-áirítear méideanna móra airgid thirim.

2. Beidh nósanna imeachta cuí, réasúnaithe, comhréireacha i bhfeidhm ag oibreoirí eacnamaíocha agus margáí ar líne, chun idirbhearta amhrasacha a bhrath, atá oiriúnaithe don timpeallacht shonrach ina gcuirtear na réamhtheachtaithe pléascán rialáilte ar fáil.

3. Déanfaidh gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta amháin nó níos mó a chur ar bun, a mbeidh uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist, foirm ghréasáin nó aon uirlis éifeachtach eile so-aitheanta aige, chun idirbhearta amhrasacha agus cásanna suntasacha gabhála ar iarraidh agus cásanna suntasacha gadaíochta a thuairisciú. Beidh fáil ar na pointí teagmhála náisiúnta sin ar bhonn 24 uair an chloig in aghaidh an lae, seacht lá na seachtaine.

4. Féadfaidh oibreoírí eacnamaíocha agus margáí ar líne an t-idirbheart amhrasach a dhiúltú. Déanfaidh siad an t-idirbheart amhrasach sin nó an iarracht sin ar idirbheart amhrasach a thuairisciú laistigh de 24 uair an chloig den chinneadh go bhfuil amhras ann. Agus tuairisciú á dhéanamh maidir le hidirbhearta den sórt sin, tabharfaidh siad céannacht an chustaiméara, más féidir, agus na sonraí ba chúis leis an gcinneadh a rinne siad gurb amhrasach an t-idirbheart do phointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit inar cuireadh i gcrích an t-idirbheart amhrasach nó ina ndearnadh iarracht é a thabhairt i gcrích.

5. Déanfaidh oibreoírí eacnamaíocha agus úsáideoirí gairmiúla gabháil ar iarraidh shuntasach agus gadaíocht shuntasach réamhtheachtaithe pléascán rialáilte a thuairisciú, laistigh de 24 uair an chloig tar éis a mbraite, do phointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit inar tharla an ghabháil ar iarraidh nó an gadaíocht. Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil gabháil ar iarraidh nó gadaíocht shuntasach, cuirfidh siad san áireamh más neamhghnách é an méid i gcúinsí uile an cháis.

6. I gcás daoine den phobal i gcoitinne a fuair réamhtheachtaithe pléascán atá srianta i gcomhréir le hAirteagal 5(3), déanfaidh siad gabháil ar iarraidh shuntasach agus gadaíocht shuntasach réamhtheachtaithe pléascán atá srianta a thuairisciú, laistigh de 24 uair an chloig tar éis na braite, do phointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit inar tharla an ghabháil ar iarraidh nó an gadaíocht.

Airteagal 10

Oiliúint agus múscailt feasachta

1. Cuirfidh na Ballstáit acmhainní cuí oiliúna agus oiliúint ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí, do chéad fhreagróirí agus d'údaráis chustaim maidir le réamhtheachtaithe pléascán rialáilte a aithint le linn a ndualgas a dhéanamh agus maidir le freagairt ar bhealach prapúil, iomchuí do ghníomhaíocht amhrasach. Féadfaidh na Ballstáit cúrsaí oiliúna sonracha breise a iarraidh ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) a bhunaítear le Rialachán (AE) 2015/2219 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾.

2. Eagróidh na Ballstáit, uair sa bhliain, ar a laghad, gníomhaíochtaí múscailte feasachta a bheidh oiriúnaithe ar shainiúlachtaí gach earnála éagsúla ina n-úsáidtear réamhtheachtaithe pléascán rialáilte.

3. D'fhonn comhar a éascú agus cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo ag na geallsealbhóirí uile a áirithiú, eagróidh na Ballstáit malartuithe rialta idir údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis náisiúnta maoirseachta, oibreoírí eacnamaíocha, margáí ar líne agus ionadaithe ar na hearnálacha a úsáideann réamhtheachtaithe pléascán rialáilte. Beidh oibreoírí eacnamaíocha freagrach as faisnéis a chur ar fáil dá bpearsanra maidir leis an gcaoi a ndéanfar réamhtheachtaithe pléascán a chur ar fáil faoin Rialachán seo agus chun feasacht pearsanra a mhúscailt ina leith sin.

Airteagal 11

Údaráis náisiúnta chigireachta

1. Áiritheoidh gach Ballstát go bhfuil údaráis inniúla i bhfeidhm chun cigireacht agus rialuithe a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart Airteagail 5 go 9 ("údaráis náisiúnta chigireachta").

2. Áiritheoidh gach Ballstát go bhfuil na hacmhainní agus na cumhachtaí imscrúdaitheacha ag na húdaráis náisiúnta chigireachta is gá chun a gcúraimí a riaradh go cuí faoin Rialachán seo.

Airteagal 12

Treoirlínte

1. Soláthróidh an Coimisiún, treoracha arna dtabhairt cothrom le dáta go rialta chun cabhrú le gníomhaithe sa slabhra soláthair ceimiceán agus leis na húdaráis inniúla, agus comhar a éascú idir na húdaráis inniúla agus na hoibreoírí eacnamaíocha. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Réamhtheachtaithe maidir le haon dréacht-treoirlínte nó nuashonruithe. Soláthrófar sna treoirlínte an méid seo a leanas go háirithe:

(a) faisnéis maidir le conas cigireachtaí a dhéanamh;

(b) faisnéis maidir le conas srianta agus rialuithe faoin Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le réamhtheachtaithe pléascán rialáilte arna gcanordú ag daoine den phobal i gcoitinne nó ag úsáideoirí gairmiúla;

⁽¹³⁾ Rialachán (AE) 2015/2219 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2005/681/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin (IO L 319, 4.12.2015, lch. 1).

- (c) faisnéis maidir le bearta féideartha atá le glacadh ag margaí ar líne chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú;
 - (d) faisnéis maidir le conas faisnéis ábhartha a mhalartú idir na húdaráis inniúla agus na pointí teagmhála náisiúnta agus idir na Ballstáit;
 - (e) faisnéis maidir le conas idirbhearta amhrasacha a aithint agus a thuairisciú;
 - (f) faisnéis maidir le socruithe stórála lena n-áirítear go bhfuil réamhtheachtaí pléascán rialáilte á stóráil go sábháilte;
 - (g) faisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith úsáideach.
2. Áiritheoidh na húdaráis inniúla go ndéanfar na treoirlínte dá bhforáiltear i mír 1 a scaipeadh go rialta ar bhealach a mheasann na húdaráis inniúla a bheith iomchuí i gcomhréir le cuspóirí na dtreoirlínte.
3. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh na treoirlínte dá dtagraítear i mír 1 ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais.

Airteagal 13

Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Airteagal 14

Clásal cosanta

1. I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag Ballstát lena chreidiúint go bhféadfaí substaint shonrach nach bhfuil liostaithe in Iarscríbhinn I ná II a úsáid chun pléascáin a mhonarú go haindleathach, féadfaidh sé cur ar fáil, tabhairt isteach, sealbhú agus úsáid na substainte sin a shrianadh nó a thoirmeasc nó cur ar fáil, tabhairt isteach, sealbhú agus úsáid aon mheascáin nó aon substainte a bhfuil an tsubstaint sin ann nó inti a shrianadh nó a thoirmeasc, nó féadfaidh sé foráil a dhéanamh go mbeidh an tsubstaint sin faoi réir oibleagáidí tuairiscithe i gcomhréir le hAirteagal 9.
2. I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag Ballstát lena chreidiúint go bhféadfaí substaint shonrach a liostaítear in Iarscríbhinn I a úsáid chun pléascáin a mhonarú go haindleathach, ag leibhéal tíuchana atá cothrom leis nó níos ísle ná an luach teorann, a leagtar amach i gcolún 2 nó colún 3 den tábla d'Iarscríbhinn I, féadfaidh sé cur ar fáil, tabhairt isteach, sealbhú agus úsáid na substainte sin a shrianadh nó a thoirmeasc tuilleadh, trí leibhéal níos ísle a fhorchur.
3. I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag Ballstát le luach teorann a bhunú ar cheart aon substaint atá os a chionn atá liostaithe in Iarscríbhinn II le bheith faoi réir na srianta is infheidhme maidir le réamhtheachtaithe pléascán atá srianta, féadfaidh sé cur ar fáil, tabhairt isteach, sealbhú agus úsáid na substainte sin a shrianadh nó a thoirmeasc tríd an uasluch teorann sin a fhorchur.
4. Aon Bhallstát a chuireann srian nó toirmeasc ar shubstaintí i gcomhréir le míreanna 1, 2 nó 3, cuirfidh sé srianta nó toirmisc den sórt sin in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile láithreach, agus tabharfaidh sé na cúiseanna atá aige.
5. Déanfaidh Ballstát a chuireann srian nó toirmeasc ar shubstaintí i gcomhréir le mír 1, 2 nó 3 feacht i ndáil leis na srianta nó toirmisc sin a mhúscailt i measc oibreoirí eacnamaíocha agus margaí ar líne ina chríoch.
6. Ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 4 a fháil, déanfaidh an Coimisiún scrúdú láithreach féachaint ar cheart leasuithe a ullmhú ar na hIarscríbhinní i gcomhréir le hAirteagal 15(1) nó togra reachtach a ullmhú chun leasú a dhéanamh ar na hIarscríbhinní. I gcás inarb iomchuí, leasóidh an Ballstát lena mbaineann a bhearta náisiúnta nó aisghairfidh sé iad d'fhonn aon leasú den sórt sin ar na hIarscríbhinní a chur san áireamh.

7. Gan dochar do mhír 6, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann agus, más iomchuí, le tríú páirtithe, cinneadh a dhéanamh nach bhfuil údar cuí leis an mbeart a ghlac an Ballstát sin, agus ceangal a chur ar an mBallstát sin an beart sealadach a chúlghairm nó leasú. Déanfaidh an Coimisiún cinntí den sórt sin laistigh de 60 lá ón bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 4 a fháil. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann feasacht a mhúscailt faoi chinntí den sórt sin i measc oibreoirí eacnamaíocha agus margáí ar líne ar a chríoch.

8. Ní dhéanfar aon difear do bhearta ar chuir na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas ina leith nó ar thug Ballstáit fógra ina leith don Choimisiún roimh an 1 Feabhra 2021 faoi Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 98/2013.

Airteagal 15

Leasuithe ar na hIarscríbhinní

1. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 lena leasaítear an Rialachán seo tríd an méid seo a leanas:

- (a) na luachanna teorann atá in Iarscríbhinn I a mhodhnú a mhéid is gá chun freastal ar fhorbairtí maidir le mí-úsáid substaintí mar réamhtheachtaithe pléascán, nó ar bhonn taighde agus tástála,
- (b) substaintí a chur le hIarscríbhinn II, i gcás inar gá sin d'fhonn freastal ar fhorbairtí maidir le mí-úsáid substaintí mar réamhtheachtaithe pléascán.

Mar chuid den ullmhúchán a dhéanfaidh sé maidir leis na gníomhartha tarmligthe sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, go háirithe iad siúd i dtionscal na gceimiceán agus san earnáil mhiondíola.

Más rud é go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, i gcás ina dtiocfaidh athrú tobann ar an measúnú riosca a mhéid a bhaineann le mí-úsáid substaintí chun pléascáin a mhonarú go haindleathach, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 17 maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe ar leithligh i ndáil le gach modhnú ar na luachanna teorann in Iarscríbhinn I agus i ndáil le gach substaint nua a chuirfear le hIarscríbhinn II. Beidh gach gníomh tarmligthe bunaithe ar anailís lena léirítear nach dócha go gcuirfear ualach neamhréireach ar oibreoirí eacnamaíocha ná ar thomhaltóirí de bharr an leasaithe, agus aird chuí á tabhairt ar na cuspóirí atá á saothrú.

Airteagal 16

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 15 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 31 Iúil 2019. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaith sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 15 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Ferr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmiligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiochfaidh gníomh tarmiligthe a ghlactar de bhun Airteagal 15 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 17

An nós imeachta práinne

1. Tiochfaidh gníomhartha tarmiligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmiligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmiligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 16(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmiligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

Airteagal 18

Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006

In Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, iontráil 58. (Níotráit amóiniam (AN)), i gcolún 2, scriostar míreanna 2 agus 3.

Airteagal 19

Tuairisciú

1. Déanfaidh na Ballstáit, faoin 2 Feabhra 2022 agus ina dhiaidh sin ar bhonn bliantúil, faisnéis faoin méid seo a leanas a chur ar fáil don Choimisiún:

(a) líon na n-idirbheart amhrasach suntas, na gcásanna suntasacha gabhála ar iarraidh agus na gcásanna suntasacha gadaíochta a tuairiscíodh faoi seach;

(b) líon na n-iarratas ar cheadúnas arna bhfáil faoin aon chóras ceadúnúcháin a choimeád siad ar bun nó a bhunaigh siad de bhun Airteagal 5(3), chomh maith le líon na gceadúnas a eisíodh, agus na cúiseanna is coitianta maidir le heisiúint ceadúnas a dhiúltú;

(c) gníomhaíochtaí múscailte feasachta dá dtagraítear in Airteagal 10(2);

(d) cigireachtaí a rinneadh mar a thagraítear dóibh in Airteagal 11, lena n-áirítear líon na gcigireachtaí agus na n-oibreoirí eacnamaíocha a cumhdaíodh.

2. Agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a), (c) agus (d) de mhír 1 á tarchur chuig an gCoimisiún ag na Ballstáit, déanfaidh na Ballstáit idirdhealú idir na tuarascálacha, na gníomhaíochtaí agus na cigireachtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí ar líne agus iad siúd a bhaineann le gníomhaíochtaí as líne.

Airteagal 20

Nósanna imeachta faireacháin

1. Faoin 1 Lúnasa 2020, bunóidh an Coimisiún clár mionsonraithe chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, ar thorthaí agus ar thionchar an Rialacháin seo.

2. Leagfar amach sa chlár faireacháin na bealaí trína ndéanfar sonraí agus an fhianaise eile is gá a bhailiú agus minicíocht an bhailithe sin. Sonrófar ann na gníomhaíochtaí atá le déanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit maidir leis na sonraí sin agus an fhianaise eile sin a bhailiú agus a anailísiú.
3. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún na sonraí agus an fhianaise eile is gá chun an faireachán a dhéanamh.

Airteagal 21

Meastóireacht

1. Faoi 2 Feabhra 2026, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus déanfaidh sé tuarascáil faoi na príomhthorthaí a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Déanfar an mheastóireacht i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le rialáil níos fearr.
2. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú.

Airteagal 22

Aisghairm

1. Déantar Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 a aisghairm le héifeacht ón 1 Feabhra 2021.
2. Déanfar tagairtí do Rialachán aisghairthe (AE) Uimh. 98/2013 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

Airteagal 23

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm aige ón 1 Feabhra 2021.
3. D'ainneoin mhír 2, beidh ceadúnais a eisíodh go bailí faoi Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 fós bailí go dtí an dáta bailíochta a cuireadh in iúl ar dtús ar na ceadúnais sin, nó go dtí an 2 Feabhra 2022.
4. Aon iarratas a dhéanfar ar athnuachan na gceadúnas dá dtagraítear i mír 3 a dhéanamh ar nó dá éis an 1 Feabhra 2021, déanfar é i gcomhréir leis an Rialachán seo.
5. D'ainneoin Airteagal 5(1), ceadófar seilbh, tabhairt isteach agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán atá srianta a fuarthas go dleathach do dhaoine den phobal i gcoitinne roimh an 1 Feabhra 2021 go dtí an 2 Feabhra 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

G. CIAMBA

IARSCRÍBHINN I

RÉAMHTHEACHTAITHE PLÉASCÁN ATÁ SRIANTA

Líosta de shubstaintí nach bhfuil le cur ar fáil do dhaoine den phobal i gcoitinne, nach dtabharfaidh daoine den phobal i gcoitinne isteach iad, nach sealbhóidh siad ná nach n-úsáidfidh siad, bíodh sin ar leithigh nó mar chuid de mhéascán nó de shubstaintí eile ina n-áirítear na substaintí sin, ach amháin más ionann an tíúchan agus na luachanna teorann a leagtar amach i gcolún 2, nó más ísle ná na luachanna sin é, agus nach mór idirbhearta amhrasacha gabhála ar iarraidh agus cásanna suntasacha gadátocha ina leith a thuairiscíú laistigh de 24 uair an chloig:

1. Ainm na substainte agus Uimhir Chláraithe Sheirbhís na gCoimirthe Ceimiceacha (CAS RN)	2. Luach teorann	3. Luach teorann uachtarach chun críche ceadúnúcháin faoi Airteagal 5(3)	4. Cód Ainmníochta Comhcheangailte (CN) le haghaidh comhdhúil leithleach atá samithe go ceimiceach a chomhlíonann ceanglais Nóta 1 a ghabhann le Caibidil 28 nó Caibidil 29 de CN, faoi seach (1)	5. Cód Ainmníochta Comhcheangailte (CN) le haghaidh meascán gan chomhábhair (e.g. mearcair, míotail lómhara nó míotail tearc-chré nó substaintí radaighníomhacha) lena gcinntí an t-ainm faoi chód CN eile (1)
Aigéad nítreach (CAS RN 7697-37-2)	3 % w/w	10 % w/w	ex 2808 00 00	ex 3824 99 96
Sárcosaíd hidrigine (CAS RN 7722-84-1)	12 % w/w	35 % w/w	2847 00 00	ex 3824 99 96
Aigéad sulfarach (CAS RN 7664-93-9)	15 % w/w	40 % w/w	Uimhir na líne buiséid 2807 00 00	ex 3824 99 96
Nítrimeatán (CAS RN 75-52-5)	16 % w/w	100 % w/w	ex 2904 20 00	ex 3824 99 92
Níotrít amóniam (CAS RN 6484-52-2)	16 % w/w nítrigine i gcomparáid le níotrít amóniam (2)	Cosc ar cheadúnú	3102 30 10 (i dtuaslagán uisc) 3102 30 90 (eile)	ex 3824 99 96
Clóráit photaisiam (CAS RN 3811-04-9)	40 % w/w	Cosc ar cheadúnú	ex 2829 19 00	ex 3824 99 96
Sárchlóráit photaisiam (CAS RN 7778-74-7)	40 % w/w	Cosc ar cheadúnú	ex 2829 90 10	ex 3824 99 96
Clóráit sóidiam (CAS RN 7775-09-9)	40 % w/w	Cosc ar cheadúnú	2829 11 00	ex 3824 99 96
Sárchlóráit sóidiam (CAS RN 7601-89-0)	40 % w/w	Cosc ar cheadúnú	ex 2829 90 10	ex 3824 99 96

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1925 (1). Ba cheart leasuithe ina dhiaidh sin ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle (2) a cheadú maidir le cóid CN nuashonraithe.

(2) 16 % w/w nítrigine i gcomparáid le níotrít amóniam, is ionann sin agus 45.7 % níotrít amóniam, gan eisiointais a chur san áireamh.

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/1925 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht tarfaife agus staidrimh agus maidir leis an gComhtharfaif Chustaim (IO L 282, 31.10.2017, lch. 1)

(2) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht tarfaife agus staidrimh agus maidir leis an gComhtharfaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

IARSCRÍBHINN II

RÉAMHTHEACHTAITHE PLÉASCÁN INTUAIRISICITHE

Liosta de shubstaintí, ar leithligh nó i meascáin nó i substaintí nach mór idirbhearta amhrasacha agus cásanna suntasacha gabhála ar iarraidh agus cásanna suntasacha gadaíochta ina leith a thuariscití laistigh de 24 uair an chloig:

1. Ainm na substainte agus Uimhir Chláraithe Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha (CAS RN)	2. Cód Ainmníochta Comhcheangailte (CN) ⁽¹⁾	3. Cód Ainmníochta Comhcheangailte (CN) le haghaidh meascáin gan chomhábhair (eg. mearcair, míotail lómhara nó míotail tearc-chré nó substaintí radaighníomhacha) lena gcinnfí an t-áicemítú faoi chód CN eile ⁽¹⁾
Heicsimín (CAS RN 100-97-0)	ex 2933 69 40	ex 3824 99 93
Aicéatón (CAS RN 67-64-1)	2914 11 00	ex 3824 99 92
Níotráit photaisiam (CAS RN 7757-79-1)	2834 21 00	ex 3824 99 96
Níotráit sóidiam (CAS RN 7631-99-4)	3102 50 00	ex 3824 99 96
Níotráit chailciam (CAS RN 10124-37-5)	ex 2834 29 80	ex 3824 99 96
Níotráit chailciam amóiniam (CAS RN 15245-12-2)	ex 3102 60 00	ex 3824 99 96
Maignéisiam, púdair (CAS RN 7439-95-4) ⁽²⁾ ⁽³⁾	ex 8104 30 00	
Heicsilhidróráit níotráit mhaignéisiam (CAS RN 13446-18-9)	ex 2834 29 80	ex 3824 99 96
Alúmanam, púdair (CAS RN 7429-90-5) ⁽²⁾ ⁽³⁾	7603 10 00 ex 7603 20 00	

⁽¹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1925 . Ba cheart leasuithe ina dhiaidh sin ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 a cheadú maidir le cóid CN nuashonraithe.

⁽²⁾ Ar líú ná 200 µm na cáithníní iontu.

⁽³⁾ Mar shubstaint nó i meascáin ina bhfuil 70 % w/w nó níos mó d'alúmanam nó de mhaignéisiam.

IARSCRÍBHINN III

FORMÁID LE HAGHAIDH CEADÚNAIS

Formáid le haghaidh ceadúnas a bheith ag duine den phobal i gcoitinne chun réamhtheachtaithe pléascán atá srianta a fháil, a thabhairt isteach, a shealbhú nó a úsáid, dá dtagraítear in Airteagal 6(8).

<p>1. Duine den phobal i gcoitinne (Ainm agus seoladh)</p> <p>Ainm:</p> <p>Uimhir Doiciméid Aitheantais:</p> <p>Seoladh:</p> <p>Tír:</p> <p>Teileafón:</p> <p>Seoladh Ríomhphoist:</p>
<p>2. Uimhir Cheadúnais:</p>
<p>3. Ceadúnas le haghaidh úsáid amháin nó úsáid iolrach (cuir tic leis an rogha chuí)</p> <p><input type="checkbox"/> fáil, tabhairt isteach, sealbhú agus úsáid aonair réamhtheachtaí pléascán atá srianta ainm an réamhtheachtaí pléascán atá srianta nó na réamhtheachtaithe pléascán atá srianta:</p> <p>uasmhéid:</p> <p>uastiúchan:</p> <p>úsáid cheadúnaithe:</p> <p><input type="checkbox"/> fáil, tabhairt isteach, sealbhú agus úsáid iolrach réamhtheachtaí pléascán atá srianta ainm an réamhtheachtaí pléascán atá srianta nó na réamhtheachtaithe pléascán atá srianta:</p> <p>uasmhéid atá á shealbhú ag am ar bith:</p> <p>uastiúchan:</p> <p>úsáid cheadúnaithe:</p>
<p>4. Murab ionann é agus an seoladh i mbosca 1 agus má cheanglaítear é faoin dlí náisiúnta, an seoladh ina stórálfar an réamhtheachtaí/na réamhtheachtaithe pléascán atá srianta:</p>
<p>5. Murab ionann é agus an seoladh i mbosca 1 agus má cheanglaítear é faoin dlí náisiúnta, an seoladh ag a n-úsáidfear an réamhtheachtaí nó na réamhtheachtaithe pléascán atá srianta:</p>
<p>6. Léirigh an bhfuil an réamhtheachtaí/na réamhtheachtaithe pléascán atá srianta beartaithe le tabhairt isteach nó le húsáid (nó an dá rud) i mBallstát nach ionann agus an Ballstát a eisíonn an ceadúnas seo nó atá lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch:</p> <p><input type="checkbox"/> tá</p> <p><input type="checkbox"/> níl</p> <p>Seoladh:</p> <p>Amchlár maidir le tabhairt isteach nó úsáid (nó an dá rud) an réamhtheachtaí/na réamhtheachtaithe pléascán atá srianta:</p>

IARSCRÍBHINN IV

RÁITEAS ÓN gCUSTAIMÉIR

maidir le húsáid shonrach nó úsáidí sonracha réamhtheachtaí pléascán atá srianta dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2019/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾

(Le comhlíonadh i gceannlitreacha) (*)

Déanaimse, a bhfuil m'ainm leis seo thíos,

Ainm (custaiméir): _____

Cruthúnas céannachta (uimhir, údarás eisiúna): _____

Ionadaí údaraithe ó:

Príomhchuideachta: _____

Uimhir cánach breisluacha na cuideachta nó uimhir aitheantais eile (**)/Seoladh:

Trádáil/gnó/gairm: _____

Ainm tráchtála an táirge	Réamhtheachtaí pléascán atá srianta	Uimh. CAS	Cainníocht (kg/lítear)	Tiúchan	Úsáid bheartaithe

Dearbhaím leis seo nach n-úsáidfear an táirge tráchtála agus an tsubstaint nó meascán atá inti ach amháin chun na críche atá léirithe, atá dlisteanach ar aon nós, agus nach ndéanfar é a dhíol ná a sheachadadh chuig custaiméir eile ach amháin má dhéanann an custaiméir sin dearbhú comhchosúil úsáide, agus na srianta atá bunaithe i Rialachán (AE)2019/1148 i ndáil le cur ar fáil do dhaoine den phobal i gcoitinne.

Síniú: _____ Ainm: _____

Feidhm: _____ Dáta: _____

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2019/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 1).

(*) Is féidir leat na sraitheanna riachtanacha a chur i gclár na substaintí.

(**) Is féidir leat bailíocht uimhir aitheantais CBL oibreora eacnamaíoch a fhíorú trí shuíomh idirlín VIES de chuid an Choimisiúin. Ag brath ar na rialacha náisiúnta maidir le cosaint sonraí, tabharfaidh roinnt Ballstát an t-ainm agus an seoladh atá nasctha leis an uimhir aitheantais CBL i gceist mar tá siad taifeadta sna bunachair sonraí náisiúnta.

**RIALACHÁN (AE) 2019/1149 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 20 Meitheamh 2019**

**lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE)
Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE agus leis an Eilvéis)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 46 agus 48 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is prionsabail bhunúsacha den mhargadh inmheánach iad saoirse ghluaiseachta d'oibrithe, an tsaoirse bhunaíochta agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, prionsabail a chumhdaítear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).
- (2) De bhun Airteagal 3 de Chonradh an Aontais Eorpaigh (CAE), tá an tAontas Eorpach le hobair a dhéanamh chun geilleagar sóisialta margaidh, ina bhfuil iomaíocht ghéar, a bhaint amach, arb é is aidhm dó an lánfhostaíocht agus an dul chun cinn sóisialta a bhaint amach, agus an ceartas sóisialta agus an chosaint shóisialta, an combhionannas idir mná agus fir, dlúthpháirtíocht idir na glúnta a chur chun cinn agus an t-idirdhealú a chomhrac. De bhun Airteagal 9 CFAE, nuair a bhíonn a bheartais agus a ghníomhaíochtaí á sainiú agus á gcur chun feidhme ag an Aontas, ní mór dó aird a thabhairt ar na ceanglais atá nasctha le hardleibhéal fostaíochta a chur chun cinn, le cosaint shóisialta leormhaith a ráthú, leis an eisiámh sóisialta a chomhrac, le hardleibhéal oideachais agus oiliúna a chur chun cinn, agus le sláinte an duine a chosaint.
- (3) Ba é Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ábhar forógra chomhpháirtigh ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún ag an gCruinniú Mullaigh Sóisialta do Phoist Chóra agus d'Fhás, in Göteborg an 17 Samhain 2017. Treisíodh ag an gCruinniú Mullaigh sin an gá atá le tús áite a thabhairt do dhaoine chun gné shóisialta an Aontais a fhorbairt tuilleadh, agus an cóineasú a chur chun cinn trí iarrachtaí ar gach leibhéal, mar a dearbhaíodh sna conclúidí ón gComhairle Eorpach tar éis a cruinnithe an 14 agus an 15 Nollaig 2017.
- (4) Sa Dearbhú Comhpháirteach uathu maidir le tosaíochtaí reachtacha AE do 2018 go 2019, gheall Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go ngníomhóidís chun gné shóisialta an Aontais a neartú, trí obair a dhéanamh maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a fheabhsú, trí oibrithe a chosaint ó bhaol don tsláinte san ionad nuibre, trí chóir chomhionann a áirithiú do gach duine i margadh saothair an Aontais inarb ann do rialacha nuachóirithe maidir le hoibrithe a phostú, agus trí fheabhas a chur ar fhorfheidhmiú trasteorann dhlí an Aontais.

⁽¹⁾ IO C 440, 6.12.2018, lch. 128

⁽²⁾ IO C 461, 21.12.2018, lch. 16.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 13 Meitheamh 2019.

- (5) Chun cearta oibríthe soghluaiste a chosaint agus iomaíocht chóir idir cuideachtaí a chothú, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar fhorfheidhmiú trasteorann dhlí an Aontais i réimse shoghluaisteacht an lucht saothair agus dul i ngleic le mí-úsáidí lena mbaineann.
- (6) Ba cheart Údarás Saothair Eorpach (an “tÚdarás”) a bhunú chun cuidiú le cothroime an mhargaidh inmheánaigh agus iontaobh as a neartú. Ba cheart cuspóirí an Údaráis a shainiú go soiléir, agus béim láidir á leagan ar roinnt theoranta cúraimí, chun a áirithiú go n-úsáidfean na meáin atá ar fáil ar an mbealach is éifeachtúla is féidir i réimsí inar féidir leis an Údarás an breisluach is mó a chur ar fáil. Chuige sin, ba cheart don Údarás cúnaimh a thabhairt do na Ballstáit agus don Choimisiún maidir leis an rochtain ar fhaisnéis a neartú, ba cheart dó tacú le comhlíonadh agus le comhar idir na Ballstát i dtaobh chur i bhfeidhm agus fhorfheidhmiú comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach an dlí de chuid an Aontais a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais, córais slándála sóisialta a chomhordú laistigh den Aontas, agus ba cheart dó idirghabháil a dhéanamh chun teacht ar réitigh agus réitigh a éascú i gcás díospóidí.
- (7) Tá sé buntábhachtach an rochtain ar fhaisnéis atá ag daoine aonair agus ag fostóirí a fheabhsú, go háirithe ag FMBanna, maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí atá acu sna réimsí a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair, saorghluaisteachta seirbhísí agus comhordú slándála, chun a chur ar a gcumas leas a bhaint as acmhainneacht iomlán an mhargaidh inmheánaigh.
- (8) Ba cheart don Údarás a chuid gníomhaíochtaí a dhéanamh sna réimsí a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais agus comhordú na slándála sóisialta, lena n-áirítear saorghluaisteacht d'oibríthe, postú oibríthe agus seirbhísí an-soghluaiste. Ba cheart dó freisin comhordú a fheabhsú idir na Ballstáit maidir le dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, agus le cásanna eile ina gcuirtear feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh i mbaol, amhail eintitis bosca poist agus féinfhostaíocht bhréagach, gan dochar d'inniúlacht na mBallstát cinntí a dhéanamh maidir le bearta náisiúnta. I gcás ina bhfaighidh an tÚdarás amach, le linn chur i gcrích a chuid gníomhaíochtaí, gur ann dó neamhrialachtaí i réimsí de dhlí an Aontais, amhail sárúithe ar choinníollacha oibre nó ar rialacha sláinte agus sábháilteachta, nó dúshaothrú saothair, ba cheart go mbeadh sé in ann na hábhair sin a thuairisciú d'údaráis náisiúnta na mBallstát lena mbaineann agus, i gcás inarb iomchuí, don Choimisiún agus do chomhlachtaí inniúla eile de chuid an Aontais, agus dul i gcomhar leo ina leith.
- (9) Ba cheart gníomhartha dlíthiúla sonracha de chuid an Aontais a liostaítear sa Rialachán seo, lena n-áirítear leasuithe a rinneadh orthu, a chumhdach le raon feidhme ghníomhaíochtaí an Údaráis. Ba cheart an liosta sin a shíneadh i gcás go nglacfar aon gníomhartha breise de chuid an Aontas i réimse shoghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais.
- (10) Ba cheart don Údarás rannchuidiú go réamhghníomhach le hiarrachtaí an Aontais agus le hiarrachtaí náisiúnta i réimse shoghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais agus comhordú na slándála sóisialta, trí a chúraimí a chomhlíonadh i gcomhar iomlán le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais agus na mBallstát, agus aon dúbailt oibre á seachaint, agus sineirge agus comhlántacht á gcur chun cinn aige.
- (11) Ba cheart don Údarás rannchuidiú le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú dhlí an Aontais a éascú faoi chuimsiú raon feidhme an Rialacháin seo, agus le tacaíocht a thabhairt maidir le forfheidhmiú na bhforálacha sin, forálacha a chuirfean chun feidhme trí chomhaontuithe comhchoiteanna a bheidh infheidhme go huilíoch i gcomhréir leis na cleachtais sna Ballstáit. Chuige sin, ba cheart don Údarás suíomh gréasáin aonair de chuid an Aontais a chur ar bun chun rochtain a fháil ar gach suíomh gréasáin ábhartha de chuid an Aontais, agus ar shuíomhanna gréasáin náisiúnta arna mbunú i gcomhréir le Treoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ agus le Treoir 2014/54/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾. Gan dochar do chúraimí agus gníomhaíochtaí an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú Córas Slándála arna bhunú le Riaracháin (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ (an “Coimisiún Riaracháin”), ba cheart don Údarás freisin cuidiú le comhordú córas slándála sóisialta.

⁽⁴⁾ Treoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le forfheidhmiú Threoir 96/71/EC maidir le hoibríthe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (“Rialachán IMI”) (IO L 159, 28.5.2014, lch. 11).

⁽⁵⁾ Treoir 2014/54/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 faoi bhearta lena n-éascaítear feidhmiú na gcearta a thugtar d'oibríthe i gcomhthéacs na saorghluaisteachta d'oibríthe (IO L 128, 30.4.2014, lch. 8).

⁽⁶⁾ Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

- (12) I gcásanna áirithe, tá dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais glactha chun freagairt do riachtanais shonracha in earnálacha ar leith, amhail réimse an iompair idirnáisiúnta, lena n-áirítear iompar de bhóthar, iompar d'iarnród, iompar uiscebhealaí intíre agus an eitlíocht. Faoi chuimsiú raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart don Aontas freisin deileáil leis na gnéithe de chur i bhfeidhm an dlí earnáilsonraigh sin de chuid an Aontais a bhaineann le soghluaisteacht agus slándáil shóisialta trasteorann de. Ba cheart raon feidhme ghníomhaíochtaí an Údaráis, go háirithe ar cheart a ghníomhaíochtaí a leathnú go dtí gníomhartha breise de chuid an Aontais lena gcumhdaítear riachtanais earnáilsonracha i réimse an iompair idirnáisiúnta, a bheith faoi réir meastóireacht thréimhsiúil agus, más iomchúí, athbhreithniú.
- (13) Ba cheartdo ghníomhaíochtaí an Údaráis daoine aonair a chumhdach, ar daoine iad atá faoi réir dhlí an Aontais faoi chuimsiú raon feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear oibríthe, daoine féinfhostaithe agus cuardaitheoirí poist. Ba cheart go n-áireofaí ar na daoine aonair sin saoránaigh an Aontais agus náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach san Aontas, amhail oibríthe ar postú, aistrithe ionchorparáideacha nó cónaitheoirí fadtéarmacha, mar aon le baill dá dteaghlach, i gcomhréir leis an dlí de chuid an Aontais lena rialaítear a soghluaisteacht laistigh den Aontas.
- (14) Le bunú an Údaráis, níor cheart cearta ná oibleagáidí nua a chruthú do dhaoine aonair ná d'fhostóirí, lena n-áirítear oibreoirí eacnamaíocha nó eagraíochtaí neamhbhrabúis mar ba cheart foráil a dhéanamh le gníomhaíochtaí an Údaráis maidir leis na daoine aonair sin agus na fostóirí sin sa mhéid a chumhdaítear iad le dlí an Aontais faoi chuimsiú raon feidhme an Rialacháin seo. Le comhar méadaithe i réimse an fhorfheidhmithe, níor cheart ualach riaracháin iomarcach a chur ar oibríthe soghluaiste ná ar fhostóirí, go háirithe ar FBManna, ná níor cheart soghluaisteacht an lucht saothair a dhíspreagadh.
- (15) Chun a áirithiú go mbeidh daoine aonair agus fostaithe in ann tairbhe a bhaint as margadh inmheánach atá cothrom agus éifeachtach, ba cheart don Údarás tacú leis na Ballstáit maidir le deiseanna a chur chun cinn do shoghluaisteacht an lucht saothair nó seirbhísí a sholáthar agus daoine a earcú áit ar bith laistigh den Aontas, lena n-áirítear deiseanna maidir le rochtain ar sheirbhísí soghluaisteachta trasteorann, amhail meaitseáil trasteorann a dhéanamh idir poist, tréimhsí oiliúna agus printíseachtaí agus scéimeanna soghluaisteachta amhail “Do chéad phost EURES” nó “ErasmusPRO”. Ba cheart don Údarás rannchuidiú freisin le feabhas a chur ar thrédhearcacht faisnéise, lena n-áirítear maidir le cearta agus oibleagáidí dá bhforáiltear i ndlí an Aontais, ar rochtain ar sheirbhísí do dhaoine aonair agus d'fhostóirí, i gcomhar le seirbhísí eile faisnéise san Aontas, amhail An Eoraip Agatsa, agus lántairbhe á baint aige as an tairseach “An Eoraip Agatsa” agus comhsheasmhacht leis an tairseach sin á háirithiú, tairseach a bheidh ina cloch choirnéil ag an tairseach aonair dhigiteach arna bunú le Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (7).
- (16) Chuige sin, ba cheart don Údarás comhoibriú i dtionscnaimh agus líonraí ábhartha eile de chuid an Aontais, go háirithe Líonra Eorpach na Seirbhísí Fostaíochta Poiblí, an Líonra Fiontar Eorpach, an Pointe Fócais Teorann SOLVIT, agus Coiste na gCigirí Sinsearacha Saothair, mar aon le seirbhísí náisiúnta ábhartha amhail na comhlachtaí a chuireann an chóir chomhionann chun cinn agus a thugann tacaíocht d'oibríthe san Aontas agus do bhaill dá dteaghlach agus atá ainmnithe ag na Ballstáit de bhun Threoir 2014/54/AE. Ba cheart an tÚdarás a chur in ionad an Choimisiúin maidir le hOifig Eorpach Comhordúcháin an Líonra Eorpaigh seirbhísí fostaíochta (“EURES”) a bhainistiú, arb oifig í a bunaíodh le Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (8), lena n-áirítear riachtanais úsáideoirí a bhunú agus ar cheanglais ghnó ar mhaithe le héifeacht na tairisí EURES agus seirbhísí teicneolaíocht faisnéise (TF) gaolmhara, ach lena n-eisiatar soláthar TF, agus an bonneagar TF a fhorbairt agus a oibriú, ar seirbhísí iad a leanfaidh an Coimisiún de bheith á n-áirithiú.
- (17) D'fhonn chur i bhfeidhm cóir, simplí agus éifeachtach dhlí an Aontais a áirithiú, ba cheart don Údarás tacú leis an gcomhar agus le malartú tráthúil na faisnéise idir na Ballstáit. I gcomhar le baill eile foirne, ba cheart do na hoifigigh náisiúnta idirchaidrimh atá ag obair san Údarás tacú leis na Ballstáit maidir lena gcuid oibleagáidí comhair a chomhlíonadh, dlús a chur le malartuithe faisnéise eatarthu trí nósanna imeachta chun moilleanna a laghdú, agus naisc le comhlachtaí oifigeach náisiúnta idirchaidrimh eile a áirithiú, agus trí phointí teagmhála a bhunófar faoi dhlí an Aontais. Ba cheart don Údarás cineálacha cur chuige nuálacha maidir le comhar trasteorann éifeachtach agus éifeachtúil a spreagadh, lena n-áirítear uirlisí malartaíthe sonraí leictreonacha amhail an Córas um Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) agus Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI), agus ba cheart dó tuilleadh digitithe a dhéanamh ar nósanna imeachta agus feabhas a chur ar uirlisí TF le haghaidh malartú teachtaireachtaí idir na húdaráis náisiúnta.

(7) Rialachán (AE) Uimh. 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, ar nósanna imeachta agus ar sheirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).

(8) Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibríthe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargáí saothair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1).

- (18) Chun cur le hinniúlacht na mBallstát cosaint a áirithiú do dhaoine a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta dul i ngleic le neamhrialtachtaí ina bhfuil gné thrasteorann maidir le dlí an Aontais faoi chuimsiú raoin feidhme an Rialacháin seo, ba cheart don Údarás tacú leis na húdaráis náisiúnta cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a chur i gcrích, lena n-áirítear trí chur chun feidhme na gcigireachtaí a éascú i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2014/67/AE. Ba cheart na cigireachtaí sin a chur i gcrích arna n-iarraidh sin do na Ballstáit nó tar éis dóibh comhaontú leis an moladh ón Údarás. Ba cheart don Údarás tacaíocht theicniúil, lóistíochtúil agus straitéiseach a thabhairt do na Ballstáit atá rannpháirteach sna cigireachtaí comhpháirteacha agus sna cigireachtaí comhbheartaithe, agus lánurraim á tabhairt do cheanglais rúndachta. Ba cheart cigireachtaí a chur i gcrích i gcomhaontú leis na Ballstáit lena mbaineann agus ba cheart iad a dhéanamh go hiomlán laistigh de chreat dlíthiúil dhlí náisiúnta nó chleachtas na mBallstát ina ndéanfar na cigireachtaí. Ba cheart do na Ballstáit obair leantach a dhéanamh maidir le torthaí na gcigireachtaí comhpháirteacha agus na gcigireachtaí comhbheartaithe i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta.
- (19) Níor cheart cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a chur in ionad inniúlachtaí náisiúnta ná níor cheart an bonn a bhaint d'inniúlachtaí náisiúnta leo. Ba cheart freisin go mbeadh na húdaráis náisiúnta bainteach go hiomlán le linn na gcigireachtaí sin agus ba cheart go mbeadh údarás iomlán acu. I gcás ina mbeidh na ceardchumainn iad féin i gceannas ar chigireachtaí ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a dhéanamh, tar éis comhaontú a fháil ó na comhpháirtithe sóisialta ábhartha, agus i gcomhar leo.
- (20) Chun súil a choinneáil ar na treochoí, na dúshláin agus na heasnaimh a bheidh ag teacht chun cinn sna réimsí a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair agus comhordú na slándála sóisialta, ba cheart don Údarás, i gcomhar leis na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, leis na comhpháirtithe sóisialta, inniúlacht anailiseach agus inniúlacht measúnaithe riosca a fhorbairt. Ba cheart anailís agus staidéir ar mhargadh an lucht saothair a chur san áireamh, mar aon le hathbhreithniú píaraí. Ba cheart don Údarás faireachán a dhéanamh ar mhíchothromaíochtaí ó thaobh scileanna de agus ar shreabha trasteorann an lucht saothair, lena n-áirítear an tionchar a d'fhéadfadh siad a imirt ar an gcomhtháthú críochach. Ba cheart don Údarás tacú leis an measúnú riosca dá dtagraítear in Airteagal 10 de Threoir 2014/67/AE. Ba cheart don Údarás sineirgí agus comhlántacht le gníomhaireachtaí, seirbhísí nó líonraí de chuid an Aontais a áirithiú. Ba cheart go n-áireofaí leis an méid sin ionchur a lorg ó SOLVIT agus ó sheirbhísí comhchosúla maidir le dúshláin earnáilsonracha agus fadhbanna athfhillteacha a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair faoi chuimsiú raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart don Údarás freisin éascú agus cuíchoiriú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí bailithe sonraí dá bhforáiltear i ndlí an Aontais a thagann faoi chuimsiú raon feidhme an Rialacháin seo. Ní bheidh i gceist leis sin oibleagáidí nua maidir le tuairisciú a chruthú do na Ballstáit.
- (21) Chun inniúlacht na n-údarás náisiúnta a neartú sna réimsí a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair agus le comhordú na slándála sóisialta, agus chun comhsheasmhacht a fheabhsú maidir le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais faoi chuimsiú raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart don Údarás cúnaimh oibríochtúil a thabhairt do na húdaráis náisiúnta, lena n-áirítear treoirlínte praiticiúla a fhorbairt, clár oiliúna agus foghlama píaraí a bhunú, lena n-áirítear i dtaobhghaidh a bheith á tabhairt ag cigireachtaí saothair ar dhúshláin amhail féinfhostaíocht bhréagach agus mí-úsáidí maidir le postú, tionscadail cúnaimh fhrithpháirtigh a chur chun cinn, malartuithe foirne a éascú amhail na malartuithe sin dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir 2014/67/AE, agus tacú leis na Ballstáit chun feachtais ardaithe feasachta a eagrú agus daoine aonair agus fostóirí a chur ar an eolas faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí. Ba cheart don Údarás malartú, scaipeadh agus glacadh a chur chun cinn i dtaobh dea-chleachtas agus i dtaobh eolas, agus tuiscint fhrithpháirteach maidir le córais agus cleachtais náisiúnta éagsúla a chur chun cinn.
- (22) Ba cheart don Údarás sineirgí a fhorbairt idir a chúram chun soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a áirithiú agus dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe. Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn “dul i ngleic le” hobair neamhdhearbhaithe an obair sin a chosc, a dhíspreagadh agus a chomhrac, mar aon le dearbhú na hoibre neamhdhearbhaithe a chur chun cinn. Agus é ag cur le cuid eolais agus le modhanna oibre an Ardáin Eorpaigh chun comhar a fheabhsú maidir le dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2016/344 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁹⁾, ba cheart don Údarás meitheal buan, ar a dtugtar “Ardán” freisin, a chur ar bun, le rannpháirtíocht ó na comhpháirtithe sóisialta, chun comhar a fheabhsú maidir le dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe. Ba cheart don Údarás a áirithiú go ndéanfar aistriú rianúil chuig an meitheal nua laistigh den Údarás ar na gníomhaíochtaí an ardáin a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2016/344 atá ar bun cheana.
- (23) Ba cheart don Údarás ról idirghabhála a ghlacadh air féin. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann cásanna aonair atá faoi dhíospóid a tharchur chuig an Údarás lena n-idirghabháil más rud é go bhfuil teipthe orthu na cásanna a réiteach trí bhíthin teagmháil dhíreach agus idirphlé. Níor cheart don idirghabháil déileáil ach le díospóidí a tharlaíonn idir na Ballstáit, agus ba cheart na seirbhísí náisiúnta agus seirbhísí an Aontais darb aidhm déileáil leis na cásanna sin a bheith ar fáil do dhaoine aonair agus d'fhostóirí a bhfuil deacrachtaí acu a gcearta a fheidhmiú faoi dhlí an Aontais, seirbhísí amhail gréasán SOLVIT ar chuíge is ceart don Údarás na cásanna sin a tharchur. Maidir le cásanna nach bhfuiltear in ann teacht ar réiteach ina leith mar gheall ar dhifriochtaí idir riaracháin náisiúnta, ba cheart gréasán SOLVIT a bheith in ann iad a tharchur chuig an Údarás freisin lena mbreathnú. Ba cheart don Údarás a ról idirghabhála a chur i gcrích gan dochar d'inniúlachtaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an “Chúirt Bhreithiúnais”) maidir le léirmhíniú dhlí an Aontais agus gan dochar d'inniúlacht an Choimisiúin Riaracháin.

⁽⁹⁾ Cinneadh (AE) 2016/344 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le hArdán Eorpach a bhunú chun comhar a fheabhsú chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe (IO L 65, 11.3.2016, lch. 12).

- (24) Tá prionsabail agus moltaí sa Chreat Eorpach Idir-inoibritheachta maidir leis an gcaoi ar féidir feabhas a chur ar rialachas gníomhaíochtaí idir-inoibritheachta agus soláthar seirbhísí poiblí, caidrimh idir eagraíochtaí agus caidrimh trasteorann a bhunú, cuichóiriú a dhéanamh ar phróisis a thacaíonn le malartuithe digiteacha ó cheann go ceann, agus a áirithiú go dtugann an reachtaíocht atá ann cheana agus an reachtaíocht nua araon tacaíocht do phrionsabail na hidir-inoibritheachta. Is struchtúr cineálach í an Ailtireacht Tagartha Eorpach Idir-inoibritheachta (EIRA), ina gcuimsítear prionsabail agus treoirlínte chun réitigh idir-inoibritheachta a chur i bhfeidhm, dá dtagraítear i gCinneadh (AE) 2015/2240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁰⁾. Ba cheart do EIF agus EIRA an tÚdarás a threorú agus tacú leis nuair a dhéanann siad ábhair idir-inoibritheachta a bhreithniú.
- (25) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Údarás rochtain níos fearr ar fhaisnéis agus seirbhísí ar líne a chur ar fáil do gheallsealbhóirí an Aontais agus do gheallsealbhóirí náisiúnta agus malartú faisnéise eatarthu a éascú. Dá bhrí sin, ba cheart don Údarás úsáid uirlisí digiteacha a spreagadh, nuair is féidir sin. Sa bhreis ar chórais TF agus suíomhanna gréasáin, tá ról lárnach atá ag méadú i gcónaí ag uirlisí digiteacha amhail ardáin ar líne agus bunachair sonraí i ndáil le margadh shoghluaisteacht trasteorann an lucht saothair. Dá bhrí sin, tá uirlisí den sórt sin úsáideach chun rochtain éasca ar fhaisnéis ábhartha ar líne a chur a fáil agus malartú faisnéise a éascú do gheallsealbhóirí an Aontais agus do gheallsealbhóirí náisiúnta maidir lena gcuid gníomhaíochtaí trasteorann.
- (26) Ba cheart don Údarás a dhícheall a dhéanamh chun go mbeidh suíomhanna gréasáin agus feidhmchláir mhóibíleacha a bhunófar le haghaidh chur chun feidhme na gcúraimí a leagtar síos sa Rialachán seo i gcomhréir le ceanglais ábhartha an Aontais maidir le hinrochtaineacht. Ceanglaítear ar na Ballstáit, le Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹¹⁾, a áirithiú go mbíonn suíomhanna gréasáin a gcomhlachtaí poiblí inrochtana i gcomhréir leis an bprionsabal go bhfuil siad inbhraite, inoibritheach, intuigtheach agus stóinseach agus go gcomhlíonann siad ceanglais na Treorach sin. Níl feidhm ag an Treoir sin maidir le suíomhanna gréasáin ná feidhmchláir mhóibíleacha de chuid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais. Ba cheart don Údarás a dhícheall a dhéanamh, áfach, na prionsabail a leagtar amach sa Treoir sin a chomhlíonadh.
- (27) Ba cheart an tÚdarás a rialú agus a oibriú i gcomhréir le prionsabail an Ráitis Chomhpháirtigh ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an 19 Iúil 2012.
- (28) Is prionsabal bunúsach de dhlí an Aontais é prionsabal an chomhionannais. Ceanglaítear leis an comhionannas idir mná agus fir a áirithiú i ngach réimse, lena n-áirítear fostaíocht, obair agus pá. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag gach páirtí ionadaíocht chothrom a bhaint amach idir mná agus fir ar an mBord Bainistíochta agus sa Ghrúpa Geallsealbhóirí. Ba cheart an aidhm sin a bheith á saothrú freisin ag an mBord Bainistíochta i ndáil lena Chathaoirleach agus a Leas-Chathaoirleach i dteannta a chéile.
- (29) Ba cheart ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na mBallstát agus thar ceann an Choimisiúin ar Bhord Bainistíochta chun feidhmiú éifeachtach an Údaráis a áirithiú. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, chomh maith le heagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta trasteorann ar leibhéal an Aontais, a dhéanann ionadaíocht chomhionann thar ceann ceardchumann agus eagraíochtaí fostóirí, le hionadaíocht leormhaith thar cheann FMBanna, ionadaithe a ainmniú chuig an mBord Bainistíochta freisin. Ba cheart urraim a léiriú do phrionsabail na cothromaíochta inscne, na taithe agus na gcáilíochtaí i gcomhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta, lena n-áirítear an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach a roghnú. I bhfianaise fheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil an Údaráis, ba cheart don Bhord Bainistíochta, go háirithe, clár oibre bliantúil a ghlacadh, a fheidhmeanna maidir le buiséad an Údaráis a chomhlíonadh, na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an Údarás a ghlacadh, Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh, agus nósanna imeachta a bhunú maidir le cinntí a dhéanamh a bhaineann le cúraimí oibríochtúla an Údaráis a chomhlíonann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Ba cheart d'ionadaithe ó thriú tíortha atá ag cur i bhfeidhm rialacha an Aontais faoi chuimsiú raon feidhme an Rialacháin seo, a bheith in ann a bheith rannpháirteach i gcrúinnithe an Bhoird Bainistíochta i gcáil breathnóirí.
- (30) I gcásanna eisceachtúla, inar gá an t-uasleibhéal rúndachta a choinneáil, níor cheart don tsaineolaí neamhspleách arna cheapadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag ionadaithe na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta trasteorann ar leibhéal an Aontais a bheith rannpháirteach i bpléití an Bhoird Bhainistíochta. Ba cheart an fhoráil sin a shonrú go soiléir i rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta agus a theorannú d'fhaisnéis íogair maidir le cásanna aonair, chun a áirithiú nach ndéanfaí rannpháirtíocht éifeachtach an tsaineolaí agus na n-ionadaithe in obair an Bhoird Bainistíochta a theorannú go míchuí.
- (31) Ba cheart Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh chun bainistiú foriomlán riaracháin an Údaráis agus cur chun feidhme na gcúraimí a shannfar don Údarás a áirithiú. Féadfaidh baill eile foirne gníomhú in ionad an Stiúrthóra Feidhmiúcháin i gcás ina measfar go bhfuil gá le déanamh amhlaidh chun bainistiú laethúil an Údaráis a áirithiú, i gcomhréir le rialacha inmheánacha an Údaráis, gan poist bhainistíochta bhreise a chruthú.

⁽¹⁰⁾ Cinneadh (AE) 2015/2240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 lena mbunaítear clár maidir le réitigh idir-inoibritheachta agus creatáil comhchoiteanna do riaracháin phoiblí, do ghnólachtaí agus do shaoránaigh na hEorpa (clár ISA²) chun an earnáil phoiblí a nuachóiriú (IO L 318, 4.12.2015, lch. 1).

⁽¹¹⁾ Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 327, 2.12.2016, lch. 1).

- (32) Gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin, ba cheart don Bhord Bainistíochta agus don Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bheith neamhspleách i bhfeidhmiú a ndualgas agus ba cheart dóibh gníomhú ar mhaithe le leas an phobail.
- (33) Ba cheart don Údarás a bheith ag brath go díreach ar shaineolas na ngeallsealbhóirí ábhartha sna réimsí faoi chuimsiú raon feidhme an Rialacháin seo trí Ghrúpa Geallsealbhóirí. Maidir leis na baill den ghrúpa geallsealbhóirí ba cheart gur ionadaithe ó chomhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais iad, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta earnálacha aitheanta de chuid an Aontais a dhéanann ionadaíocht thar ceann earnálacha a bhaineann go háirithe le saincheisteanna maidir le soghluaisteacht an lucht saothair. Ba cheart go bhfaigheadh an Grúpa Geallsealbhóirí faisnéisiú roimh ré agus go mbeidís in ann a dtuairimí a thíolacadh chuig an Údarás, arna iarraidh sin nó ar a thionscnamh féin. Agus a ghníomhaíochtaí á gcur i gcrích aige, tabharfaidh an Grúpa Geallsealbhóirí aird chuí ar na tuairimí sin agus bainfidh sé leas as saineolas Choiste Chomhairligh um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus as saineolas an Choiste Chomhairligh um Shaorghluaiseacht Oibríthe arna bhunú de bhun Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾.
- (34) Chun uathriail agus neamhspleáchas iomlán an Údaráis a áirithiú, ba cheart buiséad neamhspleách a thabhairt dó, agus a chuid ioncaim a bheith ag teacht as buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, as aon ranníocaíocht dheonach ó na Ballstáit agus as aon ranníocaíocht ó thríú tíortha atá rannpháirteach in obair an Údaráis. I gcásanna eisceachtúla agus i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, ba cheart dó a bheith in ann glacadh le comhaontuithe tarmilgín nó le deontais *ad hoc* agus muirear a ghearradh ar fhoilseacháin agus ar aon seirbhís a sholáthróidh an tÚdarás.
- (35) Ba cheart gurb é Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (an tIonad Aistriúcháin) a sholáthródh na seirbhísí aistriúcháin is gá le haghaidh fheidhmiú an tÚdaráis. Ba cheart don Údarás a bheith ag obair in éineacht leis an Ionad Aistriúcháin chun tascairí cáilíochta, tráthúlachta agus rúndachta a bhunú, chun riachtanais agus tosaíochtaí an Údaráis a shainaitheint go soiléir, agus chun nósanna imeachta trédhearcacha oibiachtúla a chruthú do phróiseas an aistriúcháin.
- (36) I gcás ina mbeidh próiseáil á déanamh ar shonraí pearsanta i gcomhthéacs an Rialacháin seo, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾, nó Rialachán (CE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾, mar is infheidhme. Áireofar leis sin bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur i bhfeidhm chun na hoibleagáidí a leagtar síos sna Rialacháin sin a chomhlíonadh, go háirithe bearta a bhaineann le dlíthiúlacht na próiseála, le slándáil na ngníomhaíochtaí próiseála, le soláthar faisnéise agus leis na cearta atá ag ábhair sonraí.
- (37) Chun oibriú trédhearcach an Údaráis a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁵⁾ maidir leis an Údarás. Ba cheart gníomhaíochtaí an Údaráis a bheith faoi réir ghrinnscrúdú an Ombudsman Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 228 CFAE.
- (38) Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁶⁾ maidir leis an Údarás, agus ba cheart dó aontú do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).
- (39) Ba cheart go ndéanadh Ballstáit aíochta an Údaráis na dálaí is fearr is féidir a sholáthar chun feidhmiú cuí an Údaráis a áirithiú.
- (40) Chun coinníollacha fostaíochta oscailte, trédhearcacha agus cóir chomhionann don fhoireann a áirithiú, ba cheart go mbeadh feidhm ag Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ⁽¹⁷⁾ (dá ngairtear “na Rialacháin Foirne” agus na “Coinníollacha Fostaíochta”, faoi seach), i leith na foirne agus i leith Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis, lena n-áirítear na rialacha rúndachta gairmiúla nó dualgais choibhéiseacha eile rúndachta.

⁽¹²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse gluaiseachta d'oibríthe laistigh den Aontas (IO L 141, 27.5.2011, lch. 1).

⁽¹³⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

⁽¹⁴⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

⁽¹⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhóiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

⁽¹⁶⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna seoladh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

⁽¹⁷⁾ IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

- (41) Laistigh de chreat a n-inniúlachtaí faoi seach, ba cheart don Údarás comhoibriú le gníomhaireachtaí an Aontais, go háirithe leo sin a bunaíodh i réimse na fostaíochta agus an bheartais shóisialta, agus é ag cur le saineolas na ngníomhaíochtaí sin agus an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí: an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop), an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF), mar aon leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus na gáinneála ar dhaoine, i gcomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust). Leis an gcomhar sin, ba cheart comhordú a áirithiú, sineirgí a chur chun cinn agus aon dúbailt ina ngníomhaíochtaí a sheachaint.
- (42) I réimse chomhordú na slándála sóisialta, ba cheart don Údarás agus don Choimisiún Riaracháin a bheith ag obair i ndlúthchomhar le chéile agus é mar aidhm acu sineirgí a bhaint amach agus aon dúbailt a sheachaint.
- (43) Chun go mbeidh gné oibríochtúil i ngníomhaíochtaí na gcomhlachtaí atá ann cheana sna réimsí atá faoi chuimsiú raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart don Údarás cúraimí an Choiste Teicniúil um Shaorghluaiseacht Oibríthe a bunaíodh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 492/2011, ag Coiste na Saineolaithe maidir le hOibríthe a Phostú a bunaíodh le Cinneadh 2009/17/CE ón gCoimisiún ⁽¹⁸⁾, lena n-áirítear malartú faisnéise maidir leis an gcomhar riaracháin, cúnamh maidir le ceisteanna faoi chur chun feidhme chomh maith le forfheidhmiú trasteorann, agus ag an t-ardán a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2016/344. Nuair atá an tÚdarás ag tosú a bheith ag feidhmiú, ba cheart na comhlachtaí sin a scor. Féadfaidh an Bord Bainistíochta a chinneadh meithleacha tiomnaithe nó painéil saineolaithe tiomnaithe a chur ar bun.
- (44) Le Coiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta agus an Coiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibríthe, cuirtear fóram comhairliúcháin ar fáil ar bhonn náisiúnta do chomhpháirtithe sóisialta agus ionadaithe na rialtas ar. Ba cheart don Údarás rannchuidiú lena gcuid oibre agus féadfaidh sé a bheith rannpháirteach ina gcruinnithe.
- (45) Chun an leagan amach institiúideach nua sin a léiriú, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, Rialachán (AE) Uimh. 492/2011, agus Rialachán (AE) 2016/589 a leasú, agus ba cheart Cinneadh (AE) 2016/344 a aisghairm a luaite a bheidh an tÚdarás ag feidhmiú.
- (46) Ba cheart don Údarás an éagsúlacht sna córais náisiúnta maidir le caidreamh tionsclaíoch agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta a urramú, mar a aithnítear go sainráite in CFAE. Má ghlactar páirt i ngníomhaíochtaí an Údarás, bíonn sé sin gan dochar d'inniúlachtaí, oibleagáidí agus freagrachtaí na mBallstát faoi, inter alia, na gcoinbhinsiún sin de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (ILO) is ábhartha agus is infheidhme, amhail Coinbhinsiún Uimh. 81 maidir le hIníúchadh Saothair i dTionscal agus i dTráchtáil, agus gan dochar do chumhachtaí na mBallstát chun an caidreamh tionsclaíoch náisiúnta a rialáil, idirghabháil a dhéanamh ann agus faireachán a dhéanamh air, go háirithe i bhfeidhmiú an chirt chun cómhargála agus chun gníomhaíochta comhchoitinne.
- (47) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon chun rannchuidiú, laistigh dá raon feidhme, le cothroime a neartú sa mhargadh inmheánach laistigh dá raon feidhme a ghnóthú go leordhóthanach, agus iad ag gníomhú ar bhealach neamh-chomhordaithe ach, de bharr ghné thrasteorann na ngníomhaíochtaí sin agus an ghá atá le comhar méadaithe idir na Ballstáit, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (48) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a fhorhuinítear, go háirithe, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, mar a aithnítear in Airteagal 6 CAE.

⁽¹⁸⁾ Cinneadh 2009/17/CE ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 lena mbunaítear Coiste na Saineolaithe maidir le hOibríthe a Phostú (IO L 8, 13.1.2009, lch. 26).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

PRIONSABAIL

Airteagal 1

Bunú, ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear an tÚdarás Eorpach Saothair (an “tÚdarás”).
2. Tabharfaidh an tÚdarás cúnamh do na Ballstáit agus don Choimisiún maidir leis an dlí de chuid an Aontais a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais a bheith á chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú acu, agus maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta laistigh den Aontas. Feidhmeoidh an tÚdarás faoi chuimsiú raon feidhme ghníomhartha de chuid an Aontais a liostaítear i mír 4, lena n-áirítear na treoracha, na rialacháin, agus na cinntí uile a bhunófar ar na gníomhartha sin, agus raon feidhme aon ghnímh bhreise de chuid an Aontais a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí de agus lena dtabharfar cúraimí don Údarás.
3. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear ar bith d’fheidhmiú na gceart bunúsach mar a athnaítear sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear an ceart nó an tsaoirse chun dul ar stailc nó gníomh eile a dhéanamh a chumhdaítear leis na córais shonracha chaidrimh thionsclaíoch atá sna Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta. Ná ní dhéanfaidh sí difear don cheart chun comhaontaithe comhchoiteanna a chaibidil, a thabhairt i gcrích ná a fhorfheidhmiú agus chun gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta.
4. Le raon feidhme ghníomhaíochtaí an Údaráis, cumhdófar na gníomhartha seo a leanas de chuid an Aontais, lena n-áirítear gach leasú a dhéanfar ar na gníomhartha sin amach anseo:
 - (a) Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁹⁾;
 - (b) Treoir 2014/67/AE;
 - (c) Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁰⁾, lena n-áirítear forálacha Rialacháin (CEE) Uimh. 1408/71 ón gComhairle ⁽²¹⁾ agus (CEE) Uimh. 574/72 ⁽²²⁾ sa mhéid atá siad fós infheidhme, Rialachán (AE) 1231/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²³⁾ agus Rialachán (CE) Uimh. 859/2003 ⁽²⁴⁾ ón gComhairle lena ndéantar forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 a leathnú chuig náisiúnaigh tríú tíortha nach gcumhdaítear cheana leis na Rialacháin sin ar fhoras a náisiúntachta amháin;
 - (d) Rialachán (AE) Uimh. 492/2011;

⁽¹⁹⁾ Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1).

⁽²⁰⁾ Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1).

⁽²¹⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 an 14 Meitheamh 1971 maidir le cur i bhfeidhm na scéimeanna slándála sóisialta do dhaoine fostaithe, do dhaoine féinfhostaithe agus do bhaill dá dteaghlach atá ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 149, 5.7.1971, lch. 2).

⁽²²⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 ón gComhairle an 21 Márta 1972 lena socraítear an nós imeachta chun Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 a chur chun feidhme maidir le scéimeanna leasa shóisialta a chur i bhfeidhm do dhaoine fostaithe, do dhaoine féinfhostaithe agus do bhaill dá dteaghlach a bheidh ag gluaiseacht tríd an gComhphobal (IO L 74, 27.3.1972, lch. 1).

⁽²³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1231/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena leathnaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 chuig náisiúnaigh tríú tíortha nach gcumhdaítear cheana leis na Rialacháin sin ar fhoras a náisiúntachta amháin (IO L 344, 29.12.2010, lch. 1).

⁽²⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 859/2003 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2003 lena leathnaítear forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 do náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil cumhdaithe cheana leis na forálacha sin ar fhorais a náisiúntachta amháin (IO L 124, 20.5.2003, lch. 1).

- (e) Treoir 2014/54/AE;
- (f) Rialachán (AE) 2016/589;
- (g) Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁵⁾;
- (h) Treoir 2006/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁶⁾;
- (i) Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁷⁾.

5. Cumhdófar le raon feidhme ghníomhaíochtaí an Údaráis an comhar idir na Ballstáit chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe.

6. Urramófar leis an Rialachán seo inniúlachtaí na mBallstát maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú dhlí an Aontais a liostaítear i mír 4.

Ní dhéanfar difear leis do chearta ná d'oibleagáidí daoine aonair ná d'fhostóirí a dheonaítear le dlí an Aontais ná leis an dlí ná leis an gcleachtas náisiúnta, ná do chearta ná d'oibleagáidí na n-údarás náisiúnta a thagann astu sin, ná do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta mar a aithnítear go sainráite in CFAE.

Beidh an Rialachán seo gan dochar do chomhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana agus do shocruithe comhair riaracháin idir na Ballstáit, go háirithe na cinn a bhaineann le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhphárteacha.

Airteagal 2

Cuspóirí

Beidh sé de chuspóir ag an Údarás rannchuidiú le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a áirithiú ar fud an Aontais agus cuidiú leis na Ballstáit agus an Coimisiún i gcomhordú na gcóras slándála sóisialta laistigh den Aontas. Chuige sin, agus faoi chuimsiú an raon feidhme de bhun Airteagal 1, déanfaidh an tÚdarás an méid seo a leanas:

- (a) rochtain a éascú ar fhaisnéis faoi chearta agus oibleagáidí maidir le soghluaisteacht saothair ar fud an Aontais, chomh maith le rochtain ar sheirbhísí ábhartha;
- (b) comhar idir na Ballstáit a éascú agus a fheabhsú i bhforfheidhmiú dhlí ábhartha an Aontais ar fud an Aontais, lena n-áirítear cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhphárteacha a éascú;
- (c) idirghabháil a dhéanamh i gcás díospóidí trasteorann idir na Ballstáit; agus
- (d) tacú leis an gcomhar idir Ballstáit agus iad ag dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe.

Airteagal 3

Stádas dlíthiúil

1. Beidh an tÚdarás ina chomhlacht Aontais ag a mbeidh pearsantacht dhlítheanach.

⁽²⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuíbhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 1).

⁽²⁶⁾ Treoir 2006/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le coinníollacha íosta le haghaidh chur chun feidhme Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le reachtaíocht shóisialta a bhaineann le gníomhaíochtaí iompair de bhóthar agus lena n-aisghairtear Treoir 88/599/CEE ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 35).

⁽²⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle (IO L 300, 14.11.2009, lch. 51).

2. I ngach ceann de na Ballstáit, beidh ag an Údarás an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge atá ar fáil do dhaoine dlítheanacha faoina ndlí náisiúnta. Féadfaidh sé, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil agus a dhiúscairt agus féadfaidh sé bheith ina pháirtí in imeachtaí dlí.

CAIBIDIL II

CÚRAIMÍ AN ÚDARÁIS

Airteagal 4

Cúraimí an Údaráis

Chun a chuspóirí a bhaint amach, déanfaidh an tÚdarás na cúraimí seo a leanas:

- (a) rochtain ar fhaisnéis a éascú agus EURES a chomhordú i gcomhréir le hAirteagal 5 agus le hAirteagal 6;
- (b) comhar agus malartú faisnéise a éascú idir na Ballstáit d'fhonn dlí ábhartha an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú ar dhóigh chomhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach, i gcomhréir le hAirteagal 7;
- (c) cigireachtaí comhpháirteacha comhbheartaithe a chomhordú agus tacú leo, i gcomhréir le hAirteagal 8 agus le hAirteagal 9;
- (d) anailísí agus measúnú riosca a dhéanamh maidir le saincheistanna a bhaineann le soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair, i gcomhréir le hAirteagal 10;
- (e) tacú leis na Ballstáit ó thaobh forbairt acmhainní de maidir le dlí ábhartha an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú ar dhóigh éifeachtach, i gcomhréir le hAirteagal 11;
- (f) tacú leis na Ballstáit agus iad ag dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, i gcomhréir le hAirteagal 12;
- (g) idirghabháil a dhéanamh i ndíospóidí idir na Ballstáit maidir le dlí ábhartha an Aontais a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 13.

Airteagal 5

Faisnéis maidir le soghluaisteacht an lucht saothair

Feabhsóidh an tÚdarás infhaighteacht, cáilíocht agus inrochtaineacht na faisnéise de chineál ginearálta a chuirtear ar fáil do dhaoine aonair, d'fhostóirí agus d'eagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta maidir le cearta agus oibleagáidí a eascraíonn as gníomhartha an Aontais a liostaítear in Airteagal 1(4), chun soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais a éascú. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas:

- (a) rannchuidiú le soláthar faisnéise ábhartha faoi chearta agus oibleagáidí daoine aonair i gcásanna a bhaineann le soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair, lena n-áirítear trí shuíomh gréasáin aonair ar fud an Aontais a bheidh ag feidhmiú mar thairseach aonair chun rochtain a fháil ar fhoinní faisnéise agus ar sheirbhísí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais arna bhunú le Rialachán (AE) 2018/1724;
- (b) tacú leis na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/589;
- (c) tacú leis na Ballstáit i ndáil le comhlíonadh na n-oibleagáidí maidir le rochtain ar fhaisnéis a bhaineann le saorghluaiseacht oibríthe, go háirithe mar a leagtar síos in Airteagal 6 de Threoir 2014/54/AE agus in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2016/589, le comhordú na slándála sóisialta mar a leagtar síos in Airteagal 76(4) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, agus le hoibríthe a phostú mar a leagtar síos in Airteagal 5 de Threoir 2014/67/AE, lena n-áirítear trí thagairt a dhéanamh d'fhoinní náisiúnta faisnéise amhail na suíomhanna gréasáin aonair náisiúnta;

- (d) tacú leis na Ballstáit maidir le cruinneas, iomláine agus soláimhsitheacht na seirbhísí agus foinsí ábhartha náisiúnta faisnéise a fheabhsú, i gcomhréir leis na critéir cháilíochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1724;
- (e) tacú leis na Ballstáit maidir le cuíchóiriú a dhéanamh ar sholáthar na faisnéise agus na seirbhísí do dhaoine aonair agus d'fhostóirí i dtaobh soghluaisteacht trasteorann ar bhonn deonach;
- (f) comhar a éascú idir na comhlachtaí inniúla ainmnithe i gcomhréir le Treoir 2014/54/AE chun faisnéis, treoir agus cúnaimh a sholáthar do dhaoine aonair agus d'fhostóirí i réimse na soghluaisteachta saothair laistigh den mhargadh inmheánach.

Airteagal 6

EURES a chomhordú

Chun tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit maidir le seirbhísí a sholáthar do dhaoine aonair agus d'fhostóirí trí EURES, amhail folúntais trasteorann poist, tréimhse oiliúna agus phrintíseachta a mheaitseáil le CVanna agus, sa chaoi sin, soghluaisteacht lucht saothair a éascú ar fud an Aontais, déanfaidh an tÚdarás Oifig Eorpach Comhordúcháin EURES, a bunaíodh faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2016/589 a bhainistiú.

Faoi bhainistíocht an Údaráis, déanfaidh Oifig Eorpach Comhordúcháin a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2016/589, cé is moite de thairseach EURES agus seirbhísí gaolmhara TF a fhorbairt agus a oibriú, ar seirbhísí iad a leanfaidh an Coimisiún de bheith á mbainistiú. Áiríteoidh an tÚdarás, faoi fhreagracht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin mar a leagtar amach i bpointe (n) d'Airteagal 22(4) den Rialachán seo, go gcomhlíonfaidh an ghníomhaíocht sin go hiomlán ceanglais na reachtaíochta is infheidhme maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear an ceanglas maidir le hOifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh, i gcomhréir le hAirteagal 36 den Rialachán seo.

Airteagal 7

Comhar agus malartú faisnéise idir na Ballstáit

1. Éascóidh an tÚdarás comhar agus luathú malartaithe faisnéise idir na Ballstáit agus tabharfaidh sé tacaíocht dóibh maidir lena n-oibleagáidí comhair a chomhlíonadh go héifeachtach, lena n-áirítear malartú faisnéise, mar a shainítear i ndlí an Aontais laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo

Chuirge sin, déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas go háirithe:

- (a) arna iarraidh sin ag Ballstát amháin nó níos mó, tacú le húdaráis náisiúnta pointí teagmhála ábhartha na n-údaráis náisiúnta sna Ballstáit eile a shainaithint;
- (b) arna iarraidh sin ag Ballstát amháin nó níos mó, an obair leantach i dtaca le hiarrataí agus malartuithe faisnéise idir údaráis náisiúnta a éascú trí thacaíocht lóistíochtúil agus tacaíocht theicniúil a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta, agus trí mhalartuithe faisnéise maidir le stádas na gcásanna;
- (c) dea-chleachtais a chur chun cinn agus a chomhroinnt mar aon le rannchuidiú lena scaipeadh idir na Ballstáit;
- (d) arna iarraidh sin ag Ballstát amháin nó níos mó, i gcás inarb ábhartha, nósanna imeachta forfheidhmithe trasteorann a bhaineann le pionóis agus fíneálacha a éascú agus tacaíocht a thabhairt ina leith, faoi chuimsiú raon feidhme an Rialacháin seo de réir Airteagal 1;
- (e) tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin dhá uair sa bhliain faoi iarrataí atá gan réiteach idir na Ballstáit agus breithniú a dhéanamh cibé an gcuirfidh sé na hiarrataí sin ar aghaidh le haghaidh idirghabháil i gcomhréir le hAirteagal 13(2).

2. Arna iarraidh sin ag Ballstát amháin nó níos mó agus a chúraimí á gcomhlíonadh aige, déanfaidh an tÚdarás faisnéis a chur ar fáil chun tacú leis an mBallstát lena mbaineann i gcur i bhfeidhm éifeachtach na ngníomhartha de chuid an Aontais a thagann faoi inniúlacht an Údaráis.

3. Déanfaidh an tÚdarás úsáid uirlisí agus nósanna imeachta leictreonacha a chur chun cinn le haghaidh teachtaireachtaí a mhalartú idir údaráis náisiúnta, lena n-áirítear an córas IMI.

4. Spreagfaidh an tÚdarás cineálacha cur chuige nuálacha maidir le comhar trasteorann éifeachtach agus éifeachtúil, agus déanfaidh sé an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as sásraí leictreonacha malartaithe faisnéise agus bunachair sonraí idir na Ballstáit a chur chun cinn chun rochtain fíor-ama ar shonraí agus brath calaoise a éascú, agus féadfaidh sé feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh a mholadh maidir le húsáid na sásraí agus na mbunachair sonraí sin. Soláthróidh an tÚdarás tuarascálacha chuig an gCoimisiún d'fhonn sásraí leictreonacha malartaithe faisnéise agus bunachair sonraí a fhorbairt tuilleadh.

Airteagal 8

Comhordú agus tacaíocht maidir le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhphárteacha

1. Arna iarraidh sin do Bhallstát amháin nó níos mó, comhordóidh an tÚdarás cigireachtaí comhbheartaithe nó cigireachtaí comhphárteacha sna réimsí atá laistigh d'inniúlacht an Údaráis agus tacóidh sé leis na cigireachtaí sin. Ina theannta sin, féadfaidh an tÚdarás, ar a thionscnamh féin, a mholadh d'údaráis na mBallstát lena mbaineann go ndéanfaidh siad cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhphárteach.

Beidh cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhphárteacha faoi réir chomhaontú na mBallstát lena mbaineann.

Féadfaidh eagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta ar an leibhéal náisiúnta aird an Údaráis a tharraingt ar chásanna.

2. Chun críocha an Rialacháin seo:

(a) is é is cigireachtaí comhbheartaithe ann ná cigireachtaí a dhéantar go comhuaineach in dhá Bhallstát nó níos mó maidir le cásanna gaolmhara, agus gach údarás náisiúnta ag feidhmiú ar a chríoch féin, agus tacaíocht á fáil, i gcás inarb iomchuí, ó fhoireann an Údaráis;

(b) is é is cigireachtaí comhphárteacha ann ná cigireachtaí a dhéantar i mBallstát le rannpháirtíocht ó údarás náisiúnta Ballstáit amháin eile nó níos mó lena mbaineann, agus tacaíocht á fáil, i gcás inarb iomchuí, ó fhoireann an Údaráis.

3. I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, déanfaidh na Ballstáit a ndícheall a bheith rannphárteach i gcigireachtaí comhbheartaithe nó i gcigireachtaí comhphárteacha.

Beidh cigireacht comhbheartaithe nó cigireacht comhpháirtithe faoi réir chomhaontú roimh ré na mBallstát rannphárteach uile, agus tabharfar fógra faoin gcomhaontú sin trína nOifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh arna n-ainmniú de bhun Airteagal 32.

I gcás ina ndéanfaidh Ballstát amháin nó níos mó cinneadh gan a bheith rannphárteach sa chigireacht chomhbheartaithe nó sa chigireacht chomhphárteach, is sna Ballstáit rannphárteacha amháin a dhéanfaidh údaráis náisiúnta na mBallstát eile an chigireacht sin. Na Ballstáit a chinnfidh gan a bheith rannphárteach, coinneoidh siad faoi rún an fhaisnéis faoin gcigireacht sin.

4. Déanfaidh an tÚdarás na modúlachtaí a chur ar bun agus a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar obair leantacha iomchuí i gcás ina ndéanfaidh Ballstát cinneadh gan a bheith rannphárteach i gcigireacht chomhbheartaithe nó i gcigireacht chomhphárteach.

I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an tÚdarás agus na Ballstáit eile lena mbaineann a chur ar an eolas i scríbhinn gan mhoill, lena n-áirítear trí bhealaí leictreonacha, gan aon mhoill mhíchúí faoi na cúiseanna atá leis gcinneadh agus, b'fhéidir, faoi na bearta a bhfuil sé i gceist acu a dhéanamh chun an cás a réiteach agus, ina theannta sin, a luaithe is eol iad, faoi thorthaí na mbeart sin. Féadfaidh an tÚdarás a mholadh go ndéanfaidh an Ballstát nach raibh rannphárteach i gcigireacht chomhbheartaithe nó i gcigireacht chomhphárteach a chigireacht féin a ar bhonn deonach.

5. Déanfaidh na Ballstáit agus an tÚdarás faisnéis maidir le cigireachtaí atá beartaithe a choinneáil faoi rún i ndáil le tríú páirtithe.

Airteagal 9

Socruithe maidir le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhphárteacha

1. I gcomhaontú maidir le cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhphárteach a dhéanamh idir na Ballstáit rannphárteacha agus an tÚdarás, leagfar amach na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis an gcigireacht a dhéanamh, lena n-áirítear raon feidhme agus cuspóir na cigireachta agus, más ábhartha, aon socruithe maidir le

rannpháirtíocht fhoireann an Údaráis ann. Féadfar a bheith san áireamh sa chomhaontú forálacha lenar féidir cigireachtaí comhbheartaithe nó cigireachtaí comhpháirteacha a dhéanamh faoi ghearrfhógra, tráth a mbeidh na cigireachtaí sin comhaontaithe agus pleanáilte. Bunóidh an tÚdarás samhail-chomhaontú i gcomhréir le dlí an Aontais, mar aon leis an dlí náisiúnta nó an cleachtas náisiúnta.

2. Is i gcomhréir le dlí nó cleachtas na mBallstát ina ndéanfar na cigireachtaí a chuirfear na cigireachtaí comhbheartaithe agus na cigireachtaí comhpháirteacha i gcrích. Is i gcomhréir le dlí nó le cleachtas na mBallstát lena mbaineann a dhéanfar aon obair leantach maidir leis na cigireachtaí sin.

3. Déanfar cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha ar bhealach a bheidh éifeachtach ó thaobh cúrsaí oibríochtúla de. Chuige sin, déanfaidh na Ballstáit, sa chomhaontú cigireachta, ról agus stádas iomchuí a dheonú d'oifigigh ó Bhallstát eile a bheidh rannpháirteach sna cigireachtaí sin, i gcomhréir le dlí nó le cleachtas an Bhallstáit ina ndéanfar an chigireacht.

4. Déanfaidh an tÚdarás tacaíocht choincheapúil, lóistíochtúil agus theicniúil, agus, i gcás inarb iomchuí, saineolas dlíthiúil, arna iarraidh sin ag na Ballstáit lena mbaineann, lena n-áirítear seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta, a sholáthar do na Ballstáit a mbeidh cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha á ndéanamh acu.

5. Féadfaidh baill foirne an Údaráis a bheith i láthair ag an gcigireacht mar bhreathnóirí agus féadfaidh siad tacaíocht lóistíochtúil a sholáthar, agus féadfaidh siad a bheith rannpháirteach i gcigireacht chomhbheartaithe nó i gcigireacht chomhpháirteach le comhaontú roimh ré ón mBallstát ar a chríoch a bheidh cúnadh á sholáthar ag na baill foirne sin i gcomhréir le dlí náisiúnta nó cleachtas náisiúnta an Bhallstáit.

6. Cuirfidh an t-údarás náisiúnta Ballstáit a bhfuil cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach á déanamh aige tuarascáil faoi bhráid an Údaráis ar thorthaí na cigireachta sin sa Bhallstát sin agus ar reáchtáil oibríochtúil fhoriomlán na cigireachta comhbheartaithe nó na cigireachta comhpháirtí, 6 mhí ar a dhéanaí tar éis dheireadh na cigireachta.

7. Beifear in ann an fhaisnéis arna bailiú le linn cigireachtaí comhbheartaithe nó cigireachtaí comhpháirteacha a úsáid mar fhianaise in imeachtaí dlíthiúla sna Ballstáit lena mbaineann, i gcomhréir leis an dlí nó leis an gcleachtas sa Bhallstát sin.

8. Déanfar faisnéis maidir le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha arna comhordú ag an Údarás, chomh maith le faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit agus ag an Údarás amhail dá dtagraítear in Airteagal 8(2) agus (3) a chur san áireamh i dtuarascálacha leathbhliantúla a bheidh le tíolacadh chuig an mBord Bainistíochta. Déanfar na tuarascálacha sin a chur chuig an nGrúpa Geallsealbhóirí freisin, agus aon fhaisnéis íogair atá iontu folaithe de réir mar is cuí. Beidh tuarascáil bhliantúil maidir leis na cigireachtaí ar thug an tÚdarás tacaíocht dóibh ar áireamh sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Údaráis.

9. I gcás ina bhfaighidh an tÚdarás amach, le linn cigireachtaí comhbheartaithe nó cigireachtaí comhpháirteacha, nó le linn aon ghníomhaíochtaí dá cuid, faoi neamhrialtachtaí amhrasta maidir le chur chun feidhme dhlí an Aontais, féadfaidh sé na neamhrialtachtaí amhrasta sin a thuairisciú, i gcás inarb iomchuí, don Bhallstát lena mbaineann agus don Choimisiún.

Airteagal 10

Anailísí ar shoghluaisteacht an lucht saothair agus measúnú riosca;

1. Déanfaidh an tÚdarás, i gcomhar leis na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, leis na comhpháirtithe sóisialta, measúnú ar rioscaí agus déanfaidh sé anailísí maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus comhordú slándála sóisialta ar fud an Aontais. Leis an measúnú riosca agus an obair anailíseach, tabharfar aghaidh ar ábhair amhail míchothromaíochtaí i margadh an lucht saothair, dúshláin earnáilsonracha agus fadhbanna athfhillteacha, agus féadfaidh an tÚdarás freisin grinnaanailísí agus staidéir dhíritha a dhéanamh chun saincheistanna sonracha a scrúdú. Agus a mheasúnú riosca agus a obair anailíseach á ndéanamh aige, bainfidh an tÚdarás, sa mhéid is féidir, úsáid as na sonraí staidrimh ábhartha reatha atá ar fáil ó shuirbhéanna a rinneadh cheana, agus áiríteoidh sé comhlántacht le gníomhaireachtaí nó seirbhísí de chuid an Aontais agus le húdaráis, gníomhaireachtaí nó seirbhísí náisiúnta, agus bainfidh sé leas as an saineolas atá acu, lena n-áirítear sna réimsí maidir le calaois, dúshaothrú, idirdhealú, réamhaisnéis scileanna agus sláinte agus sábháilteacht ag an obair.

2. Eagróidh an tÚdarás athbheithnithe piaraí idir na Ballstáit a bhfuil sé comhaontaithe acu a bheith rannpháirteach, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) scrúdú a dhéanamh ar aon cheisteanna, deacrachtaí agus saincheisteanna sonracha a d'fhéadfadh teacht chun cinn i dtaca le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm praiticiúil dhlí an Aontais faoi chuimsiú inniúlachtaí an Údaráis, chomh maith le forfheidhmiú praiticiúil dhlí an Aontais;
 - (b) an chomhsheasmhacht a neartú i dtaca le seirbhísí a sholáthar do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí;
 - (c) an fhaisnéis agus an tuiscint fhrithpháirteach maidir le córais agus cleachtais dhifriúla a fheabhsú, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht beart difriúil beartais, lena n-áirítear bearta maidir le cosc agus díspregadh.
3. I gcás ina mbeidh measúnú riosca nó aon chineál eile oibre anailísí curtha i gcrích, déanfaidh an tÚdarás tuarascáil ar a thorthaí a thabhairt don Choimisiún, agus do na Ballstáit lena mbaineann go díreach, ar tuarascáil í ina léireofar bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar laigí arna sainaitheint.

Déanfaidh an tÚdarás achoimre ar a thorthaí a áireamh freisin ina a dtuarascálacha bliantúla chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gCoimisiún.

4. Baileoidh an tÚdarás, i gcás inarb iomchuí, sonraí staidrimh arna dtiomsú agus arna soláthar ag na Ballstáit sna réimsí de dhlí an Aontais atá faoi chuimsiú inniúlachtaí an Údaráis. Agus é sin á dhéanamh aige, féachfaidh an tÚdarás leis na gníomhaíochtaí bailithe sonraí atá in úsáid faoi láthair sna réimsí sin a chuíchóiriú chun dúbailt an bhailithe sonraí a sheachaint. I gcás inarb ábhartha, beidh feidhm ag Airteagal 15. Déanfaidh an tÚdarás idirchaidreamh leis an gCoimisiún (Eurostat) agus comhroinnfidh sé, i gcás inarb iomchuí, na torthaí a thiocfaidh as a gníomhaíochtaí bailithe sonraí.

Airteagal 11

Tacaíocht d'fhorbairt acmhainní

Tabharfaidh an tÚdarás tacaíocht do na Ballstáit maidir le forbairt acmhainní arb é is aidhm di dlí an Aontais a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach sna réimsí uile a liostaítear in Airteagal 1. Déanfaidh an tÚdarás, go háirithe, na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- (a) i gcomhar le húdaráis náisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí, le comhpháirtithe sóisialta, treoracha comhchoiteanna neamhcheangailteacha a fhorbairt lena n-úsáid ag na Ballstáit agus ag na comhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear treoir le haghaidh cigireachtaí i gcásanna ina mbainfidh gné thrasteorann leo, mar aon le sainmhínte comhroinnte agus coincheapa comhchoiteanna, lena gcuirfear leis an obair ábhartha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais;
- (b) tacú le cúnaimh fhrithpháirteach agus é a chur chun cinn, bíodh sé i bhfoirm gníomhaíochtaí idir piaráí nó gníomhaíochtaí grúpa, chomh maith le malartuithe foirne agus scéimeanna iasachta foirne idir údaráis náisiúnta;
- (c) malartú agus scaipeadh taithe agus dea-chleachtas a chur chun cinn, lena n-áirítear samplaí den chomhar idir na húdaráis náisiúnta ábhartha;
- (d) cláir oiliúna earnála agus thrasearnála, lena n-áirítear do chigireachtaí saothair, agus ábhar oiliúna tiomnaithe a fhorbairt, lena n-áirítear trí mhodhanna foghlama ar líne;
- (e) feachtais ardaithe feasachta a chur chun cinn, lena n-áirítear feachtais chun daoine aonair agus fostóirí, chomh maith le FBManna go háirithe, a chur ar an eolas maidir lena gcearta agus a n-oibleagáidí agus maidir leis na deiseanna atá ann dóibh.

Airteagal 12

An tArdán Eorpach chun comhar a fheabhsú maidir le dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe

1. Tabharfaidh an tArdán Eorpach chun comhar a fheabhsú maidir le dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe ("an tArdán") a bunaítear i gcomhréir le hAirteagal 16(2) tacaíocht do gníomhaíochtaí an Údaráis maidir le dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe tríd an méid seo a leanas:

- (a) feabhas a chur ar an gcomhar idir údaráis ábhartha na mBallstát agus gníomhaithe eile lena mbaineann chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe den uile chineál ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí agus chun dul i ngleic le hobair a dhearbhaítear go bréagach i ndáil leis sin, lena n-áirítear an fhéinfhostaíocht bhréagach;
- (b) feabhas a chur ar chumas údaráis ábhartha agus gníomhaithe éagsúla na mBallstát dul i ngleic le gnéithe trasteorann na hoibre neamhdhearbhaithe; agus rannchuidiú, ar an gcaoi sin, le cothrom na Féinne a chruthú;
- (c) cur le feasacht an phobail maidir le saincheisteanna a bhaineann le hobair neamhdhearbhaithe agus maidir leis an ngá atá le gníomhaíocht iomchuí agus na Ballstáit a spreagadh dlús a chur lena gcuid iarrachtaí chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe.
- (d) na gníomhaíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn a chur i gcrích.

2. Déanfaidh an tArdán an comhar idir na Ballstáit a spreagadh tríd an méid seo a leanas:

- (a) dea-chleachtais agus faisnéis a mhalartú;
- (b) saineolas agus anailís a fhorbairt, agus aon dúbailt á seachaint;
- (c) cuir chuige nuálacha a spreagadh agus a éascú don chomhar trasteorann éifeachtach éifeachtúil agus an taitní a mheas;
- (d) rannchuidiú le tuiscint chothrománach a fhorbairt ar na hábhair a bhaineann le hobair neamhdhearbhaithe.

3. Beidh an tArdán comhdhéanta as:

- (a) ionadaí sinsearach amháin a cheapfaidh gach Ballstát;
- (b) ionadaí ar an gCoimisiún;
- (c) uasmhéid de cheathrar ionadaithe ó eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta tras-tionscail ar leibhéal an Aontais, arna gceapadh ag na heagraíochtaí sin, a dhéanann ionadaíocht chomhionann thar ceann ceardchumann agus eagraíochtaí fostóirí.

4. Féadfaidh na geallsealbhóirí seo a leanas freastal ar chruinnithe an Ardáin mar bhreathnóirí agus tabharfar aird chuí ar a rannchuidithe:

- (a) uasmhéid de 14 ionadaí ó ionadaithe na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta in earnálacha a bhfuil rátaí arda d'obair neamhdhearbhaithe iontu, arna gceapadh ag na heagraíochtaí sin, a dhéanann ionadaíocht chomhionann thar ceann ceardchumann agus eagraíochtaí fostóirí.
- (b) ionadaí amháin ó gach ceann acu de Eurofound, EU-OSHA agus EIS;
- (c) ionadaí amháin ó gach ceann de na tríú tíortha sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Féadfar a iarraidh ar bhreathnóirí seachas iad sin dá dtagraítear sa chead fhomhír freastal ar an gcruinniú den Ardán agus tabharfar lánaird ar a rannchuidithe.

Is ionadaí ón gCoimisiún a bheidh ina chathaoirleach ar an Údarás.

Airteagal 13

Idirghabháil idir na Ballstáit

1. Féadfaidh an tÚdarás réiteach a éascú i gcás díospóide idir dhá Bhallstát nó níos mó maidir le cásanna aonair de chur i bhfeidhm dhlí an Aontais i réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, gan dochar do chumhachtaí na Cúirte Breithiúnais. Is é is aidhm don idirghabháil réiteach a aimsiú idir dearcthaí éagsúla sna Ballstáit is páirtí sa díospóid agus chun tuairim neamhcheangailteach a ghlacadh.
2. I gcás nach féidir díospóid a réiteach trí theagmhálacha díreacha agus idirphlé idir na Ballstáit is páirtí sa díospóid, seolfaidh an tÚdarás nós imeachta idirghabhála arna iarraidh sin do cheann amháin nó níos mó de na Ballstáit lena mbaineann. Féadfaidh an tÚdarás a mholadh freisin nós imeachta idirghabhála a sheoladh ar a thionscnamh féin. Ní fhéadfar idirghabháil a dhéanamh ach amháin le comhaontú na mBallstát uile is páirtí sa díospóid.
3. Déanfar chead chéim den idirghabháil idir na Ballstáit is páirtí sa díospóid agus idirghabhálaí, a ghlacfaidh tuairim neamhcheangailteach trí chomhaontú comhchoiteann. Féadfaidh saineolaithe ó na Ballstáit, ón gCoimisiún agus ón Údarás a bheith rannpháirteach sa chead chéim den idirghabháil agus inniúlacht chomhairleach acu.
4. Mura bhfaighfear aon réiteach sa chead chéim den idirghabháil, déanfaidh an tÚdarás dara céim den idirghabháil a sheoladh os comhair a Bhoird idirghabhála, faoi réir chomhaontú na mBallstát uile is páirtí sa díospóid.
5. Féachfaidh an Bord Idirghabhála, a bheidh comhdhéanta de shaineolaithe ó na Ballstáit, seachas na Ballstáit ar páirtithe sa díospóid iad, le réiteach a bhaint amach idir dearcthaí na mBallstát is páirtí sa díospóid agus aontóidh siad ar thuairim neamhcheangailteach. Féadfaidh saineolaithe ón gCoimisiún agus ón Údarás a bheith rannpháirteach sa dara céim idirghabhála agus feidhm chomhairleach acu.
6. Déanfaidh an Bord Bainistíochta rialacha an nós imeachta don idirghabháil a ghlacadh, lena n-áirítear na socruithe oibre agus ceapadh na n-idirghabhálaithe, na spriocdhátaí is infheidhme, rannpháirtíocht saineolaithe ó na Ballstáit, ón gCoimisiún agus ón Údarás, agus an fhéidearthacht atá ag an mBord Idirghabhála suí i bpainéil a bheidh comhdhéanta de roinnt comhaltaí.
7. Is ar bhonn deonach a bheidh rannpháirtíocht na mBallstát is páirtí sa díospóid sa dá chéim den idirghabháil. I gcás ina gcinfidh Ballstát lena mbaineann an díospóid gan páirt a ghlacadh sa nós imeachta idirghabhála, cuirfidh sé an tÚdarás agus na Ballstáit eile is páirtí sa díospóid ar an eolas i scríbhinn, lena n-áirítear trí mheán leictreonach, faoi na cúiseanna dá chinneadh laistigh den tréimhse a leagtar síos sna rialacha nós imeachta dá dtagraítear i mír 6.
8. Le linn do na Ballstáit cás le haghaidh idirghabhála a chur faoi bhráid an Údaráis, áiritheoidh siad go ndéanfar na sonraí pearsanta uile a bhaineann leis an gcás sin a anaithnidiú ar bhealach nach féidir an t-ábhar sonraí a aithint a thuilleadh. Ní dhéanfaidh an tÚdarás próiseáil ar shonraí pearsanta na ndaoine aonair a mbaineann an cás leo ag tráth ar bith le linn an nós imeachta idirghabhála.
9. Ní bheidh cásanna a bhfuil imeachtaí cúirte ar siúl ina leith ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais inghlactha le haghaidh idirghabhála ag an Údarás. I gcás ina ndéanfar imeachtaí cúirte a thionscnamh le linn na hidirghabhála, cuirfear an nós imeachta idirghabhála ar fionraí.
10. Beidh an idirghabháil gan dochar d'inniúlacht an Choimisiúin Riaracháin lena n-áirítear na cinntí uile arna nglacadh aige. Leis an idirghabháil, cuirfear i gcuntas cinntí ábhartha uile an Choimisiúin Riaracháin.

11. Nuair a bhaineann díospóid le cúrsaí slándála sóisialta, go hiomlán nó go páirteach, cuirfidh an tÚdarás an Coimisiún Riaracháin ar an eolas.

D'fhonn dea-chomhar a áirithiú, chun na gníomhaíochtaí a chomhordú i gcomhaontú frithpháirteach agus chun aon dúbláil a sheachaint i gcásanna idirghabhála a bhaineann le saincheistanna na slándála sóisialta agus dlí an tsaothair araon, bunóidh an Coimisiún Riaracháin agus an tÚdarás comhaontú comhair.

Arna iarraidh sin don Choimisiún Riaracháin agus i gcomhaontú leis na Ballstáit is páirtí sa díospóid, déanfaidh an tÚdarás an tsaincheist maidir le slándáil shóisialta a tharchur chuig an gCoimisiún Riaracháin de bhun Airteagal 74a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004. Féadfar leanúint d'idirghabháil maidir leis na saincheistanna nach mbaineann le slándáil shóisialta.

Arna iarraidh sin d'aon Bhallstát is páirtí sa díospóid, déanfaidh an tÚdarás an tsaincheist maidir le comhordú slándála sóisialta a tharchur chuig an gCoimisiún Riaracháin. Féadfar an tarchur sin a dheanamh ag aon chéim den idirghabháil. Féadfar leanúint den idirghabháil maidir leis na saincheistanna nach mbaineann le slándáil shóisialta.

12. Laistigh de 3 mhí tar éis ghlacadh an chinnidh neamhcheangailtigh, tuairisceoidh na Ballstáit is páirtí sa díospóid don Údarás faoi na bearta a rinne siad, mar thoradh ar an tuairim, chun obair leantach a dhéanamh ina leith nó faoi na cúiseanna nach ndearna siad aon ghníomhaíocht i gcás nach ndearna siad aon obair leantach.

13. Tuairisceoidh an tÚdarás don Choimisiún dhá uair sa bhliain faoi na torthaí a bhí ar na cásanna idirghabhála a láimhseáil sé agus faoi na cásanna nár leanadh leo.

Airteagal 14

Comhar le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí speisialaithe

Beidh sé mar aidhm ag an Údarás ina ghníomhaíochtaí go léir comhar a áirithiú, forlúí a sheachaint, sineirgí agus comhlántacht a chur chun cinn le gníomhaireachtaí dlíraithe agus le comhlachtaí speisialaithe eile de chuid an Aontais, amhail an Coimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta. Chuige sin, féadfaidh an tÚdarás comhaontuithe comhair a thabhairt i gcrích le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, amhail Cedefop, Eurofound, EU-OSHA, ETF, Europol agus Eurojust.

Airteagal 15

Idir-inoibritheacht agus malartú faisnéise

Déanfaidh an tÚdarás creata idir-inoibritheachta a chomhordú, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an malartú faisnéise idir na Ballstáit, agus leis an Údarás freisin, a dheimhniú. Beidh na creataí idir-inoibritheachta sin bunaithe ar an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta agus ag an Ailtireacht Tagartha Eorpach maidir le hIdir-inoibritheacht dá dtagraítear i gCinneadh (AE) 2015/2240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus iad ina dtaca acu.

CAIBIDIL III

EAGRÚ AN ÚDARÁIS

Airteagal 16

Struchtúr riaracháin agus bainistíochta

1. Is éard a bheidh i struchtúr riaracháin agus bainistithe an Údaráis:
 - (a) Bord Bainistíochta a fheidhmeoidh na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal 18;
 - (b) Stiúrthóir Feidhmiúcháin;
 - (c) Grúpa Geallsealbhóirí.

2. Féadfaidh an tÚdarás meithleacha agus painéil saineolaithe a chur ar bun ar a mbeidh ionadaithe ó na Ballstáit nó ón gCoimisiún, nó saineolaithe seachtracha tar éis nósanna imeachta roghnúcháin, nó teaghlaim díobh sin, chun na cúraimí sonracha atá ar an Údarás nó chun réimsí sonracha beartais a chomhlíonadh. Cuirfidh sé an tArdán dá dtagraítear in Airteagal 12 ar bun mar mheitheal bhuan, agus cuirfidh sé an Bord Idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 13 ar bun.

Leagfaidh an tÚdarás amach rialacha nós imeachta na meithleacha agus na bpainéal sin tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

Airteagal 17

Comhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta

1. Beidh an Bord Bainistíochta comhdhéanta díobh seo a leanas:

(a) ionadaí sinsearach amháin ó gach Ballstát;

(b) beirt comhaltaí a dhéanfaidh ionadaíocht ar an gCoimisiún;

(c) saineolaí neamhspleách amháin arna cheapadh ag Parlaimint na hEorpa;

(d) ceathrar comhaltaí a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta tras-tionscail ar leibhéal an Aontais, a dhéanann ionadaíocht chomhionann thar ceann ceardchumann agus eagraíochtaí fostóirí.

Ní bheidh an ceart vótála ach amháin ag na comhaltaí dá dtagraítear i bpointe (a) i bpointe (b) den chéad fhomhír.

2. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta den Bhord Bainistíochta. Beidh an comhalta malartach mar ionadaí don chomhalta ina éagmais nó ina héagmais.

3. Maidir leis na comhaltaí dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír de mhír 1 agus a gcomhaltaí malartacha, is iad a mBallstát a cheapfaidh iad.

Is é an Coimisiún a cheapfaidh na comhaltaí dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 1.

Is í Parlaimint na hEorpa a cheapfaidh an saineolaí dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 1.

Ceapfaidh na heagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta tras-tionscail ar leibhéal an Aontais a n-ionadaithe agus ceapfaidh Parlaimint na hEorpa a saineolaí neamhspleách, tar éis a fhíorú nach bhfuil aon choibhneacht leasa ann.

Ceapfar comhaltaí an Bhoird agus a gcomhaltaí malartacha ar bhonn a gcuid eolais ar na réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1, agus a gcuid scileanna ábhartha bainistíochta, riaracháin agus buiséadacha á gcur san áireamh.

Féachfaidh na páirtithe uile a mbeidh ionadaíocht acu ar an mBord Bainistíochta le ráta athrúcháin a n-ionadaithe a theorannú chun leanúnachas a chuid oibre a áirithiú. Beidh sé d'aidhm ag na páirtithe uile ionadaíocht chothrom idir mná agus fir a bhaint amach ar an mBord Bainistíochta.

4. Déanfaidh gach comhalta agus gach comhalta malartach ráiteas i scríbhinn a shíniú an tráth a rachaidh sé nó sí in oifig á dhearbhuí nach bhfuil coibhneacht leasanna ann ina leith. Déanfaidh gach comhalta agus gach comhalta malartach a ráiteas a nuashonrú i gcás ina dtiocfaidh athrú ar imthosca maidir le haon choibhneacht leasanna. Foilseoidh an tÚdarás na ráitis agus na nuashonruithe ar a shuíomh gréasáin.

5. Ceithre bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí agus a gcomhaltaí malartacha. Beidh an téarma sin in-athnuaite.
6. Ionadaithe ó thrú tíortha a bheidh ag cur dlí an Aontais i bhfeidhm i réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, féadfaidh siad a bheith rannpháirteach i gcrúinnithe agus i bpléití an Bhoird Bainistíochta i gcáil breathnóirí.
7. Féadfar a iarraidh ar ionadaí ó Eurofound, ar ionadaí ó EU-OSHA, ar ionadaí ó Cedefop, agus ar ionadaí ó bhFondúireacht Eorpach Oiliúna a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí ag cruinnithe den Bhord Bainistíochta chun éifeachtúlacht na gníomhaireachtaí agus na sineirgí atá eatarthu a fheabhsú.

Airteagal 18

Feidhmeanna an Bhoird Bainistíochta

1. Go háirithe, déanfaidh an Bord Bainistíochta na nithe seo a leanas:
 - (a) na treoshuíomhanna straitéiseacha a sholáthar agus gníomhaíochtaí an Údaráis a mhaoirsiú;
 - (b) buiséad bliantúil an Údaráis a ghlacadh, le tromlach dhá thrian de na comhaltaí ag a bhfuil an ceart vótála, agus feidhmeanna eile a dhéanamh i leith bhuiséad an Údaráis de bhun Chaibidil IV;
 - (c) an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a mheas agus a ghlacadh, lena n-áirítear forléargas ar a cuid cúraimí, agus í a chur faoi bhráid Parlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiún, agus chuig an gCúirt Iníúchóirí faoin 1 Iúil gach bliain agus an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí a chur ar fáil don phobal.
 - (d) na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an Údarás i gcomhréir le hAirteagal 29 a ghlacadh;
 - (e) straitéis frithchaloise a ghlacadh, i gcomhréir leis na rioscaí calaoise agus costais, agus tairbhí na mbeart atá le cur chun feidhme á gcur san áireamh;
 - (f) rialacha a ghlacadh chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú i ndáil lena chomhaltaí agus le saineolaithe neamhspleacha, chomh maith le comhaltaí Ghrúpa Geallsealbhóirí agus comhaltaí ghrúpaí oibre agus phainéil an Údaráis dá dtagraítear in Airteagal 16(2), chomh maith le saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus foireann eile nach bhfuil fostaithe ag an Údarás amhail dá dtagraítear in Airteagal 33, agus poibleoidh sé go bliantúil ar a shuíomh gréasáin dearbhuithe leasanna chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta;
 - (g) na pleannanna maidir le cumarsáid agus scaipeadh dá dtagraítear in Airteagal 36(3) a ghlacadh agus a nuashonrú ar bhonn rialta, bunaithe ar anailís ar na riachtanais;
 - (h) a rialacha nós imeachta a ghlacadh;
 - (i) na nósanna imeachta le haghaidh idirghabhála a ghlacadh de bhun Airteagal 13;
 - (j) meithleacha agus painéil saineolaithe a bhunú de bhun Airteagal 16(2) agus a rialacha nós imeachta a ghlacadh;
 - (k) cumhachtaí an Údaráis Ceapacháin arna dtabhairt leis na Rialacháin Foirne agus cumhachtaí an Údaráis atá Cumhachtaithe chun Conradh Fostaíochta a Thabhairt i gCrích arna dtabhairt leis na Coinníollacha Fostaíochta (“cumhacht an údaráis ceapacháin”) a fheidhmiú, i gcomhréir le mír 2, i dtaca le foireann an Údaráis;

- (l) rialacha cur chun feidhme a ghlacadh chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta i gcomhréir le hAirteagal 110 de na Rialacháin Foirne;
- (m) acmhainn iniúchóireachta inmheánaí a bhunú, i gcás inarb iomchuí;
- (n) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh agus, i gcás inarb ábhartha, síneadh a chur lena théarma oifige nó lena téarma oifige nó é nó í a chur as oifig, i gcomhréir le hAirteagal 31;
- (o) Oifigeach Cuntasaíochta a cheapadh, faoi réir na Rialachán Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta, a bheidh go hiomlán neamhspleách i gcomhlíonadh a chuid nó a cuid dualgas;
- (p) an nós imeachta a shocrú maidir le comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Ghrúpa Geallsealbhóirí a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 23 a roghnú, agus na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha sin a cheapadh;
- (q) a áirithiú go ndéanfar obair leantach leordhóthanach ar thorthaí agus ar mholtaí a eascróidh as na tuarascálacha agus na meastóireachtaí iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha, agus as imscrúduithe de chuid OLAF;
- (r) gach cinneadh a dhéanamh maidir le coistí inmheánacha nó comhlachtaí eile an Údaráis a bhunú agus, i gcás inar gá, maidir le modhnú na gcoistí nó na gcomhlachtaí sin, agus riachtanais ghníomhaíochtaí an Údaráis á gcur san áireamh, agus aird á tabhairt do bhainistiú fóna airgeadais;
- (s) dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair an Údaráis dá dtagraítear in Airteagal 24 a fhorghas sula gcuirfear faoi bhráid an Choimisiúin é chun a thuairim a fháil ina leith;
- (t) tar éis tuairim an Choimisiúin a fháil, dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair an Údaráis a ghlacadh, le tromlach dhá thrian de chomhaltaí an Bhoird bainistíochta atá i dteideal vóta a chaitheamh agus i gcomhréir le hAirteagal 24.

2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 110 de na Rialacháin Foirne, cinneadh bunaithe ar Airteagal 2(1) de na Rialacháin Foirne agus ar Airteagal 6 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, lena ndéantar cumhachtaí ábhartha an údaráis ceapacháin a tharmligean chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus lena leagtar amach na coinníollacha faoinar féidir an tarmligean cumhachtaí sin a chur ar fionraí. Beidh údarás ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na cumhachtaí sin a fho-tharmligean.

3. I gcás inar gá sin in imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Bord Bainistíochta, trí bhíthin cinnidh, tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur ar fionraí go sealadach, chomh maith leis na cumhachtaí arna bhfo-tharmligean ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, agus iad a fheidhmiú é féin nó iad a tharmligean chuig duine dá chomhaltaí nó do bhall foirne eile seachas an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

Airteagal 19

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

1. Toghfaidh an Bord Bainistíochta Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as measc a chomhaltaí a bhfuil cearta vótála acu, agus déanfaidh sé a dhícheall cothromaíocht inscne a bhaint amach. Toghfar an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach le tromlach dhá thrian de chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta a bhfuil ceart vótála acu.

I gcás nach mbainfear amach tromlach dhá thrian ar an gcéad vóta, eagrófar vóta eile lena dtoghfar an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach le tromlach simplí de chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta a bhfuil an ceart vótála acu.

Déanfaidh an Leas-Chathaoirleach ionad an Chathaoirligh a ghlacadh go huathoibríoch i gcás ina gcuirfear cosc air nó uirthi a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh.

2. Trí bliana a bheidh i dtéarma oifige an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh. Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan aon uair amháin. Más rud é, áfach, go dtiocfaidh deireadh lena gcomhaltas ar an mBord Bainistíochta aon tráth le linn a dtéarma oifige, rachaidh a dtéarma oifige in éag go huathoibríoch ar an dáta sin.

Airteagal 20

Cruinnithe an Bhoird Bainistíochta

1. Is é an Cathaoirleach a dhéanfaidh cruinnithe an Bhoird Bainistíochta a thionól.
2. Eagróidh an Cathaoirleach na pléití de réir na n-ítimí ar an gclár oibre. Ní ghlacfaidh na comhaltaí dá dtagraítear i bpointí (c) agus (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 17(1) páirt i bpléití ar ítimí a bhaineann le faisnéis íogair maidir le cásanna aonair, mar a shonraítear i rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta.
3. Glacfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis páirt sa phlé ach ní bheidh ceart vótála aige.
4. Beidh ar a laghad dhá ghnáthchruinniú in aghaidh na bliana ag an mBord Bainistíochta. Ina theannta sin, tionólfar cruinniú de chuid an Bhoird Bainistíochta ar thionscnamh a Chathaoirligh, arna iarraidh sin don Choimisiún nó do thrian dá chomhaltaí ar a laghad.
5. Beidh cruinnithe ag an mBord Bainistíochta leis nGrúpa Geallsealbhóirí ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana.
6. Féadfaidh an Bord Bainistíochta iarraidh ar aon duine nó eagraíocht a bhféadfaidh a thuairimí a bheith ina n-ábhar spéise freastal ar a chuid cruinnithe mar bhreathnóir, lena n-áirítear comhaltaí den Ghrúpa Geallsealbhóirí.
7. Faoi réir rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta, féadfaidh comhairleoirí nó saineolaithe a bheith de chúnamh ag comhaltaí an Bhoird Bainistíochta nó ag a gcomhaltaí malartacha ag na cruinnithe.
8. Is é an tÚdarás a chuirfidh rúnaíocht ar fáil don Bhord Bainistíochta.

Airteagal 21

Rialacha vótála an Bhoird Bainistíochta

1. Gan dochar do phointí (b) agus (t) d'Airteagal 18(1) agus d'Airteagal 19(1) agus d'Airteagal 31(8), déanfaidh an Bord Bainistíochta cinntí le tromlach na gcomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu.
2. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta ag a bhfuil an ceart vótála. I gcás nach mbeidh comhalta áirithe ag a bhfuil an ceart vótála i láthair, beidh a chomhalta malartach nó a comhalta malartach i dteideal a cheart vótála nó a ceart vótála a fheidhmiú.
3. Glacfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis páirt sa phlé ach ní bheidh ceart vótála aige nó aici.
4. Bunófar socruithe vótála níos mionsonraithe le rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta, go háirithe na himthosca ina bhféadfaidh comhalta gníomhú thar ceann comhalta eile, agus na himthosca ina bhfuil nósanna imeachta i scríbhinn le húsáid le haghaidh vóta a chaitheamh.

Airteagal 22

Freagrachtaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin

1. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as bainistiú an Údaráis agus beidh sé mar aidhm aige nó aici cothromaíocht inscne a áirithiú laistigh den Údarás. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach don Bhord Bainistíochta.
2. Tabharfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuairisc do Pharlaimint na hEorpa maidir le comhlíonadh a dhualgas nó a dualgas nuair a iarrtar sin air nó uirthi. Féadfaidh an Chomhairle iarraidh ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuairisc a thabhairt maidir le comhlíonadh a dhualgas nó a dualgas.

3. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bheidh mar ionadaí dlíthiúil ag an Údarás.
4. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bheidh freagrach as cur chun feidhme na gcúraimí a shanntar don Údarás leis an Rialachán seo, go háirithe:
 - (a) riaradh laethúil an Údaráis;
 - (b) cinntí arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta a chur chun feidhme;
 - (c) an dréacht-doiciméad clársceidealaithe aonair a ullmhú agus é a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena fhormheas;
 - (d) an doiciméad clársceidealaithe aonair a chur chun feidhme agus tuairisc a thabhairt don Bhord Bainistíochta maidir lena chur chun feidhme;
 - (e) an dréacht-tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí an Údaráis a ullmhú agus í a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena measúnú agus lena glacadh;
 - (f) plean gníomhaíochta a ullmhú ina ndéanfar obair leantach ar chonclúidí tuarascálacha agus meastóireachtaí iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha agus ar na himscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF, agus tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn dhá uair sa bhliain don Choimisiún agus go tráthrialta don Bhord Bainistíochta;
 - (g) leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm in aghaidh calaoise, éilliú agus aon ghníomhaíochtaí mídhleathacha eile, gan dochar don inniúlacht imscrúdaitheach atá ag OLAF, trí bhíthin seiceálacha éifeachtacha agus, más rud é go mbraifear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin, lena n-áirítear airgeadais, a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a chur i bhfeidhm;
 - (h) straitéis frith-chalaoise don Údarás a ullmhú agus an straitéis sin a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena formheas;
 - (i) na dréachtrialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an Údarás a ullmhú agus iad a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta;
 - (j) dréachtráiteas an Údaráis ar a mheastacháin ioncaim agus chaiteachais, mar chuid de dhoiciméad clársceidealaithe aonair an Údaráis, a ullmhú; agus buiséad an Údaráis a chur chun feidhme;
 - (k) cinntí a dhéanamh maidir le bainistiú acmhainní daonna, i gcomhréir leis an gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 18(2);
 - (l) cinntí a dhéanamh maidir le struchtúir inmheánacha an Údaráis, lena n-áirítear, i gcás inar gá, gabháil, mar ionadaí, d'fheidhmeanna a bhféadfaí bainistiú an Údaráis ó lá go lá a chumhdach leo, agus, i gcás inar gá, maidir lena leasú, agus na riachtanais a bhaineann le gníomhaíochtaí an Údaráis agus le bainistíocht fhónta airgeadais á gcur san áireamh;
 - (m) i gcás inarb ábhartha, comhar a dhéanamh le gníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus comhaontuithe comhair a thabhairt i gcrích leo;
 - (n) bearta arna mbunú ag an mBord Bainistíochta a chur chun feidhme chun Rialachán (AE) 2018/1725 a bheith á chur i bhfeidhm ag an Údarás;
 - (o) an Bord Bainistíochta a chur ar an eolas faoi na haighneachtaí ón nGrúpa Geallsealbhóirí.

5. Cinnfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an gá ball foirne amháin nó níos mó a bheith lonnaithe i mBallstát amháin nó níos mó, agus an gá oifig idirchaidrimh a bhunú sa Bhruiséil chun comhar an Údaráis le hinstiúidí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais a fhorbairt tuilleadh. Sula gcinnfidh sé nó sí oifig áitiúil nó oifig idirchaidrimh a bhunú, gheobhaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin toiliú roimh ré ón mBord Bainistíochta agus ón mBallstát ina bhfuil an oifig áitiúil le suí. Déanfar raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh san oifig a shonrú sa chinneadh ar bhealach a sheachnóidh costais neamhriachtanacha agus feidhmeanna riaracháin an Údaráis a dhéanamh faoi dhó. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le comhaontú leis an mBallstát maidir leis an áit ina bhfuil an oifig áitiúil nó an oifig idirchaidrimh le suí.

Airteagal 23

An Grúpa Geallsealbhóirí

1. Chun comhairliúchán leis na geallsealbhóirí ábhartha a éascú agus chun gur féidir tairbhe a bhaint as a gcuid saineolais i réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, bunófar Grúpa Geallsealbhóirí. Beidh an Grúpa Geallsealbhóirí ag gabháil leis an Údarás agus beidh feidhmeanna comhairleacha acu.

2. Gheobhaidh an Grúpa Geallsealbhóirí faisnéisiú roimh ré agus féadfaidh sé, arna iarraidh sin don Údarás nó ar a thionscnamh féin, tuairimí a chur faoi bhráid an Údaráis maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) saincheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú dhlí an Aontais sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, lena n-áirítear na hanailísí soghluaisteachta saothair trasteorann agus na measúnuithe riosca, dá dtagraítear in Airteagal 10;

(b) an tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí an Údaráis, dá dtagraítear in Airteagal 18;

(c) an dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair, amhail dá dtagraítear in Airteagal 24.

3. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ina chathaoirleach ar an nGrúpa Geallsealbhóirí agus tiocfaidh an grúpa le chéile faoi dhó ar a laghad sa bhliain ar thionscnamh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin nó arna iarraidh sin don Choimisiún.

4. Beidh an Grúpa Geallsealbhóirí comhdhéanta de bheirt ionadaithe ón gCoimisiún agus de dheichniúr ionadaithe ó chomhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais a dhéanfaidh ionadaíocht chomhionann ar cheardchumainn agus ar eagraíochtaí fostóirí, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta earnála aitheanta de chuid an Aontais a dhéanfaidh ionadaíocht ar earnálacha arb údar inní dóibh go háirithe saincheisteanna soghluaisteachta saothair.

5. Maidir le comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Ghrúpa Geallsealbhóirí, ainmneoidh a gcuid eagraíochtaí féin iad agus ceapfaidh an Bord Bainistíochta iad. Ceapfaidh an Bord Bainistíochta na comhaltaí malartacha i gcomhréir leis na coinníollacha céanna a úsáidfear chun comhaltaí a cheapadh, agus glacfaidh siad go huathoibríoch ionad aon chomhaltaí atá as láthair nó nach bhfuil ar fáil. Tabharfar urraim don chothromaíocht iomchuí inscne, a mhéid is féidir, agus d'ionadaíocht leordhóthanach FBManna.

6. Is é an tÚdarás a chuirfidh rúnaíocht ar fáil don Ghrúpa Geallsealbhóirí. Glacfaidh an Grúpa Geallsealbhóirí a rialacha nós imeachta le tromlach dhá thrian dá chuid comhaltaí atá i dteideal vóta a chaitheamh. Beidh na rialacha nós imeachta faoi réir a bhformheasta ag an mBord Bainistíochta.

7. Féadfaidh an Grúpa Geallsealbhóirí cuireadh a thabhairt do shaineolaithe nó d'ionadaithe eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha dá chruinnithe.

8. Cuirfidh an tÚdarás tuairimí, comhairle agus moltaí an Ghrúpa Geallsealbhóirí agus torthaí a gcuid comhairliúchán ar fáil don phobal, ach amháin i gcás ceanglais rúndachta.

CAIBIDIL IV

BUNÚ AGUS STRUCHTÚR BHUISÉAD AN ÚDARÁIS

ROINN 1

Doiciméad clársceidealaithe aonair an údaráis

Airteagal 24

Clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil

1. Gach bliain, déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair a tharraingt suas ina mbeidh, go háirithe, clársceideal bliantúil agus ilbhliantúil i gcomhréir le Rialachán Tarmlichte (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún, treoirlínte a shocróidh an Coimisiún ⁽²⁸⁾ á gcur san áireamh agus aon chomhairle eile arna tabhairt ag an nGrúpa Geallsealbhóirí.

2. Faoin 30 Samhain gach bliain, glacfaidh an Bord Bainistíochta an dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair dá dtagraítear i mír 1. Cuirfidh an Bord ar aghaidh é chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir an bhliain dár gcionn, chomh maith le haon leagan nuashonraithe den doiciméad sin.

Tiocfaidh an doiciméad clársceidealaithe aonair chun bheith cinntitheach tar éis buiséad ginearálta an Aontais a ghlacadh go críochnaitheach agus déanfar coigeartú air dá réir, más gá sin.

3. Leagfar amach sa chlár oibre bliantúil cuspóirí mionsonraithe chomh maith leis na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, lena n-áirítear táscairí feidhmíochta. Beidh tuairisc ann freisin ar na gníomhaíochtaí atá le maoiniú agus léiriú ar na hacmhainní airgeadais agus daonna a bheidh sannta do gach gníomhaíocht. Beidh an clár oibre bliantúil comhsheasmhach leis an gclár oibre ilbhliantúil dá dtagraítear i mír 4. Sonrófar go soiléir ann na cúraimí a cuireadh leis, a athraíodh nó a scriosadh i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe sin. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an clár oibre bliantúil atá glactha a leasú nuair a thabharfar cúram nua don Údarás faoi chuimsiú raon feidhme an Rialacháin seo.

Is i gcomhréir leis an nós imeachta céanna a úsáideadh don chlár oibre bliantúil tosaigh a ghlacfar aon leasú substaintiúil ar an gclár oibre bliantúil. Féadfaidh an Bord Bainistíochta an chumhacht leasuithe neamhshubstaintiúla a dhéanamh ar an gclár oibre bliantúil a tharmligean chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

4. Leagfar amach sa chlár oibre ilbhliantúil an clársceidealú straitéiseach foriomlán lena n-áirítear cuspóirí, torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus táscairí feidhmíochta. Maidir leis na cuspóirí a leagtar síos, léireofar sa chlár oibre ilbhliantúil freisin, i gcás gach gníomhaíochta, na hacmhainní tásacha airgeadais agus daonna a mheastar is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Tabharfar an clársceidealú straitéiseach cothrom le dáta i gcás inarb iomchuí, go háirithe chun dul i ngleic leis an toradh ar an meastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 40.

Airteagal 25

An buiséad a bhunú

1. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dréachtmheastachán sealadach a tharraingt suas gach bliain ar ioncam agus ar chaiteachas an Údaráis don bhliain airgeadais dár gcionn, lena n-áirítear an plean bunaíochta, agus cuirfidh sé chuig an mBord Bainistíochta é.

2. Beidh an dréachtmheastachán sealadach bunaithe ar chuspóirí agus ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo i dtaca leis an doiciméad clársceidealaithe bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 24(3) agus cuirfear san áireamh ann na hacmhainní airgeadais is gá chun na cuspóirí agus na torthaí sin a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach, i gcomhréir le prionsabal an bhuiséadaithe ar bhonn feidhmíochta.

⁽²⁸⁾ Rialachán arna Tharmligean (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2013 maidir leis an rialachán réime airgeadais do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 328, 7.12.2013, lch. 42).

3. Ar bhonn an dréachtmheastacháin shealadaigh, glacfaidh an Bord Bainistíochta dréachtmheastachán ar ioncam agus ar chaiteachas an Údaráis don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, agus seolfaidh sé é chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir gach bliain.
4. Cuirfidh an Coimisiún an dréachtmheastachán mar aon le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais chuig an údarás buiséadach. Cuirfear an dréachtmheastachán ar fáil don Údarás freisin.
5. Ar bhonn an dréachtmheastacháin, cuirfidh an Coimisiún i ndréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh na meastacháin sin a mheasann sé is gá don phlean bunaíochta agus méid na ranníocaíochta a dhéanfar a mhuirearú ar an mbuiséad ginearálta, agus cuirfidh sé faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh iad i gcomhréir le hAirteagal 313 agus Airteagal 314 CFAE.
6. Údaróidh an t-údarás buiséadach na leithreasuithe don ranníocaíocht ó bhuiséad ginearálta an Aontais don Údarás.
7. Is é an t-údarás buiséadach a ghlacfaidh plean bunaíochta an Údaráis.
8. Is é an Bord Bainistíochta a ghlacfaidh buiséad an Údaráis. Tiocfaidh sé chun bheith críochnaitheach tar éis ghlacadh deiridh bhuiséad ginearálta an Aontais agus déanfar coigeartú air dá réir, más gá sin.
9. I gcás aon tionscadail foirgníochta ar dócha go mbeidh impleachtaí móra aige ar bhuiséad an Údaráis, beidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún maidir leis.

ROINN 2

Buiséad an údaráis a thíolacadh, a chur chun feidhme agus a rialú

Airteagal 26

Struchtúr an bhuiséid

1. Ullmhófar meastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas an Údaráis gach bliain airgeadais agus léireofar i mbuiséad an Údaráis iad. Comhfhreagróidh an bhliain airgeadais don bhliain féilire.
2. Beidh buiséad an Údaráis comhardaithe i dtéarmaí ioncaim agus caiteachais.
3. Gan dochar d'acmhainní eile, beidh ar áireamh in ioncam an Údaráis:
 - (a) ranníocaíocht ón Aontas a chuirfear isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais;
 - (b) aon ranníocaíocht airgeadais dheonach ó na Ballstáit;
 - (c) aon ranníocaíocht ó thríú tíortha a bheidh rannpháirteach in obair an Údaráis, dá bhforáiltear in Airteagal 42;
 - (d) cistiú féideartha ón Aontas i bhfoirm comhaontuithe tarmligin nó deontais ad hoc i gcomhréir le rialacha airgeadais an Údaráis dá dtagraítear in Airteagal 29 agus le forálacha na n-ionstraimí ábhartha lena dtacaítear le beartais an Aontais;
 - (e) táillí ar fhoilseacháin agus aon seirbhís eile a sholáthróidh an tÚdarás.

4. Cuirfear luach saothair foirne, costais riaracháin agus bonneagair agus caiteachas oibríochtúil san áireamh i gcaiteachas an Údaráis.

Airteagal 27

An buiséad a chur chun feidhme

1. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chuirfidh buiséad an Údaráis chun feidhme.
2. Gach bliain, déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an fhaisnéis uile is ábhartha maidir le torthaí na nósanna imeachta meastóireachta a chur chuig an údarás buiséadach.

Airteagal 28

Na cuntais a thíolacadh agus a urscaoileadh

1. Seolfaidh oifigeach cuntasáíochta an Údaráis na cuntais shealadacha don bhliain airgeadais (bliain N) chuig Oifigeach Cuntasáíochta an Choimisiúin agus chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 1 Márta an bhliain airgeadais dar gcionn (bliain N + 1).
2. Soláthróidh oifigeach cuntasáíochta an Údaráis freisin an fhaisnéis chuntasáíochta is gá d'oifigeach cuntasáíochta an Choimisiúin chun críocha comhdhlúthúcháin sa mhodh agus san fhormáid is gá don oifigeach sin faoin 1 Márta de bhliain N + 1.
3. Cuirfidh an tÚdarás an tuarascáil ar an mbainistiú buiséadach agus airgeadais do bhliain N chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 31 Márta de bhliain N + 1.
4. Nuair a gheobhaidh sé barúlacha na Cúirte Iniúchóirí maidir le cuntais shealadacha an Údaráis do bhliain N, tarraingeoidh oifigeach cuntasáíochta an Údaráis suas cuntais chríochnaitheacha an Údaráis as a mbeidh an t-oifigeach sin freagrach. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta iad chun tuairim a fháil.
5. Tabharfaidh an Bord Bainistíochta tuairim uaidh maidir le cuntais chríochnaitheacha an Údaráis do bhliain N.
6. Faoin 1 Iúil de bhliain N + 1, déanfaidh oifigeach cuntasáíochta an Údaráis na cuntais chríochnaitheacha do bhliain N, in éineacht le tuairim an Bhoird Bainistíochta, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.
7. Faoin 15 Samhain de bhliain N + 1, foilseofar nasc in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chuig leathanaigh an tsuímh gréasáin ina bhfuil cuntais chríochnaitheacha an Údaráis.
8. Faoin 30 Meán Fómhair de bhliain N + 1, seolfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagra chuig an gCúirt Iniúchóirí ar na barúlacha arna ndéanamh ina thuarascáil bhliantúil. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an freagra sin chuig an mBord Bainistíochta agus chuig an gCoimisiún freisin.
9. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, aon fhaisnéis is gá chun an nós imeachta urscaoilte a chur i bhfeidhm go rianúil do bhliain N faoi bhráid na Parlaiminte, i gcomhréir le hAirteagal 261(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁹⁾.
10. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, urscaoileadh a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin roimh an 15 Bealtaine de bhliain N + 2 i leith chur chun feidhme an bhuiséid do bhliain N.

⁽²⁹⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

*Airteagal 29***Rialacha airgeadais**

Déanfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha airgeadais a mbeidh feidhm acu maidir leis an Údarás a ghlacadh tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. Ní imeoidh siad ó Rialachán Tarmlichte (AE) Uimh. 1271/2013 mura mbeidh gá leis an imeacht sin go sonrach d'oibriú an Údaráis agus mura mbeidh an Coimisiún tar éis toiliú don imeacht sin roimh ré.

CAIBIDIL V

FOIREANN*Airteagal 30***Foráil ghinearálta**

Beidh feidhm ag na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta agus ag na rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta maidir le foireann an Údaráis.

*Airteagal 31***An Stiúirthóir Feidhmiúcháin**

1. Ceapfar an Stiúirthóir Feidhmiúcháin mar ghníomhaire sealadach de chuid an Údaráis i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 2 de Choinníollacha Fostaíochta.
2. Is é an Bord Bainistíochta a cheapfaidh an Stiúirthóir Feidhmiúcháin ó liosta iarrthóirí a mholfaidh an Coimisiún tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte agus trédhearcach a bheith ann. Iarrfar ar an iarrthóir a roghnófar ráiteas a dhéanamh os comhair Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna ó Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa a fhreagairt. Ní chuirfear moill mhíchúí ar cheapadh an Stiúirthóra Feidhmiúcháin de bharr an mhalartaithe tuairimí sin.
3. Chun an conradh a thabhairt i gcrích leis an Stiúirthóir Feidhmiúcháin, is é Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta a dhéanfaidh ionadaíocht ar an Údarás.
4. Cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige an Stiúirthóra Feidhmiúcháin. Roimh dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ina gcuirfear san áireamh meastóireacht ar fheidhmíocht an Stiúirthóra Feidhmiúcháin agus ar chúraimí agus dúshláin an Údaráis amach anseo.
5. Féadfaidh an Bord Bainistíochta, agus an measúnú dá dtagraítear i mír 4 á chur san áireamh, síneadh a chur le téarma oifige an Stiúirthóra Feidhmiúcháin uair amháin, go ceann 5 bliana ar a mhéad.
6. Ní ghlacfaidh Stiúirthóir Feidhmiúcháin ar cuireadh cuireadh síneadh lena théarma oifige nó lena téarma oifige páirt i nós imeachta roghnúcháin eile don phost céanna ag deireadh na tréimhse foriomláine.
7. Ní fhéadfar an Stiúirthóir Feidhmiúcháin a chur as oifig ach amháin ar chinneadh ón mBord Bainistíochta. Sa chinneadh uaidh, tabharfaidh an Bord Bainistíochta aird ar mheasúnú an Choimisiúin ar fheidhmíocht an Stiúirthóra Feidhmiúcháin, dá dtagraítear i mír 4.
8. Is trí tromlach dhá thrian dá chuid comhaltaí a bhfuil an ceart vótála acu a dhéanfaidh an Bord Bainistíochta cinntí faoi cheapadh, faoi shíneadh téarma oifige agus faoi chur as oifig an Stiúirthóra Feidhmiúcháin.

*Airteagal 32***Oifigigh idirchaidrimh náisiúnta**

1. Ceapfaidh gach Ballstát oifigeach idirchaidrimh náisiúnta amháin mar shaineolaí náisiúnta lena thabhairt ar iasacht don Údarás agus le bheith ag obair ag a shuíomh, de bhun Airteagal 33.
2. Rannchuideoidh Oifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh le feidhmiú chúraimí an Údaráis, lena n-áirítear tríd an gcomhar agus an malartú faisnéise a éascú a leagtar amach in Airteagal 7 agus trí thacú leis na cigireachtaí a leagtar amach in Airteagal 8 agus trína gcomhordú. Gníomhóidh siad freisin mar phointí teagmhála náisiúnta maidir le ceisteanna óna mBallstáit agus i ndáil lena mBallstáit, trí na ceisteanna sin a fhreagairt go díreach nó trí idirchaidreamh a dhéanamh lena gcórais riaracháin náisiúnta.
3. Beidh Oifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh i dteideal an fhaisnéis ábhartha uile a iarraidh óna mBallstáit agus a fháil uathu, mar a fhoráiltear sa Rialachán seo, agus, lánurraim á tabhairt acu do dhlí náisiúnta nó cleachtas náisiúnta a mBallstáit, go háirithe maidir le cosaint sonraí agus na rialacha maidir le rúndacht.

*Airteagal 33***Saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus baill foirne eile**

1. I dteannta na n-Oifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh, féadfaidh an tÚdarás i ngach réimse dá chuid oibre úsáid a bhaint as saineolaithe náisiúnta eile ar iasacht nó as baill eile foirne nach bhfuil fostaithe ag an Údarás.
2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh lena leagfar síos rialacha maidir le saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht, lena n-áirítear Oifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA*Airteagal 34***Pribhléidí agus díolúintí**

Beidh feidhm ag Prótacal Uimh. 7 ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh maidir leis an Údarás agus maidir lena fhoireann.

*Airteagal 35***Socrúithe teanga**

1. Beidh feidhm maidir leis an Údarás ag na forálacha a leagtar síos i Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle ⁽³⁰⁾.
2. Is é an tIonad Aistriúcháin a sholáthróidh na seirbhísí aistriúcháin is gá chun go bhfeidhmeoidh an tÚdarás.

*Airteagal 36***Trédhearcacht, cosaint sonraí pearsanta agus cumarsáid**

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le doiciméid atá i seilbh an Údaráis. Laistigh de 6 mhí tar éis dháta a chéad chruinnithe, glacfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a chur i bhfeidhm.
2. Bunóidh an Bord Bainistíochta bearta chun na hoibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 a chomhlíonadh, go háirithe na bearta a bhaineann le hOifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh ar an Údarás agus na bearta sin a bhaineann le dlíthiúlacht na próiseála sonraí, le slándáil na ngníomhaíochtaí próiseála, le soláthar faisnéise agus leis na cearta atá ag ábhair sonraí.

⁽³⁰⁾ Rialachán Uimh. 1 an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha a úsáidfeá i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385).

3. Féadfaidh an tÚdarás tabhairt faoi ghníomhaíochtaí cumarsáide ar a thionscnamh féin laistigh dá réimse inniúlachta. Ní dhéanfaidh leithdháileadh acmhainní chuig gníomhaíochtaí cumarsáide dochar d'fheidhmiú éifeachtach na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 4. Déanfar gníomhaíochtaí cumarsáide i gcomhréir leis na pleananna ábhartha maidir le cumarsáid agus scaipeadh arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta.

Airteagal 37

Calaois a chomhrac

1. Chun an comhrac in aghaidh na calaoise, an éillithe agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a éascú faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, aontóidh Europol, laistigh de 6 mhí ón lá a mbeidh sé oibríochtúil, do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag OLAF agus glacfaidh sé na forálacha iomchuí is infheidhme maidir le fostaithe uile an Údaráis, agus úsáid á baint aige as an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin.

2. Beidh cumhacht ag an gCúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus seiceálacha ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, gach conraitheoir agus gach fochonraitheoir a fuair cistí de chuid an Aontais ón Údaráis.

3. Féadfaidh OLAF imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, agus é mar aidhm acu a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht mhídhleathach eile a mbeadh tionchar aige ar leas an Aontais i ndáil le deontas nó conradh arna mhaoiniú ag an Údarás, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle ⁽³¹⁾.

4. Gan dochar do mhír 1, do mhír 2 ná do mhír 3, cuimseofar i gcomhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, i gconarthaí, i gcomhaontuithe deontais agus i gcinntí deontais de chuid an Údaráis, forálacha lena dtugtar cumhacht go sainráite don Chúirt Iniúchóirí agus do OLAF iniúchtaí agus imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh, i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach.

Airteagal 38

Rialacha slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint

Glacfaidh an tÚdarás a rialacha slándála féin a bheidh coibhéiseach le rialacha slándála an Choimisiúin chun Faisnéis Rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint, mar a leagtar amach i gCinntí (AE, Euratom) 2015/443 ⁽³²⁾ agus i (AE, Euratom) 2015/444 ⁽³³⁾ ón gCoimisiún. Clúdóidh na prionsabail slándála an Údaráis, inter alia, forálacha chun faisnéis den sórt sin a mhalartú, a phróiseáil agus a stóráil.

Airteagal 39

Dlíteanas

1. Beidh dlíteanas conarthach an Údaráis faoi rialú ag an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh i gceist.

2. Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais le breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásal eadrána atá i gconradh arna thabhairt i gcrích ag an Údarás.

3. I gcás dlíteanas neamhchonarthach, slánóidh an tÚdarás, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste arbh iad a ranna nó a fhoireann ba chúis leis agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh acu.

4. Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais maidir le díospóidí a bhaineann le cúiteamh i ndamáistí amhail dá dtagraítear i mír 3.

⁽³¹⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

⁽³²⁾ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

⁽³³⁾ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

5. Beidh dliteanas pearsanta a fhoirne i leith an Údaráis rialaithe ag na forálacha a leagtar síos sna Rialacháin Foirne agus sna Coinníollacha Fostaíochta is infheidhme maidir leo.

Airteagal 40

Meastóireacht agus athbheithniú

1. Faoi 1 Lúnasa 2024, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún feidhmíocht an Údaráis a mheasúnú ó thaobh a chuid cuspóirí, a shainordaithe agus a chúraimí de. Sa mheastóireacht, tabharfar aghaidh, go háirithe, ar an taithí a fuarthas ón nós imeachta idirghabhála de bhun Airteagal 13. Tabharfar aghaidh leis freisin ar an riachtanas a d'fhéadfadh a bheith ann sainordú an Údaráis agus raon feidhme a gcuid gníomhaíochtaí a mhodhnú, lena n-áirítear a raon feidhme a leathnú chun riachtanais earnáilsonracha, agus na himpleachtaí airgeadais a bheadh ag aon mhodhnú den sórt sin, a chlúdach, agus an obair go léir a rinne gníomhaireachtaí de chuid an Aontais sna réimsí sin á cur san áireamh freisin. Féachfar sa mheastóireacht freisin le tuilleadh sineirgí agus cuíchóiriú a aimsiú le Gníomhaireachtaí i réimse na fostaíochta agus an bheartais shóisialta. Ar bhonn na meastóireachta seo, féadfaidh an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, tograí reachtacha a chur isteach maidir le hathbheithniú a dhéanamh ar raon feidhme an Rialacháin seo.

2. I gcás ina measfaidh an Coimisiún nach bhfuil údar cuí a thuilleadh ag an Údarás leanúint leis na cuspóirí, an sainordú agus na cúraimí atá sannta dó, féadfaidh sé a mholadh go ndéanfar an Rialachán seo a leasú nó a aisghairm dá réir.

3. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Bhord Bainistíochta ar thorthaí na meastóireachta. Poibleofar torthaí na meastóireachta.

Airteagal 41

Fiosrúcháin riaracháin

Beidh gníomhaíochtaí an Údaráis faoi réir fhiosrúcháin an Ombudsman Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 228 CFAE.

Airteagal 42

Comhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta

1. A mhéid is gá chun na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach, agus gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát agus institiúidí an Aontais, féadfaidh an tÚdarás dul i gcomhar le húdaráis inniúla tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Chuipe sin, féadfaidh an tÚdarás, faoi réir údarú an Bhoird Bainistíochta agus tar éis an formheas a fháil ón gCoimisiún, socrúithe oibre a bhunú le húdaráis inniúla tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Ní chuirfear oibleagáidí dlíthiúla ar an Aontas ná ar na Ballstáit de dheasca na socrúithe sin.

2. Beidh an tÚdarás oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha a bhfuil comhaontuithe tugtha i gcrích acu leis an Aontas chun na críche sin.

Faoi fhorálacha ábhartha na gcomhaontuithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, forbrófar socrúithe lena sonrú, go háirithe, cineál, méid agus modh rannpháirtíochta na dtíortha lena mbaineann in obair an Údaráis, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le rannpháirtíocht i dtionscnaimh a dhéanfaidh an tÚdarás, le ranníocaíochtaí airgeadais agus le cúrsaí foirne. I dtaca le cúrsaí foirne, comhlíonfaidh na socrúithe sin na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta i gcás ar bith.

3. Áiritheoidh an Coimisiún go bhfeidhmeoidh an tÚdarás laistigh dá shainordú agus laistigh den chreat idirinstiúideach atá ann cheana trí shocrú oibre oiriúnach a thabhairt i gcrích le Stiúirthóir Feidhmiúcháin an Údaráis.

*Airteagal 43***Comhaontú ceanncheathrún agus coinníollacha oibriúcháin**

1. Na socrúithe riachtanacha maidir leis an gcóiríocht a chuirfear ar fáil don Údarás sa Bhallstát óstach mar aon leis na rialacha sonracha is infheidhme sa Bhallstát óstach maidir leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, le comhaltaí an Bhoird Bainistíochta, le foireann an Údaráis agus le baill dá dteaghlaigh, leagfar síos iad i gcomhaontú ceanncheathrún idir an tÚdarás agus an Ballstát ina mbeidh an suíomh, comhaontú a bheidh le tabhairt i gcrích tar éis formheas a fháil ón mBord Bainistíochta agus tráth nach déanaí ná an 1 Lúnasa 2021.

2. Déanfaidh Ballstát óstach an Údaráis na dálaí is fearr is féidir a sholáthar chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an tÚdarás go rianúil agus go héifeachtúil, lena n-áirítear scolaíocht ilteangach a bhfuil béim ar an ngné Eorpach inti, agus naisc iomchuí iompair.

*Airteagal 44***Tús a chur le gníomhaíochtaí an Údaráis**

1. Tíocfaidh an tÚdarás chun bheith oibríochtúil agus beidh an acmhainn aige a bhuiséad féin a chur chun feidhme faoin 1 Lúnasa 2021.

2. Beidh an Coimisiún freagrach as bunú agus as oibriú tosaigh an Údaráis go dtí go mbeidh an tÚdarás oibríochtúil. Chun na críche sin:

(a) go dtí go rachaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i mbun dualgas tar éis don Bhord Bainistíochta é a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 31, féadfaidh an Coimisiún oifigeach ón gCoimisiún a ainmniú le gníomhú mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach agus na dualgais a shanntar don Stiúrthóir Feidhmiúcháin a fheidhmiú;

(b) de mhaolú ó phointe (k) d'Airteagal 18(1) agus go dtí go nglacfar cinneadh amhail dá dtagraítear in Airteagal 18(2), feidhmeoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach cumhacht an údaráis ceapacháin;

(c) féadfaidh an Coimisiún cúnamh a thairiscint don Údarás, go háirithe trí oifigigh ón gCoimisiún a thabhairt ar iasacht chun gníomhaíochtaí an Údaráis a chur i gcrích faoi fhreagracht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin eatramhaigh nó an Stiúrthóra Feidhmiúcháin;

(d) féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach na híocaíochtaí go léir a chumhdófar le leithreasuithe a iontráladh i mbuiséad an Údaráis a údarú tar éis formheas a fháil ón mBord Bainistíochta agus féadfaidh an duine sin conarthaí a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear conarthaí foirne, tar éis ghlacadh phlean bunaíochta an Údaráis.

*Airteagal 45***Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 883/2004**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“(na) ciallaíonn “an tÚdarás Eorpach Saothair” an comhlacht arna bhunú le Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus dá dtagraítear in Airteagal 74a;

(*) Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344 (IO L 186, 11.7.2019, Ich. 21).”;

(2) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 74a

An tÚdarás Eorpach Saothair

1. Gan dochar do chúraimí agus gníomhaíochtaí an Choimisiúin Riaracháin, tacóidh an Gníomhaireacht Eorpach Saothair le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcomhréir lena chúraimí a leagtar amach i Rialachán 2019/1149. Comhoibreoidh an Coimisiún Riaracháin leis an Údarás Eorpach Saothair chun na gníomhaíochtaí a chomhordú i gcomhaontú frithpháirteach agus aon dúbláil a sheachaint. Chun na críche sin, tabharfaidh sé i gcrích comhaontú comhair leis an Údarás Eorpach Saothair.

2. Féadfaidh an Coimisiún Riaracháin iarraidh ar an Údarás Saothair Eorpach saincheist a tharchur maidir le slándáil shóisialta faoi idirghabháil i gcomhréir leis an tríú fomhír d’Airteagal 13(11) de Rialachán (AE) 2019/1149”.

Airteagal 46

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 492/2011

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 mar a leanas:

(1) in Airteagal 26 cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“An tÚdarás Eorpach Saothair arna bhunú le Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), beidh sé rannpháirteach i gcruinnithe an Choiste Chomhairligh i gcáil breathnóra agus soláthróidh sé ionchur teicniúil agus saineolas mar is ábhartha.

(*) Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344 (IO L 186, 11.7.2019, Ich. 21).”;

(2) scriostar Airteagail 29 go 34 le héifeacht ar an dáta a mbeidh an tÚdarás oibríochtúil i gcomhréir le hAirteagal 44(1) den Rialachán seo;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 35:

“Airteagal 35

Leanfaidh feidhm de bheith ag rialacha nós imeachta an Choiste Chomhairligh a tháinig i bhfeidhm an 8 Samhain 1968.”;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 39:

“Airteagal 39

Taispeánfar caiteachas riaracháin an Choiste Chomhairligh i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh sa roinn a bhaineann leis an gCoimisiún.”.

Airteagal 47

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/589

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/589 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) eagrú líonra EURES idir an Coimisiún, an tÚdarás Eorpach Saothair agus na Ballstáit;”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) comhar idir an Coimisiún, an tÚdarás Eorpach Saothair agus na Ballstáit faoi na sonraí ábhartha atá ar fáil maidir le folúntais, le hiarratais ar phoist agus le CVanna a roinnt;”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

“(f) cur chun cinn líonra EURES ar leibhéal an Aontais trí bhearta éifeachtacha cumarsáide arna ndéanamh ag an gCoimisiún, ag an Údarás Eorpach Saothair agus ag na Ballstáit;”;

(2) in Airteagal 3, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“(8) ciallaíonn ‘an tÚdarás Eorpach Saothair’ an comhlacht arna bhunú de bhun Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).”

(* Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 21).”;

(3) in Airteagal 4, mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt de mhír 2:

“2. Áireofar an inrochtaineacht ar an bhfaisnéis atá ar fáil ar thairseach EURES agus ar na seirbhísí tacaíochta ar an leibhéal náisiúnta do dhaoine atá faoi mhíchumas. Cinnfidh an Coimisiún, an Oifig Eorpach Comhordúcháin agus Comhaltaí agus Comhpháirtithe EURES na modhanna chun é sin a áirithiú maidir lena n-oibleagáidí faoi seach.”;

(4) leasaítear Airteagal 7(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) Oifig Eorpach Comhordúcháin a bhunófar laistigh den Údarás Eorpach Saothair agus a bheidh freagrach as cúnaimh a thabhairt do líonra EURES a ghníomhaíochtaí a chur i gcrích;”;

(b) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“(e) an Coimisiún.”;

(5) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráitigh:

“Tabharfaidh an Oifig Eorpach Comhordúcháin cúnaimh do líonra EURES agus a ghníomhaíochtaí á gcomhlíonadh aige, go háirithe, trí na gníomhaíochtaí seo a leanas a fhorbairt agus a sheoladh, i ndlúthchomhar leis na hoifigí náisiúnta comhordúcháin (ONCanna) agus leis an gCoimisiún.”;

(ii) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

“(i) mar úinéir an chórais i gcás thairseach EURES agus seirbhísí TF gaolmhara, riachtanais úsáideoirí agus ceanglais ghnó a shainiú a bheidh le tarchur chuig an gCoimisiún chun an tairseach a oibriú agus a fhorbairt, lena n-áirítear a chórais agus a nósanna imeachta chun malartú a dhéanamh ar fholúntais, ar iarratais ar phoist, ar CVanna agus ar dhoiciméid tacaíochta agus ar fhaisnéis eile, i gcomhar le seirbhísí nó líonraí faisnéise agus comhairleacha agus tionscnaimh ábhartha eile de chuid an Aontais.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Is é an tÚdarás Eorpach Saothair a dhéanfaidh bainistiú ar an Oifig Eorpach Comhordúcháin. Beidh idirphlé rialta ag an Oifig Eorpach Comhordúcháin le hionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Dréachtóidh an Oifig Eorpach Comhordúcháin, i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14 agus leis an gCoimisiún, a clár ilbhliantúla oibre.”;

(6) in Airteagal 9(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) comhar leis an gCoimisiún, leis an Údarás Eorpach Saothair agus leis na Ballstáit maidir leis an imréiteach laistigh den chreat a leagtar amach i gCaibidil III.”;

(7) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Beidh an Grúpa Comhordúcháin comhdhéanta d’ionadaithe ar an leibhéal iomchuí ón gCoimisiún, ón Oifig Eorpach Comhordúcháin agus ó na ONCanna.”;

(8) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Scrúdóidh na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an Oifig Eorpach Comhordúcháin, na féidearthachtaí go léir chun tosaíocht a thabhairt do shaoránaigh an Aontais nuair a bheidh folúntais á líonadh, d’fhonn cothromaíocht a bhaint amach idir an soláthar saothair agus an t-éileamh ar shaothar san Aontas. Féadfaidh na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh chun na críche sin.”;

(9) in Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Rachaidh na Ballstáit i gcomhar lena chéile agus leis an gCoimisiún agus leis an Oifig Eorpach Comhordúcháin ó thaobh idir-inoibritheacht idir na córais náisiúnta agus an t-aicmiú Eorpach arna fhorbairt ag an gCoimisiún. Coinneoidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoin bhforbairt a dhéantar ar an aicmiú Eorpach.”;

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 29:

“Airteagal 29

Faisnéis a mhalartú maidir le sreabhadh agus patrúin

Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit faireachán ar shreabhadh agus patrúin soghluaisteachta an lucht saothair san Aontas agus poibleoidh siad an sreabhadh agus na patrúin sin ar bhonn tuarascálacha ón Údarás Eorpach Saothair, ag úsáid staidreamh Eurostat agus na sonraí náisiúnta atá ar fáil.”.

Airteagal 48

Aisghairm

Aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344 le héifeacht ar an dáta a mbeidh an tÚdarás oibríochtúil i gcomhréir le hAirteagal 44(1) den Rialachán seo.

Déanfar tagairtí don Chinneadh aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

Airteagal 49

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

G. CIAMBA

IARSCRÍBHINN

GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN ARDÁIN A BHUNAÍTEAR I gCOMHRÉIR LE HAIRTEAGAL 16(2)

Agus é ag tacú le cuspóirí an Údaráis chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, féachfaidh an tArdán, go háirithe, leis na nithe seo a dhéanamh:

- (1) feabhas a chur ar an eolas faoi obair neamhdhearbhaithe, lena n-áirítear na cúiseanna, na difríochtaí réigiúnacha agus na gnéithe trasteorann di, trí bhíthin sainmhínte comhroinnte agus coincheapa coiteanna, uirlisí tomhais bunaithe ar an bhfianaise agus anailís chomparáideach a chur chun cinn; tuiscint fhrithpháirteach maidir le córais agus cleachtais éagsúla a fhorbairt chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe agus anailís a dhéanamh ar éifeachtacht beart beartais, lena n-áirítear bearta coisctheacha agus pionóis;
- (2) éascú agus meastóireacht a dhéanamh ar chineálacha éagsúla comhair idir na Ballstáit, agus, i gcás inarb ábhartha, tríú tíortha amhail malartú foirne, úsáid bunachar sonraí, gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus comhoiliúint, agus córas malartaithe faisnéise le haghaidh comhar riaracháin, agus úsáid á baint as modúl sonracha i leith obair neamhdhearbhaithe faoi chóras IMI;
- (3) uirlisí a bhunú, mar shampla banc eolais, chun faisnéis agus taithí a chomhroinnt go héifeachtach, agus treoirlínte maidir le forfheidhmiú, lámhleabhair dea-chleachtas agus prionsabail chomhroinnte cigireachtaí a fhorbairt chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe agus gníomhaíochtaí coitianta amhail feachtais Eorpacha; meastóireacht a dhéanamh ar an taithí i leith na n-uirlisí sin;
- (4) clár piarfhoghlama a fhorbairt chun dea-chleachtais a shainaithint i ngach réimse a bhaineann le dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe agus le hathbhreithnithe piaraí a eagrú chun an dul chun cinn a leanúint maidir le dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe sna Ballstáit a roghnaíonn páirt a ghlacadh sna hathbhreithnithe sin;
- (5) malartú a dhéanamh ar thaithí na n-údarás náisiúnta i ndlí an Aontais a bhaineann le dul i ngleic le obair neamhdhearbhaithe a chur i bhfeidhm.

RIALACHÁN (AE) 2019/1150 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**an 20 Meitheamh 2019****maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is áis fhíorthábhachtach don fhiontraíocht, agus do shamhlacha nua gnó, don trádáil agus don nuálaíocht iad na seirbhísí idirghabhála ar líne, is féidir leo feabhas a chur ar leas tomhaltóirí agus tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí astu. Cuireann siad rochtain ar fáil ar mhargaí nua agus ar dheiseanna tráchtála nua, rud a chuireann ar chumas gnóthas leas a bhaint as tairbhí an mhargaidh aonair. Cuireann siad ar chumas tomhaltóirí san Aontas leas a bhaint as na tairbhí sin, go háirithe tríd an roghá earraí agus seirbhísí a thairgtear ar líne a mhéadú mar aon le rannchuidiú le praghsanna iomaíocha a thairiscint ar líne, ach is siocair iad freisin do dhúshlán ar gá aghaidh a thabhairt orthu chun cinnteacht dhlíthiúil a áirithiú.
- (2) Maidir leis na gnóthais a úsáideann seirbhísí idirghabhála ar líne chun teagmháil a dhéanamh le tomhaltóirí, is féidir leis na seirbhísí sin a bheith ríthábhachtach ó thaobh a rathúnais tráchtála de. Chun go mbeifear in ann leas iomlán a bhaint as gheilleagar na n-ardán ar líne, is den tábhacht mar sin gur féidir le gnóthais muinín a bheith acu i seirbhísí idirghabhála ar líne ar féidir leo caidrimh thráchtála a bheith acu leo. Tá ríthábhacht leis sin, thar aon rud eile mar, de thoradh an mhéadaithe ar an líon idirbheart idirghabhála arna ndéanamh trí bhithin seirbhísí idirghabhála ar líne, arb éifeachtaí láidre indíreacha gréasáin sonraibhunnaithe is cúis leis, tá méadú ag teacht ar spleáchas na n-úsáideoirí gnó sin, go háirithe micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), ar na seirbhísí sin chun tomhaltóirí a shroicheadh. I bhfianaise an mhéadaithe ar spleáchas sin, is minic a bhíonn cumhacht mhargála níos mó ag soláthraithe na seirbhísí sin, rud a fhágann go mbíonn siad in ann, i ndáiríre, gníomhú go haontaobhach ar bhealach a d'fhéadfadh a bheith éagórach agus a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do leasanna dlíthiúla a n-úsáideoirí gnó agus, go hindíreach, do leasanna tomhaltóirí san Aontas. Mar shampla, d'fhéadfaidís cleachtas a fhorchur go haontaobhach a chlaonadh go mór ó dhea-iompar tráchtála, nó a bheadh contrártha do mheon macánta agus cóirdhéileáil. Tugann an Rialachán seo aghaidh ar na heasaontais sin a d'fhéadfadh a bheith ann i ngeilleagar na n-ardán ar líne.
- (3) Tá úsáid seirbhísí idirghabhála ar líne glactha chucu féin ag tomhaltóirí. Tá éiceachóras ar líne atá iomaíoch, cothrom, trédhearcach ina ngníomhaíonn cuideachtaí go freagrach bunriachtanach freisin le haghaidh leas na dtomhaltóirí. Trí thrédhearcacht gheilleagar na n-ardán ar líne, agus muinín iontu, a áirithiú, i gcaidreamh gnólachta le gnólacht, d'fhéadfaí cabhrú go hindíreach freisin le muinín tomhaltóirí sa gheilleagar ardán ar líne a fheabhsú. Tugtar aghaidh ar thionchair dhíreacha fhorbairt gheilleagar na n-ardán ar líne ar thomhaltóirí i ndlí eile de chuid an Aontais, áfach, go háirithe in *acquis* na dtomhaltóirí.

⁽¹⁾ IO C 440, 6.12.2018, lch. 177.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 14 Meitheamh 2019.

- (4) Ar an gcaoi chéanna, is féidir innill chuardaigh ar líne a bheith ina bhfoinsí tábhachtacha tráchtá idirlín do ghnóthais a thairgeann earraí agus seirbhísí do thomhaltóirí ar líne trí shuíomhanna gréasáin agus, dá bhrí sin, is féidir leo difear mór a dhéanamh do rathúnas tráchtála na n-úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha a thairgeann a n-earraí agus a seirbhísí ar líne ar an margadh inmheánach. I ndáil leis sin, maidir leis an rangú a dhéanann soláthraithe inneall cuardaigh ar líne, lena n-áirítear na suíomhanna gréasáin sin trína dtairgeann úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha a n-earraí agus a seirbhísí do thomhaltóirí, imríonn sin tionchar mór ar rogha tomhaltóirí agus ar rathúnas tráchtála na n-úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha sin. Toisc nach mbíonn aon chaidreamh conarthach acu leis na húsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha, bíonn soláthraithe inneall cuardaigh ar líne in ann, i ndáiríre, gníomhú go haontaobhach ar bhealach a d'fhéadfadh a bheith éagórach agus a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do leasanna dlísteanaacha a n-úsáideoirí gnó agus, go hindíreach, do leasanna tomhaltóirí san Aontas.
- (5) Mar thoradh ar chineál an chaidrimh idir soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus úsáideoirí gnó, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann inar minic nach mbíonn ach deis theoranta ag úsáideoirí gnó sásamh a lorg i gcásanna ina bhfuil díospóid ann de dheasca gníomhaíochtaí aontaobhacha na soláthraithe a chuireann na seirbhísí sin ar fáil. Is minic nach gcuireann na soláthraithe sin córais inmheánacha éifeachtacha inrochtana láimhseála gearán ar fáil. Is féidir sásraí réitithe díospóide lasmuigh den chúirt atá ann cheana a bheith neamhéifeachtach freisin ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear easpa idirghabhálaithe speisialaithe agus an eagla a bhíonn ar úsáideoirí gnó roimh dhíoltas.
- (6) Ó nádúr, baineann acmhainneacht trasteorann le seirbhísí idirghabhála ar líne agus le hinnill chuardaigh ar líne, agus leis na hidirbhearta a éascaíonn siad, agus baineann tábhacht ar leith leo maidir le feidhmiú iomchuí mhargadh aonair an Aontais sa gheilleagar atá ann faoi láthair. Mar gheall ar na cleachtais tráchtála atá ag soláthraithe áirithe a chuireann na seirbhísí sin ar fáil, cleachtais a d'fhéadfadh a bheith míchothrom agus díobhálach, agus de cheal sásraí éifeachtacha cúitimh, cuirtear bac ar leas iomlán a bhaint as an bpoitéinseal sin agus imrítear tionchar diúltach ar feidhmiú iomchuí an mhargaidh aonair.
- (7) Ba cheart sraith rialacha éigeantacha aonfhoirmeacha spriocdhírthe a bhunú ar leibhéal an Aontais chun timpeallacht ghnó ar líne atá cóir intuartha inbhuanaithe iontaofa a áirithiú laistigh den mhargadh inmheánach. Go háirithe, ba cheart trédhearcacht iomchuí, mar aon le deiseanna éifeachtacha chun sásamh a fháil, a thabhairt d'úsáideoirí gnó seirbhísí idirghabhála ar líne, ar fud an Aontais, chun gnó trasteorann laistigh den Aontas a éascú agus, ar an gcaoi sin, chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú agus dul i ngleic leis an ilroinnt a d'fhéadfadh a theacht i réimsí sonracha a chumhdaítear leis an Rialachán seo.
- (8) Ba cheart foráil a dhéanamh leis na rialacha sin maidir le dreasachtaí chun cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn, go háirithe i dtaca le húsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha a rangú sna torthaí cuardaigh a ghintear le hinnill chuardaigh ar líne. Ag an am céanna, ba cheart na rialacha sin a bheith den chineál lena ndéanfar poitéinseal tábhachtach nuálaíochta atá i ngeilleagar na n-ardán ar líne i gcoitinne a aithint agus a choimirciú agus lamháil d'iomáocht shláintiúil as a dtiocfaidh rogha níos mó do thomhaltóirí. Is iomchuí a shoiléiriú nár cheart go n-imreodh an Rialachán seo tionchar ar dhlí sibhialta náisiúnta, go háirithe dlí na gconarthaí, amhail na rialacha maidir le bailíocht, déanamh, éifeachtaí nó foirceannadh conartha sa mhéid go bhfuil na rialacha ar dhlí sibhialta náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais agus a mhéid nach gcumhdaítear na gnéithe ábhartha le forálacha an Rialacháin seo. Ba cheart do na Ballstáit a bheith saor i gcónaí chun dlíthe náisiúnta a chur i bhfeidhm lena gcuirtear toirmeasc ar iompar aontaobhach nó ar chleachtais tráchtála éagóracha, nó lena ndéantar iompar nó cleachtais den sórt sin a phionósú, sa mhéid nach gcumhdaítear na gnéithe ábhartha leis an Rialachán seo.
- (9) Ós rud é gur gnách gné dhomhanda a bheith ag seirbhísí idirghabhála agus ag innill chuardaigh ar líne, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe na seirbhísí sin, gan beann ar cé acu i mBallstát nó lasmuigh den Aontas atá siad bunaithe ar choinníoll go gcomhlíonfar dhá choinníoll charnacha. Ar an gcéad dul síos, ba cheart na húsáideoirí gnó nó na húsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha a bheith bunaithe san Aontas. Ar an dara dul síos, ba cheart do na húsáideoirí gnó nó na húsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha, trí na seirbhísí sin a chur ar fáil, a seirbhísí agus a n-earraí a thairiscint do thomhaltóirí atá san Aontas i dtaca le cuid den idirbheart ar a laghad. Chun a chinneadh an bhfuil úsáideoirí gnó nó úsáideoirí suímh gréasáin chorparáidigh ag tairiscint earraí nó seirbhísí do thomhaltóirí atá lonnaithe san Aontas, is gá a fháil amach an bhfuil sé soiléir go ndíríonn na húsáideoirí gnó nó na húsáideoirí suímh gréasáin chorparáidigh a ngníomhaíochtaí ar thomhaltóirí atá lonnaithe i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit. Ba cheart an critéar sin a léiriú i gcomhréir le cás-dlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le pointe (c) d'Airteagal 17(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ agus pointe (b) d'Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾. Ba cheart na tomhaltóirí sin a bheith lonnaithe san Aontas ach ní gá dóibh a n-áit chónaithe a bheith san Aontas nó ní gá náisiúntacht aon Bhallstáit a bheith acu. Dá réir sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo i gcás nach bhfuil úsáideoirí gnó nó úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha bunaithe san Aontas nó i gcás ina bhfuil siad bunaithe san Aontas ach ina n-úsáideann siad seirbhísí idirghabhála ar líne nó innill chuardaigh ar líne chun earraí nó seirbhísí a thairiscint do thomhaltóirí atá lasmuigh den Aontas nó do dhaoine nach tomhaltóirí iad. Ina theannta sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo gan beann ar an dlí ab infheidhme in aon chás eile maidir le conradh.

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair sibhialta agus tráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I) (IO L 177, 4.7.2008, lch. 6).

- (10) Déanann soláthraithe a oibríonn seirbhísí iltaobhacha atá bunaithe i bhfírinne ar an tsamhail ghnó um thógáil éiceachórais idir-mheánú ar éagsúlacht mhór caidrimh idir gnólachtaí agus tomhaltóirí. Chun na seirbhísí ábhartha a chuimsiú, ba cheart seirbhísí idirghabhála ar líne a shainmhíniú go cruinn agus ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Go háirithe, ba cheart a bheith sna seirbhísí sin seirbhísí sochaí faisnéise, a bhfuil sé de shaintréith acu gurb é is aidhm leo tionscnamh idirbheart díreach idir úsáideoirí agus tomhaltóirí a éascú, gan beann ar cibé acu a thabharfar na hidirbhearta chun críche ar deireadh ar líne, ar thairseach ar líne sholáthraí na seirbhísí idirghabhála ar líne atá i gceist nó ar thairseach an úsáideora gnó, as líne nó go deimhin nach dtabharfar chun críche in aon chor iad, rud a chiallaíonn nár cheart aon cheanglas a bheith ann maidir le haon chaidreamh conarthach idir na húsáideoirí gnó agus na tomhaltóirí mar réamhchoinníoll do sheirbhísí idirghabhála ar líne a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Níor cheart a mheas mar gheall ar sheirbhís a bheith san áireamh agus gan inti ach cineál imeallach gurb é is aidhm le suíomh gréasáin nó le seirbhís idirbhearta a éascú de réir bhrí seirbhísí idirghabhála ar líne. Ina theannta sin, ba cheart na seirbhísí a sholáthar ar bhonn caidreamh conarthach idir na soláthraithe agus na húsáideoirí gnó a thairgeann earraí nó seirbhísí do thomhaltóirí. Ba cheart a mheas gur ann do chaidreamh conarthach den sórt sin i gcás ina gcuirfidh an dá pháirtí in iúl go neamhbhalbh agus ar mheán marthanach go bhfuil fúthu a bheith faoi cheangal, gan an gá comhaontú sainráite i scríbhinn a bheith ann.
- (11) Dá bharr sin, ar na samplaí de na seirbhísí idirghabhála ar líne a chumhdaítear leis an Rialachán seo tá margáí ríomhthráchtála ar líne, lena n-áirítear margáí comhoibríocha ar a mbíonn úsáideoirí gnó gníomhach, seirbhísí um bogearraí feidhmchláir ar líne, amhail siopaí ar líne ina ndíoltar feidhmchláir bogearraí, agus seirbhísí meán sóisialta ar líne, beag beann ar an teicneolaíocht a úsáidtear chun na seirbhísí sin a chur ar fáil. Ar an gcuma sin, d'fhéadfaí seirbhísí idirghabhála ar líne a sholáthar le teicneolaíocht ghlórchúntóra. Chomh maith leis sin, níor cheart é a bheith ábhartha cibé acu atá nó nach bhfuil íocaíocht airgeadaíochta i gceist leis na hidirbhearta idir úsáideoirí gnó agus tomhaltóirí nó cibé acu an gcuirtear i gcrích i páirt iad as líne. Mar sin féin, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le seirbhísí idirghabhála ar líne idir piasaí gan úsáideoirí gnó a bheith i láthair, ná seirbhísí idirghabhála ar líne idir fíor-ghnólachtaí nach ndéantar a thairiscint do thomhaltóirí, maidir le huirlisí fógraíochta ar líne agus maidir le malartáin fógraíochta ar líne nach gcuirtear ar fáil chun é a dhéanamh níos éasca idirbhearta díreacha a thionscnamh agus nach mbaineann caidreamh conarthach le tomhaltóirí leo. Ar an gcúis chéanna, níor cheart a chumhdach sa Rialachán seo seirbhísí bogearraí maidir le hoptamú inneall cuardaigh ná seirbhísí bogearraí maidir le cosc fógraíochta. Níor cheart feidhmiúlachtaí teicneolaíochta agus comhéadain teicneolaíochta nach ndéanann ach crua-earraí agus feidhmchláir a nascadh a chumhdach leis an Rialachán seo, toisc nach gnách go gcomhlíontar leo na ceanglais maidir le seirbhísí idirghabhála ar líne. Féadfaidh na feidhmiúlachtaí nó na comhéadain sin a bheith bainteach nó coimhdeach le seirbhísí idirghabhála áirithe ar líne agus, más amhlaidh an cás, ba cheart soláthraithe ábhartha seirbhísí idirghabhála ar líne a bheith faoi réir ceanglais trédhearcachta a bhaineann le cóir dhifreáilte bunaithe ar na feidhmeanna agus na comhéadain sin. Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le seirbhísí íocaíochta ar líne toisc nach gcomhlíonann na seirbhísí sin iad féin na ceanglais is infheidhme ach gur seirbhísí cunta iad go bunúsach i ndáil le soláthar earraí agus seirbhísí do na tomhaltóirí i gceist.
- (12) I gcomhréir le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ós rud é gur léir gur staid spleách í staid na n-úsáideoirí gnó go háirithe i ndáil le seirbhísí idirghabhála ar líne a fheidhmíonn mar thairseach do thomhaltóirí i bhfoirm daoine nádúrtha, ba cheart a thuiscint gur ag tagairt do dhaoine nádúrtha, agus dóibh sin amháin, i gcás ina bhfeidhmíonn siad chun críocha atá lasmuigh dá dtrádáil, dá ngó, dá gceird nó dá ngairm, atá an coincheap de thomhaltóir a úsáidtear chun raon feidhme an Rialacháin seo a thaispeáint.
- (13) Agus luas tapa na nuálaíochta á chur san áireamh, ba cheart an sainmhíniú ar inneall cuardaigh ar líne a úsáidtear sa Rialachán seo a bheith neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Go háirithe, ba cheart a thuiscint go gcuimsítear iarratais ghuta leis an sainmhíniú.
- (14) Bíonn claonadh ag soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne téarmaí agus coinníollacha agus iad curtha le chéile roimh ré a úsáid agus chun úsáideoirí gnó a chosaint go héifeachtach i gcás inar gá, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo, i gcás ina ndéanann soláthraí na seirbhísí idirghabhála ar líne téarmaí agus coinníollacha caidrimh chonarthaigh, gan beann ar a n-ainm ná ar a bhfoirm, a chinneadh go haontaobhach. Maidir lena chinneadh cibé acu a rinneadh téarmaí agus coinníollacha a chinneadh go haontaobhach, ba cheart meastóireacht cás ar dhéanamh air sin ar bhonn measúnú foriomlán. Le haghaidh an mheasúnaithe fhoriomláin sin, níor cheart méid choibhneasta na bpáirtithe lena mbaineann, an fíoras go ndearnadh caibidlíocht, nó go bhféadfadh forálacha áirithe díobh a bheith faoi réir caibidlíocht den sórt sin agus a bheith cinnte le chéile ag an soláthraí ábhartha agus ag an úsáideoir gnó, ann féin, a bheith cinntitheach. Ina theannta sin, ciallaíonn an oibleagáid do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne a gcuid téarmaí agus coinníollacha a chur ar fáil go héasca d'úsáideoirí gnó, lena n-áirítear sa chéim réamhchonarthacha dá gcaidreamh tráchtála, nach mbainfeadh an trédhearcacht a eascraíonn as an Rialachán seo de na húsáideoirí gnó mar thoradh ar iad ar aon bhealach a bheith in ann caibidlíocht a dhéanamh go rathúil.

- (15) Lena áirithiú go gcuirfidh téarmaí agus coinníollacha ginearálta caidrimh chonarthaigh ar a gcumas d'úsáideoirí gnó na coinníollacha tráchtála ar úsáid, ar fhoirceannadh agus ar fhionraí seirbhísí idirghabhála ar líne a dhéanamh amach, agus le hintuarthacht maidir lena gcaidreamh gnó a bhaint amach, ba cheart na téarmaí agus na coinníollacha sin a dhreachtú i bhfriotal atá simplí agus intuigthe. Níor cheart a mheas gur dreachtaíodh téarmaí agus coinníollacha i gcaint atá simplí agus intuigthe i gcás ina bhfuil siad doiléir, neamhshonrach nó nach bhfuil siad mionsonraithe go leor maidir le saincheistanna tráchtála agus ar an gcaoi sin nach dtugann siad leibhéal réasúnach intuarthachta d'úsáideoirí gnó maidir leis na gnéithe is tábhachtaí den chaidreamh conarthach. Thairis sin, níor cheart a teanga mhíthreorach a mheas a bheith soiléir agus intuigthe.
- (16) Chun a áirithiú go mbeidh soiléireacht leordhóthanach ag úsáideoirí gnó maidir leis an áit a bhfuil a n-earraí nó a seirbhísí á margú, agus cé dóibh a bhfuil a n-earraí agus a seirbhísí á margú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne trédhearcacht a áirithiú i leith a n-úsáideoirí gnó maidir le haon bhealach dáileacháin breise agus cláir chleamhnaithe fhéideartha a d'fhéadfaidís a úsáid chun na hearraí agus na seirbhísí sin a mhargú. Ba cheart bealaí breise agus cláir chleamhnaithe a thuiscint ar bhealach neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de ach go bhféadfaí a bheith ar áireamh iontu, *inter alia*, suíomhanna gréasáin eile, aipeanna eile nó seirbhísí eile idirghabhála ar líne a úsáidtear chun na hearraí nó na seirbhísí a thairgeann an t-úsáideoir gnó a mhargú.
- (17) Is féidir tábhacht shuntasach eacnamaíoch do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus dá n-úsáideoirí gnó a bheith ag úinéireacht ar chearta maoinne intleachtúla ar líne agus ag rialú a bheith á dhéanamh orthu. Ba cheart do soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne, chun soiléireacht agus trédhearcacht a áirithiú agus chun go dtuigfí na rialacha sin níos fearr, laistigh dá dtéarmaí agus coinníollacha faisnéis ghinearálta nó faisnéis níos mionsonraithe, más mian leo, a chur san áireamh maidir le héifeachtaí foriomlána, más ann dóibh, na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sin ar úinéireacht agus rialú chearta maoinne intleachtúla an úsáideora gnó. D'fhéadfaí a áireamh san fhaisnéis sin, *inter alia*, faisnéis amháil úsáid ghinearálta lógónna, trádmarcanna nó ainmneacha branda.
- (18) Féadann trédhearcacht na dtéarmaí agus na gcoinníollach ginearálta bheith ríthábhachtach maidir le caidrimh ghnó inbhuanaithe a chur chun cinn agus iompar éagóir díobhálach d'úsáideoirí gnó a chosc. Dá brí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne a áirithiú go mbeadh na téarmaí agus na coinníollacha ar fáil go héasca ar feadh chéimeanna iomlána an chaidrimh tráchtála, lena n-áirítear d'úsáideoirí gnó ionchasacha ag an gcéim réamhchonarthach, agus go gcuirfí aon athruithe ar na téarmaí sin in iúl ar mheán marthanach d'úsáideoirí gnó lena mbaineann faoi cheann tréimhse fógra shocráithe atá réasúnach agus comhréireach i bhfianaise na n-imthosca sonracha agus ar tréimhse 15 dhéag ar a laghad í. Ba cheart tréimhse comhréireacha fógra níos mó ná 15 lá a thabhairt i gcás ina gceanglófar leis na hathruithe atá beartaithe ar na téarmaí agus na coinníollacha ar úsáideoirí gnó oiriúnuithe teicniúla nó tráchtála a dhéanamh chun an t-athrú a chomhlíonadh, mar shampla trína cheangal orthu coigeartuithe teicniúla suntasacha a dhéanamh ar a gcuid earraí nó seirbhísí. Ní bheidh feidhm ag an tréimhse fógra sin i gcás ina ndéanfaidh an t-úsáideoir gnó lena mbaineann é a tharscaoileadh ar bhealach nach bhfuil débhríoch nó i gcás ina dtiocfaidh ann don ghá an t-athrú a chur chun feidhme gan an tréimhse fógra a urramú de thoradh oibleagáid dhlíthiúil nó rialála atá ar an soláthraí seirbhísí faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, agus a mhéid is ann don ghá dá thoradh sin. Mar sin féin, níor cheart athruithe eagarthóireachta atá beartaithe a chumhdach leis an téarma "athrú" a mhéid agus nach gcuirfidís aon athrú ar inneachar ná ar bhrí na dtéarmaí agus na coinníollacha. Leis an gceanglas a bhaineann le hathruithe atá beartaithe a chur in iúl ar mheán marthanach, ba cheart a chur ar chumas úsáideoirí gnó athbhreithniú éifeachtach a dhéanamh ar na hathruithe sin tráth níos déanaí. Ba cheart úsáideoirí gnó a bheith i dteideal a gconradh a fhoirceannadh laistigh de 15 lá ón bhfógra a fháil maidir le haon athrú, ach amháin má tá feidhm ag tréimhse níos giorra leis an gconradh, mar shampla mar thoradh ar an dlí sibhialta náisiúnta.
- (19) Maidir le hearraí nó seirbhísí, lena n-áirítear feidhmchláir bogearraí, a chur isteach ar na seirbhísí idirghabhála ar líne, ba cheart, go ginearálta, é a mheas mar ghníomhaíocht shoiléir dhearfach as a leanann tarscaoileadh na tréimhse fógra is gá le haghaidh athruithe a bheith á ndéanamh ag an úsáideoir gnó ar na téarmaí agus coinníollacha. I gcásanna, áfach, ina bhfuil an tréimhse fógra réasúnta agus comhréireach níos faide ná 15 lá toisc go n-éilítear leis na hathruithe ar na téarmaí agus na coinníollacha go ndéanfaidh an t-úsáideoir gnó oiriúnuithe suntasacha teicniúla nó tráchtála ar a earraí nó seirbhísí, níor cheart a mheas go bhfuil an tréimhse fógra tarscaoilte go huathoibríoch i gcás ina gcuirfidh an t-úsáideoir gnó earraí agus seirbhísí nua isteach. Ba cheart do sholáthraí na seirbhísí idirghabhála ar líne a bheith ag súil leis go gceanglófaí leis na hathruithe ar na téarmaí agus na coinníollacha ar an úsáideoir gnó coigeartuithe teicniúla suntasacha a dhéanamh i gcás, mar shampla, ina ndéanfaí gnéithe iomlána den tseirbhís idirghabhála ar líne a raibh rochtain ag na húsáideoirí gnó orthu a bhaint nó ina gcuirfí leo, nó i gcás ina bhféadfadh gá a bheith ag úsáideoirí gnó a n-earraí a oiriúnú nó a seirbhísí a athríomhchlárú ionas go mbeidh siad in ann leanúint de bheith ag oibriú trí na seirbhísí idirghabhála ar líne.
- (20) Chun úsáideoirí gnó a chosaint agus chun deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt don dá thaobh, ba cheart téarmaí agus coinníollacha neamhchomhlíontacha a bheith ar neamhní go hiomlán, is é sin le rá, ba cheart a mheas nárbh ann dóibh riamh, le héifeachtaí *erga omnes* agus *ex tunc*. Níor cheart don mhéid sin a bheith ag baint ach le forálacha sonracha na dtéarmaí agus na gcoinníollacha nach bhfuil comhlíontach. Ba cheart an chuid eile de na forálacha leanúint de bheith bailí agus in-fhorfeidhmíthe, a mhéid is gur féidir iad a scaradh ó na forálacha neamhchomhlíontacha. Féadfaidh athruithe tobanna ar théarmaí agus coinníollacha atá ann cheana cur isteach go mór ar oibríochtaí úsáideoirí gnó. Chun tionchar diúltach den sórt sin ar úsáideoirí gnó a theorannú, agus chun iompar den sórt sin a dhíspreagadh, ba cheart athruithe a dhéanfar de shárú ar an oibleagáid tréimhse sheasta fógra a thabhairt a bheith ar neamhní go hiomlán, is é sin le rá, ba cheart a mheas nárbh ann dóibh riamh, le héifeachtaí *erga omnes* agus *ex tunc*.

- (21) Chun a áirithiú gur féidir le húsáideoirí gnó leas iomlán a bhaint as na deiseanna tráchtála a thairgeann seirbhísí idirghabhála ar líne, níor cheart do sholáthraithe na seirbhísí sin cosc a chur go hiomlán ar a n-úsáideoirí gnó a gcéannacht trádála a chur ar fáil mar chuid dá dtairiscint ná dá láithreach ar na seirbhísí idirghabhála ábhartha ar líne. Níor cheart an toirmeasc sin ar chur isteach a thuiscint, áfach, mar cheart d'úsáideoirí gnó cur i láthar a dtairisceana nó na seirbhísí idirghabhála ábhartha ar líne a bheith i láthair a chinneadh go haontaobhach.
- (22) Is féidir cúiseanna dlisteanacha a bheith ag soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne le cinneadh a dhéanamh soláthar a sheirbhísí d'úsáideoirí gnó áirithe a shrianadh, a fhionraí nó a fhoirceannadh, lena n-áirítear earraí nó seirbhísí aonair de chuid úsáideoirí gnó áirithe a dhlíostú nó torthaí cuardaigh a bhaint go héifeachtach. Murab ionann is a bheith ar fionraí, is féidir le soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne liostaí aonair d'úsáideoirí gnó a shrianadh freisin; mar shampla trí íslíú a dhéanamh orthu nó trí dhífear diúltach a dhéanamh do chuma úsáideoira gnó ("lagú") rud is féidir a rangú a íslíú. Mar sin féin, toisc gur féidir leis na cinntí sin tionchar suntasach a imirt ar leasanna an úsáideoira gnó lena mbaineann, ba cheart ráiteas faoi na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin a sholáthar dóibh ar mheán marthanach sula ngabhfaidh éifeacht leis an srianadh, fionraí nó fhoirceannadh nó ag an tráth céanna. Chun tionchar diúltach na gcinntí sin ar úsáideoirí gnó a íoslághdú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne deis a thabhairt freisin na fíricí a raibh an cinneadh sin mar thoradh orthu a shoiléiriú faoi chuimsiú an phróisis inmheánaigh láimhseála gearán, rud a chabhróidh leis an úsáideoir gnó comhlíonadh a athbhunú nuair is féidir sin a dhéanamh. Ina theannta sin, i gcás ina gcúlghairfidh soláthraí idirghabhála ar líne an cinneadh chun na seirbhísí a shrianadh, a fhionraí nó a fhoirceannadh, mar shampla toisc go ndearnadh an cinneadh trí earráid nó nach ndearnadh an sárú ar na coinníollacha as ar lean an cinneadh de mheon mímhacánta agus gur leigheasadh é ar bhealach sásúil, ba cheart don soláthraí an t-úsáideoir gnó lena mbaineann a athbhunú gan moill mhíchúil, lena n-áirítear trí aon rochtain ar shonraí pearsanta nó ar shonraí eile, nó orthu araon, a bhí ar fáil roimh an gcinneadh a thabhairt don úsáideoir gnó. Leis an ráiteas faoi na cúiseanna atá leis sin an gcinneadh soláthar seirbhísí idirghabhála ar líne a shrianadh, a fhionraí nó a fhoirceannadh, ba cheart ligean d'úsáideoirí gnó a fháil amach an bhfuil deis ann agóid a dhéanamh faoin gcinneadh, agus ar an gcaoi sin na deiseanna a bheadh ag úsáideoirí gnó sásamh éifeachtach a lorg a fheabhsú i gcás inar ghá.

Ba cheart forais an chinnidh sin a shainiú sa ráiteas faoi chúiseanna, bunaithe ar na forais a bhí leagtha amach roimh ré ag an soláthraí sna téarmaí agus coinníollacha, agus go ndéanfaí tagairt ar dhóigh iomchuí do na himthosca ábhartha sonracha, lena n-áirítear fógraí tríú páirtí, ba chúis leis an gcinneadh sin. Níor cheart, áfach, a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne ráiteas faoi chúiseanna atá le srianta, fionraithe nó foirceanta a mhéid a sháródh an méid sin oibleagáid dhlíthiúil nó rialála. Ina theannta sin, níor cheart ráiteas faoi chúiseanna a cheangal i gcás inar féidir le soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne a léiriú gur sháraigh an t-úsáideoir gnó lena mbaineann na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme arís agus arís eile, rud a bhfuil soláthar iomlán na seirbhísí idirghabhála ar líne i dtrácht a fhoirceannadh mar thoradh air.

- (23) Cailteanas ollmhór saineolais a bheadh ann dá gcuirfí deireadh leis na seirbhísí idirghabhála ar líne ar fad agus dá scriosfaí sonraí gaolmhara a fhoráiltear le haghaidh na seirbhísí idirghabhála ar líne nó a ghintear trí sholáthar na seirbhísí sin, agus d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige sin ar úsáideoirí gnó agus d'fhéadfadh sé a bheith ina bhac orthu freisin cearta eile a thugtar faoin Rialachán seo a fheidhmiú go cuí. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraí seirbhísí idirghabhála ar líne ráiteas faoi na cúiseanna leis an gcinneadh sin a chur in iúl, ar mheán marthanach, don úsáideoir gnó lena mbaineann, 30 lá ar a laghad sula ngabhadh éifeacht le foirceannadh sholáthar iomlán na seirbhísí idirghabhála ar líne atá aige. Mar sin féin, i gcásanna ina gcuirfidh oibleagáid dhlíthiúil nó rialála ceanglas ar sholáthraí seirbhísí idirghabhála ar líne deireadh a chur lena sheirbhísí uile idirghabhála ar líne d'úsáideoirí gnó áirithe, níor cheart feidhm a bheith ag an tréimhse fógra sin. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart feidhm a bheith ag an tréimhse fógra 30 lá i gcás soláthraí a chuirfidh a chearta foirceanta i bhfeidhm faoin dlí náisiúnta agus i gcomhréir le dlí an Aontais lenar ceadmhach foirceannadh láithreach a dhéanamh más rud é, agus imthosca uile an cháis shonraigh á gcur san áireamh agus leas an dá pháirtí á mheá, nach féidir a bheith ag súil leis go leanfaidh an caidreamh conarthach ar aghaidh go dtí an dáta deiridh a comhaontaíodh nó go dtí go rachaidh an tréimhse fógra in éag. Ar deireadh, níor cheart feidhm a bheith ag an tréimhse fógra 30 lá i gcás ina bhféadfaidh soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne athshárú ar na téarmaí agus na coinníollacha a léiriú. Féadfaidh na heisceachtaí éagsúla ar an tréimhse fógra 30 lá teacht chun cinn go háirithe i dtaca le hinneachar mídhleathach nó míchuí sábháilteacht earra nó seirbhíse, góchumadh, calaois, bogearraí mailíseacha, turscar, sárúithe sonraí, rioscaí eile cibearshlándála nó oiriúnacht an earra nó na seirbhíse do mhionaóisigh. Chun comhréireacht a áirithiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne, i gcás inar réasúnach agus ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, earraí nó seirbhísí aonair úsáideoira gnó, agus iad sin amháin, a dhlíostú. Is é foirceannadh iomlán na seirbhísí idirghabhála ar líne an beart is déine.
- (24) I ndáil le rangú earraí agus seirbhísí ag soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne, imríonn sin tionchar tábhachtach ar rogha an tomhaltóra agus, dá bharr sin, ar rathúnas tráchtála na n-úsáideoirí gnó a thairgeann na hearraí agus na seirbhísí sin do thomhaltóirí. Baineann rangú leis an tsuntasacht choibhneasta a thugtar do thairiscintí na n-úsáideoirí gnó nó don ábharthacht a thugtar do torthaí cuardaigh, arna gcur i láthair, arna n-eagrú agus arna gcur in iúl ag soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne nó ag soláthraithe inneall cuardaigh ar líne, mar thoradh ar an úsáid a bhaintear as algartam lena mbaineann seicheamhú, rátáil nó sásraí athbhreithniúcháin, buaicphointí atá dírithe ar an tsúil nó uirlisí aireachtála eile, nó cónaisc díobh sin. Is é atá i gceist le hintuarthacht go gcinneann soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne rangú ar bhealach neamhthreallach. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí

idirghabhála ar líne na príomhpharaiméadair lena gcinnfear an rangú a leagan amach roimh ré, d'fhonn an intuarthacht a fheabhsú d'úsáideoirí gnó, chun ceadú dóibh feidhmiú an tsásra rangaithe a thuiscint níos fearr agus chun a chur ar a gcumas cleachtas rangaithe na soláthraithe éagsúla a chur i gcomparáid. Tá dearadh sonrath na hoibleagáide trédhearcachta sin tábhachtach d'úsáideoirí gnó mar tuigtear uaidh sainaithint sraith theoranta paraiméadar is mó atá ábhartha as líon i bhfad níos mó paraiméadar a bhfuil tionchar éigin acu ar an rangú. Leis an tuairisc réasúnaithe sin, ba cheart cuidiú le húsáideoirí gnó feabhas a chur ar chur i láthair a n-earraí agus a seirbhísí, nó ar roinnt buntréithe na n-earraí nó na seirbhísí sin. Ba cheart a thuiscint go dtagraíonn an coincheap príomhpharaiméadar d'aon chritéir ghinearálta, próisis, comharthaí sonracha a chorpraítear in algartaim nó aon sásraí coigeartaithe nó íslithe a úsáidtear i ndáil leis an rangú.

- (25) Sa tuairisc ar na príomhpharaiméadair lena gcinntear an rangú, ba cheart míniú a bheith ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ag úsáideoirí gnó tionchar gníomhach a imirt ar rangú os coinne luach saothair, mar aon le míniú ar na héifeachtaí coibhneasta a bhaineann leis sin. Sa chás sin, d'fhéadfadh sé go dtagródh luach saothair d'íocaíochtaí a rinneadh — agus é mar phríomhaidhm nó mar aidhm aonair leo rangú a fheabhsú, chomh maith le luach saothair indéach arb é sin úsáideoir gnó ag glacadh le hoibleagáidí breise d'aon chineál ag a bhféadfadh é sin a bheith mar éifeacht phraiticiúil, amhail úsáid a bhaint as seirbhísí ar seirbhísí coimhdeacha iad nó as scothghnéithe. Maidir leis an gcur síos ar an inneachar, lena n-áirítear líon agus cineál na bpríomhpharaiméadar, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh éagsúlacht mhór i gceist ag brath ar na seirbhísí sonracha idirghabhála ar líne, ach ba cheart tuiscint leormhaith a thabhairt d'úsáideoirí gnó ar an gcaoi a gcuireann an sásra rangaithe tréithe na n-earraí agus na seirbhísí iarbhair a thairgeann an t-úsáideoir gnó san áireamh, agus a n-ábharthacht do thomhaltóirí na seirbhísí idirghabhála sonracha ar líne. Na táscairí sin lena dtomhaistear cáilíocht na n-earraí nó na seirbhísí a bhíonn ag úsáideoirí gnó, an úsáid a bhaintear as eagarthóirí maille lena gcumas tionchar a imirt ar rangú na n-earraí nó na seirbhísí céanna sin, a mhéid a fhágann tionchar an luacha saothair a lorg ar an rangú a dhéantar orthu, chomh maith le heilimintí nach mbaineann ach ar éigean nó nach mbaineann ar chor ar bith leis an earra nó leis an tseirbhís féin, amhail an chaoi a gcuirtear i láthair iad sa tairiscint ar líne, is rudaí iad sin ar fad a d'fhéadfaí a lua mar shamplaí de phríomhpharaiméadair a bheidh ina gcuidiú — ach iad a chuimsiú sa chur síos ginearálta a thugtar, i dteanga atá simplí agus intuigthe, ar an sásra rangaithe — ag úsáideoirí gnó chun tuiscint leormhaith riachtanach a fháil ar an gcaoi a bhfeidhmíonn sé.
- (26) Ar an gcaoi chéanna, an rangú a dhéanann soláthraithe inneall cuardaigh ar líne ar shuíomhanna gréasáin, go háirithe na suíomhanna gréasáin sin trína dtairgeann gnóthais a n-earraí agus a seirbhísí do thomhaltóirí, imríonn sin tionchar mór ar rogha tomhaltóirí agus ar rathúnas tráchtála na n-úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha. Fágann sé sin gur cheart do sholáthraithe inneall cuardaigh tuairisc a chur ar fáil ar na príomhpharaiméadair lena gcinntear rangú na suíomhanna gréasáin innéacsaithe uile, agus ar an tábhacht choibhneasta a bhaineann leis na príomhpharaiméadair sin seachas paraiméadair eile, lena n-áirítear suíomhanna úsáideoirí corparáideacha agus úsáideoirí suíomhanna eile. De bhreis ar thréithe na n-earraí agus na seirbhísí agus a ábhartha atá siad ó thaobh na dtomhaltóirí de, ba cheart a cheadú leis an tuairisc sin, i gcás innill cuardaigh ar líne, d'úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha ar líne tuiscint leordhóthanach a fháil an gcuirtear tréithe áirithe de dhearadh an tsuímh gréasáin a úsáidtear san áireamh, amhail iad a optamú lena dtaispeáint ar ghléasanna cumarsáide móibleacha, agus má chuirtear, conas a dhéantar sin agus an méid a dhéantar é. Ba cheart míniú a thabhairt sa tuairisc sin freisin ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ag úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha tionchar gníomhach a imirt ar rangú os coinne luach saothair, mar aon le míniú a thabhairt freisin ar na héifeachtaí coibhneasta a bhaineann leis sin. D'uireasa caidreamh conarthach idir soláthraithe inneall cuardaigh ar líne agus úsáideoirí suíomhanna corparáideacha, ba cheart an tuairisc sin a chur ar fáil don phobal in áit fhollasach atá inrochtana gan stró ar an inneall cuardaigh ábhartha ar líne. Leis na leathanaigh sin ar shuíomhanna gréasáin ar gá logáil isteach orthu nó clárú leo, níor cheart a thuiscint go mbeadh fáil orthu go furasta agus go poiblí sa chiall sin.

Chun intuarthacht a áirithiú d'úsáideoirí suíomhanna corparáideacha ba cheart an tuairisc a choinneáil cothrom le dáta, lena n-áirítear an deis aon athruithe ar na príomhpharaiméadair a bheith so-aitheanta. Thairbheodh úsáideoirí seachas úsáideoirí corparáideacha suíomhanna gréasáin an innill cuardaigh ar líne de thuairisc ar na príomhpharaiméadair a bheith ann. I gcásanna áirithe, is féidir le soláthraithe inneall cuardaigh ar líne a chinneadh tionchar a imirt ar an rangú i gcás ar leith nó suíomh gréasáin ar leith a dhíliostú ó rangú bunaithe ar fhógraí tríú páirtí. Murab ionann agus soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne, ní féidir a bheith ag súil leis, mar gheall ar easpa caidrimh chonarthaigh idir na páirtithe, go dtabharfaidh soláthraithe inneall cuardaigh ar líne fógra d'úsáideoirí suímh gréasáin corparáidigh go díreach faoi athrú ar ord an rangaithe nó faoi dhíliostáil mar gheall ar fhógra tríú páirtí. Mar sin féin, ba cheart d'úsáideoirí suímh gréasáin corparáidigh a bheith in ann cigireacht a dhéanamh ar inneachar an fhógra arb é an t-athrú ar ord an rangaithe i gcás sonrath nó suíomh gréasáin ar leith a dhíliostú a raibh mar thoradh air, trí mscrúdú a dhéanamh ar inneachar an fhógra amhail i mbunachar sonraí ar líne atá inrochtana go poiblí. Chabhródh sé sin le maolú a dhéanamh ar mhí-úsáid a d'fhéadfadh iomaitheoirí a bhaint as fógraí a bhféadfadh díliostáil a bheith mar thoradh air.

- (27) Níor cheart a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne ná ar sholáthraithe inneall cuardaigh ar líne, feidhmiú mionsonraithe a sásraí rangaithe a nochtadh, lena n-áirítear a n-algartaim, faoin Rialachán seo. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart dochar a dhéanamh dá gcumas gníomhú i gcoinne cúbláil mhailíseach ar rangú ag tríú páirtí, lena n-áirítear chun leasa na dtomhaltóirí. Ba cheart, leis an gcur síos ginearálta ar na príomhpharaiméadair rangaithe, na leasanna sin a chaomhnú agus ag an am céanna tuiscint leormhaith a thabhairt d'úsáideoirí gnó agus d'úsáideoirí suíomhanna corparáideacha i dtaca le feidhmiú an rangaithe i gcomhthéacs a n-úsáid de sheirbhísí sonracha idirghabhála ar líne nó innill cuardaigh ar líne. Chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóir an Rialacháin

seo, ní ceart leasanna tráchtála na soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne nó na soláthraithe inneall cuardaigh ar líne a bheith ina siocair gan na príomhpharaiméadair lena gcinntear rangú a nochtadh. Maidir leis sin, cé nach dochar an Rialachán seo do Threoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾, ba cheart an tuairisc a thabharfar a bheith bunaithe ar shonraí iarbhir maidir le hábharthacht na bparaiméadar rangaithe a úsáidfead.

- (28) Ba cheart don Choimisiún treoirilínte a fhorbairt chun cabhrú le soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus soláthraithe inneall cuardaigh ar líne na ceanglais trédhearcachta um rangú a leagtar síos leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Leis an iarracht sin, ba cheart cuidiú leis an bhfeabhas is féidir a chur ar an gcaoi ina sainaitheofar na príomhpharaiméadair lena ndéantar rangú a chinneadh agus a chur i láthair d'úsáideoirí gnó agus d'úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha.
- (29) Ba cheart earraí agus seirbhísí coimhdeacha a thuiscint mar earraí agus seirbhísí arna dtairiscint don tomhaltóir go díreach sula ndéantar idirbheart a tionscnaíodh ar sheirbhísí idirghabhála ar líne a chur i gcrích chun na hearraí príomhúla agus na seirbhísí príomhúla atá á dtairiscint ag an úsáideoir gnó a chomhlánú. Le hearraí agus seirbhísí coimhdeacha, tagraítear do tháirgí a bhíonn ag brath de ghnáth ar an earra príomhúil nó ar an tseirbhís phríomhúil, agus a bhaineann go díreach leo, ionas gur féidir leo feidhmiú. Dá bhrí sin, ba cheart a eisiámh ón téarma earraí agus seirbhísí nach bhfuil ach á ndíol de bhreis ar an earra príomhúil nó an tseirbhís phríomhúil atá i dtrácht seachas iad a bheith de chineál comhlántach. I measc na samplaí de sheirbhísí coimhdeacha tá seirbhísí deisiúcháin le haghaidh earraí sonracha nó táirgí airgeadais amhail árachas do charranna ar cíos a thairgtear ionas go gcomhlánófar na hearraí sonracha nó na seirbhísí sonracha atá á dtairiscint ag an úsáideoir gnó. Ar an dóigh chéanna, d'fhéadfaí a áireamh le hearraí coimhdeacha earraí a chomhlánaíonn an táirge sonracha atá á thairiscint ag an úsáideoir gnó trí bheith ina uasghrádú nó uirlis saincheapacháin atá nasctha leis an táirge sonracha sin. Soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne a thairgeann earraí nó seirbhísí do thomhaltóirí atá coimhdeach le hearraí nó seirbhísí a dhíolann úsáideoir gnó trí úsáid a bhaint as a seirbhísí idirghabhála ar líne, ba cheart dóibh a leagan amach ina dtéarmaí agus coinníollacha tuairisc ar chineál na n-earraí agus seirbhísí coimhdeacha atá á dtairiscint. Ba cheart tuairisc den sórt sin a bheith ar fáil sna téarmaí agus coinníollacha beag beann ar cibé an bhfuil an earra coimhdeach á sholáthar nó an bhfuil an tseirbhís coimhdeach á soláthar ag soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne é féin nó ag tríú páirtí. Ba cheart do thuairisc den sórt sin a bheith cuimsitheach go leor ionas go mbeidh úsáideoir gnó in ann a thuiscint an bhfuil aon earra á dhíol nó seirbhís á díol mar earra coimhdeach nó seirbhís coimhdeach le hearraí nó seirbhísí an úsáideora gnó. Ní gá gur cheart a áireamh leis an tuairisc an earra sonracha nó seirbhís shonrach, ach ba cheart a áireamh léi cineál an táirge atá á thairiscint mar tháirge atá coimhdeach le táirge príomhúil an úsáideora gnó. Thairis sin, ba cheart a áireamh sa tuairisc sin i ngach imthoisc an ligtear don úsáideoir gnó a chuid earraí nó seirbhísí coimhdeacha féin a thairiscint agus na coinníollacha faoina ligtear dó iad a thairiscint sa bhreis ar an earra príomhúil atá á thairiscint aige nó an tseirbhís phríomhúil atá á dtairiscint aige trí na seirbhísí idirghabhála ar líne.
- (30) I gcás ina dtairgfídh soláthraí seirbhísí idirghabhála féin earraí agus seirbhísí áirithe do thomhaltóirí trína sheirbhísí idirghabhála ar líne, nó ina ndéanfaidh sé sin trí bhíthin úsáideoir gnó a bhfuil sé i gceannas air, d'fhéadfadh an soláthraí sin dul in iomaíocht go díreach le húsáideoirí eile gnó a bhaineann úsáid as a chuid seirbhísí idirghabhála ar líne nach bhfuil an soláthraí i gceannas orthu, rud a d'fhéadfadh dreasacht eacnamaíoch a thabhairt don soláthraí agus a chur ar a chumas a rialú ar na seirbhísí idirghabhála ar líne a úsáid chun buntáistí teicniúla nó eacnamaíocha a sholáthar dá thairiscint féin, nó dóibh siúd a thairgeann úsáideoir gnó a rialaíonn sé, ar buntáistí iad a d'fhéadfadh sé a dhiúltú d'úsáideoirí iomaíocha gnó. D'fhéadfadh iompar den sórt an bonn a bhaint ó iomaíocht chothrom agus rogha tomhaltóirí agus rogha tomhaltóirí a shrianadh. Sna cásanna sin, go háirithe, tá sé tábhachtach go ngníomhóidh an soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne ar bhealach trédhearcach agus go dtabharfaidh sé tuairisc iomchuí ar aon chóir dhifreáilte, agus go leagfaidh sé amach na breithnithe d'aon chóir dhifreáilte, cibé acu trí mhodhanna dlíthiúla, tráchtála nó teicniúla, amhail feidhmiúlachtaí a bhaineann le córais oibríochta, a d'fhéadfadh sé a dhéanamh i ndáil le hearraí nó seirbhísí a thairgeann sé féin i gcomparáid leis na hearraí sin a thairgeann úsáideoirí eile gnó. Chun an chomhréireacht a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin maidir le leibhéal na seirbhísí idirghabhála foriomlána ar líne seachas maidir le leibhéal na n-earraí nó na seirbhísí aonair a thairgtear trí bhíthin na seirbhísí sin.
- (31) I gcás ina dtairgfídh soláthraí innill cuardaigh ar líne earraí agus seirbhísí áirithe do thomhaltóirí trína sheirbhísí idirghabhála ar líne, nó ina ndéanfaidh sé sin trí bhíthin úsáideoir suímh gréasáin chorparáidigh a bhfuil sé i gceannas air, d'fhéadfadh an soláthraí sin dul in iomaíocht go díreach le húsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha a bhaineann úsáid as a chuid inneall cuardaigh ar líne nach bhfuil an soláthraí i gceannas orthu. Sna cásanna sin, go háirithe, tá sé tábhachtach go ngníomhóidh soláthraí na seirbhíse idirghabhála ar líne ar bhealach trédhearcach agus go dtabharfaidh sé tuairisc ar aon chóir dhifreáilte, cibé acu trí mhodhanna dlíthiúla, tráchtála nó teicniúla, a d'fhéadfadh sé a dhéanamh i leith earraí nó seirbhísí a thairgeann sé féin nó trí shuíomh gréasáin corparáideach a rialaíonn sé, i gcomparáid leis na hearraí sin a thairgeann úsáideoirí iomaíocha suíomhanna gréasáin corparáideacha. Chun an chomhréireacht a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin maidir le leibhéal an innill fhoriomláin cuardaigh ar líne seachas maidir le leibhéal na n-earraí nó na seirbhísí aonair a thairgtear trí bhíthin na seirbhísí sin.

⁽⁹⁾ Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó neamhnocta (rúin trádála) a chosaint ar fháil, ar úsáid agus ar nochtadh neamhdhleathach (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1).

- (32) Ba cheart díriú ar théarmaí conarthacha sonracha sa Rialachán seo, go háirithe i gcásanna éagthromaíochtaí cumhachta mhargála, chun a áirithiú go ndéanfar caidreamh conarthach de mheon macánta agus ar bhonn cóirdhéileála. Éilítear le hintuarthacht agus trédhearcacht go dtugtar fiordheis d'úsáideoirí gnó eolas a chur ar athruithe ar théarmaí agus coinníollacha nár cheart, dá bhrí sin, a fhorchur le héifeacht chúlghabhálach mura rud é go bhfuil siad bunaithe ar oibleagáid dhlíthiúil nó rialála nó go bhfuil siad tairbheach do na húsáideoirí gnó sin. Ina theannta sin, ba cheart soiléireacht a thairiscint d'úsáideoirí gnó maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfar a gcaidreamh conarthach le soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne a fhoirceannadh. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne a áirithiú go bhfuil na coinníollacha foirceanta i gcónaí comhréireach agus gur féidir iad a fheidhmiú gan deacracht mhíchuí. Ar deireadh, ba cheart úsáideoirí gnó a chur ar an eolas go hiomlán maidir le haon rochtain a choimeádann soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne, tar éis dhul in éag an chonartha, ar an bhfaisnéis a dhéanann úsáideoirí gnó a sholáthar nó a ghiniúint i gcomhthéacs na húsáide a bhaineann siad as seirbhísí idirghabhála ar líne.
- (33) Leis an gcumas sonraí a rochtain agus a úsáid, lena n-áirítear sonraí pearsanta, is féidir cruthú luacha tábhachtach a chumasú i ngeilleagar na n-ardán ar líne, ní hamháin i gcoitinne, ach freisin do na húsáideoirí gnó agus na seirbhísí idirghabhála ar líne atá bainteach leis. Dá réir sin, tá sé tábhachtach go dtabharfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne tuairisc shoiléir d'úsáideoirí gnó ar raon feidhme agus cineál na rochtana atá acu ar chatagóirí áirithe sonraí agus na húsáide a bhaineann siad astu, agus na coinníollach a bhaineann leis an rochtain agus an úsáid sin. Ba cheart an tuairisc sin bheith comhréireach agus go dtagródh sé do choinníollacha ginearálta maidir le rochtain, de rogha ar shainaitheant uileghabhálach sonraí nó catagóirí de shonraí. D'fhéadfaí a chur san áireamh sa tuairisc sainaitheant agus rochtain shonrach, áfach, ar chineálacha áirithe sonraí iarbhair a d'fhéadfadh a bheith an-ábhartha d'úsáideoirí gnó. D'fhéadfaí a áireamh sna sonraí sin rátálacha agus athbhreithnithe arna gcarnadh ag úsáideoirí gnó ar na seirbhísí idirghabhála ar líne. Ba cheart, trí chéile, leis an tuairisc sin go gcuirfí ar chumas úsáideoirí gnó a dhéanamh amach an féidir leo na sonraí a úsáid chun cruthú luacha a fheabhsú, lena n-áirítear, b'fhéidir, trí tháille áirithíochta a thabhairt do sheirbhísí sonraí tríú páirtithe.
- (34) Sa chaoi chéanna, tá sé tábhachtach d'úsáideoirí gnó a thuiscint an gcomhroinneann an soláthraí aon sonraí a gineadh trí sheirbhís idirghabhála a bheith á húsáid ag an úsáideoir gnó. Ba cheart, go háirithe, go gcuirfí úsáideoirí gnó ar an eolas faoi aon chomhroinnt sonraí a bheith á déanamh ar shonraí le tríú páirtithe chun críocha nach gá le haghaidh fheidhmiú chuí na seirbhísí idirghabhála ar líne; mar shampla i gcás ina gcuireann an soláthraí luach airgid ar na sonraí atá faoi bhreithniú tráchtála. Chun lamháil d'úsáideoirí gnó cearta atá ar fáil chun tionchar a bheith ar an gcomhroinnt sonraí sin a lánfheidhmiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne a bheith sainráiteach freisin faoi fhéidearthachtaí diúltú do chomhroinnt sonraí i gcás inarb ann dóibh faoina gcaidreamh conarthach leis an úsáideoir gnó.
- (35) Níor cheart na ceanglais sin a thuiscint mar aon oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne sonraí pearsanta nó neamhpearsanta a scaipeadh do na húsáideoirí gnó nó gan iad a scaipeadh dóibh. Is príomhfhoinse nuálaíochta agus fáis na bearta trédhearcachta, áfach, agus d'fhéadfaidís cuidiú le méadú na comhroinnte sonraí agus, ina theannta sin, feabhas a chur ar na haidhmeanna lena gcruthófar spás coiteann Eorpach do shonraí. Ba cheart próiseáil ar shonraí pearsanta a bheith i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil, agus maidir le hurraim don saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta i gcumarsáid leictreonach, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ⁽⁶⁾, Treoir (AE) 2016/680 ⁽⁷⁾ agus Treoir 2002/58/CE ⁽⁸⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (36) I gcásanna áirithe d'fhéadfadh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne srian a chur, ina dtéarmaí agus coinníollacha, ar an gcumas atá in úsáideoirí gnó earraí nó seirbhísí a thairiscint do thomhaltóirí ar choinníollacha níos fabhraí ar bhealaí seachas trí na seirbhísí idirghabhála ar líne sin. Sna cásanna sin, ba cheart do na soláthraithe lena mbaineann na forais chun déanamh amhlaidh a leagan amach, go háirithe i ndáil le príomhbhreithnithe eacnamaíochta, tráchtála nó dlí na srianta. Níor cheart a thuiscint go ndéanfaí difear leis an oibleagáid trédhearcachta do mheasúnú dhlíthiúlacht na srianta sin faoi ghníomhartha eile de dhlí an Aontais nó de dhlí na mBallstát atá i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear i réimsí na hiomaíochta agus na gcleachtas tráchtála éagórach, agus cur i bhfeidhm na ndlíthe sin.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

⁽⁷⁾ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údarais inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

⁽⁸⁾ Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

- (37) Lena chur ar a gcumas d'úsáideoirí gnó, lena n-áirítear na húsáideoirí sin a d'fhéadfadh an cead a bheadh acu na seirbhísí idirghabhála ar líne a úsáid a bheith srianta, curtha ar fionraí nó foirceanta, rochtain a fháil ar dheiseanna sásaimh láithreacha oiriúnacha éifeachtacha, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne foráil a dhéanamh maidir le córas inmheánach láimhseála gearán. Maidir leis an gcóras inmheánach láimhseála gearán sin, ba cheart é a bheith bunaithe ar phrionsabail na trédhearcachta agus na córa combhionainne a chuirtear i bhfeidhm ar staideanna coibhéiseacha, dírithe ar a áirithiú gur féidir leis an soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne agus an úsáideoir gnó is ábhartha sciar suntasach de na gearáin a réiteach go déthaobhach, laistigh de thréimhse ama réasúnta. D'fhéadfadh na soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne an cinneadh a rinne siad a choimeád i bhfeidhm le linn thréimse an ghearán. Aon iarracht chun teacht ar chomhaontú tríd an bpróiseas inmheánach láimhseála gearán, ní dhéanfaidh sí difear do chearta sholáthraithe na seirbhísí idirghabhála ar líne nó na n-úsáideoirí gnó i dtaca le himeachtaí breithiúnacha a thionscnamh aon tráth le linn an phróisis inmheánaigh láimhseála gearán nó ina dhiaidh. Ina theannta sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne faisnéis a fhoilsiú agus, go bliantúil ar a laghad, a fhíorú faisnéis maidir le feidhmiú agus éifeachtacht a gcóras inmheánach láimhseála gearán chun cabhrú le húsáideoirí gnó tuiscint a fháil ar na príomhchineálacha saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcomhthéacs seirbhísí idirghabhála difriúla ar líne a sholáthar agus ar na deiseanna atá ann teacht ar réiteach déthaobhach gasta éifeachtach.
- (38) Is é is aidhm le ceanglais an Rialacháin seo maidir le córais inmheánacha láimhseála gearán méid réasúnach solúbthachta a cheadú do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus na córais sin á bhfeidhmiú acu agus iad ag déileáil le gearáin aonair ionas go laghdófar aon ualach riaracháin a bheidh ann. Ina theannta sin, leis na córais inmheánacha láimhseála gearán, ba cheart ligean do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne aghaidh a thabhairt, i gcás inar gá, ar bhealach comhréireach ar aon úsáid a dhéanfaidh úsáideoirí gnó áirithe iarracht a bhaint as na córais sin de mheon mímhacánta. I bhfianaise na gcostas a bhaineann leis na córais sin a bhunú agus a fheidhmiú, is iomchuí aon soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne ar fiontair bheaga iad a dhíolmhú ó na hoibleagáidí sin, i gcomhréir le forálacha ábhartha de Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún⁽⁹⁾. Áirithíonn na rialacha maidir le comhdhlúthú a leagtar síos sa Mholadh sin nach mbeifear in ann teacht timpeall air. Mar sin féin, níor cheart don díolúine sin difear a dhéanamh do cheart na bhfiontar sin córas inmheánach láimhseála gearán, a chomhlíonann na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo, a chur ar bun ar bhonn deonach.
- (39) Níor cheart a thuiscint le húsáid an fhocail “inmheánach” go bhfuil cosc ar chóras inmheánach láimhseála gearán a tharmligean chuig soláthraí seirbhíse seachtrach nó struchtúr corparáideach eile, chomh fada agus atá údarás agus cumas iomlán soláthraí nó struchtúr corparáideach eile a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais an Rialacháin seo leis an gcóras inmheánach láimhseála gearán.
- (40) Leis an idirghabháil tugtar do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus dá n-úsáideoirí gnó modh chun díospóidí a réiteach ar bhealach sásúil gan an gá dul i mbun imeachtaí dlíthiúla, rud a bhíonn fadálach costasach uaireanta. Dá bharr sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne an idirghabháil a éascú, go háirithe, trí bheirt idirghabhálaithe phoiblí nó phríobháideacha ar a laghad, a mbeidís sásta déileáil leo, a shainaithe. Is é an aidhm go gceanglaítear íoslíon na n-idirghabhálaithe a shainaithe neodracht na n-idirghabhálaithe a chosaint. Níor cheart d'idirghabhálaithe a chuireann a seirbhísí ar fáil ó áit atá lasmuigh den Aontas a shainaithe ach amháin, i gcás ina n-úsáidtear na seirbhísí sin, má ráthaítear nach ndéanfar aon chosaint dlíthiúil a thugtar do na húsáideoirí gnó lena mbaineann faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta a cheilt orthu, lena n-áirítear ceanglais an Rialacháin seo agus an dlí is infheidhme a bhaineann le sonraí pearsanta agus rúin trádála a chosaint. Chun a bheith chomh hinrochtana cóir gasta éifeachtúil agus éifeachtach agus is féidir, ba cheart do na hidirghabhálaithe sin critéir shocraithe áirithe a chomhlíonadh. Mar sin féin, fágfar faoi sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus a n-úsáideoirí gnó cinneadh a dhéanamh eatarthu féin pé idirghabhálaí is ansa leo a roghnú d'fhonn díospóid atá tagtha chun cinn eatarthu a réiteach. I gcomhréir le Treoir 2008/52/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁰⁾, ba cheart don idirghabháil dá bhforáiltear sa Rialachán seo a bheith ina próiseas deonach sa chiall go bhfuil na páirtithe féin i gceannas ar an bpróiseas agus gur féidir leo í a thosú agus a fhoirceannadh aon tráth. Bíodh is gur seirbhísí deonacha atá i gceist, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne scrúdú a dhéanamh de mheon macánta ar iarrataí a dhéantar orthu tabhairt faoin tseirbhís idirghabhála dá bhforáiltear sa Rialachán seo.
- (41) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne cion réasúnach de chostais uile na hidirghabhála a sheasamh agus gnéithe ábhartha uile an cháis i dtrácht á gcur san áireamh. Chuige sin, ba cheart don idirghabhálaí a mholadh cé acu coibhneas is réasúnach i ngach cás aonair. I bhfianaise na gcostas agus an ualaigh riaracháin a bhaineann leis an ngá atá le hidirghabhálaithe a shainaithe sna téarmaí agus sna coinníollacha, is iomchuí aon soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne ar fiontair bheaga iad a dhíolmhú ón oibleagáid sin, i gcomhréir le forálacha ábhartha Mholadh 2003/361/CE. Áirithíonn na rialacha maidir le comhdhlúthú a leagtar síos sa Mholadh sin nach mbeifear in ann teacht timpeall ar an oibleagáid sin. Mar sin féin, níor cheart don mhéid sin difear a dhéanamh do cheart na bhfiontar sin idirghabhálaithe a shainaithe sna téarmaí agus sna coinníollacha, a chomhlíonann na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo.

⁽⁹⁾ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

⁽¹⁰⁾ Treoir 2008/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le gnéithe áirithe den idirghabháil in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO L 136, 24.5.2008, lch. 3).

- (42) Ós rud é gur cheart é a bheith de cheangal ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne i gcónaí na hidirghabhálaithe a bhfuil siad sásta déileáil leo a shainaithint, agus gur cheart é a bheith d'oibleagáid orthu páirt a ghlacadh de mheon macánta le linn aon iarrachtaí idirghabhála a sheoltar de bhun an Rialacháin seo, ba cheart na hoibleagáidí seo a bhunú ar bhealach a chuireann cosc ar úsáideoirí gnó mí-úsáid a bhaint as an gcóras idirghabhála. Chomh maith leis sin, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar úsáideoirí gnó dul i mbun idirghabhála de mheon macánta. Níor cheart oibleagáid a bheith ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne dul i mbun idirghabhála i gcás ina dtionscnaíonn úsáideoir gnó imeachtaí maidir le hábhar ar ina leith a thionscain an t-úsáideoir gnó sin imeachtaí roimhe sin ag lorg idirghabhála agus gur chinn an t-idirghabhálaí sa chás sin nár ghníomhaigh an t-úsáideoir gnó de mheon macánta. Níor cheart an oibleagáid a bheith ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne dul i mbun idirghabhála le húsáideoirí gnó a bhfuil iarrachtaí ar idirghabháil nár éirigh leo curtha arís agus arís eile faoi bhráid an idirghabhálaí. Leis na cásanna eisceachtúla sin, níor cheart teorainn a chur ar chumas an úsáideora gnó cás a chur chun idirghabhála i gcás, de réir mar a chinn an t-idirghabhálaí, nach bhfuil gaol ag an idirghabháil leis na cásanna roimhe sin.
- (43) Chun réiteach díospóidí a bhaineann le soláthar seirbhísí idirghabhála ar líne a éascú trí idirghabháil a dhéanamh san Aontas, ba cheart don Choimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, bunú eagraíochtaí idirghabhála speisialaithe a spreagadh, rud atá de dhíth faoi láthair. Rannpháirteachas idirghabhálaithe a mbeadh eolas speisialaithe acu ar sheirbhísí idirghabhála ar líne agus ar earnálacha sonracha den tionscal ina soláthraítear na seirbhísí seo, ba cheart don rannpháirteachas sin cur leis an muinín atá ag an dá pháirtí as an bpróiseas idirghabhála agus ba cheart é a bheith níos dóchúlú go dtiocfadh as an bpróiseas sin toradh gasta cóir sásúil.
- (44) De thoradh tosa éagsúla, amhail acmhainní airgeadais teoranta, an eagla roimh dhíoltas agus gan ach an saghas sin rogha a bheith le fáil de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha, is féidir teorainn a bheith le héifeachtacht na ndéiseanna sásaimh bhreithiúnaigh atá ann, na déiseanna sin go háirithe lena gceanglaítear ar úsáideoirí gnó nó úsáideoirí suíomhanna corparáideacha gníomhú ina n-aonar nó ar bhealach ina n-aithneofaí iad. Chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart an deis a thabhairt d'eagraíochtaí, do chomhlachais a dhéanann ionadaíocht ar úsáideoirí gnó nó úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha, mar aon le comhlachtaí poiblí áirithe atá bunaithe sna Ballstáit, caingean a thabhairt os comhair cúirteanna náisiúnta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear ceanglais náisiúnta nósanna imeachta. Ba cheart gurbh é an aidhm le caingean den sórt sin os comhair cúirt náisiúnta sárúithe ar na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo a stopadh nó a chosc agus díobháil a chosc sa todhcháil a d'fhéadfadh an bonn a bhaint den ghaol gnó inbhuanaithe i ngeilleagar na n-ardán ar líne. Lena áirithiú go bhfeidhmeoidh na heagraíochtaí nó na comhlachais sin an ceart sin go héifeachtach agus go hiomchuí, ba cheart dóibh critéir áirithe a chomhlíonadh. Go sonrath, caithfidh siad a bheith bunaithe go cuí i gcomhréir le dlí Ballstáit ar leith, a bheith ina eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus a gcuspóirí a chur i gcrích ar bhonn leanúnach. Ba cheart do na ceanglais sin cosc a chur ar bhunú *ad hoc* eagraíochtaí nó comhlachas chun críche gníomh nó gníomhartha sonracha, nó chun críche brabús a dhéanamh. Thairis sin, ba cheart a áirithiú nach bhfuil aon tionchar míchuí ó aon duine de na soláthraithe tríú páirtí ar chinnteoireacht a bheith á maoiniú ag na heagraíochtaí nó na comhlachais sin.

Chun coinbhleacht leasa a sheachaint, ba cheart go háirithe cosc a bheith ar eagraíochtaí nó comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar úsáideoirí gnó nó ar úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha a bheith faoi réir tionchar míchuí ó aon soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne nó inneall cuardaigh ar líne. Le nochtadh iomlán agus poiblí faisnéise maidir le comhaltas agus foinse maoinithe, ba cheart cúirteanna náisiúnta a éascú measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil na critéir incháilitheachta á gcomhlíonadh. I bhfianaise an stádais ar leith atá ag na comhlachtaí poiblí ábhartha sna Ballstáit inar cuireadh na comhlachtaí sin ar bun, ba cheart gur ar na comhlachtaí sin amháin a cheanglófaí go leithleach, i gcomhréir le rialacha ábhartha an dlí náisiúnta, na cainge sin a thabhairt ar mhaithe le leas comhchoiteann na bpáirtithe lena mbaineann nó ar mhaithe leis an leas ginearálta, gan aon ghá a bheith ann na critéir sin a chur i bhfeidhm maidir leis na comhlachtaí sin. Ba cheart nach ndéanadh caingne den sórt sin aon difear do na cearta atá ag úsáideoirí gnó agus úsáideoirí suíomhanna gréasáin caingean bhreithiúnach a thabhairt.

- (45) Ba cheart sainaitheantas na n-eagraíochtaí, na gcomhlachas agus na gcomhlachtaí poiblí sin atá cáilithe, dar leis na Ballstáit, chun caingean a thionscnamh faoin Rialachán seo, a chur in iúl don Choimisiún. Agus rudaí den sórt sin á gcur in iúl acu, ba cheart do na Ballstáit tagairt ar leith a dhéanamh do na forálacha ábhartha náisiúnta ar dá réir a rinneadh an eagraíocht, an comhlachas nó an comhlacht poiblí a bhunú, agus, i gcás inarb iomchuí, tagairt a dhéanamh don chlár poiblí ábhartha inar cláraíodh an eagraíocht nó an comhlacht. Leis an rogha bhreise sin atá ainmnithe ag na Ballstáit, ba cheart leibhéal áirithe de dheimhneacht dhlíthiúil agus d'intuarthacht a thabhairt ar féidir le húsáideoirí gnó agus le húsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha brath air. Ag an am céanna, tá sé d'aidhm aige nósanna imeachta breithiúnacha a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos giorra, rud a dhealaíonn a bheith iomchuí sa chomhthéacs sin. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfoilseofar liosta de na heagraíochtaí, na comhlachais agus na comhlachtaí poiblí sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá gcuirfí eagraíocht, comhlachas nó comhlacht poiblí ar an liosta sin, ba cheart don mhéid sin a bheith ina fhianaise inbhréagnaithe

maidir le hinniúlacht dhlíthiúil na heagraíochta, an chomhlachais nó an chomhlachta phoiblí atá i mbun an chainean a thionscnamh. I gcás ina bhfuil aon chúiseanna inni ann maidir le hainmniú, is ceart don Bhallstát a d'ainmnigh an eagraíocht, an comhlachas nó an comhlacht poiblí na húdair inni sin a fhiosrú. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag eagraíochtaí, comhlachais, agus comhlachtaí poiblí nach n-ainmnítear ag Ballstát, cás a thabhairt os comhair na gcúirteanna náisiúnta, agus is ceart dóibh siúd an inniúlacht dhlíthiúil a scrúdú de réir na gcrítear a shocraítear sa Rialachán seo.

- (46) Ba cheart é a bheith de cheangal ar na Ballstáit forfheidhmiú leormhaith agus éifeachtach ar an Rialachán seo a áirithiú. Is ann do chórais éagsúla forfheidhmithe sna Ballstáit cheana féin, agus níor cheart oibleagáid a bheith orthu comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe nua a chur ar bun. Tá sé de rogha ag Ballstáit forfheidhmiú an Rialacháin seo a fhágáil faoi na húdaráis atá ann cheana féin, cúirteanna san áireamh. Níor cheart don Rialachán seo oibleagáid a chur ar na Ballstáit foráil a dhéanamh d'fhorfheidhmiú *ex officio* ná fineálacha a fhorchur.
- (47) Ba cheart don Choimisiún faireachán leanúnach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Sa chomhthéacs sin, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an gCoimisiún líonra malartaithe faisnéise leathan a bhunú trí chomhlachtaí saineolaithe ábhartha, ionaid bharrfheabhais, chomh maith leis an bhFaireachlann maidir le Geilleagar na nArdán ar Líne, a luamhanú. An tráth céanna, ba cheart do na Ballstáit aon fhaisnéis ábhartha atá acu sa chomhthéacs sin a sholáthar don Choimisiún, arna iarraidh sin. Ar deireadh, ba cheart don fheidhmiú sin tairbhiú den trédhearcacht fheabhsaithe fhoriomlán sa chaidreamh tráchtála idir úsáideoirí gnó agus soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus idir úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha agus innill chuardaigh ar líne arb aidhm don Rialachán seo é sin a bhaint amach. Chun a dhualgais maidir le faireachán agus athbhreithniú a chomhlíonadh go héifeachtach faoin Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún féachaint le faisnéis a bhailiú ó sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne comhoibriú de mheon macánta i mbailiú na sonraí sin a éascú, i gcás inarb infheidhme.
- (48) Féadfar le cóid iompair, a tharraingeoidh suas na soláthraithe seirbhísí lena mbaineann, nó na heagraíochtaí nó na comhlachais a dhéanann ionadaíocht orthu, rannchuidiú le cur chun feidhme cuí an Rialacháin seo agus dá bharr sin ba cheart an méid sin a spreagadh. Agus na cóid iompair sin á dtarraingt suas, i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, ba cheart aird chuí a thabhairt ar ghnéithe sonracha na n-earnálacha lena mbaineann agus ar thréithe FBManna. Ba cheart na cóid iompair sin a chur i bhfriotal ar bhealach oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach.
- (49) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo go tráthrialta, agus dlúthfhairesachán a dhéanamh ar a éifeachtaí ar gheilleagar na n-ardán ar líne, go háirithe d'fhonn an gá atá le leasuithe a mheas i bhfianaise forbairtí teicneolaíochta agus forbairtí tráchtála. Ba cheart a áireamh sa mheastóireacht sin na héifeachtaí ar na húsáideoirí gnó a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar úsáid ghinearálta a bheith á baint as rogha eisiach an dlí agus as forálacha fóraim a chinneann soláthraí na seirbhísí idirghabhála ar líne go haontaobhach. Chun spléachadh leathan a fháil ar na forbairtí san earnáil, ba cheart taithí na mBallstát agus na ngeallsealbhóirí ábhartha a chur i gcuntas sa mheastóireacht. Tá ról lárnach ag an ngrúpa saineolaithe don Fhairesachlann maidir le Geilleagar na nArdán ar Líne a bunaíodh i gcomhréir le Cinneadh C(2018)2393 ón gCoimisiún maidir le meastóireacht ag an gCoimisiún ar an Rialachán seo a chur in iúl. Ba cheart, dá bhrí sin, don Choimisiún na tuairimí agus na tuarascálacha a chuirfead faoina bhráid a bhreithniú go cuí. Tar éis na meastóireachta, ba cheart don Choimisiún na bearta iomchuí a dhéanamh. Féadfaidh bearta breise, lena n-áirítear de chineál reachtach, a bheith iomchuí más rud é go dtarlaíonn sé agus i gcás ina dtarlaíonn sé go bhfuil na forálacha a bhunaítear sa Rialachán seo neamh-leordhóthanacha chun aghaidh a thabhairt ar bhealach leormhaith ar mhíchothromaíochtaí agus ar chleachtais tráchtála éagóracha atá fós san earnáil.
- (50) Agus an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán á cur ar fáil, ba cheart riachtanais ar leith atá ag daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh a mhéid is féidir, i gcomhréir le cuspóirí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCPRD) ⁽¹¹⁾.
- (51) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon timpeallacht ghnó ar líne iontaofa inbhuanaithe intuartha cóir a áirithiú laistigh den mhargadh inmheánach, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí an Rialacháin, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir arna shaothrú a ghnóthú.
- (52) Féachann an Rialachán lena áirithiú go dtabharfar urraim iomlán don cheart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil a leagtar síos in Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le cur chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na saoirse gnó a sholáthar a leagtar síos in Airteagal 16 den Chairt,

⁽¹¹⁾ Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (IO L 23, 27.1.2010, lch. 37).

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Is é cuspóir an Rialacháin seo rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh trí rialacha a leagan síos lena áirithiú go gcuirtear trédhearcacht iomchuí, cothroime agus deiseanna éifeachtacha sásaimh ar fáil d'úsáideoirí gnó a bhaineann leas as seirbhísí idirghabhála ar líne agus d'úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha i dtaca le hinnill chuardaigh ar líne.
2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le seirbhísí idirghabhála ar líne agus innill chuardaigh ar líne a sholáthraítear, nó a thairgtear a sholáthar, d'úsáideoirí gnó agus d'úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha, faoi seach, a bhfuil a n-áit bhunaíochta nó a n-áit chónaithe san Aontas agus a thairgeann, trí na seirbhísí idirghabhála ar líne sin nó trí na hinnill chuardaigh ar líne sin, earraí nó seirbhísí do thomhaltóirí atá lonnaithe san Aontas, beag beann ar áit bhunaíochta nó áit chónaithe sholáthraithe na seirbhísí sin agus gan beann ar an dlí ab infheidhme in aon chás eile.
3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le seirbhísí íocaíochta ar líne ná maidir le huirlisí seirbhíse fógraíochta ar líne ná maidir le malartáin fógraíochta ar líne nach soláthraítear leis an aidhm é a dhéanamh níos éasca idirbhearta díreacha a thionscnamh agus nach mbaineann caidreamh conarthach le tomhaltóirí leo.
4. Ní dochar an Rialachán seo do rialacha náisiúnta a dhéanann, i gcomhréir le dlí an Aontais, toirmeasc nó beart sriantach a chur ar iompar aontaobhach nó ar chleachtais tráchtála éagóracha, a mhéid nach gcumhdaítear na gnéithe ábhartha leis an Rialachán seo. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear don dlí sibhialta náisiúnta, go háirithe do dhlí na gconarthaí, amhail na rialacha maidir le bailíocht, déanamh, éifeacht, nó foirceannadh conartha, a mhéid atá na rialacha náisiúnta maidir leis an dlí sibhialta i gcomhréir le dlí an Aontais, agus a mhéid nach gcumhdaítear na gnéithe ábhartha faoin Rialachán seo.
5. Ní dochar an Rialachán seo do dhlí an Aontais, go háirithe dlí an Aontais is infheidhme i réimse an chomhair bhreithiúnaigh ar ábhair shibhialta, na hiomaíochta, na cosanta sonraí, chosaint na rún trádála, na cosanta tomhaltóirí, na ríomhthráchtála agus na seirbhísí airgeadais.

Airteagal 2,

Sainmhínthe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínthe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “úsáideoir gnó” aon duine aonair príobháideach atá ag gníomhú i gcáil tráchtála nó ghairmiúil, nó aon duine dlítheanach a thairgeann earraí nó seirbhísí do thomhaltóirí trí sheirbhísí idirghabhála ar líne chun críocha a bhaineann lena thrádáil, lena ghnó, lena cheird nó lena ghairm;
- (2) ciallaíonn “seirbhísí idirghabhála ar líne” seirbhísí a chomhlíonann na riachtanais seo a leanas go léir:
 - (a) is é atá iontu seirbhísí sochaí faisnéise de réir bhrí phointe (b) d’Airteagal 1(1) de Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾;
 - (b) tugann siad deis d’úsáideoirí gnó earraí nó seirbhísí a thairiscint do thomhaltóirí, d’fhonn tionscnamh idirbheart díreach idir na húsáideoirí gnó sin agus na tomhaltóirí sin a éascú, beag beann ar an áit ina dtugtar na hidirbhearta sin chun críche go hiomlán;
 - (c) soláthraítear d’úsáideoirí gnó iad ar bhonn caidreamh conarthach idir soláthraí na seirbhísí sin agus úsáideoirí gnó a thairgeann earraí nó seirbhísí do thomhaltóirí;
- (3) ciallaíonn “soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne” aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn seirbhísí idirghabhála ar líne d’úsáideoirí gnó, nó a thairgeann iad a sholáthar dóibh;

⁽¹²⁾ Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1).

- (4) ciallaíonn “tomhaltóir” aon duine nádúrtha a ghníomhaíonn chun críocha atá lasmuigh de thrádáil, gnó, ceird nó gairm an duine sin;
- (5) ciallaíonn “inneall cuardaigh ar líne” seirbhís dhigiteach a chuireann ar chumas úsáideoirí iarratais a ionchur chun cuardaigh a dhéanamh, i bprionsabal, ar gach suíomh gréasáin nó gach suíomh gréasáin i dteanga faoi leith, ar bhonn iarratas ar aon ábhar i bhfoirm eochairfhocail, glao-iarraidh, frása nó ionchuir eile, agus a sheolann torthaí ar ais in aon fhormáid ina bhfuil faisnéis le fáil a bhaineann leis an ábhar a iarradh;
- (6) ciallaíonn “soláthraí innill cuardaigh ar líne” aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn innill cuardaigh ar líne do thomhaltóirí, nó a thairgeann iad a sholáthar dóibh;
- (7) ciallaíonn “úsáideoir suímh gréasáin chorparáidigh” aon duine nádúrtha nó dlítheanach a úsáideann comhéadan ar líne, rud a chiallaíonn aon bhogearra, lena n-áirítear suíomh gréasáin nó cuid de agus feidhmchláir, lena n-áirítear feidhmchláir mhóibíleacha, chun earraí nó seirbhísí a thairiscint do thomhaltóirí chun críocha a bhaineann lena thrádáil, lena ghnó, lena cheird nó lena ghairm;
- (8) ciallaíonn “rangú” an tsuntasacht choibhéiseach a thugtar do na hearraí nó na seirbhísí a thairgtear trí sheirbhísí idirghabhála ar líne, nó an ábharthacht a thugann innill chuardaigh ar líne do thorthaí cuardaigh, arna gcur i láthair, arna n-eagrú agus arna gcur in iúl ag soláthraithe na seirbhísí idirghabhála ar líne nó ag soláthraithe inneall cuardaigh ar líne, faoi seach, beag beann ar na modhanna teicneolaíoch a úsáidtear don chur i láthair, don eagrú nó don chur in iúl sin;
- (9) ciallaíonn “rialú” úinéireacht ghnóthais, nó an cumas tionchar cinntitheach a imirt ar ghnóthas, de réir bhrí Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹³⁾;
- (10) ciallaíonn “téarmaí agus coinníollacha” na téarmaí agus na coinníollacha nó na sonraíochtaí go léir, gan beann ar a n-ainm nó ar a bhfoirm, lena rialaítear an caidreamh conarthach idir soláthraí na seirbhísí idirghabhála ar líne agus a úsáideoirí gnó agus a chinneann soláthraí na seirbhísí idirghabhála ar líne go haontaobhach, ar cinneadh aontaobhach é a ndéantar meastóireacht air ar bhonn measúnú foriomlán, ar ina leith nach bhfuil méid choibhneasta na gcomhpháirtithe lena mbaineann, an fíoras go ndearnadh caibidlíocht, ná go bhféadfadh forálacha áirithe díobh a bheith faoi réir caibidlíocht den sórt sin agus cinneadh a bheith déanta orthu le chéile ag an soláthraí ábhartha agus ag an úsáideoir gnó, ann féin, cinntitheach;
- (11) ciallaíonn “earraí agus seirbhísí coimhdeacha” earraí agus seirbhísí a thairgtear don tomhaltóir sula ndéantar idirbheart a tionscnaíodh ar na seirbhísí idirghabhála ar líne a chur i gcrích sa bhreis ar an earra príomhúil nó an tseirbhís phríomhúil a thairgeann an t-úsáideoir gnó trí na seirbhísí idirghabhála ar líne agus comhlántach ar an earra nó an tseirbhís sin;
- (12) ciallaíonn “idirghabháil” aon phróiseas struchtúrtha mar a shainmhínítear i bpointe (a) d’Airteagal 3 de Threoir 2008/52/CE;
- (13) ciallaíonn “meán marthanach” aon ionstraim trínar féidir le húsáideoirí gnó faisnéis a díriodh chucu go pearsanta a stóráil ionas gur féidir tagairt di ina dhiaidh sin go ceann tréimhse leordhóthanach chun críocha na faisnéise agus ionas gur féidir an fhaisnéis atá stóráilte a atáirgeadh gan í a athrú.

Airteagal 3

Téarmaí agus coinníollacha

1. Áiríteoidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne go bhfuil an méid seo a leanas i gceist lena gcuid téarmaí agus coinníollacha:
 - (a) tá siad dréachtaithe i bhfriotal simplí agus intuigthe;
 - (b) tá siad ar fáil go héasca d’úsáideoirí gnó ar feadh chéimeanna iomlána an chaidrimh tráchtála le soláthraí na seirbhísí idirghabhála ar líne, lena n-áirítear ag an gcéim réamhchonarthach;

⁽¹³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

- (c) leagtar amach iontu na forais maidir le cinntí soláthar a seirbhísí idirghabhála ar líne d'úsáideoirí gnó a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, go hiomlán nó i bpáirt, nó aon chineál sriain eile a fhorchur orthu;
- (d) cuirtear san áireamh leo faisnéis maidir le haon bhealaí dáilte breise agus maidir lena gcláir chleamhnaithe fhéideartha trína bhféadfadh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne seirbhísí a thairgeann úsáideoirí gnó a mhargú;
- (e) cuirtear san áireamh leo faisnéis ghinearálta maidir le héifeachtaí na dtéarmaí agus na gcoinníollacha ar úinéireacht agus ar rialú chearta maoine intleachtúla na n-úsáideoirí gnó.

2. Tabharfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne fógra, ar mheán marthanach, do na húsáideoirí gnó lena mbaineann i dtaca le haon athrú atá beartaithe ar a dtéarmaí agus a gcoinníollacha.

Ní chuirfeadh na hathruithe atá beartaithe chun feidhme sula rachaidh tréimhse fógra in éag atá réasúnta agus comhréireach le cineál agus réim na n-athruithe atá beartaithe agus lena n-iarmaidí don úsáideoir gnó lena mbaineann. Mairfidh an tréimhse fógra sin 15 lá ar a laghad ón dáta a thugann an soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne fógra do na húsáideoirí gnó lena mbaineann faoi na hathruithe atá beartaithe. Deonóidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne tréimhsí fógra níos faide nuair is gá sin chun lamháil d'úsáideoirí gnó oiriúnuithe teicniúla nó tráchtála a dhéanamh chun na hathruithe a chomhlíonadh.

Beidh sé de cheart ag an úsáideoir gnó lena mbaineann an Conradh le soláthraí na seirbhísí idirghabhála ar líne a fhoirceannadh sula rachaidh an tréimhse fógra in éag. Beidh éifeacht ag foirceannadh den sórt laistigh de 15 lá ón bhfógra a fháil de bhun na chéad fhomhíre, mura mbeidh feidhm ag tréimhse níos giorra maidir leis an gconradh.

Féadfaidh an t-úsáideoir gnó lena mbaineann an tréimhse fógra dá dtagraítear sa dara fomhír a tharscaoileadh, cibé acu trí ráiteas i scríbhinn nó trí ghníomhaíocht shoiléir dhearfach, tráth ar bith tar éis an fógra a fháil de bhun na chéad fhomhíre.

Le linn na tréimhse fógra, measfar gur gníomhaíocht dhearfach shoiléir a bheidh in earraí nua nó seirbhísí nua a chur isteach ar na seirbhísí idirghabhála ar líne chun an tréimhse fógra a tharscaoileadh, ach amháin i gcásanna ina bhfuil an tréimhse fógra réasúnta agus comhréireach níos faide ná 15 lá toisc go n-éilítear leis na hathruithe ar na téarmaí agus na coinníollacha go ndéanfaidh an t-úsáideoir gnó coigeartuithe suntasacha teicniúla ar a earraí nó seirbhísí. I gcásanna den sórt sin, ní mheasfar an tréimhse fógra a bheith tarscaoilte go huathoibríoch i gcás ina gcuirfidh an t-úsáideoir gnó earraí agus seirbhísí nua isteach.

3. Maidir le téarmaí agus coinníollacha, nó forálacha sonracha díobh, nach gcomhlíonann ceanglais mhír 1, chomh maith le hathruithe ar théarmaí agus coinníollacha arna gcur chun feidhme ag soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne, contrártha d'fhorálacha mhír 2, beidh siad ar neamhní go hiomlán.

4. Ní bheidh feidhm ag an tréimhse fógra a leagtar amach sa dara fomhír de mhír 2, más rud é maidir le soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne:

- (a) go bhfuil sé faoi réir oibleagáid dhlíthiúil nó rialála a cheanglaíonn air a théarmaí agus a choinníollacha a athrú ar bhealach nach dtugann deis dó an tréimhse fógra dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 2 a urramú;
- (b) go bhfuil air a dtéarmaí agus coinníollacha a athrú go heisceachtúil chun aghaidh a thabhairt ar gharchontúirt neamhthuartha a bhaineann le cosaint a thabhairt do sheirbhísí idirghabhála ar líne, do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí eile gnó ó chalois, bogearraí mailíseacha, turscar, sárúithe sonraí nó rioscaí eile cibearshlánda.

5. Áiríteoidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne go mbeidh sainaitheantas an úsáideora gnó a sholáthraíonn na hearraí nó na seirbhísí ar na seirbhísí idirghabhála ar líne le feiceáil go soiléir.

*Airteagal 4***Srianadh, fionraí agus foirceannadh**

1. I gcás ina ndéanann soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne cinneadh soláthar a sheirbhísí idirghabhála ar líne d'úsáideoir gnó áirithe i ndáil le hearraí nó seirbhísí aonair a thairgeann an t-úsáideoir gnó sin a shrianadh nó a chur ar fionraí, déanfaidh sé ráiteas faoi na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh sin a sholáthar don úsáideoir gnó lena mbaineann ar mheán marthanach sula ngabhfaidh éifeacht leis an srianadh nó leis an bhfionraí nó tráth a ngabhfaidh éifeacht leo.
2. I gcás ina ndéanfaidh soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne cinneadh soláthar a sheirbhísí idirghabhála uile ar líne d'úsáideoir gnó áirithe a fhoirceannadh, déanfaidh sé ráiteas faoi na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh sin a sholáthar don úsáideoir gnó lena mbaineann ar mheán marthanach 30 lá ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis an bhfoirceannadh.
3. I gcás srianadh, fionraí nó foirceannadh, tabharfaidh soláthraí na seirbhísí idirghabhála ar líne an deis don úsáideoir gnó na fíricí agus na himthosca a shoiléiriú faoi chuimsiú an phróisis inmheánaigh láimhseála gearán dá dtagraítear in Airteagal 11. I gcás ina ndéanfaidh an soláthraí seirbhísí idirghabhála an srianadh, an fionraí nó an foirceannadh a chúlghairm, déanfaidh sé an t-úsáideoir gnó a athbhunú gan moill mhíchúí, lena n-áirítear rochtain a thabhairt don úsáideoir gnó ar shonraí pearsanta nó sonraí eile, nó iad araon, a d'eascair as an úsáid a bhain sé as na seirbhísí idirghabhála ábhartha ar líne sular ghabh éifeacht leis an srianadh, leis an bhfionraí nó leis an bhfoirceannadh.
4. Ní bheidh feidhm ag an tréimhse fógra i mír 2 más rud é, maidir le soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne:
 - (a) go bhfuil sé faoi réir oibleagáid dhlíthiúil nó rialála a cheanglaíonn air soláthar a chuid seirbhísí idirghabhála ar líne uile d'úsáideoir gnó ar leith a fhoirceannadh ar bhealach nach dtugann deis dó an tréimhse fógra sin a urramú, nó
 - (b) go bhfeidhmíonn sé ceart chun foirceannadh faoi chúis sháraitheach de bhun dlí náisiúnta atá i gcomhréir le dlí an Aontais;
 - (c) gur féidir leis a léiriú gur sháraigh an t-úsáideoir gnó lena mbaineann na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme arís agus arís eile, rud a d'fhág go ndearna siad soláthar na seirbhísí idirghabhála ar líne uile i dtrácht a fhoirceannadh.

I gcásanna nach bhfuil feidhm ag an tréimhse fógra i mír 2, déanfaidh an soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne, gan moill mhíchúí, ráiteas faoi na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh sin a sholáthar don úsáideoir gnó ar mheán marthanach.

5. Beidh tagairt sa ráiteas faoi na cúiseanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 agus sa dara fomhír de mhír 4 do na fíricí sonracha nó do na himthosca sonracha, lena n-áirítear ábhar fógraí tríú páirtí, ba chúis leis an gcinneadh ó sholáthraí na seirbhísí idirghabhála ar líne, chomh maith le tagairt do na forais infheidhme a bhí leis an gcinneadh sin dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 3(1).

Ní gá do sholáthraí seirbhísí idirghabhála ar líne ráiteas faoi na cúiseanna a thabhairt i gcás ina bhfuil sé faoi réir oibleagáid dhlíthiúil nó rialála gan na fíricí sonracha ná na himthosca sonracha ná an tagairt don fhoras is infheidhme nó do na forais is infheidhme a thabhairt, nó i gcás inar féidir le soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne a léiriú go ndearna an t-úsáideoir gnó lena mbaineann na téarmaí agus coinníollacha is infheidhme a shárú arís agus arís eile, rud a d'fhág go ndearnadh soláthar na seirbhísí idirghabhála ar líne i dtrácht a fhoirceannadh.

*Airteagal 5***Rangú**

1. Leagfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne amach ina dtéarmaí agus coinníollacha na príomhpharaiméadair lena gcinntítear rangú agus na cúiseanna le tábhacht choibhéseach na bpríomhpharaiméadar sin i gcodarsnacht le paraiméadair eile.
2. Leagfaidh soláthraithe inneall cuardaigh ar líne amach na príomhpharaiméadair, arb iad go leithleach nó go comhchoiteann is suntasáí i gcinneadh an rangaithe agus tábhacht choibhneasta na bpríomhpharaiméadar sin, trí thuairisc a sholáthar atá ar fáil go héasca agus go poiblí agus atá dréachtaithe i bhfriotal simplí agus intuigthe, ar innill cuardaigh ar líne na soláthraithe sin. Coinneoidh siad an tuairisc sin cothrom le dáta.

3. I gcás ina n-áirítear sna príomhpharaiméadair an fhéidearthacht difear a dhéanamh don rangú trí bhíthin luach saothair díreach nó indéreach a íocann úsáideoirí gnó nó úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha lena soláthraí faoi seach, leagfaidh an soláthraí sin amach tuairisc ar na féidearthachtaí sin agus ar éifeachtaí luach saothair den sórt sin ar rangú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 agus 2.

4. I gcás ina bhfuil ord an rangaithe athraithe ag soláthraí innill chuardaigh ar líne i gcás sonrach nó i gcás ina bhfuil suíomh gréasáin díliostaithe aige tar éis fógra tríú páirtí, tairgfídh an soláthraí an fhéidearthacht don úsáideoir suímh gréasáin chorparáidigh ábhar an fhógra a imscrúdú.

5. Beidh na tuairiscí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 leordhóthanach chun gur féidir leis na húsáideoirí gnó nó na húsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha tuiscint leormhaith a fháil an gcuirtear an méid seo a leanas san áireamh leis an sásra rangaithe, agus má chuirtear, conas a dhéantar sin agus cé an méid a dhéantar é:

(a) airíonna na n-earraí agus na seirbhísí a thairgtear do thomhaltóirí trí na seirbhísí idirghabhála ar líne nó an inneall cuardaigh ar líne;

(b) ábharthacht na n-airíonna sin ó thaobh na dtomhaltóirí sin de;

(c) maidir le hinnill chuardaigh ar líne, airíonna dearaidh an tsuímh gréasáin a úsáideann úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha.

6. Ní cheanglófar ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne ná ar sholáthraithe inneall cuardaigh ar líne, agus iad ag comhlíonadh cheanglais an Airteagail seo, go ndéanfaidís algartaim ná aon fhaisnéis a nochtadh arb é a mbeadh mar thoradh air, le cinnteacht réasúnach, go gcumasófaí meabhláireacht ar thomhaltóirí nó dochar do thomhaltóirí trí na torthaí cuardaigh a chúbláil. Ní dochar an tAirteagal seo do Threoir (AE) 2016/943.

7. Chun a éascú do na soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus na soláthraithe inneall cuardaigh ar líne ceanglais an Airteagail seo a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú, déanfaidh an Coimisiún treoirlínte a chur ag gabháil leis na ceanglais trédhearcachta a leagtar amach san Airteagal seo.

Airteagal 6

Earraí agus seirbhísí coimhdeacha

I gcás ina dtairgeann soláthraí na seirbhísí idirghabhála ar líne nó tríú páirtithe earraí agus seirbhísí coimhdeacha, lena n-áirítear táirgí airgeadais, do thomhaltóirí trí na seirbhísí idirghabhála ar líne, leagfaidh soláthraí na seirbhísí idirghabhála ar líne amach ina théarmaí agus coinníollacha tuairisc ar chineál na n-earraí coimhdeacha agus na seirbhísí coimhdeacha a thairgtear agus tuairisc i dtaobh an ligtear don úsáideoir gnó a tháirgí agus seirbhísí coimhdeacha féin a thairiscint trí na seirbhísí idirghabhála ar líne agus cad iad na coinníollacha ar fúthu is féidir leis déanamh amhlaidh.

Airteagal 7

Cóir dhifreáilte

1. Áireoidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne ina dtéarmaí agus coinníollacha tuairisc ar aon chóir dhifreáilte a thugann siad, nó a d'fhéadfadh siad a thabhairt, i dtaca le hearraí nó seirbhísí a thairgtear do thomhaltóirí trí na seirbhísí idirghabhála ar líne sin ag an soláthraí féin nó ag aon úsáideoir gnó atá á rialú ag an soláthraí sin, ar thaobh amháin, agus ag úsáideoirí eile gnó, ar an taobh eile. Tagrófar sa tuairisc sin do na príomhbhreithnithe eacnamaíocha, tráchtála nó dlí a bhí leis an gcóir dhifreáilte sin.

2. Leagfaidh soláthraithe inneall cuardaigh ar líne amach tuairisc ar aon chóir dhifreáilte a thugann siad, nó a d'fhéadfadh siad a thabhairt i dtaca le hearraí nó seirbhísí a thairgtear do thomhaltóirí trí na hinnill chuardaigh ar líne sin ag an soláthraí féin nó ag aon úsáideoir suímh gréasáin chorparáidigh atá á rialú ag an soláthraí sin, ar thaobh amháin, agus ag úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha eile, ar an taobh eile.

3. Cumhdófar go háirithe leis na tuairiscí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, i gcás inarb infheidhme, ar a laghad aon chóir dhifreáilte arna tabhairt trí bhearta sonracha a dhéanfaidh an soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne nó an soláthraí inneall cuardaigh ar líne, nó trína n-iompar, a bhaineann le haon cheann díobh seo a leanas:

- (a) rochtain a fhéadfaidh a bheith ag an soláthraí, nó ag na húsáideoirí gnó nó ag úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha atá á rialú ag an soláthraí sin ar shonraí pearsanta nó ar shonraí eile, nó orthu araon, a chuireann úsáideoirí gnó, úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha nó tomhaltóirí ar fáil chun úsáid a bhaint as na seirbhísí idirghabhála ar líne nó na hinnill chuardaigh ar líne lena mbaineann, nó a ghintear trí sholáthar na seirbhísí sin;
- (b) rangú nó socruithe eile a chuireann an soláthraí i bhfeidhm agus a mbíonn tionchar acu ar rochtain ar earraí nó ar sheirbhísí a thairgeann úsáideoirí eile gnó trí na seirbhísí idirghabhála ar líne sin nó a thairgeann úsáideoirí suíomhanna corparáideacha eile trí innill chuardaigh ar líne.
- (c) aon luach saothair díreach nó indéach a ghearrfar as úsáid na seirbhísí idirghabhála ar líne nó inneall cuardaigh ar líne lena mbaineann;
- (d) rochtain ar sheirbhísí nó feidhmiúlachtaí, nó comhéadain theicniúla, atá ábhartha don úsáideoir gnó nó don úsáideoir suímh gréasáin chorpóraidigh agus atá nasctha go díreach nó coimhdeach le húsáid a bhaint as na seirbhísí idirghabhála ar líne nó na hinnill chuardaigh ar líne lena mbaineann, na coinníollacha maidir leis na seirbhísí, feidhmiúlachtaí nó comhéadain sin a úsáid nó aon luach saothair díreach nó neamhdhíreach a ghearrtar ar an úsáid sin.

Airteagal 8

Téarmaí conarthacha sonracha

Chun a áirithiú go ndéanfar caidreamh conarthach idir soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus úsáideoirí gnó de mheon macánta agus bunaithe ar chóirdhéileáil, déanfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne an méid seo a leanas:

- (a) gan athruithe cúlghabhálacha a fhorchur ar théarmaí agus coinníollacha, ach amháin nuair a éileofar orthu oibleagáid dhlíthiúil nó rialála a urramú nó nuair a bhíonn na hathruithe cúlghabhálacha tairbhiúil d'úsáideoirí gnó;
- (b) a áirithiú go gcuimseoidh a dtéarmaí agus coinníollacha faisnéis faoi na coinníollacha faoinar féidir le húsáideoirí gnó an caidreamh conarthach le soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne a fhoirceannadh; agus
- (c) a áireamh ina dtéarmaí agus coinníollacha tuairisc ar an rochtain theicniúil agus chonarthaigh, nó easpa na rochtana sin, ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn nó a ghineann an t-úsáideoir gnó, ar faisnéis í a choimeádann siad tar éis an conradh idir soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne agus an t-úsáideoir gnó dul in éag.

Airteagal 9

Rochtain ar shonraí

1. Áireoidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne, ina dtéarmaí agus coinníollacha, tuairisc ar an rochtain theicniúil agus chonarthaigh, nó easpa na rochtana sin, a bheidh ag úsáideoirí gnó ar aon sonraí pearsanta nó sonraí eile, nó iad araon, a chuireann úsáideoirí gnó nó tomhaltóirí ar fáil chun úsáid a bhaint as na seirbhísí idirghabhála ar líne lena mbaineann nó a ghintear trí sholáthar na seirbhísí sin.

2. Tríd an tuairisc dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne an méid seo a leanas, go háirithe, in iúl go leormhaith d'úsáideoirí gnó:

- (a) cibé acu an bhfuil rochtain ag soláthraí na seirbhísí idirghabhála ar líne ar shonraí pearsanta nó ar shonraí eile, nó iad araon, a chuireann úsáideoirí gnó nó tomhaltóirí ar fáil chun úsáid a bhaint as na seirbhísí idirghabhála ar líne lena mbaineann nó a ghintear trí sholáthar na seirbhísí sin, agus, i gcás ina bhfuil, catagóirí na sonraí sin agus na coinníollacha faoina bhfuil rochtain aige orthu;
- (b) cibé acu an bhfuil rochtain ag úsáideoir gnó ar shonraí pearsanta nó ar shonraí eile, nó iad araon, a chuireann an t-úsáideoir gnó sin ar fáil i dtaca leis an úsáid a bhaineann an t-úsáideoir gnó as na seirbhísí idirghabhála ar líne lena mbaineann nó a ghintear trí sholáthar na seirbhísí sin don úsáideoir gnó sin agus do thomhaltóirí earraí nó sheirbhísí an úsáideora gnó sin, agus, i gcás ina bhfuil, catagóirí na sonraí sin agus na coinníollacha faoina bhfuil rochtain aige orthu;

- (c) sa bhreis ar phointe (b), cibé acu an bhfuil rochtain ag úsáideoir gnó ar shonraí pearsanta nó ar shonraí eile, nó iad araon, lena n-áirítear i bhfoirm chomhiomlánaíthe, arna soláthar ag na húsáideoirí gnó agus tomhaltóirí uile nó arna ngineadh trí sholáthar na seirbhísí idirghabhála ar líne do na húsáideoirí gnó agus tomhaltóirí uile agus, i gcás ina bhfuil, catagóirí na sonraí sin agus na coinníollacha faoina bhfuil rochtain aige orthu; agus
- (d) cibé acu an soláthraítear aon sonraí faoi phointe (a) do thríú páirtithe, i dteannta na faisnéise lena sonraítear críoch chomhroinnt na sonraí sin, i gcás nach gá na sonraí sin a sholáthar do thríú páirtithe le haghaidh fheidhmiú cuí na seirbhísí idirghabhála ar líne, chomh maith le féidearthachtaí le haghaidh úsáideoirí gnó diúltú don chomhroinnt sonraí sin.
3. Ní dochar an tAirteagal seo do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/679, Threoir (AE) 2016/680 agus Threoir 2002/58/CE.

Airteagal 10

Srianta maidir le coinníollacha éagsúla a thairiscint ar bhealaí eile

1. I gcás ina gcuirfidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne, agus a gcuid seirbhísí á soláthar acu, srian ar chumas úsáideoirí gnó na hearraí nó seirbhísí céanna a thairiscint do thomhaltóirí ar choinníollacha éagsúla ar bhealaí seachas trí na seirbhísí idirghabhála ar líne sin, áireoidh siad forais an tsriain sin ina gcuid téarmaí agus coinníollacha agus cuirfidh siad ar fáil don phobal go héasca iad. Áireofar leis na forais sin príomhbhreithnithe eacnamaíocha, tráchtála nó dlí na srianta sin.
2. Ní dhéanfaidh an oibleagáid a leagtar amach i mír 1 difear d'aon toirmeasc ná teorainn i leith fhorchur na srianta sin a thioctfaidh chun cinn mar thoradh ar ghníomhartha eile de dhlí an Aontais nó de dhlí na mBallstát a chur i bhfeidhm atá i gcomhréir le dlí an Aontais agus a bhfuil soláthraithe na seirbhísí idirghabhála ar líne faoina réir.

Airteagal 11

Córas inmheánach láimhseála gearán

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne foráil do chóras inmheánach láimhseála gearán ó úsáideoirí gnó.

Beidh an córas inmheánach láimhseála gearán inrochtana go héasca agus saor in aisce d'úsáideoirí gnó agus áiríteofar leis go láimhseálfar le gearáin laistigh de thréimhse réasúnta ama. Beidh sé bunaithe ar phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne a chuirtear i bhfeidhm ar staideanna comhionanna, agus lena ndéileálfar le gearáin ar bhealach atá comhréireach lena dtábhacht agus lena gcastacht. Tabharfaidh sé deis d'úsáideoirí gnó a ngearáin a thaisceadh go díreach leis an soláthraí lena mbaineann i dtaca le haon cheann de na saincheisteanna seo a leanas:

- (a) neamhchomhlíonadh a líomhnaítear a bheith déanta ag an soláthraí sin maidir le haon oibleagáid a leagtar síos sa Rialachán seo agus a dhéanann difear don úsáideoir gnó atá ag taisceadh an ghearáin (“an gearánaí”);
- (b) saincheisteanna teicneolaíocha a bhaineann go díreach le soláthar seirbhísí idirghabhála ar líne, agus a dhéanann difear don ghearánaí;
- (c) bearta atá déanta ag an soláthraí, nó iompar an tsoláthraí, a bhaineann go díreach le soláthar na seirbhísí idirghabhála ar líne agus a bhfuil tionchar acu ar an ggearánaí.

2. Mar chuid dá gcóras inmheánach láimhseála gearán, déanfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne an méid seo a leanas:

- (a) breithniú cuí a dhéanamh ar ghearáin atá taiscthe agus ar an d'fhéadfadh a bheith le tabhairt acu don ghearánaí acu chun aghaidh a thabhairt go leormhaith ar an tsaincheist a ardaíodh;
- (b) gearáin a phróiseáil go pras agus go héifeachtach, agus tábhacht agus castacht na saincheiste a ardaíodh á gcur san áireamh;

(c) toradh an chórais inmheánaigh chun déileáil le gearáin a chur in iúl don ghearánaí ar bhonn aonair, i bhfriotal simplí agus intuigthe.

3. An fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le rochtain ar a gcóras inmheánach láimhseála gearán, agus lena fheidhmiú, cuirfidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne ar fáil í ina dtéarmaí agus coinníollacha.

4. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne feidhmiú agus éifeachtúlacht a gcóras inmheánach láimhseála gearán a leagan amach agus faisnéis maidir leis sin a chur ar fáil ar bhealach ina mbeidh fáil go héasca ag an bpobal air. Déanfaidh siad an fhaisnéis a fhíorú go bliantúil ar a laghad agus i gcás ina mbeidh gá le hathruithe suntasacha, déanfaidh siad an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta.

Áireofar leis an bhfaisnéis sin líon iomlán na ngearán a thaiscfear, príomhchineálacha na ngearán, an mheántréimhse ama a bheidh de dhíth chun na gearáin a phróiseáil agus faisnéis chomhiomlánaithe maidir le toradh na ngearán.

5. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo maidir le soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne ar fiontair bheaga iad de réir bhrí na hlarscríbhíne a ghabhann le Moladh 2003/361/CE.

Airteagal 12

Idirghabháil

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne beirt idirghabhálaithe nó níos mó a shainnithint ina dtéarmaí agus coinníollacha a bhfuil siad sásta déileáil leo chun iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú le húsáideoirí gnó maidir le réiteach, lasmuigh de chúirt, ar aon díospóidí idir an soláthraí agus an úsáideoir gnó a eascróidh as soláthar na seirbhísí idirghabhála ar líne lena mbaineann, lena n-áirítear gearáin nach bhféadfaí a réiteach tríd an gcóras inmheánach láimhseála gearán dá dtagraítear in Airteagal 11.

Ní fhéadfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne idirghabhálaithe a chuireann a seirbhísí idirghabhála ar fáil ó áit atá lasmuigh den Aontas a shainnithint ach amháin i gcás ina n-áirithítear nach ndéanfar na buntáistí a ghabhann le haon choimirce dhlíthiúil a leagtar síos i ndlí an Aontais nó i ndlí na mBallstát a cheilt ar na húsáideoirí gnó mar thoradh ar na seirbhísí sin a bheith á gcur ar fáil ag na hidirghabhálaithe lasmuigh den Aontas.

2. Comhlíonfaidh na hidirghabhálaithe dá dtagraítear i mír 1 na ceanglais seo a leanas:

(a) tá siad neamhchlaonta agus neamhspleách;

(b) tá a seirbhísí idirghabhála inacmhainne ag úsáideoirí gnó na seirbhísí idirghabhála ar líne lena mbaineann;

(c) tá siad in ann a seirbhísí idirghabhála a sholáthar i dteanga na dtéarmaí agus coinníollacha lena rialaítear an caidreamh conarthach idir soláthraí na seirbhísí idirghabhála ar líne agus an t-úsáideoir gnó lena mbaineann;

(d) is féidir rochtain fhisiciúil a fháil orthu go héasca san áit ina bhfuil siad bunaithe nó in áit chónaithe an úsáideora gnó, nó go cianda trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí cumarsáide;

(e) tá siad in ann a seirbhísí idirghabhála a sholáthar gan aon mhoill mhíchúí;

(f) tá tuiscint leordhóthanach acu ar chaidreamh tráchtála ginearálta gnólacht le gnólacht, rud a thugann deis dóibh cuidiú go héifeachtach leis an iarracht díospóidí a réiteach.

3. D'ainneoin chineál deonach na hidirghabhála, glacfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála agus úsáideoirí gnó páirt de mheon macánta le linn aon iarrachtaí idirghabhála a sheoltar de bhun an Airteagail seo.
4. Seasfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne cion réasúnach de chostais uile na hidirghabhála i ngach cás aonair. Cinnfear cion réasúnach de na costais iomlána sin, ar bhonn moladh ón idirghabhálaí, trí ghnéithe ábhartha uile an cháis atá idir lámha a chur san áireamh, go háirithe an fiúntas coibhéiseach atá le héilimh na bpáirtithe sa díospóid, iompar na bpáirtithe, chomh maith le méid agus neart airgeadais na bpáirtithe i gcoibhneas lena chéile.
5. Aon iarracht chun teacht ar chomhaontú trí bhíthin idirghabhála maidir le réiteach díospóide i gcomhréir leis an Airteagal seo, ní dhéanfaidh sí difear do chearta sholáthraithe na seirbhísí idirghabhála ar líne agus na n-úsáideoirí gnó lena mbaineann i dtaca le himeachtaí breithiúnacha a thionscnamh aon tráth roimh an bpróiseas idirghabhála, lena linn nó ina dhiaidh.
6. Arna iarraidh sin d'úsáideoir gnó, déanfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne faisnéis a chur ar fáil don úsáideoir gnó, sula rachaidh sé i mbun idirghabhála nó lena linn, maidir le feidhmiú agus éifeachtúlacht na hidirghabhála a bhaineann lena ghníomhaíochtaí.
7. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach i mír 1 maidir le soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne ar fiontair bheaga iad de réir bhrí na hIarscríbhíne a ghabhann le Moladh 2003/361/CE.

Airteagal 13

IDIRGHABHÁLAITHE SPEISIALAITHE

Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne chomh maith leis na heagraíochtaí agus na comhlachais a dhéanann ionadaíocht orthu a spreagadh chun eagraíocht amháin nó níos mó a bhunú ar bhonn aonair nó go comhpháirteach d'fhonn seirbhísí idirghabhála a sholáthar lena gcomhlíonfar na riachtanais a shonraítear in Airteagal 12(2), leis an gcuspóir sonrach réiteach lasmuigh den chúirt a éascú ar dhíospóidí le húsáideoirí gnó, ar díospóidí iad a eascróidh i dtaca le soláthar na seirbhísí sin, agus cineál trasteorann na seirbhísí idirghabhála ar líne á chur san áireamh go háirithe.

Airteagal 14

IMEACHTAÍ BREITHIÚNACHA AG EAGRAÍOCHTAÍ IONADAÍOCHA NÓ COMHLACHAIS IONADAÍOCHA AGUS AG COMHLACHTAÍ POIBLÍ

1. Beidh sé de cheart ag eagraíochtaí agus ag comhlachais a bhfuil leas dlisteanach acu in ionadaíocht a dhéanamh ar úsáideoirí gnó nó in ionadaíocht a dhéanamh ar úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha, chomh maith le comhlachtaí poiblí arna gcur ar bun sna Ballstáit, caingean a thabhairt os comhair cúirteanna inniúla náisiúnta san Aontas, i gcomhréir le rialacha dhlí an Bhallstáit ina dtabharfar an chaingean, chun aon neamhchomhlíonadh ag soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne nó ag soláthraithe inneall cuardaigh ar líne, maidir leis na ceanglais ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo a stopadh nó a chosc.
2. Spreagfaidh an Coimisiún na Ballstáit chun dea-chleachtais agus faisnéis a mhalartú le Ballstáit eile, bunaithe ar chlárlanna de ghníomhartha neamhdhleathacha a bhí faoi réir orduithe urghaire os comhair cúirteanna náisiúnta, i gcás ina gcuireann comhlachtaí nó údarais phoiblí ábhartha clárlanna den sórt sin ar bun.
3. Ní bheidh an ceart dá dtagraítear i mír 1 ag eagraíochtaí ná comhlachais ach amháin i gcás ina bhfuil na ceanglais uile seo a leanas á gcomhlíonadh acu:

(a) tá siad bunaithe mar is ceart i gcomhréir le dlí Ballstáit;

(b) saothraíonn siad cuspóirí atá ar mhaithe le leas comhchoiteann an ghrúpa soláthraithe gnó nó úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha ar a ndéanann siad ionadaíocht ar bhonn leanúnach;

(c) is de chineál neamhbhrabúsach iad;

(d) níl tionchar míchuí ag aon soláthraithe tríú páirtí maoinithe ar a gcinnteoireacht, go háirithe ag soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne nó innill chuardaigh ar líne.

Chun na críche sin, déanfaidh eagraíochtaí nó comhlachais faisnéis maidir lena mballraíocht agus lena foinse maoinithe a nochtadh go hiomlán agus go poiblí.

4. Sna Ballstáit ina bhfuil comhlachtaí poiblí curtha ar bun, beidh an ceart dá dtagraítear i mír 1 ag na comhlachtaí poiblí sin, i gcás ina gceanglófar orthu leasanna comhchoiteanna úsáideoirí gnó nó úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha a chosaint nó comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo a áirithiú, i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann.

5. Féadfaidh na Ballstáit:

(a) eagraíochtaí nó comhlachais arna mbunú ina mBallstát agus a chomhlíonann ar a laghad ceanglais mhír 3 arna iarraidh sin do na heagraíochtaí sin nó do na comhlachais sin;

(b) comhlachtaí poiblí arna gcur ar bun ina mBallstát agus a chomhlíonann ceanglais mhír 4.

a ainmniú dá ndéantar an ceart dá dtagraítear i mír 1 a dheonú. Déanfaidh na Ballstáit ainm agus cuspóir aon eagraíochta, comhlachais nó comhlachta phoiblí ainmnithe den sórt sin a chur in iúl don Choimisiún.

6. Tarraingeoidh an Coimisiún suas liosta de na heagraíochtaí, na comhlachais agus na comhlachtaí poiblí a ainmnítear i gcomhréir le mír 5. Sonrófar sa liosta sin cuspóir na n-eagraíochtaí sin, na gcomhlachas sin agus na gcomhlachtaí poiblí sin. Foilseofar an liosta sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Foilseofar athruithe ar an liosta sin gan mhoill agus, in aon chás, déanfar liosta nuashonraithe a tharraingt suas agus a fhoilsiú gach sé mhí.

7. Glacfaidh an chúirt leis an liosta dá dtagraítear i mír 6 mar chruthúnas ar inniúlacht dhlíthiúil na heagraíochta sin, an chomhlachais sin nó an chomhlachta phoiblí sin, gan dochar do cheart na cúirte scrúdú a dhéanamh i gcás sonrach ar cé acu a bhfuil nó nach bhfuil inniúlacht dhlíthiúil ag an éilitheoir éileamh a dhéanamh.

8. Má chuireann Ballstát nó an Coimisiún ábhar imní in iúl maidir le comhlíonadh na gcritéar a leagtar síos i mír 3 ag eagraíocht nó comhlachas nó maidir le comhlíonadh na gcritéar a leagtar síos i mír 4 ag comhlacht poiblí, déanfaidh an Ballstát a d'ainmnigh an eagraíocht, an comhlachas nó an comhlacht poiblí sin i gcomhréir le mír 5 imscrúdú ar an ábhar imní agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé an t-ainmniú a chúlghairm i gcás nach gcomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na critéir.

9. Ní dochar an ceart dá dtagraítear i mír 1 do chearta úsáideoirí gnó agus úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha aon chaingean a thionscnamh os comhair cúirteanna inniúla náisiúnta, i gcomhréir le rialacha dhlí an Bhallstáit ina dtugtar an chaingean sin, atá bunaithe ar chearta aonair agus a bhfuil sé d'aidhm aige aon neamhchomhlíonadh ag soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne nó ag soláthraithe inneall cuardaigh ar líne a stopadh maidir leis na ceanglais ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo a stopadh.

*Airteagal 15***Forfheidhmiú**

1. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfar an Rialachán seo a fhorfheidhmiú go leormhaith agus go héifeachtach.
2. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha ina leagfar amach na bearta is infheidhme maidir le sárúithe ar an Rialachán seo agus áiritheoidh siad go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na bearta dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

*Airteagal 16***Faireachán**

Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, dlúthfhairéachán ar thionchar an Rialacháin seo maidir leis an gcaidreamh idir seirbhísí idirghabhála ar líne agus a úsáideoirí gnó agus idir innill chuardaigh ar líne agus a n-úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha. Chuirge sin, baileoidh an Coimisiún faisnéis ábhartha chun faireachán a dhéanamh ar athruithe sa chaidreamh sin, lena n-áirítear trí staidéir ábhartha a dhéanamh. Cabhróidh na Ballstáit leis an gCoimisiún trí aon fhaisnéis ábhartha a bailíodh, lena n-áirítear faoi chásanna sonracha, a sholáthar, arna iarraidh sin. Féadfaidh an Coimisiún, chun críche an Airteagail seo agus Airteagal 18, féachaint le faisnéis a bhailiú ó sholáthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne.

*Airteagal 17***Cóid iompair**

1. Spreagfaidh an Coimisiún soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne, agus eagraíochtaí agus comhlachais a dhéanann ionadaíocht orthu, mar aon le húsáideoirí gnó, lena n-áirítear FBManna agus micrifhiontair agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha, chun cóid iompair a tharraingt suas arb é is aidhm leo rannchuidiú le cur i bhfeidhm cuí an Rialacháin seo, agus sainairíonna na n_earnálacha éagsúla ina soláthraítear seirbhísí idirghabhála ar líne á gcur san áireamh, mar aon le sainairíonna FBManna.
2. Spreagfaidh an Coimisiún soláthraithe inneall cuardaigh ar líne, agus na heagraíochtaí agus na comhlachais a dhéanann ionadaíocht orthu, chun cóid iompair a tharraingt suas atá beartaithe go sonracha le rannchuidiú le cur i bhfeidhm cuí Airteagal 5.
3. Spreagfaidh an Coimisiún soláthraithe na seirbhísí idirghabhála ar líne chun cóid iompair earnáilsonracha a ghlacadh agus a chur chun feidhme, i gcás inarb ann do na cóid iompair sin agus ina n_úsáidtear go forleathan iad.

*Airteagal 18***Athbhreithniú**

1. Faoi 13 Eanáir 2022, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ina leith.
2. Déanfar an chéad mheastóireacht ar an Rialachán seo, go háirithe, ag féachaint do na nithe seo a leanas:
 - (a) measúnú a dhéanamh an gcomhlíontar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 3 go 10, chomh maith le tionchar na n-oibleagáidí sin ar gheilleagar na n_ardán ar líne;
 - (b) measúnú a dhéanamh ar thionchar agus éifeachtacht aon chód iompair atá bunaithe chun cothroime agus trédhearcacht a fheabhsú;
 - (c) imscrúdú a dhéanamh tuilleadh ar na fadhbanna arb é spleáchas na n-úsáideoirí gnó ar sheirbhísí idirghabhála ar líne is cúis leo, agus ar fhadhbanna a eascraíonn as soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne a bheith i mbun cleachtais tráchtála éagóracha, agus chun a mhéid a leanann na cleachtais sin de bheith forleathan a chinneadh tuilleadh;
 - (d) imscrúdú a dhéanamh i dtaobh an iomaíocht chóir í an iomaíocht idir earraí nó seirbhísí a thairgeann úsáideoir gnó agus earraí nó seirbhísí a thairgeann nó a rialaíonn soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne agus i dtaobh an mbaineann soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne mí-úsáid as sonraí faoi phribhléid ina leith sin;

- (e) measúnú a dhéanamh ar éifeacht an Rialacháin seo maidir le haon mhíchothromaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann sa chaidreamh idir soláthraithe na gcóras oibríochta agus a n-úsáideoirí gnó;
- (f) measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil raon feidhme an Rialacháin, go háirithe maidir leis an sainmhíniú ar "úsáideoir gnó", oiriúnach sa mhéid nach spreagtar féinfhostaíocht bhréagach leis.

Suífead leis an gcéad mheastóireacht agus leis na cinn ina diaidh sin an bhféadfadh gá a bheith le rialacha breise, lena n-airítear maidir le forfheidhmiú, chun timpeallacht ghnó ar líne atá cóir, intuartha, inbhuanaithe agus iontaofa a áirithiú laistigh den mhargadh inmheánach. Tar éis na meastóireachtaí, déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí, a bhféadfadh tograí reachtacha a bheith san áireamh leo.

3. Soláthróidh na Ballstáit aon fhaisnéis ábhartha atá acu a éileoidh an Coimisiún chun an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 a tharraingt suas.

4. Agus an mheastóireacht ar an Rialachán seo á déanamh ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh, *inter alia*, na tuairimí agus na tuarascálacha a bheidh curtha faoina bhráid ag grúpa na saineolaithe don Fhaireachlann maidir le Geilleagar na nArdán ar Líne. Cuirfidh sé comhthéacs agus feidhmiú aon chóid iompair dá dtagraítear in Airteagal 17 san áireamh freisin, i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 19

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tíocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm aige ón 12 Iúil 2020.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

G. CIAMBA

TREORACHA

TREOIR (AE) 2019/1151 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Meitheamh 2019

lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 50(1) agus pointí (b), (c), (f) agus (g) d'Airteagal 50(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I dTreoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ leagtar síos *inter alia* na rialacha maidir le nochtadh agus le hidirnascaidh na gclár lárnach, tráchtála agus cuideachtaí de chuid na mBallstát.
- (2) Ceann de na réamhriachtanais chun margadh inmheánach iomaíoch a fheidhmiú go héifeachtach, a nuachóiriú, agus a chuíchóiriú ó thaobh riaracháin agus chun iomaíochas agus iontaofacht cuideachtaí a áirithiú ná úsáid uirlisí digiteacha agus próiseas digiteach chun gur fusa gníomhaíocht eacnamaíoch a thionscnamh, chun dlús a chur léi agus chun í a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí ó thaobh ama agus costais trí chuideachta a chur ar bun nó trí bhrainte de chuid na cuideachta sin a oscailt i mBallstát eile, agus chun faisnéis chuimsitheach agus inrochtana a sholáthar maidir le cuideachtaí.
- (3) Is den riachtanas é timpeallacht dhlíthiúil agus riaracháin a áirithiú atá in ann do na dúshlán shóisialta agus eacnamaíocha nua a bhaineann leis an domhandú agus leis an digitiú, chun, ar lámh amháin, na coimircí riachtanacha a sholáthar in aghaidh na mí-úsáide agus na calaoise agus, ar an lámh eile, cuspóirí a shaothrú amhail an fás eacnamaíoch a chur chun cinn, poist a chruthú agus infheistíocht a mhealladh chuig an Aontas, a mbeadh mar thoradh orthu go léir go mbeadh tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta ann don tsochaí trí chéile.
- (4) Faoi láthair, tá éagsúlachtaí suntasacha idir Ballstáit ó thaobh uirlisí ar líne a bheith ar fáil lena gceadaítear d'fhiontrairthe agus do chuideachtaí cumarsáid a dhéanamh le húdarais maidir le nithe a bhaineann le dlí na gcuideachtaí. Tá éagsúlacht ann ó Bhallstát go Ballstát maidir le seirbhísí ríomhrialtais. Soláthraíonn roinnt de na Ballstáit seirbhísí cuimsitheacha, atá so-úsáidte, agus atá ar fad ar fáil ar líne, ach, os a choinne sin, níl cinn eile in ann réitigh ar líne a sholáthar ag mórchéimeanna áirithe de shaolré comhlachta. Mar shampla, ní cheadaíonn roinnt Ballstát cuideachtaí a chlárú nó athruithe ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis a chomhdú leis an gclár ach má dhéantar an méid sin i bpearsa, cheadaíonn roinnt díobh na gníomhartha sin a dhéanamh i bpearsa nó ar líne, agus i mBallstáit eile, ní féidir iad a dhéanamh ach ar líne.

⁽¹⁾ IO C 62, 15.2.2019, lch. 24.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 13 Meitheamh 2019.

⁽³⁾ Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46).

- (5) Thairis sin, maidir le rochtain ar fhaisnéis chuideachta, ordaítear le dlí an Aontais gur gá tacar íosta sonraí a sholáthar saor in aisce i gcónaí. Tá raon feidhme na faisnéise sin fós teoranta, áfach. Tá éagsúlacht ann maidir leis an rochtain ar fhaisnéis den sórt sin, agus níos mó faisnéise á cur ar fáil saor in aisce i roinnt Ballstát ná i gcinn eile, agus, dá thoradh sin, tá míchothromaíocht san Aontas.
- (6) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún *A Digital Single Market Strategy for Europe* (“Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach don Eoraip”) agus sa Teachtaireacht uaidh *EU e-Government Action Plan 2016-2020: Accelerating the digital transformation of government* (“Plean Gníomhaíochta AE maidir le ríomh-Rialtas 2016-2020: Dlús a chur le claochlú digiteach rialtais”), cuireadh béim ar ról údarás poiblí i gcuidiú le gnólachtaí a gcuid gníomhaíochtaí a chur ar bun gan stró, oibriú ar líne agus leathnú amach thar theorainneacha. Aithnítear go sonrath i bPlean Gníomhaíochta AE maidir le ríomh-Rialtas an tábhacht a bhaineann le feabhas a chur ar úsáid uirlisí digiteacha agus ceanglais a bhaineann le dlí na gcuideachtaí á gcomhlíonadh. De bhreis air sin, d’iarr na Ballstáit sa *Tallinn Declaration on eGovernment* (“Dearbhú Thailinn maidir le ríomh-Rialtas”) an 6 Deireadh Fómhair 2017 go gcuirfí dlús le hiarrachtaí ar nósanna imeachta leictreonacha atá éifeachtúil agus úsáideoir-lárnach a sholáthar san Aontas.
- (7) I Meitheamh 2017, idirnascadh na gclár lárnach, tráchtála agus cuideachtaí de chuid na mBallstát, rud a éascaíonn rochtain trasteorann ar fhaisnéis faoi chuideachta go mór san Aontas agus a chuireann ar chumas clár sna Ballstáit cumarsáid a dhéanamh go leictreonach le chéile i ndáil le hoibríochtaí trasteorann áirithe a dhéanann difear do chuideachtaí.
- (8) Chun foirmiú cuideachtaí agus clárú brainsí a éascú agus chun na costais, an t-am agus na hualaí riaracháin a bhaineann leis na próisis sin a laghdú, go háirithe i ndáil le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (“FBManna”) mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, ba cheart nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun go bhféadfar foirmiú cuideachtaí agus clárú brainsí a dhéanamh go hiomlán ar líne. Níor cheart, leis an Treoir seo, go gcuirfí de cheangal ar chuideachtaí na nósanna imeachta sin a úsáid. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann, áfach, cinneadh a dhéanamh i dtaca le roinnt nósanna imeachta ar líne, nó gach nós imeachta ar líne, a dhéanamh éigeantach. Ní ó tháillí riaracháin a ghearrtar as cuideachta a chur ar fhoirmiú nó brainse a chlárú amháin a dhíorthaíonn na costais agus na hualaí reatha a bhaineann le nósanna imeachta formáidiú agus clárúcháin sin, ach ó cheanglais eile freisin, rud a fhágann go mbíonn níos mó ama de dhíth chun an próiseas a chur i gcrích, go háirithe nuair atá gá le láithreach fhisiciúil an iarratasóra. Ina theannta sin, ba cheart faisnéis faoi nósanna imeachta den sórt sin a chur ar fáil saor in aisce agus ar líne.
- (9) I Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, lena mbunaítear an Tairseach Aonair Dhigiteach, déantar foráil maidir le rialacha ginearálta i ndáil le faisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnamh atá ábhartha i leith feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a sholáthar ar líne. Sa Treoir seo, leagtar síos rialacha sonracha a bhaineann le cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta a fhoirmiú ar líne, le brainsí a chlárú agus le doiciméid agus faisnéis a chomhdú ag cuideachtaí agus brainsí (“nósanna imeachta ar líne”), nach gcumhdaítear leis an Rialachán sin. Go háirithe, ba cheart go soláthródh na Ballstáit faisnéis shonrach maidir leis na nósanna imeachta ar líne dá bhforáiltear sa Treoir seo chomh maith le samhail-ionstraimí comhdhéanaimh (“teimpléid”) ar shuíomhanna gréasáin inrochtana tríd an Tairseach Aonair Dhigiteach.
- (10) Dá bhféadfaí cuideachtaí a fhoirmiú agus brainsí a chlárú go hiomlán ar líne agus doiciméid agus faisnéis a chomhdú go hiomlán ar líne, bheadh cuideachtaí in ann uirlisí digiteacha a úsáid agus teagmhálacha á ndéanamh acu le húdaráis inniúla de chuid na mBallstát. Chun iontaoibh a fheabhsú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh ríomh-shainitheantas slán agus úsáid seirbhísí iontaoibhe indéanta i gcás úsáideoirí náisiúnta agus úsáideoirí trasteorann i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ⁽⁶⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. De bhreis air sin, chun ríomh-shainitheantas trasteorann a chumasú, ba cheart do na Ballstáit scéimeanna ríomh-shainitheantais a chur ar bun lena ndéanfar foráil maidir le modhanna ríomh-shainitheantais údaraithe. D’úsáidfí na scéimeanna náisiúnta sin mar bhonn chun modhanna ríomh-shainitheantais a aithint arna n-eisiúint i mBallstát eile. Chun ardleibhéal iontaoibhe a áirithiú i gcásanna trasteorann, níor cheart ach modhanna ríomh-shainitheantais a chomhlíonann Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a aithint. In aon chás, leis an Treoir seo, níor cheart a cheangal ar na Ballstáit ach clárú ar líne cuideachtaí agus a mbrainsí a chumasú agus leomhadh d’iarratasóirí ar saoránaigh de chuid an Aontais iad comhdú a dhéanamh ar líne trína meáin ríomh-shainitheantais a aithint. Ba cheart do na Ballstáit a chinneadh cén chaoi a gcuirtear na modhanna sainitheantais a aithníonn siad ar fáil go poiblí, lena n-áirítear iadsan nach dtagann faoi Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

⁽⁴⁾ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, ar nósanna imeachta agus ar sheirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

- (11) Ba cheart go mbeadh na Ballstáit saor chun a chinneadh cé hiad na daoine a meastar faoin dlí náisiúnta ar iarratasóirí iad i ndáil le nósanna imeachta ar líne ar choinníoll nach gcuireann sé sin teorainn le raon feidhme agus le cuspóir na Treorach seo.
- (12) Chun éascú a dhéanamh ar nósanna imeachta ar líne do chuideachtaí, ba cheart go n-áiritheofaí le clár na mBallstát go mbeadh na rialacha i leith táillí is infheidhme maidir leis na nósanna imeachta ar líne dá bhforáiltear sa Treoir seo agus go mbeidís trédhearcach agus curtha i bhfeidhm ar bhealach neamhidirdhealaitheach. Níor cheart gur dochar do shaoirse chonarthaigh, áfach, an ceanglas go mbeadh na rialacha maidir le táillí trédhearcach, i gcás inarb infheidhme, idir na hiarratasóirí agus na daoine a chuidíonn leo in aon chuid den fhoirmiú ar líne nó de na nósanna imeachta comhdúcháin, lena n-áirítear an tsaoirse praghas iomchuí a chaibidlíú le haghaidh na seirbhísí sin.
- (13) Maidir le táillí a bhaineann le nósanna imeachta ar líne, lena n-áirítear na táillí a ghearrfar leis na cláir, ba cheart iad a ríomh bunaithe ar chostais na seirbhísí lena mbaineann. D'fhéadfadh táillí den sórt sin, *inter alia*, costais a chumhdach a bheadh ag baint le mionseirbhísí a cuireadh ar fáil saor in aisce. Agus méid an chostais á ríomh acu, ba cheart go mbeadh na Ballstáit i dteideal gach costas a bhaineann le nósanna imeachta ar líne a dhéanamh a chur san áireamh, lena n-áirítear sciar na bhforchostas a d'fhéadfaí a chur ina leith sin. Thairis sin ba cheart go mbeadh cead ag na Ballstáit muirir ag ráta comhréidh a fhorchur agus méid chostas na táillí sin a shocrú ar feadh tréimhse éiginnte, ar choinníoll go ndéanann sé seiceáil ag eatraimh rialta nach dtéann táillí den sórt sin thar an meánchostas ar na seirbhísí atá i gceist. Aon táillí le haghaidh nósanna imeachta ar líne a ghearrfar leis na cláir sna Ballstáit, níor cheart go rachaidís thar an gcostas aisghabhála ar na seirbhísí sin a sholáthar. Thairis sin, i gcás ina mbeadh íocaíocht i gceist le cur i gcrích an nós imeachta, ba cheart go bhféadfaí an íocaíocht a dhéanamh trí sheirbhísí íocaíochta trasteorann atá ar fáil go forleathan, amhail cártaí creidmheasa agus aistrithe bainc.
- (14) Ina theannta sin, ba cheart go gcuideodh na Ballstáit daoine atá ag iarraidh cuideachta a fhoirmiú nó brainse a bhunú trí fhaisnéis áirithe a sholáthar tríd an Tairseach Aonair Dhigiteach agus, i gcás inarb infheidhme, ar an Tairseach don r-Cheartais, ar bhealach beacht agus éasca le húsáid, i ndáil le nósanna imeachta agus ceanglais maidir le foirmiú agus comhdúchán le haghaidh cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta, brainsí a fhoirmiú, agus doiciméid agus faisnéis a chomhdú, rialacha a bhaineann le dícháiliú stiúrthóirí agus cur síos ar chumhachtaí agus ar fhreagrachtaí chomhalta de chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta cuideachta.
- (15) Ba cheart an deis a bheith ann cuideachtaí a fhoirmiú agus go hiomlán ar líne. Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit, áfach, teorainn a chur le foirmiú ar líne cineálacha áirithe cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta, mar a shonraítear sa Treoir seo, mar gheall ar an gcastacht a bhaineann le foirmiú cineálacha eile cuideachtaí i ndlí náisiúnta. In aon chás, ba cheart do na Ballstáit rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le foirmiú cuideachtaí ar líne. Ba cheart go mbeadh sé indéanta foirmiú ar líne a dhéanamh trí dhoiciméid nó faisnéis a chur isteach i bhfoirm leictreonach, gan dochar do cheanglais na mBallstát maidir le hionchorprú ábhartha agus le nósanna imeachta a leagtar síos leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear na ceanglais sin a bhaineann le nósanna imeachta dlíthiúla maidir le hionstraimí comhdhéanaimh a tharraingt suas, agus le barántúlacht, beaichte, inchreidteacht, iontaofacht agus foirm iomchuí dhlíthiúil na ndoiciméad nó na faisnéise a chuirtear isteach. Níor cheart go ndéanfadh na ceanglais ábhartha agus na ceanglais nós imeachta sin nósanna imeachta ar líne dodhéanta áfach, go háirithe cuideachta a fhoirmiú agus brainse a chlárú ar líne. I gcásanna nach mbeadh sé indéanta go teicniúil cóipeanna leictreonacha de dhoiciméid a fháil, ar cóipeanna iad a chomhlíonann ceanglais na mBallstát, d'fhéadfaí, go heisceachtúil, go n-éileofaí doiciméid i bhfoirm páipéir.
- (16) I gcásanna inar comhlíonadh gach foirmiúlacht is gá maidir le cuideachta a fhoirmiú ar líne, lena n-áirítear an ceanglas maidir le cuideachta a chur ar fáil i gceart na doiciméid agus an fhaisnéis go léir, ba cheart go dtarlódh foirmiú cuideachtaí ar líne go gasta os comhair aon údarás, aon duine nó aon chomhlachtaí atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné de na nósanna imeachta ar líne. I gcásanna ina bhfuil amhras ann, áfach, faoi chomhlíonadh na bhfoirmiúlachtaí riachtanacha, lena n-áirítear maidir le sainaitheantas an iarratasóra, dlíthiúlacht ainm na cuideachta, dícháiliú stiúrthóra nó go gcomhlíonadh aon fhaisnéis nó aon doiciméad ceanglais dhlíthiúla, nó i gcásanna ina bhfuil drochamhras ann faoi chalois nó faoi mhí-úsáid, féadfaidh níos mó ama a bheith i gceist leis an bhfoirmiú ar líne agus níor cheart go gcuirfí tús leis an spriodhata le haghaidh na n-údarás go dtí go mbeadh na foirmiúlachtaí sin comhlíonta. In aon chás, murar féidir an nós imeachta a thabhairt i gcrích faoin spriodhata, ba cheart go n-áiritheodh na Ballstáit go dtugtar fógra don iarratasóir maidir leis na cúiseanna leis an moill.
- (17) Chun go bhféadfar cuideachta a fhoirmiú ar líne nó brainse a chlárú ar líne go tráthúil, níor cheart do na Ballstáit é a chur de choinníoll le foirmiú cuideachta nó clárú brainse ar líne go bhfaighfear aon cheadúnas nó údarú sula bhféadfar foirmiú cuideachta nó clárú brainse a chur i gcrích ach amháin i gcás ina leagtar síos é sa dlí náisiúnta chun rialú cuí gníomhaíochtaí áirithe a áirithiú. Tar éis foirmiú nó clárú a dhéanamh, ba cheart rialáil a dhéanamh leis an dlí náisiúnta ar na cásanna nach bhféadfaidh cuideachtaí nó brainsí gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh gan ceadúnas ná údarú a fháil.

- (18) Chun cúnamh a thabhairt do ghnólachtaí, go háirithe FMBanna, a ngnó a chur ar bun, ba cheart an deis a bheith ann cuideachta phríobháideach faoi dhliteanas teoranta a fhoirmiú trí theimpléid a úsáid ar samhailionstraimí comhdhéanaimh iad ba cheart a bheith ar fáil ar líne. Ba cheart go n-áiritheodh na Ballstáit go bhféadfaí teimpléid den sórt sin a úsáid le haghaidh foirmiú cuideachta ar líne, agus dá bhrí sin ba cheart go mbeidís saor a luach dlíthiúil a chinneadh. Féadfar tacar roghanna réamhshainithe a bheith sna teimpléid sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ba cheart do na hiarratasóirí a bheith in ann rogha a dhéanamh idir teimpléid a úsáid nó cuideachta a fhoirmiú trí ionstraimí comhdhéanaimh saincheaptha a úsáid agus ba cheart an rogha a bheith ag na Ballstáit teimpléid a sholáthar do chineálacha eile cuideachtaí freisin.
- (19) Chun déanamh de réir na dtraidisiún atá ag na Ballstáit cheana i leith dhlí na gcuideachtaí, is gá solúbthacht a bheith ann maidir leis an modh ina n-áiritheoidh siad córas iomlán ar líne chun foirmiú cuideachtaí agus clárú brainsí, mar aon le comhdú doiciméad agus faisnéise, lena n-áirítear i ndáil leis an ról atá ag nótaireí nó dlíodóirí in aon chuid de na nósanna imeachta ar líne den sórt sin. Maidir le nithe a bhaineann le nósanna imeachta, nach ndéantar iad a rialáil sa Treoir seo, ba cheart iad a rialáil leis an dlí náisiúnta.
- (20) De bhreis air sin, chun dul i ngleic le calaois, le sciúradh airgid agus le fuadach cuideachta agus chun coimircí a sholáthar d'iontaofacht agus d'inchreidteacht doiciméad agus faisnéise atá sna cláir náisiúnta, ba cheart a áireamh freisin sna forálacha maidir le nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Treoir seo rialuithe dlíthiúlachta maidir le sainaitheantas agus le hinniúlacht dhlíthiúil daoine atá ag iarraidh cuideachta a fhoirmiú nó brainse a chlárú nó doiciméid nó faisnéis a chomhdú ar líne. D'fhéadfadh na rialuithe sin a bheith mar chuid de sheiceáil dlíthiúlachta arna héileamh ag roinnt de na Ballstáit. Maidir leis na meáin agus na modhanna chun na rialuithe sin a dhéanamh, áfach, ba cheart é a bheith faoi na Ballstáit iad a fhorbairt agus a ghlacadh. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann rannpháirtíocht nótaireí nó dlíodóirí a éileamh in aon chuid de nósanna imeachta ar líne. Níor cheart, áfach, an rannpháirtíocht sin a bheith ina cosc ar an nós imeachta a chur i gcrích go hiomlán ar líne.
- (21) I gcás ina bhfuil údar cuí leis mar gheall ar an leas poiblí chun cosc a chur ar mhí-úsáid nó athrú sainaitheantais, nó chun a áirithiú go gcomhlíontar na rialacha maidir le hinniúlacht dhlíthiúil agus údarás an iarratasóra a bheith ina n-ionadaithe do cuideachta ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit bearta a ghlacadh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, lena bhféadfaí láithreach fhísiciúil an iarratasóra, nó aon duine nó aon chomhlacht a bhfuil sainordú acu faoin dlí náisiúnta chun déileáil le gné ar bith de nósanna imeachta ar líne, a éileamh i gcás inar gá an cuideachta a fhoirmiú agus brainse a chlárú. Níor cheart, áfach, go n-éileofaí an láithreach fhísiciúil sin ach de réir an cháis seachas ar bhonn córasach, agus níor cheart go n-éileofaí í ach amháin i gcás ina bhfuil drochamhras ann faoi fhalsú sainaitheantais nó neamhchomhlíonadh rialacha maidir le hinniúlacht dhlíthiúil agus údarás na n-iarratasóirí a bheith ina n-ionadaithe don cuideachta. Ba cheart go mbeadh an drochamhras sin bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil do na húdaráis nó do dhaoine nó comhlachtaí a bhfuil sainordú acu faoi dhlíthe náisiúnta na rialuithe sin a dhéanamh. I gcás ina n-éilítear láithreach fhísiciúil, ba cheart go n-áiritheodh na Ballstáit go bhféadtar aon chéimeanna eile den nós imeachta a chur i gcrích ar líne. Ba cheart go mbeadh an cumas gníomhú san áireamh i gcoincheap na hinniúlachta dlíthiúla.
- (22) Ba cheart go gcuirfeadh na Ballstáit freisin ar chumas a n-údarás, a ndaoine nó a gcomhlachtaí inniúla a fhíorú, trí rialuithe leictreonacha comhlántacha ar shainaitheantas, ar inniúlacht dhlíthiúil agus ar dhlíthiúlacht, cibé ar comhlíonadh gach coinníoll ba ghá le haghaidh foirmiú cuideachtaí. Ba cheart a áireamh, leis na rialaithe sin, *inter alia*, físchomhdhálacha nó modhanna eile ar líne a chuireann nasc fíorama closamhairc ar fáil.
- (23) Chun a áirithiú go dtugtar cosaint do gach duine a idirghníomhaíonn le cuideachtaí, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann iompar calaoiseach nó iompar mí-úsáideach a chosc trí cheapadh duine ina stiúirthóir ar cuideachta a dhiúltú, ag cur san áireamh iompar an duine sin roimhe seo ní hamháin ina gcríoch féin, ach i gcás ina bhforáiltear dó faoin dlí náisiúnta, chomh maith le faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit eile. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an cead ag na Ballstáit faisnéis a iarraidh ó na Ballstáit eile. D'fhéadfadh an freagra a bheith ina fhaisnéis maidir le dícháiliú atá i bhfeidhm nó faisnéis eile atá ábhartha le haghaidh dícháiliú sa Bhallstát a fuair an freagra. Ba cheart go mbeadh na hiarrataí sin ar fhaisnéis indéanta trí chóras idirnascadh na gclár. Maidir leis sin, ba cheart go mbeadh na Ballstáit saor chun roghnú cén bealach is fearr an fhaisnéis sin a bhailiú, amhail trí fhaisnéis ábhartha a bhailiú ó aon chlár nó ó áiteanna eile ina bhfuil sí stóráilte i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó trí chlár thiomnaithe a chruthú nó trí ranna tiomnaithe ar chlár ghnó. I gcás ina bhfuil gá le faisnéis bhreise, amhail na tréimhsí agus na forais don dícháiliú, ba cheart an cead a bheith ag na Ballstáit í a sholáthar trí na córais atá ar fáil do mhalartú faisnéise, i gcomhréir le dlíthe náisiúnta. Níor cheart don Treoir seo, áfach, oibleagáid a chruthú go n-iarrfaí an fhaisnéis sin i ngach cás. Thairis sin, níor cheart, toisc an cead a bheith ann faisnéis maidir le dícháiliú i mBallstát eile a chur san áireamh, go gceanglófaí ar na Ballstáit dícháilithe atá i bhfeidhm i mBallstát eile a aithint.

- (24) Chun a áirithiú go dtugtar cosaint do gach duine a idirghníomhaíonn le cuideachtaí nó le brainsí agus chun iompar calaoiseach nó mí-úsáideach a chosc, tá sé tábhachtach go mbeadh ar chumas údarás inniúil sna Ballstáit a fhíorú cibé an bhfuil toirmeasc ar dhuine atá le ceapadh mar stiúrthóir cúraimí stiúrthóra a dhéanamh. Chuige sin, ba cheart go mbeadh údarás inniúla ar an eolas faoi cibé an bhfuil duine ar leith ar taifead ar aon chlár atá ábhartha le haghaidh dícháiliú stiúrthóirí sna Ballstáit eile trí mheán chóras idirnascadh na gclár. Níor cheart go ndéanfadh na cláir, na húdarás ná na daoine nó na comhlachtaí a bhfuil sainordú tugtha dóibh faoin dlí náisiúnta, aon ghné de nósanna imeachta a lámhseáil, na sonraí pearsanta sin a stóráil ar feadh tréimhse níos faide nár mar is gá chun measúnú a dhéanamh ar incháilitheacht an duine atá le ceapadh mar stiúrthóir. Féadfaidh go mbeidh gá ag na heintitis sin, áfach, an fhaisnéis sin a stóráil ar feadh tréimhse níos faide i bhfianaise go bhféadfaí athbhreithniú féideartha a dhéanamh ar chinneadh diúltach. In aon chás, níor cheart go rachadh an tréimhse choinneála thar an tréimhse a leagtar síos i rialacha náisiúnta do choinneáil aon sonraí pearsanta maidir le foirmiú cuideachta nó le clárú brainse nó maidir le doiciméid agus faisnéis a chomhdú atá bainteach leis.
- (25) Ba cheart na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa Treoir seo a bhaineann le cuideachtaí a fhoirmiú ar líne agus brainsí a chlárú a bheith gan dochar d'aon fhoirmiúlachtaí eile nach mbaineann le dlí na gcuideachtaí ar gá do chuideachta iad a chomhlíonadh chun oibríochtaí a thosú i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.
- (26) Maidir le foirmiú cuideachtaí agus clárú brainsí ar líne, chun na costais agus na hualaí ar chuideachtaí a laghdú, i rith shaoil na gcuideachtaí, ba cheart a bheith in ann freisin doiciméid agus faisnéis a thíolacadh go hiomlán ar líne do chlár náisiúnta. San am céanna, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an deis a cheadú doiciméid agus faisnéis a chomhdú trí mheán eile, lena n-áirítear ar pháipéar. Ina theannta sin, ba cheart faisnéis chuideachta a nochtadh a luaithe a chuirfear an fhaisnéis ar fáil don phobal sna cláir náisiúnta sin, ós rud é go bhfuil siad idirnascacha feasta agus go bhfuil siad ina bpointe tagartha cuimsitheach d'úsáideoirí. Chun nach gcuirfear isteach ar an modh nochtata atá ann cheana, ba cheart é a bheith de rogha ag na Ballstáit freisin an fhaisnéis chuideachta uile nó cuid di a fhoilsiú in iris náisiúnta, agus iad á áirithiú san am céanna go seolfadh an clár an fhaisnéis go leictreonach chuig an iris náisiúnta sin. Níor cheart go ndéanfadh an Treoir seo difear do rialacha náisiúnta maidir le luach dlíthiúil na gclár agus le ról irise náisiúnta.
- (27) Chun go n-éascófar an chaoi ar féidir an fhaisnéis atá stóráilte ar na cláir náisiúnta a chuardach agus a mhalartú le córais eile, maidir leis na doiciméid agus leis an bhfaisnéis uile arna soláthar d'aon údarás nó duine nó comhlacht atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné de na nósanna imeachta ar líne, mar chuid de na nósanna imeachta ar líne dá bhforáiltear sa Treoir seo, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú tar éis don idirghníomhse dul in éag gur féidir leis na cláir iad a stóráil i bhformáid atá inléite agus inchuardaithe ag meaisín nó mar shonraí struchtúrtha. Ciallaíonn an méid sin gur cheart go ndéanfaí formáid an chomhaid a struchtúrú sa chaoi is go mbeadh na feidhmchláir bogearraí in ann sonraí sonracha agus a struchtúr inmheánach a aithint, a shainaitheant agus a asbhaint. Níor cheart go gcuimseodh formáid inchuardaithe doiciméid agus faisnéise sínithe scanta nó sonraí eile nach bhfuil oiriúnach do mheaisín-inléiteacht. Ós rud é go bhféadfaidh sé gur ghá athruithe a dhéanamh ar na córais atá ag na Ballstáit cheana féin, ba cheart tréimhse thrasú níos faide a bheith i gceist le haghaidh an cheanglais sin.
- (28) Chun costais a chiorrú agus an t-ualach riaracháin agus fad na nósanna imeachta a laghdú do chuideachtaí, ba cheart do na Ballstáit “prionsabal na haonuaire” a chur i bhfeidhm i réimse dhlí na gcuideachtaí, atá daingnithe san Aontas, mar a léirítear, *inter alia*, trí Rialachán (AE) 2018/1724, trí Phlean Gníomhaíochta Ríomhrialtais an Choimisiúin Eorpaigh nó trí Dhearbhú Thailinn ar Ríomhsheirbhísí Rialtais. Is éard atá i gceist le prionsabal na haonuaire a chur i bhfeidhm ná nach n-iarrtar ar chuideachtaí an fhaisnéis chéanna a chur faoi bhráid údarás phoiblí níos mó ná uair amháin. Mar shampla, níor cheart go mbeadh ar chuideachtaí an fhaisnéis chéanna a thíolacadh don chlár náisiúnta agus don iris náisiúnta. Ina ionad sin, ba cheart don chlár an fhaisnéis a tíolacadh cheana a sholáthar go díreach don iris náisiúnta. Ar an gcuma chéanna, i gcás ina bhfuil cuideachta foirmithe i mBallstát amháin agus inar mian léi brainse a chlárú i mBallstát eile, ba cheart don chuideachta a bheith in ann leas a bhaint as doiciméid nó as an bhfaisnéis a tíolacadh do chlár roimhe sin. De bhreis air sin, i gcás ina bhfuil cuideachta foirmithe i mBallstát amháin ach ina bhfuil brainse i mBallstát eile aici, ba cheart an chuideachta a bheith in ann athruithe áirithe ar a faisnéis chuideachta a thíolacadh don chlár ina bhfuil an chuideachta cláraithe, agus dó sin amháin, gan an gá an fhaisnéis chéanna a thíolacadh don chlár ina bhfuil an brainse cláraithe. Ina ionad sin, ba cheart faisnéis amháin athrú ar ainm cuideachta nó athrú ar oifig chláraithe na cuideachta a mhalartú go leictreonach idir an clár ina bhfuil an chuideachta cláraithe agus an clár ina bhfuil an brainse cláraithe trí úsáid a bhaint as córas idirnascadh na gclár.

- (29) Chun a áirithiú go mbeidh faisnéis chomhsheasmhach atá cothrom le dáta ar fáil maidir le cuideachtaí san Aontas agus méadú breise a chur ar thrédhearcacht, ba cheart an deis a bheith ann idirascadh na gclár a úsáid chun faisnéis a mhalartú faoi aon chineál cuideachta atá cláraithe i gcláir na mBallstát i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ba cheart é a bheith de rogha ag na Ballstáit cóipeanna leictreonacha de na doiciméid agus den fhaisnéis faoi na cineálacha cuideachtaí eile sin a chur ar fáil trí idirascadh na gclár freisin.
- (30) Ar mhaithe le thrédhearcacht agus le cosaint leasanna oibrithe, creidiúnaithe agus scairshealbhóirí mionlaigh, agus chun muinín a chur chun cinn in idirbhearta gnó, lena n-áirítear iad siúd de chineál trasteorann laistigh den mhargadh inmheánach, tá sé tábhachtach gur féidir le hinfheisteoirí, le geallsealbhóirí, le comhpháirtithe gnó agus le húdaráis rochtain a fháil gan stró ar fhaisnéis chuideachta. Chun feabhas a chur ar inrochtaineacht na faisnéise sin, ba cheart breis faisnéise a bheith ar fáil saor in aisce i ngach Ballstát. Ba cheart go n-áireodh an fhaisnéis sin stádas na cuideachta agus faisnéis maidir lena brainsí i mBallstáit eile, chomh maith le faisnéis i ndáil le daoine atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh thar ceann cuideachta, bíodh sé sin mar chomhlacht nó mar chomhaltaí na cuideachta sin. Thairis sin, ní bheidh an praghas ar chóip de na doiciméid agus den fhaisnéis uile dá dtagraítear in Airteagal 14 a fháil, nó cóip de chuid díobh nó di a fháil, bíodh sin trí mheáin pháipéir nó trí mheáin leictreonacha, níos airde ná an costas riaracháin a bhaineann leis sin, lena n-áirítear costais forbartha agus cothabhála na gclár, ar choinníoll nach bhfuil an praghas díreireach i ndáil leis an bhfaisnéis a lorgaíodh.
- (31) I láthair na huair, is féidir leis na Ballstáit pointí rochtana roghnacha a bhunú i ndáil le córas idirascadh na gclár. Mar sin féin, ní féidir leis an gCoimisiún páirtithe leasmhara eile a nascadh le córas idirascadh na gclár. Chun go bhféadfaidh páirtithe leasmhara eile tairbhe a bhaint as idirascadh na gclár agus a áirithiú go mbeidh faisnéis atá cruinn, cothrom le dáta agus iontaofa fós ag a gcórais maidir le cuideachtaí, ba cheart a údarú don Choimisiún pointí rochtana breise a bhunú. Níor cheart do na pointí rochtana sin a bheith ar fáil ach amháin do chórais a fhorbraíonn agus a oibríonn an Coimisiún nó institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais chun a bhfeidhmeanna riaracháin a chomhlíonadh nó forálacha dhlí an Aontais a chomhlíonadh.
- (32) Chun cuidiú le cuideachtaí atá bunaithe sa mhargadh inmheánach a ngníomhaíochtaí gnó a leathnú ar bhealach níos éasca thar theorainneacha, ba cheart iad a bheith in ann brainsí a oscailt agus a chlárú i mBallstát eile ar líne. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit, ar bhealach comhchosúil le cuideachtaí, clárú brainsí ar líne agus comhdú doiciméad agus faisnéise ar líne a chumasú agus, ar an gcaoi sin, cuidiú chun costais a chiorrú, agus, san am céanna, an t-ualach riaracháin agus fad ama na bhfoirmiúlachtaí a bhaineann leis an leathnú trasteorann a laghdú.
- (33) Agus brainse cuideachta atá cláraithe i mBallstát eile á chlárú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann faisnéis áirithe a fhíorú freisin maidir leis an gcuideachta trí chóras idirascadh na gclár. De bhreis air sin, i gcás ina ndúntar brainse i mBallstát amháin, ba cheart do chlár an Bhallstáit sin an Ballstát ina bhfuil an cuideachta cláraithe a chur ar an eolas faoi sin trí chóras idirascadh na gclár agus ba cheart don dá chlár an fhaisnéis sin a chlárú.
- (34) Chun comhsheasmhacht le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta a áirithiú, is gá an fhoráil i ndáil leis an gCoiste Teagmhála nach bhfuil ann níos mó a scríosadh, agus na cineálacha cuideachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 a nuashonrú.
- (35) Chun go bhféadfar athruithe eile a dhéanamh amach anseo ar dhlíthe na mBallstát agus ar reachtaíocht an Aontais i ndáil le cineálacha cuideachtaí, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an liosta de na cineálacha cuideachtaí atá in Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn IIA a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 a nuashonrú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁽⁷⁾. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (36) Ní dhéanann forálacha na Treorach seo difear do na dlíthe náisiúnta i dtaca le bearta cánach Ballstát nó a bhforálacha críche agus riaracháin, lena n-áirítear na hoibleagáidí a bhaineann le clárú cuideachtaí.

⁽⁷⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (37) Ní dhéanann an Treoir seo difear d'fhorálacha Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁸⁾ ina dtugtar aghaidh ar na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus le maoiniú sceimhlitheoireachta, go háirithe na hoibleagáidí a bhaineann leis na bearta iomchuí díchill chuí do chustaiméirí a dhéanamh ar bhonn riosca-íogair agus i ndáil le húinéir tairbhiúil aon eintiteas a cruthaíodh le gairid a aithint agus a chlárú i mBallstát a ionchorpraithe. Níor cheart go ndéanfaí difear ach oiread d'oibleagáidí eile faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí naisiúnta, lena n-áirítear iadsan a eascraíonn ó fhrithsciúradh airgid, ó chur i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus ó rialacha na húinéireachta tairbhiúla. Níor cheart go ndéanfaí an Treoir seo difear do chumhachtaí na mBallstát diúltú do fhoirmiú cuideachtaí agus do chlárú brainsí i gcásanna de chalois nó de mhí-úsáid, ná do ghníomhaíochtaí iniúchóireachta agus forfheidhmiúcháin na mBallstát, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a dhéanann na póilíní nó údaráis inniúla eile.
- (38) Ba cheart an Treoir seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le dlí an Aontais um chosaint sonraí agus le cosaint príobháideachais agus sonraí pearsanta mar a chumhdaítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Aon phróiseáil ar shonraí pearsanta daoine nádúrtha faoin Treoir seo, ní mór í a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁹⁾.
- (39) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁰⁾ agus thug sé tuairim uaidh an 26 Iúil 2018.
- (40) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, is é sin réitigh dhigiteacha bhreise a sholáthar do chuideachtaí sa mhargadh inmheánach, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le príonsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le príonsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (41) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin⁽¹¹⁾, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a thraschur.
- (42) I bhfianaise chastacht na n-athruithe is gá ar chórais náisiúnta chun forálacha na Treorach seo a chomhlíonadh, agus i bhfianaise na ndifríochtaí suntasacha atá ann faoi láthair idir na Ballstáit i ndáil le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i gcomhlathas dlí na cuideachta, is iomchuí é a fhoráil go mbeadh na Ballstáit a bhfuil deacrachtaí áirithe acu i dtrasuíomh roinnt forálacha den Treoir seo in ann fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an ngá atá acu le tairbhe a bhaint as síneadh suas le 1 bliain amháin a chur leis tréimhse ábhartha cur chun feidhme. Ba cheart go gcuirfeadh na Ballstáit ina iúl na cúiseanna oibiachtúla atá acu cur isteach ar shíneadh den sórt sin.
- (43) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir seo. De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar chúig chritéar mar atá éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleánúnachas agus breisluach agus ba cheart í a bheith mar bhonn le measúnuithe tionchair ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ba cheart go gcuideodh na Ballstáit le déanamh na meastóireachta sin trí shonraí a sholáthar don Choimisiún, ar sonraí iad atá ar fáil dóibh maidir le conas atá ag éirí go praiticiúil le cuideachtaí a fhoirmiú ar líne cuideachtaí, mar shampla sonraí maidir le líon na bhfoirmithe ar líne, líon na gcásanna inar úsáideadh teimpléid nó inar éilíodh láithreach fhísiciúil agus meánfhad agus costais na bhfoirmithe ar líne.

⁽⁸⁾ Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

⁽¹¹⁾ IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

- (44) Ba cheart faisnéis a bhailiú chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Treorach seo i gcoinne na gcuspóirí a shaothraítear inti agus chun bheith mar bhonn eolais le meastóireacht i gcomhréir le mír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
- (45) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir (AE) 2017/1132 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir (AE) 2017/1132

Leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 1, cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach tar éis an dara fleasc:

“— na rialacha maidir le foirmiú cuideachta agus le clárú ar líne a mbrainsí agus maidir le doiciméid agus faisnéis a chomhdú ar líne a dhéanann cuideachtaí agus a mbrainsí;”;

- (2) i dTeideal I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil III:

“Nósanna imeachta ar líne (foirmiú, clárú agus comhdú), nochtadh agus cláir”;

- (3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

“Airteagal 13

Raon feidhme

Beidh feidhm ag na bearta comhordaithe dá bhforbraítear leis an Roinn seo agus le Roinn 1A maidir le forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na cineálacha cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn II, agus i gcás ina sonrú sin, a bhaineann leis na cineálacha cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn IIA.”;

- (4) cuirtear isteach na hAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 13a

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

- (1) ciallaíonn ‘modh ríomh-shainaitheantais’ modh ríomh-shainaitheantais mar a shainmhínítear é i bpointe (2) d’Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);
- (2) ciallaíonn ‘scéim ríomh-shainaitheantais’ scéim ríomh-shainaitheantais mar a shainmhínítear í i bpointe (4) d’Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014;
- (3) ciallaíonn ‘modhanna leictreonacha’ trealamh leictreonach a úsáidtear do phróiseáil, lena n-áirítear comhbhrú digiteach agus stóráil sonraí agus trína seoltar an fhaisnéis ar an gcéad dul síos agus trína bhfaightear iad ag an gceann scríbe; seolfar, tólacfar agus cuirfear ar fáil an fhaisnéis sin go hiomlán ar bhealach a chinnfidh na Ballstáit;

- (4) ciallaíonn ‘foirmiú’ an próiseas iomlán lena bhfoirmítear cuideachta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear tarraingt suas a dhéanamh ar ionstraim chomhdhéanamh na cuideachta agus na céimeanna go léir is gá ionas go ndéanfaí cuideachta a iontráil ar an gclár;
- (5) ciallaíonn ‘clárú brainsí’ próiseas as a dtagann nochtadh doiciméad agus faisnéise a bhaineann le brainse nua-oscailte i mBallstát;
- (6) ciallaíonn ‘teimpléad’ samhail le haghaidh na hionstraime comhdhéanaimh de chuid cuideachta arna tarraingt suas ag na Ballstáit i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus a úsáidtear chun cuideachta a fhoirmiú ar líne i gcomhréir le hAirteagal 13g.

Airteagal 13b

Modhanna sainaitheantais a aithint chun críocha nósanna imeachta ar líne

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh iarratasóirí ar saoránaigh de chuid an Aontais iad na modhanna sainaitheantais seo a leanas a úsáid agus iad i mbun na nósanna imeachta ar líne dá dtagraítear sa Chaibidil seo:

- (a) modh ríomh-shainaitheantais arna eisiúint faoi scéim ríomh-shainaitheantais arna formheas ag a mBallstát féin;
- (b) modh ríomh-shainaitheantais arna eisiúint i mBallstát eile agus arna aithint chun críche fíordheimhniú trasteorann i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

2. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas na modhanna ríomh-shainaitheantais a dhiúltú, i gcás nach gcomhlíonann leibhéil dearbhaithe na modhanna leictreonacha sainaitheantais sin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

3. Cuirfear an pobal ar an eolas faoi gach modh sainaitheantais arna aithint ag na Ballstáit.

4. I gcás ina bhfuil údar cuí leis mar gheall ar an leas poiblí chun mí-úsáid nó athrú sainaitheantais a chosc féadfaidh na Ballstáit, chun críocha sainaitheantas iarratasóra a fhíorú, bearta a ghlacadh a d'fhéadfadh láithreach fhisiciúil iarratasóra a éileamh roimh aon údarás nó aon duine nó comhlacht atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné de na nósanna imeachta ar líne dá dtagraítear sa Chaibidil seo, lena n-áirítear ionstraim chomhdhéanaimh chuideachta a tharraingt suas. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfar láithreach fhisiciúil iarratasóra a éileamh ach amháin de réir an cháis i gcás ina bhfuil cúiseanna amhrais ann faoi fhalsú sainaitheantais, agus i gcás inar féidir aon chéimeanna eile den nós imeachta a chur i gcrích ar líne.

Airteagal 13c

Forálacha ginearálta maidir le nósanna imeachta ar líne

1. Beidh an Treoir seo gan dochar do dhlíthe náisiúnta a dhéanann, i gcomhréir le córais agus le traidisiúin dlí na mBallstát, aon údarás nó duine nó comhlacht atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta a ainmniú chun déileáil le haon ghné de chuideachtaí a bhunú, de bhraisí a chlárú ar líne agus de dhoiciméid agus faisnéis a chomhdú ar líne.

2. Beidh an Treoir seo gan dochar freisin do na nósanna imeachta agus na ceanglais a leagtar síos leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le nósanna imeachta dlíthiúla le haghaidh ionstraimí comhdhéanaimh a tharraingt suas, ar choinníoll go bhfuil foirmiú ar líne cuideachta, amhail dá dtagraítear in Airteagal 13g, agus clárú ar líne brainse, amhail dá dtagraítear in Airteagal 28a, chomh maith le doiciméid agus faisnéis a chomhdú ar líne, amhail dá dtagraítear in Airteagal 13j agus Airteagal 28a, fós indéanta.

3. Na ceanglais faoin dlí náisiúnta is infheidhme i dtaca le barántúlacht, cruinneas, iontaofacht, inchreidteacht, agus foirm chuí dhlíthiúil na ndoiciméad nó na faisnéise arna dtíolacadh ar choinníoll go bhfuil foirmiú ar líne, amhail dá dtagraítear in Airteagal 13g agus clárú brainse ar líne, amhail dá dtagraítear in Airteagal 28a, chomh maith le comhdú ar líne ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis, amhail dá dtagraítear in Airteagal 13j agus Airteagal 28b, fós indéanta.

Airteagal 13d

Táillí le haghaidh nósanna imeachta ar líne

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na rialacha i leith táillí is infheidhme maidir leis na nósanna imeachta ar líne dá dtagraítear sa Chaibidil seo trédhearcach agus go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach iad.

2. Aon táillí do nósanna imeachta ar líne a ghearrfar leis na cláir, dá dtagraítear in Airteagal 16 ní bheidh siad níos mó ná aisghabháil na gcostas as seirbhísí den sórt sin a chur ar fáil.

Airteagal 13e

Íocaíochtaí

I gcás inar gá íocaíocht a dhéanamh chun nós imeachta a leagtar síos sa Chaibidil seo a chur i gcrích, áiritheoidh na Ballstáit gur féidir an íocaíocht sin a dhéanamh trí bhíthin seirbhís íocaíochta ar líne atá le fáil go forleathan a úsáidtear le haghaidh íocaíochtaí trasteorann trína gceadaítear an duine a rinne an íocaíocht a shainaithint, agus arna soláthar ag institiúid airgeadais nó soláthraí seirbhíse íocaíochta atá bunaithe i mBallstát.

Airteagal 13f

Ceanglais faisnéise

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis bheacht agus sho-úsáidte ar fáil saor in aisce ar a laghad i dteanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais a bhfuil tuiscint éigin ag an líon is mó úsáideoirí trasteorann is féidir uirthi ar thairseacha clárúcháin nó ar shuíomhanna gréasáin atá inrochtana tríd an Tairseach Aonair Dhigiteach chun cabhrú cuideachtaí a fhoirmiú agus brainsí a chlárú. Cumhdófar an méid seo a leanas ar a laghad san fhaisnéis:

- (a) rialacha maidir le cuideachtaí a fhoirmiú, lena n-áirítear nósanna imeachta ar líne dá dtagraítear in Airteagal 13g agus Airteagal 13j, agus ceanglais maidir le húsáid teimpléad agus maidir le doiciméid foirmithe eile, sainaithint daoine, úsáid teangacha agus táillí is infheidhme;
- (b) rialacha maidir le brainsí a chlárú, lena n-áirítear nósanna imeachta ar líne dá dtagraítear in Airteagal 28a agus Airteagal 28b, agus ceanglais maidir doiciméid chlárúcháin, sainaithint daoine, agus úsáid teangacha;
- (c) achomre ar na rialacha maidir le ballraíocht i gcomhlacht riaracháin, i gcomhlacht bainistíochta agus i gcomhlacht maoirseachta cuideachta, lena n-áirítear na rialacha maidir le dícháiliú stiúrthóirí agus maidir leis na húdaráis nó comhlachtaí atá freagrach as an bhfaisnéis faoi stiúrthóirí dícháilithe a choimeád;
- (d) achomre ar chumhachtaí agus freagrachtaí chomhlacht riaracháin, chomhlacht bainistíochta agus chomhlacht maoirseachta cuideachta, lena n-áirítear údaráis ionadaíocht a dhéanamh don chuideachta i leith tríú páirtithe.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch 73)."

(5) i dTeideal I, Caibidil III, cuirtear an Roinn seo a leanas isteach:

“Roinn 1A

Foirmiú ar líne, comhdú ar líne agus nochtadh

Airteagal 13g

Cuideachtaí a fhoirmiú ar líne

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar cuideachtaí a fhoirmiú go hiomlán ar líne gan é a bheith de cheangal ar na hiarratasóirí teacht i láthair go pearsanta os comhair aon údarás ná os comhair aon duine ná comhlacht a bheidh sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné d'fhoirmiú ar líne cuideachtaí, lena n-áirítear ionstraim chomhdhéanamh chuideachta a tharraingt suas, faoi réir na bhforálacha a leagtar síos in Airteagal 13b(4) agus i mír (8) den Airteagal sin.

Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan nósanna imeachta foirmithe ar líne a sholáthar le haghaidh cineálacha cuideachtaí eile seachas iad sin a liostaítear in Iarscríbhinn IIA.

2. Leagfaidh na Ballstáit rialacha mionsonraithe síos maidir le cuideachtaí a fhoirmiú ar líne, lena n-áirítear rialacha maidir le húsáid teimpléad, amhail dá dtagraítear in Airteagal 13h agus na doiciméid agus an fhaisnéis is gá chun cuideachta a fhoirmiú. Mar chuid de na rialacha sin, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar an foirmiú ar líne a dhéanamh trí dhoiciméid nó faisnéis a thíolacadh i bhfoirm leictreonach, lena n-áirítear cóipeanna leictreonacha de na doiciméid agus den fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 16a(4).

3. Sna rialacha dá dtagraítear i mír 2, déanfar foráil maidir leis an méid seo a leanas ar a laghad:

- (a) na nósanna imeachta chun a áirithiú go bhfuil inniúlacht dhlíthiúil is gá agus údarais ionadaíocht a dhéanamh don chuideachta ag na hiarratasóirí;
- (b) na modhanna chun sainaitheantas na n-iarratasóirí a fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 13b;
- (c) na ceanglais a chuirtear ar na hiarratasóirí seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a úsáid;
- (d) na nósanna imeachta chun dlíthiúlacht chuspóir na cuideachta a fhíorú sa mhéid go ndéantar foráil do sheiceálacha den sórt sin faoin dlí náisiúnta;
- (e) na nósanna imeachta chun dlíthiúlacht ainm na cuideachta a fhíorú sa mhéid go ndéantar foráil do sheiceálacha den sórt sin faoin dlí náisiúnta;
- (f) na nósanna imeachta chun ceapachán stiúirthóirí a fhíorú.

4. Sna rialacha dá dtagraítear i mír 2, féadfar foráil a dhéanamh, go háirithe, maidir leis an méid seo a leanas freisin:

- (a) na nósanna imeachta chun dlíthiúlacht na n-ionstraimí comhdhéanamh cuideachta a áirithiú, lena n-áirítear úsáid cheart teimpléad a fhíorú;
- (b) na hiarmhairtí a bhaineann le dícháiliú stiúirthóirí ag an údarás inniúil in aon Bhallstát;
- (c) an ról atá ag nótaire nó ag aon duine nó comhlacht eile atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné den phróiseas maidir le cuideachta a fhoirmiú ar líne;
- (d) foirmiú ar líne a eisiamh i gcásanna inar gá scairchaipiteal na cuideachta a íoc trí ranníocaíochtaí comhchineáil.

5. Ní chuirfidh na Ballstáit mar choinníoll le foirmiú cuideachta ar líne é go bhfaighfear aon cheadúnas nó údarú sula gclárófar an cuideachta, ach amháin i gcás ina bhfuil coinníoll den sórt sin fíor-riachtanach chun gníomhaíochtaí áirithe a mhaoirsiú go cuí mar a leagtar síos sa dlí náisiúnta.

6. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás inar gá scairchaipiteal a íoc mar chuid den nós imeachta chun cuideachta a fhoirmiú, go bhféadfar íocaíocht den sórt sin a dhéanamh ar líne, i gcomhréir le hAirteagal 13e, le cuntas bainc an bhainc atá ag oibriú san Aontas. Ina theannta sin, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar cruthúnas ar na híocaíochtaí sin a sholáthar ar líne freisin.

7. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an foirmiú ar líne i gcrích laistigh de chúig lá oibre i gcásanna ina bhfoirmítear cuideachta ag daoine nádúrtha amháin a úsáideann na teimpléid dá dtagraítear in Airteagal 13h, nó laistigh de dheich lá oibre i gcásanna eile, ón dáta is déanaí de na dátaí seo a leanas:

(a) an dáta a chuirtear i gcrích na foirmiúlachtaí riachtanacha uile maidir le foirmiú ar líne, lena n-áirítear na doiciméid agus an fhaisnéis uile a chomhlíonann an dlí náisiúnta ag údarás nó ag duine nó comhlacht atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné d'fhoirmiú cuideachta;

(b) an dáta a íocfar táille chlárúcháin, an tráth a dhéanfar íocaíocht in airgead tirim le haghaidh scairchaipiteal nó, i gcás inar gá íocaíocht le haghaidh an scairchaipiteal a sholáthar trí ranníocaíocht chomhchineáil, dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta.

Más rud é nach féidir an nós imeachta a chur i gcrích laistigh de na teorainneacha ama dá dtagraítear sa mhír seo, áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar fógra don iarratasóir maidir leis na cúiseanna atá leis an moill.

8. I gcás ina bhfuil údar cuí leis ar chúiseanna leasa phoiblí chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha maidir le hinniúlacht dhlíthiúil agus le húdarás na n-iarratasóirí ionadaíocht a dhéanamh thar ceann cuideachta, féadfaidh údarás nó duine atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné d'fhoirmiú ar líne cuideachta, lena n-áirítear an ionstraim chomhdhéanaimh a tharraingt suas, láithreach fhísiciúil an iarratasóra a éileamh. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfar, i gcásanna den sórt sin, láithreach fhísiciúil na n-iarratasóirí a éileamh ach amháin de réir an cháis, i gcásanna ina bhfuil cúiseanna amhrais ann maidir le neamhchomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear i bpointe (a) mír 3. Déanfaidh Ballstáit a áirithiú go bhféadfar céim ar bith eile den nós imeachta a chur i gcrích ar líne i gcónaí.

Airteagal 13h

Teimpléid chun cuideachtaí a fhoirmiú ar líne

1. Cuirfidh na Ballstáit teimpléid ar fáil, le haghaidh na gcineálacha cuideachtaí uile a liostaítear in Iarscríbhinn IIA, ar thairseacha clárúcháin nó ar shuíomhanna gréasáin atá inrochtana tríd an Tairseach Aonair Dhigiteach. Féadfaidh na Ballstáit teimpléid a chur ar fáil ar líne freisin chun cineálacha eile cuideachtaí a fhoirmiú.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh iarratasóirí na teimpléid, dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, a úsáid mar chuid den nós imeachta foirmithe ar líne, dá dtagraítear in Airteagal 13g. Más rud é go n-úsáidfidh na hiarratasóirí na teimpléid sin i gcomhréir leis na rialacha dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 13g(4), measfar go mbeidh an ceanglas a bhaineann le hionstraimí comhdhéanaimh na cuideachta a dhréachtú agus a dheimhniú i bhfoirm chúí dhlíthiúil i gcásanna nach ndéantar foráil maidir le rialú coisctheach riaracháin nó rialú coisctheach breithiúnach a leagtar síos in Airteagal 10, measfar go mbeidh sé comhlíonta.

Ní dhéanfaidh an Treoir seo difear d'aon cheangal faoin dlí náisiúnta, an fhoirm chúí dhlí le haghaidh ionstraimí comhdhéanaimh a tharraingt suas i bhfoirm chúí dhlí, chomh fada agus go bhfanfaidh an foirmiú ar líne, dá dtagraítear in Airteagal 13g, indéanta.

3. Ní mór do na Ballstáit na teimpléid a chur ar fáil ar a laghad i dteanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais a bhfuil tuiscint éigin ag an líon is mó úsáideoirí trasteorann is féidir uirthi. Is chun críche eolais amháin a bheidh fáil ar theimpléid i dteangacha eile seachas teanga nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit lena mbaineann, seachas má chinneann na Ballstáit gur féidir cuideachta a fhoirmiú le teimpléid i dteangacha eile den sórt sin freisin.

4. Déanfar inneachar na dteimpléad a rialáil leis an dlí náisiúnta.

Airteagal 13i

Stiúrtóirí dícháilithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rialacha acu maidir le dícháiliú stiúrtóirí. Sna rialacha sin, déantar foráil don fhéidearthacht aon dhícháiliú atá i bhfeidhm nó faisnéis ábhartha faoi dhícháiliú i mBallstát eile. Chun críche an Airteagail seo, áiritheofar ar na stiúrtóirí ar a laghad na daoine dá dtagraítear i bpointe (i) d'Airteagal 14(d).

2. Féadfaidh na Ballstáit a éileamh go ndéanfadh daoine, a bhfuil iarratas á ndéanamh acu le bheith ina stiúrtóirí, a dhearbhu an bhfuil siad ar an eolas faoi aon imthosca a bhféadfadh dícháiliú a bheith mar thoradh orthu sa Bhallstát lena mbaineann.

Féadfaidh na Ballstáit diúltú duine a cheapadh ina stiúrtóir ar chuideachta i gcás ina mbeidh an duine sin dícháilithe i láthair na huaire ó ghníomhú mar stiúrtóir i mBallstát eile.

3. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir leo freagairt d'iarraidh ó Bhallstát eile ar fhaisnéis ábhartha do dhícháiliú stiúrtóirí faoi dhlí an Bhallstáit atá ag tabhairt freagra ar an iarraidh sin.

4. Chun freagairt d'iarraidh dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, déanfaidh na Ballstáit ar a laghad na socruithe is gá chun a áirithiú gur féidir faisnéis a sholáthar gan mhoill maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil duine ar leith dícháilithe nó taifeadta in aon cheann dá gcláir, ina bhfuil faisnéis ábhartha do dhícháiliú stiúrtóirí, trí mheán an chórais dá dtagraítear in Airteagal 22. Féadfaidh na Ballstáit faisnéis bhreise a mhalartú freisin, amhail maidir leis an tréimhse agus na forais dícháilithe. Déanfar an malartú sin a rialáil leis an dlí náisiúnta.

5. Déanfaidh an Coimisiún socruithe mionsonraithe agus mionsonraí teicniúla a bhaineann leis an malartú faisnéise dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo trí bhíthin na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 24.

6. Beidh feidhm ag míreanna 1 go 5 den Airteagal seo *mutatis mutandis* i gcás ina gcomhdóidh cuideachta faisnéis a bhaineann le ceapadh stiúrtóra nua sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 16.

7. Déanfar sonraí pearsanta na ndaoine dá dtagraítear san Airteagal sin a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus leis an dlí náisiúnta chun cur ar chumas an údaráis inniúil nó ar chumas an duine nó an chomhlacht atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis riachtanach maidir le dícháiliú duine mar stiúrtóir d'fhonn iompar calaoiseach nó mí-úsáideach eile a chosc agus cosaint a áirithiú do gach duine a mbíonn baint acu le cuideachtaí nó brainsí.

Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh na cláir dá dtagraítear in Airteagal 16, údaráis ná daoine nó comhlachtaí, atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné de na nósanna imeachta ar líne, na sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur chun críche an Airteagail seo a stóráil níos faide ná mar is gá agus in aon chás ní nach faide ná aon sonraí pearsanta a bhaineann le foirmiú cuideachta, clárú brainse nó comhdú ag cuideachta nó brainse.

Airteagal 13j

Doiciméid agus faisnéis chuideachta a chomhdú ar líne

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar doiciméid agus faisnéis, amhail dá dtagraítear in Airteagal 14, lena n-áirítear aon mhodhnú orthu, a chomhdú ar líne leis an gclár laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear le dlíthe an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta cláraithe. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar an comhdú sin a chur i gcrích go hiomlán ar líne gan é a bheith de cheangal ar na hiarratasóirí teacht i láthair go pearsanta os comhair aon údarás ná aon duine nó comhlacht atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun déileáil leis an gcomhdú ar líne, faoi réir na bhforálacha a leagtar síos in Airteagal 13b(4) agus, i gcás inarb infheidhme, in Airteagal 13g(8).

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar tionscnamh agus sláine na ndoiciméad arna gcomhdú ar líne a fhíorú go leictreonach.
3. Féadfaidh na Ballstáit a éileamh go ndéanfaidh cuideachtaí áirithe nó na cuideachtaí uile doiciméid agus faisnéis áirithe nó na doiciméid agus an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 1 a chomhdú ar líne.
4. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 13g (2) go (5) maidir le doiciméid agus faisnéis a chomhdú ar líne.
5. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go leanfar d'fhoirmeacha eile comhdaithe seachas na cinn dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear le meán leictreonach nó ar páipéar, ag cuideachtaí, ag nótaireí nó aon duine nó comhlachtaí eile atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun comhdú den sórt sin a dhéanamh.”;

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

“Airteagal 16

Nochtadh sa chlár

1. I ngach Ballstát, osclófar comhad i gclár lárnach, tráchtála nó cuideachtaí ('an clár'), le haghaidh gach ceann de na cuideachtaí atá cláraithe ann.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aitheantóir uathúil Eorpach ('EUID'), dá dtagraítear i bpointe (8) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/884 (*) ón gCoimisiún, ag cuideachtaí lena bhféadfar iad a aithint gan iomrall sa chumarsáid a dhéanfar idir cláir trí chóras idirnascaidh na gclár arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 22 ('córas idirnascaidh na gclár'). Beidh san aitheantóir uathúil sin, ar a laghad, eilimintí lena mbeifear in ann Ballstát an chlár a shainaithint, mar aon leis an gclár tionscnaimh intíre agus an uimhir chuideachta sa chlár sin agus, i gcás inarb iomchú, gnéithe chun earráidí sainaitheanta a sheachaint.

2. Coimeádfar sa chomhad dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo na doiciméid agus an fhaisnéis uile a cheanglaítear a nochtadh de bhun Airteagal 14, nó cuirfeadh isteach go díreach sa chlár iad agus déanfar ábhar na n-iontrálacha sa chlár a thaifeadh sa chomhad.

Na doiciméid agus an fhaisnéis uile dá dtagraítear in Airteagal 14, beag beann ar an modh a ndéanfar iad a chomhdú, is i bhfoirm leictreonach a choimeádfar sa chomhad nó a chuirfeadh isteach go díreach sa chlár iad. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an clár na doiciméid agus an fhaisnéis sin uile a chomhdaítear i bhfoirm pháipéir a chomhshó i bhfoirm leictreonach chomh tapa agus is féidir.

Áiritheoidh na Ballstáit, maidir leis na doiciméid agus leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14 a comhdaíodh i bhfoirm pháipéir roimh an 31 Nollaig 2006, go n-iompóidh an clár iad i bhfoirm leictreonach ar iarratas ar nochtadh a fháil trí mheán leictreonach.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéantar na doiciméid agus an fhaisnéis, dá dtagraítear in Airteagal 14, a nochtadh trína gcur ar fáil don phobal sa chlár. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit a éileamh freisin go ndéanfaí cuid de na doiciméid agus den fhaisnéis nó na doiciméid agus an fhaisnéis uile a fhoilsiú in iris náisiúnta arna hainmniú chun na críche sin nó ar mheán a bheadh chomh héifeachtach céanna. Is éard a bheadh i gceist leis na meáin sin, ar a laghad, leas a bhaint as córas trína bhféadfaí rochtain a fháil, in ord croineolaíoch, ar an bhfaisnéis fhoilsithe trí ardán lárnach leictreonach. I gcásanna den sórt sin, áiritheoidh an clár go ndéanfar na doiciméid agus an fhaisnéis sin a sheoladh go leictreonach trí an gclár chuig an iris náisiúnta nó chuig an ardán lárnach leictreonach.

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun aon neamhréireacht a sheachaint idir an méid atá sa chlár agus sa chomhad.

Déanfaidh Ballstáit a éilíonn doiciméad agus faisnéise a fhoilsiú in iris náisiúnta nó ar ardán lárnach leictreonach na bearta is gá a ghlacadh chun aon neamhréireacht a sheachaint idir an méid a nochtar i gcomhréir le mír 3 agus an méid a fhoilsítear san iris nó ar an ardán.

I gcás aon neamhréireachtaí faoin Airteagal seo, beidh forlámhas ag na doiciméid agus faisnéis arna gcur ar fáil sa chlár.

5. Ní fhéadfaidh an chuideachta brath ar na doiciméid ná ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14 mar fhianaise i gcoinne tríú páirtithe ach amháin tar éis dóibh a bheith nochtta i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, murar chruthaigh an chuideachta go raibh na tríú páirtithe ar an eolas faoi sin.

Mar sin féin, maidir le hidirbhearta a dhéanfar roimh an séú lá déag i ndiaidh an nochtta, ní rachfar i muinín na ndoiciméad ná na faisnéise mar fhianaise i gcoinne tríú páirtithe a chruthaigh nárbh fhéidir go raibh siad ar an eolas fúthu.

Féadfaidh tríú páirtithe i gcónaí dul i muinín aon doiciméad agus aon fhaisnéis nach bhfuil na foirmiúlachtaí maidir le nochtadh tugtha chun críche go fóill ina leith, ach amháin i gcásanna nach mbíonn éifeacht ar bith ag doiciméid nó faisnéis den sórt sin mar gheall ar neamhnochtadh.

6. Maidir leis na doiciméid agus leis an bhfaisnéis uile arna dtíolacadh mar chuid de chuideachta a fhoirmiú, de bhraime a chlárú nó de chuideachta nó brainse a chumhdú, áiritheoidh na Ballstáit go stórálfar iad sna cláir i bhformáid atá inléite ag meaisín agus inchuardaithe nó mar shonraí struchtúrtha.”;

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/884 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2015 lena mbunaítear sonraíochtaí agus nósanna imeachta is gá le haghaidh chóras idirnascadh na gclár arna bhunú le Treoir 2009/101/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 144, 10.6.2015, lch. 1).

(7) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 16a

Rochtain ar fhaisnéis nochtta

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar cóipeanna de na doiciméid agus den fhaisnéis uile nó d'aon chuid díobh nó di, dá dtagraítear in Airteagal 14, a fháil ón gclár ar iarratas a fháil agus go bhféadfar iarratais den sórt sin a thíolacadh don chlár ar páipéar nó le meán leictreonach.

Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach bhféadfar cineálacha nó codanna áirithe de na doiciméid agus den fhaisnéis, a comhdáil i bhfoirm pháipéir an 31 Nollaig 2006 nó roimhe, a fháil trí mheán leictreonach i gcás ina mbeidh tréimhse shonraithe caite idir dáta an chomhdaithe agus dáta an iarratais. Ní bheidh tréimhse níos gairide ná 10 mbliana i gceist le tréimhse shonraithe den sórt sin.

2. Ní bheidh an praghas ar chóip de na doiciméid agus den fhaisnéis uile dá dtagraítear in Airteagal 14 a fháil, nó cóip de chuid díobh nó di a fháil, níos airde ná an costas riaracháin a bhaineann leis sin, lena n-áirítear costais forbartha agus cothabhála na gclár, is cuma cé acu ar páipéar nó le meán leictreonach a thabharfar í.

3. Cóipeanna leictreonacha agus páipéir a sholáthrófar d'iarratasóir, déanfar iad a dheimhniú mar ‘cóipeanna dílse’ mura bhfágfaidh an t-iarratasóir an deimhniú sin ar lár.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar cóipeanna agus sleachta leictreonacha de na doiciméid agus den fhaisnéis arna soláthar as an gclár a fhíordheimhniú le seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 chun a ráthú go mbeidh na cóipeanna agus sleachta leictreonacha soláthartha as an gclár agus gur cóip dhílis a bheidh iontu den doiciméad atá coinnithe sa chlár nó go mbeidh sé ag teacht leis an bhfaisnéis atá ann.”;

(8) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfeadh faisnéis atá cothrom le dáta ar fáil lena míneofar forálacha an dlí náisiúnta ar dá mbun atá tríú páirtithe in ann dul i muinín na faisnéise agus gach cineál doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 14, i gcomhréir le hAirteagal 16(3), (4) agus (5).”;

(9) leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Cuirfeadh cóipeanna leictreonacha de na doiciméid agus den fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14 ar fáil don phobal freisin trí chóras idirascadh na glár. Féadfaidh na Ballstáit na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14 a chur ar fáil freisin do chineálacha cuideachtaí seachas na cinn a liostaítear in Iarscríbhinn II.”;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (a):

“(a) na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14, lena n-áirítear le haghaidh cineálacha cuideachtaí seachas na cinn a liostaítear in Iarscríbhinn II i gcás ina gcuirfidh na Ballstáit na doiciméid sin ar fáil.”;

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

“Airteagal 19

Na táillí is féidir a ghearradh le haghaidh doiciméad agus faisnéise

1. Ní bheidh na táillí a ghearrfar chun teacht ar na doiciméid agus na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14 trí chóras idirascadh na glár níos airde ná an costas riaracháin lena mbaineann, lena n-áirítear costais forbartha agus chothabhála na glár.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ar a laghad an fhaisnéis agus na doiciméid seo a leanas ar fáil saor in aisce trí chóras idirascadh na glár:

(a) ainm nó ainmneacha agus foirm dhlíthiúil na cuideachta;

(b) oifig chláraithe na cuideachta agus an Ballstát ina bhfuil sí cláraithe;

(c) uimhir chlárúcháin na cuideachta agus a EUID;

(d) mionsonraí maidir le suíomh gréasáin na cuideachta i gcás ina mbeidh sonraí den sórt sin taifeadta sa chlár náisiúnta;

(e) stádas na cuideachta, amhail an tráth a dhúntar í, an tráth a bhaintear den chlár í, an tráth a dhéantar í a fhoirceannadh, an tráth a dhéantar í a dhíscaoileadh, an tráth atá sí gníomhach nó neamhghníomhach go heacnamaíoch mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta agus i gcás ina mbeidh sé taifeadta sna cláir náisiúnta;

(f) cuspóir na cuideachta, i gcás ina mbeidh sé taifeadta sa chlár náisiúnta;

(g) bunsonraí daoine, atá údaraithe ag an gcuideachta faoi láthair, cibé mar chomhlacht nó mar chomhaltáí d'aon chomhlacht den sórt sin, chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na cuideachta agus iad ag déileáil le tríú páirtithe agus in imeachtaí dlíthiúla agus faisnéis i ndáil le cibé ar féidir leis na daoine atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na cuideachta é sin a dhéanamh ina n-aonar nó an bhfuil sé de cheangal orthu gníomhú go comhpháirteach;

(h) faisnéis faoi aon bhrainse arna oscailt ag an gcuideachta i mBallstát eile lena n-áirítear ainm, uimhir chlárúcháin, EUID agus an Ballstát ina bhfuil an brainse cláraithe.

3. Ní ghearrfar aon táille, ó thaobh na gclár de, mar gheall ar mhalartú aon fhaisnéis trí chóras idirnascadh na gclár.

4. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (d) agus (f) ar fáil saor in aisce d'údaráis na mBallstát eile amháin.”;

(11) scriostar Airteagal 20(3);

(12) leasaítear Airteagal 22 mar a leanas:

(a) i mír 4, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“Féadfaidh an Coimisiún pointí roghnacha a bhunú le haghaidh rochtain ar chóras idirnascadh na gclár freisin. Is éard a bheidh sna pointí rochtana sin ná córais a fhorbraíonn agus a oibríonn an Coimisiún nó institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais chun a bhfeidhmeanna riaracháin a chomhlíonadh nó forálacha dhlí an Aontais a chomhlíonadh. Cuirfidh an Coimisiún fógra chuig na Ballstáit gan moill mhíchúí faoi bhunú na bpointí rochtana sin agus faoi aon athruithe suntasacha a rinneadh ar oibríú na bpointí.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Déanfar rochtain ar fhaisnéis ó chóras idirnascadh na gclár a sholáthair tríd an tairseach agus trí na pointí rochtana roghnacha arna mbunú ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún.”;

(13) leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

“(d) an tsonraíocht theicniúil lena sainítear na modhanna chun faisnéis a mhalartú idir clár na cuideachta agus clár an bhrainse dá dtagraítear in Airteagail 20, 28a, 28c, 30a agus 34;”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

“(e) liosta mionsonraithe na sonraí a bheidh le tarchur ar mhaithe le faisnéis a mhalartú idir na cláir, amhail dá dtagraítear in Airteagail 20, 28a, 28c, 30a, 34 agus 130;”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (n):

“(n) an nós imeachta agus na ceanglais theicniúla a bhaineann leis na pointí rochtana roghnacha ar an ardán a nascadh dá dtagraítear in Airteagal 22;”;

(d) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(o) na socruithe mionsonraithe agus na sonraí teicniúla a bhaineann leis na modhanna chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 13i a mhalartú idir cláir.”;

(e) i ndeireadh an Airteagail, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“Déanfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh de bhun phointí (d), (e), (n) agus (o) faoin 1 Feabhra 2021.”;

(14) i dTeideal I, Caibidil III, Roinn 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

“Rialacha maidir le clárú agus nochtadh is infheidhme maidir le brainsí cuideachtaí ó Bhallstáit eile”;

(15) i dTeideal I, Caibidil III, Roinn 2, cuirtear na hAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 28a

Brainsí a chlárú ar líne

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar brainse cuideachta a ndéantar í a rialáil le dlí Ballstáit eile a chlárú go hiomlán ar líne gan é a bheith de cheangal ar na hiarratasóirí teacht i láthair go pearsanta os comhair aon údarás ná aon duine nó comhlacht eile sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné den iarratas ar chlárú brainsí, faoi réir na bhforálacha a leagtar síos in Airteagal 13b(4) agus *mutatis mutandis* in Airteagal 13g(8).

2. Leagfaidh na Ballstáit rialacha mionsonraithe síos chun brainsí a chlárú ar líne, lena n-áirítear rialacha maidir leis na doiciméid agus leis an bhfaisnéis a cheanglaítear a chur faoi bhráid údarás inniúil. Mar chuid de na rialacha sin, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar an clárú ar líne a dhéanamh trí fhaisnéis nó doiciméid a thíolacadh i bhfoirm leictreonach, lena n-áirítear cóipeanna leictreonacha de na doiciméid agus den fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 16a(4), nó trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis nó as na doiciméid a tíolacadh do chlárú roimhe sin.

3. Sna rialacha dá dtagraítear i mír 2, déanfar foráil maidir leis an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) an nós imeachta chun an inniúlacht dhlíthiúil na n-iarratasóirí is gá agus a n-údarais ionadaíocht a dhéanamh don chuideachta a áirithiú;

(b) na modhanna chun sainaitheantas an duine nó na ndaoine a bhfuil an brainse á chlárú acu a fhíorú nó na modhanna chun sainaitheantas a ionadaí nó a n-ionadaithe a fhíorú;

(c) na ceanglais a chuirtear ar na hiarratasóirí seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a úsáid.

4. Sna rialacha, dá dtagraítear i mír 2, féadfar foráil a dhéanamh freisin maidir leis na nósanna imeachta seo a leanas:

(a) dlíthiúlacht chuspóir an bhrainse a fhíorú;

(b) dlíthiúlacht ainm an bhrainse a fhíorú;

(c) dlíthiúlacht na ndoiciméad agus na faisnéise arna dtíolacadh le haghaidh chlárú an bhrainse a fhíorú;

(d) foráil a dhéanamh maidir leis an ról atá ag nótaire nó ag aon duine nó comhlacht eile atá rannpháirteach sa phróiseas chun an brainse a chlárú faoi na forálacha náisiúnta is infheidhme.

5. Féadfaidh na Ballstáit an fhaisnéis faoin gcuideachta a fhíorú le córas idirnascadh na gclár agus brainse cuideachta arna bhunú i mBallstát eile á chlárú.

Ní chuirfidh na Ballstáit mar choinníoll le clárú brainse ar líne é go bhfaighfeadh aon cheadúnas nó údarú sula gclárófar an brainse, ach amháin i gcás ina bhfuil coinníoll den sórt sin fíor-riachtanach chun gníomhaíochtaí áirithe a mhaoirsiú go cuí mar a leagtar síos sa dlí náisiúnta.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar clárú ar líne brainse a chur i gcrích laistigh de 10 lá oibre ó chur i gcrích na bhfoirmiúlachtaí uile, lena n-áirítear na doiciméid agus an fhaisnéis riachtanach uile a fháil a chomhlíonann an dlí náisiúnta ag údarás nó ag duine nó comhlacht atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné de chlárú brainse;

Más rud é nach féidir brainse a chlárú laistigh de na teorainneacha ama dá dtagraítear sa mhír seo, áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar fógra don iarratasóir maidir leis na cúiseanna atá leis an moill.

7. I ndiaidh brainse cuideachta arna bunú faoi dhlí Ballstáit eile a chlárú, tabharfaidh clár an Bhallstáit ina bhfuil an brainse sin cláraithe fógra don Bhallstát ina bhfuil an chuideachta cláraithe ann á rá go ndearnadh an brainse a chlárú le córas idirnascadh na gclár. Admhóidh an Ballstát ina bhfuil an chuideachta cláraithe go bhfuarthas an fógra sin agus déanfaidh sé an fhaisnéis a thaifeadh ina chlár gan mhoill.

Airteagal 28b

Doiciméid agus faisnéis a chomhdú ar líne le haghaidh brainsí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar na doiciméid agus an fhaisnéis, dá dtagraítear in Airteagal 30, nó aon mhodhnú orthu, a chomhdú ar líne laistigh den tréimhse dá bhforáiltear le dlíthe na mBallstát ina bhfuil an brainse bunaithe. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar an comhdú sin a chur i gcrích go hiomlán ar líne gan é a bheith de cheangal ar na hiarratasóirí teacht i láthair go pearsanta os comhair aon údarás ná os comhair aon duine ná aon chomhlacht atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta le déileáil leis an gcomhdú ar líne, faoi réir na bhforálacha a leagtar síos in Airteagal 13b(4) agus a leagtar síos *mutatis mutandis* in Airteagal 13g(8).

2. Tá feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 28a (2) go (5) maidir le comhdú ar líne do bhrainsí.

3. Féadfaidh na Ballstáit a éileamh go ndéanfaí doiciméid agus faisnéis áirithe nó na doiciméid agus an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 1 a chomhdú ar líne amháin.

Airteagal 28c

Dúnadh brainsí

Ar na doiciméid agus ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 30(1) a fháil, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an clár de chuid Ballstáit ina bhfuil brainse cuideachta cláraithe ann, le córas idirnascadh na gclár, an clár de chuid Ballstáit ina bhfuil an chuideachta cláraithe ann a chur ar an eolas gur dúnadh a brainse agus gur baineadh den chlár é. Admhóidh clár Bhallstát na cuideachta go bhfuarthas an fógra sin, leis an gcóras sin freisin agus clárófar an fhaisnéis sin, gan mhoill.”;

(16) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 30a

Athruithe ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis na cuideachta

Tabharfaidh an Ballstát ina bhfuil cuideachta cláraithe fógra gan mhoill, le córas idirnascadh na gclár, don Bhallstát ina bhfuil brainse de chuid na cuideachta cláraithe, sa chás go gcomhdófar athrú i leith aon cheann díobh seo a leanas:

(a) ainm na cuideachta;

(b) oifig chláraithe na cuideachta;

(c) uimhir chlárúcháin na cuideachta sa chlár;

(d) foirm dhlíthiúil na cuideachta;

(e) na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (d) agus i bpointe (f) d'Airteagal 14.

Ar an bhfógra dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo, admhóidh an clár ina bhfuil an brainse cláraithe, le córas idirascadh na gclár, go bhfuarthas an fógra sin agus áiritheoidh sé go ndéanfar na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 30(1) a nuashonrú gan mhoill.”;

(17) in Airteagal 31, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhféadfar a mheas go bhfuil nochtadh éigeantach doiciméad cuntasáíochta dá dtagraítear i bpointe (g) d’Airteagal 30(1) comhlíonta tríd an nochtadh i gclár an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta cláraithe i gcomhréir le pointe (f) d’Airteagal 14.”;

(18) scriostar Airteagal 43.

(19) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 161:

“Airteagal 161

Cosaint sonraí

Beidh próiseáil aon sonraí pearsanta a dhéantar i gcomhthéacs na Treorach seo faoi réir Rialachán (AE) 2016/679.”;

(20) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 162a

Leasuithe ar na hlarscríbhinní

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas gan mhoill faoi aon athruithe ar na cineálacha cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta dá bhforáiltear ina ndlí náisiúnta lena ndéanfaí difear d’inneachar Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn IIA.

I gcás ina gcuireann Ballstát an Coimisiún ar an eolas de bhur na chéad mhíre den Airteagal seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún an liosta de na cineálacha cuideachtaí atá in Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn IIA a oiriúnú de réir na faisnéise dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo, trí bhithin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 163.”;

(21) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 163:

“Airteagal 163

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 25(3) agus in Airteagal 162a a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón 31 Iúil 2019.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 25(3) agus in Airteagal 162a a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le sainéolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na príonsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmiligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmiligthe a ghlactar de bhun Airteagal 25(3) nó Airteagal 162a i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 3 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.”;

(22) in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an seachtú fleasc is fiche:

“— An tSualainn:

publikt aktiebolag;”;

(23) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an seachtú fleasc is fiche:

“— An tSualainn:

privat aktiebolag

publikt aktiebolag;”;

(24) Cuirtear isteach Iarscríbhinn IIA, mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 2

Trasúí

1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 1 Lúnasa 2021 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

2. D’ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun pointe (5) d’Airteagal 1 den Treoir seo, a mhéid a bhaineann Airteagal 13i agus Airteagal 13j(2) de Threoir (AE) 2017/1132, agus pointe (6) d’Airteagal 1 den Treoir seo, a mhéid a bhaineann Airteagal 16(6) de Threoir (AE) 2017/1132, faoin 1 Lúnasa 2023.

3. De mhaolú ar mhír 1, Ballstáit a mbíonn deacrachtaí ar leith acu maidir leis an Treoir seo a thrasúí, beidh siad i dteideal tairbhe a bhaint as síneadh ama ar an tréimhse dá bhforáiltear sa mhír sin suas le bliain. Cuirfidh siad cúiseanna oibiachtúla ar fáil maidir leis an ngá le síneadh ama. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir lena rún leas a bhaint as síneadh ama den sórt sin faoin 1 Lúnasa 2021.

4. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

5. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhórlacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Tuairisciú, athbhreithniú agus bailiú sonraí

1. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an 1 Lúnasa 2024, nó má bhaineann aon Bhallstát úsáid as an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 2(3) tráth nach déanaí ná an 1 Lúnasa 2025, meastóireacht ar na forálacha a thugtar isteach leis an Treoir seo i dTreoir (AE) 2017/1132 seo agus tuarascáil ar na príomhthorthaí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, cé is moite de na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 2(2) a ndéanfar an meastóireacht agus tuarascáil ina leith tráth nach déanaí ná an 1 Lúnasa 2026.

Maidir leis an bhfaisnéis is gá chun na tuarascálacha a ullmhú, déanfaidh na Ballstáit í a thabhairt don Choimisiún, is é sin, trí shonraí faoin líon clárúchán ar líne agus faoi chostais ghaolmhara a sholáthar.

2. Déanfar meastóireacht ar na nithe seo a leanas, *inter alia*, sa tuarascáil ón gCoimisiún:
- (a) a indéanta atá sé foráil a dhéanamh maidir le clárú go hiomlán ar líne do na cineálacha cuideachtaí seachas na cinn sin a liostaítear in Iarscríbhinn IIA;
 - (b) a indéanta atá sé teimpléid ó na Ballstáit a sholáthar le haghaidh gach cineál cuideachta faoi dhliteanas teoranta agus an gá atá le teimpléad comhchuibhithe a sholáthar ar fud an Aontais lena úsáid ag na Ballstáit uile i gcomhair na gcineálacha cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IIA agus a indéanta atá sé déanamh amhlaidh;
 - (c) an taithí phraiticiúil le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le dícháiliú stiúrthóirí dá dtagraítear in Airteagal 13i;
 - (d) na modhanna a bhaineann le comhdú ar líne agus rochtain ar líne, lena n-áirítear comhéadain ríomhchláraithe feidhmchlár a úsáid;
 - (e) an gá atá le níos mó faisnéise ná mar a cheanglaítear in Airteagal 19(2) a chur ar fáil saor in aisce agus an gá atá le rochtain neamhualaithe ar an bhfaisnéis sin a áirithiú agus a indéanta atá sé déanamh amhlaidh;
 - (f) an gá atá le prionsabal na haonuaire a chur i bhfeidhm tuilleadh agus a indéanta atá sé déanamh amhlaidh.
3. Beidh ag gabháil leis an tuarascáil, i gcás inarb iomchuí, tograí chun Treoir (AE) 2017/1132 a leasú.
4. D'fhonn meastóireacht iontaofa ar na forálacha a thugtar isteach leis an Treoir seo i dTreoir (AE) 2017/1132 a chur ar fáil, déanfaidh na Ballstáit sonraí a bhailiú maidir le conas mar atá ag éirí le foirmiú ar líne i gcleachtas. De ghnáth, ba cheart go gcuimseofaí san fhaisnéis sin an líon foirmithe ar líne, an líon cásanna inar baineadh úsáid as teimpléid nó ina raibh gá le láithreach fhisiciúil agus fad agus costas meánach na bhfoirmithe ar líne. Cuirfidh siad an fhaisnéis sin in iúl don Choimisiún faoi dhó, tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis dháta an trasuí.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. CIAMBA

IARSCRÍBHINN

“IARSCRÍBHINN IIA

NA CINEÁLACHA CUIDEACHTAÍ

DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 13, 13f, 13h, agus 162a

— An Bheilg:

société privée à responsabilité limitée/besloten vennootschap met beperkte aansprakelijkheid,

société privée à responsabilité limitée unipersonnelle/Eenpersoons besloten vennootschap met beperkte aansprakelijkheid;

— An Bhulgáir:

дружество с ограничена отговорност,

еднолично дружество с ограничена отговорност;

— Poblacht na Seice:

společnost s ručením omezeným;

— An Danmhairg:

Anpartsselskab;

— An Ghearmáin:

Gesellschaft mit beschränkter Haftung;

— An Eastóin:

osüühing;

— Éire:

private company limited by shares or by guarantee/cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna nó ráthaíochta,

designated activity company/cuideachta ghníomhaíochta ainmnithe;

— An Ghréig:

εταιρεία περιορισμένης ευθύνης,

ιδιωτική κεφαλαιουχική εταιρεία;

— An Spáinn:

sociedad de responsabilidad limitada;

— An Fhrainc:

société à responsabilité limitée,

entreprise unipersonnelle à responsabilité limitée,

société par actions simplifiée,

société par actions simplifiée unipersonnelle;

— An Chróit:

društvo s ograničenom odgovornošću,

jednostavno društvo s ograničenom odgovornošću;

— An Iodáil:

società a responsabilità limitata,

società a responsabilità limitata semplificata;

— An Chipir:

ιδιωτική εταιρεία περιορισμένης ευθύνης με μετοχές ή/και με εγγύηση;

— An Laitvia:

sabiedrība ar ierobežotu atbildību;

— An Liotuáin:

uždaroji akcinė bendrovė;

— Lucsamburg:

société à responsabilité limitée;

— An Ungáir:

korlátolt felelősségű társaság;

— Málta:

private limited liability company/kumpannija privata;

— An Ísiltír:

besloten vennootschap met beperkte aansprakelijkheid;

— An Ostair:

Gesellschaft mit beschränkter Haftung;

— An Pholainn:

spółka z ograniczoną odpowiedzialnością;

— An Phortaingéil:

sociedade por quotas;

— An Rómáin:

societate cu răspundere limitată;

-
- An tSlóivéin:
družba z omejeno odgovornostjo;
 - An tSlóvaic:
spoločnosť s ručením obmedzeným;
 - An Fhionlainn:
yksityinen osakeyhtiö/privat aktiebolag;
 - An tSualainn:
privat aktiebolag;
 - An Ríocht Aontaithe:
private company limited by shares or guarantee.”
-

TREOIR (AE) 2019/1152 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 20 Meitheamh 2019
maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (b) d'Airteagal 153(2), i gcomhar le pointe (b) d'Airteagal 153(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear in Airteagal 31 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go bhfuil ag gach oibrí an ceart chun dálaí oibre lena n-urramaítear a shláinte nó a sláinte, a shábháilteacht nó a sábháilteacht agus a dhínit nó a dínit, chun go mbeidh teorainn leis an líon uasta uaireanta oibre, chun tréimhsí sosa in aghaidh an lae agus in aghaidh na seachtaine agus chun tréimhse shaoire le pá in aghaidh na bliana.
- (2) Foráiltear le Prionsabal Uimh. 5 de Cholún Eorpach na gCearta Sóisialta, a fógraíodh an 17 Samhain 2017 in Göteborg, gan beann ar an gcineál caidrimh fostaíochta atá ag oibríthe ná ar ré an chaidrimh sin, go bhfuil an ceart acu cóir chothrom agus chomhionann a fháil i dtaca le dálaí oibre, le rochtain ar chosaint shóisialta agus le hoiliúint, agus go gcothófar trasdul de réir a chéile i dtreo cineálacha fostaíochta nach bhfuil dáta deiridh luaithe leo; go n-áirítear i gcomhréir leis an reachtaíocht agus le comhaontuithe comhchoiteanna an tsolúbthacht is gá d'fhostóirí chun dul in oiriúint go tapa d'athruithe sa chomhthéacs eacnamaíoch; go gcothófar cineálacha nuálacha oibre lena n-áirítear dálaí oibre ardcháilíochta, go spreagfar an fhiontraíocht agus an fhéinfhostaíocht, agus go n-éascófar an tsoghluaisteacht ghairme; agus go gcuirfear cosc ar chaidrimh fostaíochta as a dtagann dálaí oibre forbhásacha, lena n-áirítear trí chosc a chur ar mhí-úsáid conarthaí neamhthipiciúla, agus gur cheart fad réasúnach a bheith in aon tréimhse phromhaidh.
- (3) Foráiltear le Prionsabal Uimh. 7 de Cholún Eorpach na gCearta Sóisialta go bhfuil ag oibríthe an ceart chun faisnéis a fháil i scríbhinn ag tús na fostaíochta faoi na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu mar thoradh ar an gcaidreamh fostaíochta, lena n-áirítear aon tréimhse phromhaidh; go bhfuil siad i dteideal, roimh aon dífhostú, faisnéis a fháil faoi na cúiseanna leis an dífhostú agus tréimhse réasúnach fógra a fháil, agus go bhfuil an ceart acu rochtain a fháil ar phróiseas réitigh díospóidí éifeachtach agus neamhchlaonta agus, i gcás dífhostú gan údar maith, go bhfuil an ceart chun sásaimh acu, lena n-áirítear cúiteamh leormhaith.

⁽¹⁾ IO C 283, 10.8.2018, lch. 39.

⁽²⁾ IO C 387, 25.10.2018, lch. 53.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Aibreán 2019. (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 13 Meitheamh 2019.

- (4) Ón tráth a glacadh Treoir 91/533/CEE ón gComhairle ⁽⁴⁾, tháinig athruithe forleathana ar na margaí saothair mar gheall ar fhorbairtí déimeagrafacha agus ar an digitiú, as ar tháinig cineálacha fostaíochta nua, lenar cuireadh feabhas ar nuálaíocht, cruthú post agus fás sa mhargadh saothair ó shin. Is féidir le roinnt cineálacha nua fostaíochta a bheith an-éagsúil, ó thaobh a intuartha a bhíonn siad, le caidrimh fostaíochta traidisiúnta, rud is cúis le héiginnteacht maidir leis na cearta is infheidhme agus le cosaint shóisialta do na hoibrithe lena mbaineann. De bhrí go bhfuil an saol oibre ag síorathrú, tá gá níos mó le hoibrithe a chur go hiomlán ar an eolas maidir lena ndálaí bunúsacha oibre, agus ba cheart é sin a dhéanamh go tráthúil agus i scríbhinn agus i bhfoirm is féidir le hoibrithe a rochtain go héasca. D'fhonn forbairt na gcineálacha fostaíochta nua a dhírú go leormhaith, ba cheart roinnt ceart íosta nua a thabhairt d'oibrithe san Aontas arb é is aidhm do na cearta íosta sin seasmhacht agus intuarthacht i gcaidrimh fostaíochta a chur chun cinn agus, ag an am céanna, cóineasú aníos a bhaint amach ar fud na mBallstát agus an inoiriúnaitheacht sa mhargadh saothair a chaomhnú.
- (5) De bhun Threoir 91/533/CEE, tá an ceart ag formhór na n-oibrithe san Aontas faisnéis a fháil i scríbhinn maidir lena ndálaí oibre. Níl feidhm ag Treoir 91/533/CEE maidir leis na hoibrithe go léir san Aontas le, áfach. Thairis sin, tá bearnaí sa chosaint i ndáil le cineálacha fostaíochta nua a tháinig as forbairtí sa mhargadh saothair ó bhí 1991 ann.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, ceanglais íosta i ndáil le faisnéis maidir le gnéithe bunúsacha an chaidrimh fostaíochta agus a bhaineann le dálaí oibre is infheidhme maidir le gach oibrí a bhunú ar leibhéal an Aontais chun leibhéal leormhaith trédhearcachta agus intuarthachta a ráthú do na hoibrithe go léir san Aontas i dtaca lena ndálaí oibre, agus solúbthacht réasúnach á coinneáil ag an am céanna maidir le fostaíocht neamhchaighdeánach agus, dá bhrí sin, na tairbhí d'oibrithe agus d'fhostóirí a ghabhann léi a chaomhnú.
- (7) Rinne an Coimisiún comhairliúchán dhá chéim leis na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 154 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, maidir le raon feidhme agus éifeachtacht Threoir 91/533/CEE a fheabhsú agus maidir lena cuspóirí a leathnú chun cearta nua d'oibrithe a bhunú. Níor tháinig as seo comhaontú go rachadh na comhpháirtithe sóisialta i mbun caibidlíochta i dtaca leis na hábhair sin. I bhfianaise na dtorthaí a bhí ar na comhairliúcháin phoiblí oscailte a rinneadh chun tuairimí na saoránach agus na bpáirtithe leasmhara éagsúla a fháil, áfach, tá sé tábhachtach gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais sa réimse seo tríd an gcreat dlíthiúil atá ann cheana a nuachóiriú agus a oiriúnú d'fhorbairtí nua.
- (8) Ina cásdlí, tá critéir bunaithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Chúirt Bhreithiúnais) chun stádas oibrí a chinneadh ⁽⁵⁾. Ba cheart léiriú na Cúirte Breithiúnais ar na critéir sin a chur san áireamh i gcur chun feidhme na Treorach seo. Ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir sin, d'fhéadfadh oibrithe tí, oibrithe ar éileamh, oibrithe eadrannacha, oibrithe dearbhánbhunaithe, oibrithe ardáin, oiliúnaithe agus printísigh teacht faoi raon feidhme na Treorach seo. Daoine ar fíor go bhfuil siad féinfhostaithe, níor cheart go dtiocfaidís faoi chuimsiú raon feidhme na Treorach seo ós rud é nach gcomhlíonann siad na critéir sin. Is cineál oibre a dhearbhaítear go bréagach í drochúsáid stádas daoine féinfhostaithe, mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta í, ar an leibhéal náisiúnta nó i gcásanna trasteorann, agus is minic a bhíonn baint ag obair neamhdhearbhaithe léi. Tarlaíonn féinfhostaíocht bhréagach nuair a dhearbhaítear go bhfuil duine féinfhostaithe, fad a chomhlíonann sé nó sí na coinníollacha is saintréithe de chaidreamh fostaíochta, chun oibleagáidí dlíthiúla nó fíoscacha áirithe a sheachaint. Ba cheart go dtiocfadh na daoine sin faoi chuimsiú raon feidhme na Treorach seo. Ba cheart gur leis na fíorais a bhaineann leis an obair iarbhrí a dhéantar a threorófaí an cinneadh an ann do chaidreamh fostaíochta agus ní bunaithe ar an tuairisc a dheanann na páirtithe ar an gcaidreamh.

⁽⁴⁾ Treoir 91/533/CEE ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 1991 maidir le hoibleagáid ar fhostóir a chuid fostaithe a chur ar an eolas faoi na coinníollacha is infheidhme maidir leis an gconradh nó leis an gcaidreamh fostaíochta (IO L 288, 18.10.1991, lch. 32).

⁽⁵⁾ Breithiúnais na Cúirte Breithiúnais an 3 Iúil 1986, *Deborah Lawrie-Blum v Land Baden-Württemberg*, C-66/85, ECLI:EU:C:1986:284; 14 Deireadh Fómhair 2010, *Union Syndicale Solidaires Isère v Premier ministre agus Eile*, C-428/09, ECLI:EU:C:2010:612; 9 Iúil 2015, *Ender Balkaya v Kiesel Abbruch- und Recycling Technik GmbH*, C-229/14, ECLI:EU:C:2015:455; 4 Nollaig 2014, *FNV Kunsten Informatie en Media v Staat der Nederlanden*, C-413/13, ECLI:EU:C:2014:2411; agus 17 Samhain 2016, *Betriebsrat der Ruhrländklinik gGmbH v Ruhrländklinik gGmbH*, C-216/15, ECLI:EU:C:2016:883.

- (9) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann foráil a dhéanamh, i gcás ina mbeadh údar leis ar fhorais oibiachtúla, nach mbeidh feidhm ag forálacha áirithe den Treoir seo maidir le catagóirí áirithe státseirbhíseach, seirbhísí éigeandála poiblí, fórsaí armtha, údarais phóilíníeachta, breithiúna, ionchúisitheoirí, imscrúdaitheoirí nó seirbhísí eile forfheidhmithe an dlí, i bhfianaise chineál sonrath na ndualgas atá le déanamh acu nó i bhfianaise chineál sonrath a ndálaí fostaíochta.
- (10) Maidir leis na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo maidir leis na nithe seo a leanas, níor cheart feidhm a bheith acu maidir le maraithe ná iascairí mara i bhfianaise sainiúlachta a ndálaí fostaíochta: fostaíocht chomhuaineach, i gcás nach bhfuil siad comhoiriúnach leis an obair a dhéantar ar bord long nó soithí iascaireachta, intuathacht fosta oibre, oibríthe a sheoltar go Ballstát eile nó go tríú tír, trasdul go dtí cineál eile fostaíochta agus an ceanglas i ndáil le faisnéis a sholáthar faoi cad iad na hinstitiúidí slándála sóisialta a fhaigheann na ranníocaíochtaí sóisialta. Chun críocha na Treorach seo, ba cheart a mheas, maidir le maraithe agus iascairí mara mar a shainmhínítear iad, faoi seach, i dTreoracha 2009/13/CE ⁽⁶⁾ agus (AE) 2017/159 ⁽⁷⁾ ón gComhairle, go n-oibríonn siad san Aontas nuair a bhíonn siad ag obair ar bord long nó soithí iascaireachta, faoi seach, atá cláraithe i mBallstát nó a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu.
- (11) I bhfianaise líon méadaitheach na n-oibríthe a eisiatar ó raon feidhme Threoir 91/533/CEE ar bhonn eisiaimh arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi Airteagal 1 den treoir sin, is gá deis a thabhairt do na Ballstáit, in ionad na n-eisiaimh sin, gan forálacha na Treorach seo a chur i bhfeidhm maidir le caidreamh fostaíochta ina bhfuil am oibre réamhshocraithe agus am iarbhír arna oibriú atá comhionann le 3 uair an chloig ar an meán, nó níos lú, in aghaidh na seachtaine le linn tréimhse thagartha de 4 seachtaine i ndiaidh a chéile. Ba cheart a áireamh i ríomh na n-uaireanta sin an t-am iarbhír ar fad a chaitear ag obair d'fhostóir, amhail ragobair nó obair sa bhreis ar an obair sin a ráthaítear nó a mbíonn súil léi i gconradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta. Ón nóiméad a thrasnaíonn oibrí an tairseach sin, beidh feidhm ag forálacha na Treorach seo maidir leis nó léi, as sin ar aghaidh, gan beann ar na huaireanta iarbhír a d'oibrigh an t-oibrí ina dhiaidh sin ná ar na huaireanta fostaíochta a shonraítear sa chonradh.
- (12) Is leochaileach go mór iad na hoibríthe nach bhfuil aon am oibre ráthaithe acu, lena n-áirítear iad sin atá ar chonarthaí uaireanta nialasacha agus roinnt conarthaí ar éileamh. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh feidhm ag forálacha na Treorach seo maidir leo, gan beann ar líon na n-uaireanta a oibríonn siad go hiarbhrí.
- (13) Féadfaidh roinnt daoine nádúrtha nó dlítheanacha éagsúla nó eintitis eile feidhmeanna agus freagrachtaí an fhostóra a ghlacadh chucu féin i gcleachtas. Ba cheart go leanfadh na Ballstáit de bheith saor chun cinneadh níos beaichte a dhéanamh maidir leis na daoine a mheastar go bhfuil siad freagrach go hiomlán nó i bpáirt as forghníomhú na n-oibleagáidí a leagtar síos leis an Treoir seo maidir le fostóirí, fad a chomhlíontar na hoibleagáidí sin go léir. Ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit a chinneadh freisin go bhfuil na hoibleagáidí sin go léir nó cuid díobh le sannadh do dhuine nádúrtha nó dlítheanach nach páirtí é sa chonradh fostaíochta nó sa chaidreamh fostaíochta.
- (14) Ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit rialacha sonracha a bhunú chun daoine aonair atá ag gníomhú mar fhostóirí d'oibríthe tí sa teaghlach a eisiaimh ó na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo, maidir leis na nithe seo a leanas: chun iarrataí ar chineálacha éagsúla fostaíochta a mheas agus freagra a thabhairt orthu, chun oiliúint éigeantach saor ó chostas a chur ar fáil, agus chun sásraí sásaimh a sholáthar atá bunaithe ar thiomhdí fabhracha i gcás ina bhfuil faisnéis ar iarraidh sa doiciméadacht atá le soláthar ag an oibrí faoin Treoir seo.
- (15) Le Treoir 91/533/CEE, tugadh isteach liosta de ghnéithe bunúsacha den chonradh fostaíochta nó den chaidreamh fostaíochta nach mór oibríthe a chur ar an eolas i scríbhinn ina leith. Is gá an liosta sin, ar féidir leis na Ballstáit é a mhéadú, a oiriúnú chun forbairtí sa mhargadh saothair a chur san áireamh, go háirithe an borradh atá ag teacht faoi chineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta.
- (16) I gcás nach bhfuil aon ionad oibre seasta nó aon phríomhionad oibre ag oibrí, ba cheart go bhfaigheadh sé nó sí faisnéis faoi shocruithe, más ann dóibh, chun taisteal idir na hionaid oibre.

⁽⁶⁾ Treoir 2009/13/CE ón gComhairle an 16 Feabhra 2009 lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhlachais Úinéirí Long an Chomhphobail Eorpaigh (ECSA) agus Cónaidhm Oibríthe Iompair na hEorpa (ETF) maidir le Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí 2006, agus lena leasaítear Treoir 1999/63/CE (IO L 124, 20.5.2009, lch. 30).

⁽⁷⁾ Treoir (AE) 2017/159 ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú i dtaca le cur chun feidhme Choinbhinsiún 2007 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hObair san Iascaireacht, a tugadh i gcrích an 21 Bealtaine 2012 idir an Coiste Ginearálta um Chomhar Talmhaíochta san Aontas Eorpach (Cogeca), Cónaidhm Oibríthe Iompair na hEorpa (ETF) agus Comhlachas Eagraíochtaí Náisiúnta na bhFiontar Iascaireachta san Aontas Eorpach (Europêche) (IO L 25, 31.1.2017, lch. 12).

- (17) Ba cheart go bhféadfadh an fhaisnéis faoin teidlíocht oiliúna arna soláthar ag an bhfostóir a bheith i bhfoirm faisnéis ina n-áirítear an líon laethanta oiliúna, más ann dóibh, in aghaidh na bliana, a bhfuil an t-oibrí ina dteideal agus faisnéis faoi bheartas oiliúna ginearálta an fhostóra.
- (18) Maidir leis an bhfaisnéis faoin nós imeachta atá le leanúint ag an bhfostóir agus ag an oibrí más rud é go ndéantar a gcaidreamh fostaíochta a fhoirceannadh, ba cheart a bheith in ann a áireamh inti sprioc-am chun caingean a thionscnamh chun cur i gcoinne dífhostú.
- (19) Ba cheart faisnéis maidir le ham oibre a bheith comhsheasmhach le Treoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾, agus ba cheart faisnéis maidir le sosanna, tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla agus an méid saoire le pá a bheith inti lena n-áirithítear, dá réir sin, go gcosnaítear sábháilteacht agus sláinte oibrithe.
- (20) Maidir leis an bhfaisnéis i dtaobh luach saothair atá le soláthar, ba cheart go n-áireofaí inti gach gné den luach saothair lena n-áirítear, más infheidhme, ranníocaíochtaí in airgead tirim nó mar íocaíocht chomhchineáil, íocaíochtaí ragoibre, bónaís agus teidlíochtaí eile, a fhaigheann an t-oibrí go díreach nó go hindíreach i dtaca lena chuid nó lena cuid oibre. Ba cheart nár dhochar soláthar faisnéise den chineál sin don tsaoirse atá ag fostóirí foráil a dhéanamh do ghnéithe luacha saothair breise amhail íocaíochtaí aon uaire. Fiú mura ndéantar na gnéithe den luach saothair atá dlite de réir an dlí nó comhaontú comhchoiteann a chur san fhaisnéis, níor cheart gur cúis é sin gan iad a sholáthar don oibrí.
- (21) Murar féidir sceideal oibre seasta a chur in iúl mar gheall ar chineál na fostaíochta, amhail i gcás conradh ar éileamh, ba cheart d'fhostóirí oibrithe a chur ar an eolas faoin gcaoi a bhfuiltear chun a gcuid ama oibre a bhunú, lena n-áirítear na sliotáin ama ina bhféadfaidís glao chun oibre a chur orthu agus an tréimhse íosta réamhfhógra ba cheart dóibh a fháil thús sannacháin oibre.
- (22) Ba cheart a bheith san fhaisnéis faoi chórais slándála sóisialta faisnéis faoi chéannacht na n-institiúidí slándála sóisialta a fhaigheann na ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus faisnéis, i gcás inarb ábhartha, maidir le sochair bhreiteachta, mháithreachais, atharthachta agus thuismitheora, maidir le sochair maidir le tionóiscí ag an obair agus le galair cheirde, agus faisnéis maidir le sochair sheanaoise, easláine, mharthanóra, dhífhostaíochta, luathscoir agus linbh. Níor cheart a chur de cheangal ar fhostóirí an fhaisnéis sin a sholáthar i gcás inarb é an t-oibrí a roghnaíonn an institiúid slándála sóisialta. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis faoin gcosaint slándála sóisialta a chuirfidh an fostóir ar fáil, i gcás inarb ábhartha, an fíoras go dtugtar cumhdach trí bhíthin scéimeanna pinsin fhorlíontaigh de réir bhrí Threoir 2014/50/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾ agus Threoir 98/49/CE ón gComhairle ⁽¹⁰⁾.
- (23) Ba cheart an ceart a bheith ag oibrithe faisnéis a fháil i scríbhinn ag tús na fostaíochta faoi na cearta agus na hoibleagáidí a thagann as an gcaidreamh fostaíochta. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an fhaisnéis bhunúsach acu a luaithe is féidir agus laistigh de sheachtain féilire óna gcéad lá oibre ar a dhéanaí. Ba cheart go mbeadh an chuid eile den fhaisnéis acu laistigh de 1 mhí amháin ón gcéad lá oibre. Ba cheart an chéad lá oibre a thuiscint mar thús iarbhír na hoibre a dhéanann an t-oibrí sa chaidreamh fostaíochta. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag na Ballstáit go soláthródh fostóirí an fhaisnéis ábhartha faoin gcaidreamh fostaíochta roimh dheireadh ré an chonartha a comhaontaíodh ar dtús.
- (24) I bhfianaise na húsáide méadaithí a bhaintear as uirlisí cumarsáide digití, d'fhéadfaí an fhaisnéis atá le soláthar i scríbhinn faoin Treoir seo a thabhairt trí mhodhanna leictreonacha.
- (25) Chun cuidiú le fostóirí faisnéis a chur ar fáil go tráthúil, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann teimpléid a sholáthar ar an leibhéal náisiúnta lena n-áirítear faisnéis atá ábhartha agus cuimsitheach go leor maidir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme. D'fhéadfaidh na húdaráis náisiúnta agus na comhpháirtithe sóisialta na teimpléid sin a fhorbairt ar an leibhéal earnálach nó ar an leibhéal áitiúil. Tacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun teimpléid agus samhlacha a fhorbairt agus a chur ar fáil go forleathan, de réir mar is iomchuí.

⁽⁸⁾ Treoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre (IO L 299, 18.11.2003, lch. 9).

⁽⁹⁾ Treoir 2014/50/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ceanglais íosta i leith soghluaisteacht oibrithe idir Ballstáit a fheabhsú trí fháil agus coimeád ceart pinsin fhorlíontaigh a fheabhsú (IO L 128, 30.4.2014, lch. 1).

⁽¹⁰⁾ Treoir 98/49/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 1998 maidir le cearta pinsin fhorlíontaigh a chosaint do dhaoine fostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe a bheidh ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 209, 25.7.1998, lch. 46).

- (26) Ba cheart go bhfaigheadh oibríthe a chuirtear thar lear faisnéis bhreise a bhaineann go sonrach lena gcás. I gcás sannacháin oibre arna sannadh i ndiaidh a chéile i roinnt Ballstát nó tríú tíortha, ba cheart go bhféadfaí an fhaisnéis le haghaidh roinnt sannachán a thiomsú roimh an gcéad imeacht agus í a leasú ina dhiaidh sin dá dtiocfadh athruithe uirthi. I gcás ina gcáileoidh oibríthe mar oibríthe ar postú faoi Threoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾, ba cheart fógra a thabhairt dóibh freisin maidir leis an suíomh gréasáin náisiúnta oifigiúil aonair arna fhorbairt ag an mBallstát óstach, áit a bhfaighidh siad an fhaisnéis ábhartha maidir leis na dálaí oibre a bhaineann lena gcás. Mura bhforáilann na Ballstáit dá mhalairt, beidh feidhm ag na hoibleagáidí sin má bhíonn ré na tréimhse oibre thar lear níos faide ná 4 seachtaine as a chéile.
- (27) A bhfuil le tréimhsí promhaidh, is féidir leis na páirtithe sa chaidreamh fostaíochta a fhíorú an bhfuil na hoibríthe agus na poist dar ceapadh iad comhoiriúnach agus, san am céanna, an tacaíocht bhainteach a thabhairt do na hoibríthe. Níor cheart tréimhse fhada neamhdheimhneachta a bheith ag gabháil le haon iontráil ar an margadh saothair nó le trasdul go post nua. Ba cheart, mar a bhunaítear i gColún Eorpach na gCearta Sóisialta, gur ré réasúnach a bheadh sna tréimhsí promhaidh.
- (28) Tá uasré tréimhse promhaidh ginearálta idir 3 mhí agus 6 mhí bunaithe ag líon mór Ballstát, ar cheart a mheas go bhfuil sé sin réasúnach. Ar bhonn eisceachtúil, ba cheart go bhféadfaid tréimhsí promhaidh a bheith níos faide ná 6 mhí i gcás ina bhfuil údar leis sin de bharr chineál na fostaíochta, amhail i gcás poist bhainistíochta nó feidhmiúcháin nó poist sa tseirbhís phoiblí, i gcás ina dtéann an méid sin chun leasanna an oibrí, amhail i gcomhlhéacs bearta sonracha chun fostaíocht bhuan a chur chun cinn, go háirithe d'oibríthe óga. Ba cheart go bhféadfaí freisin síneadh a chur le tréimhsí promhaidh dá réir sin, i gcásanna ina raibh an t-oibrí as láthair ón obair le linn na tréimhse promhaidh, i ngeall ar bhreiteacht nó saoire mar shampla, chun a chumasú don fhostóir oiriúnacht an fhostaí don chúram i dtrácht a mheasúnú. I gcás caidrimh fostaíochta ar théarma seasta is lú ná 12 mhí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil fad na tréimhse promhaidh leormhaith agus go bhfuil sí comhréireach le ré mheasta an chonartha agus leis an gcineál oibre. I gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa dlí náisiúnta nó sa chleachtas náisiúnta, ba cheart d'oibríthe cearta fostaíochta a fhabhrú le linn an tréimhse phromhaidh.
- (29) Níor cheart d'fhostóirí toirmeasc a chur ar oibrí glacadh le post le fostóirí eile, lasmuigh den chlár oibre a chuirtear ar bun leis an bhfostóir, ná níor cheart dóibh cáitheamh go díobhálach leis nó léi má dhéanann sé nó sí amhlaidh. Ba cheart go bhféadfaid na Ballstáit coinníollacha a leagan síos maidir le húsáid srianta neamh-chomhoiriúnachta, atá le tuiscint mar shrianta ar oibrí d'fhostóirí eile ar chúiseanna oibiachtúla, amhail sláinte agus sábháilteacht oibríthe a chosaint, lena n-áirítear teorainneacha le ham oibre, rúndacht gnó a chosaint, ionracas na seirbhíse poiblí, nó coinbhleachtaí leasa a sheachaint.
- (30) Maidir le hoibríthe a bhfuil a bpatrún oibre neamh-intuartha ina iomláine nó den chuid is mó, ba cheart go mbainfidís tairbhe as leibhéal íosta intuarthachta i gcás inarb é an fostóir is mó a chinneann an sceideal oibre, bíodh sin go díreach, amhail trí shannacháin oibre a leithdháileadh mar shampla, nó go hindíreach, amhail trí cheangal a chur ar an oibrí iarrataí ó chliaint a fhreagairt mar shampla.
- (31) Ba cheart uaireanta agus laethanta tagartha, a thuigfead mar shliotáin ama inar féidir obair a dhéanamh arna iarraidh sin don fhostóir, a bhunú i scríbhinn ag tús an chaidrimh fostaíochta.
- (32) Tá tréimhse fógra íosta réasúnach, a thuigfead mar an tréimhse ama idir an tráth a chuirtear oibrí ar an eolas faoi shannachán nua oibre agus an tráth a thosaíonn an sannachán, ina ghné riachtanach eile d'intuarthacht oibre do chaidrimh fostaíochta a bhfuil patrún oibre atá neamh-intuartha ina n-iomláine nó den chuid is mó ag baint leo. Féadfaid fad na tréimhse réamhfhógra a athrú de réir riachtanais na hearnála lena mbaineann, agus cosaint leormhaith d'oibríthe á háirithiú ag an am céanna. Beidh feidhm ag an tréimhse fógra íosta gan dochar do Threoir 2002/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾.
- (33) Ba cheart go bhféadfaid oibríthe sannachán oibre a dhiúltú mura bhfuil sé faoi réir na n-uaireanta agus na laethanta tagartha nó murar tugadh fógra don oibrí maidir leis an sannachán oibre i gcomhréir leis an tréimhse fógra íosta gan iarmhairtí díobhálacha a fhulaingt mar gheall ar an diúltú sin. Ba cheart freisin an deis a bheith ag oibríthe glacadh leis an obair a shanntar más mian leo déanamh amhlaidh.

⁽¹¹⁾ Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibríthe a postú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1).

⁽¹²⁾ Treoir 2002/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 maidir le heagrú ama oibre daoine i mbun gníomhaíochtaí soghluaiste iompair ar bhóithre (IO L 80, 23.3.2002, lch. 35).

- (34) I gcás oibrí a bhfuil a phatrún oibre nó a patrún oibre neamh-intuartha ina iomláine nó den chuid is mó agus a bhfuil sé comhaontaithe aige nó aici lena fhostóir nó lena fostóir sannachán sonracha oibre a dhéanamh, ba cheart go bhféadfadh sé nó sí pleanáil dá réir. Ba cheart an t-oibrí a chosaint ar chaillteanas ioncaim mar gheall ar an sannachán oibre a bheith curtha ar ceal go déanach, trí bhíthin cúiteamh leormhaith.
- (35) Maidir le conarthaí ar éileamh nó le conarthaí comhchosúla, lena n-áirítear conarthaí uaireanta nialasacha faoina bhfuil an tsolúbthacht ag an bhfostóir a iarraidh ar an oibrí oibriú de réir mar is gá agus nuair is gá, tá neamh-intuarthacht ar leith ag baint leo don oibrí. Ba cheart do na Ballstáit a cheadaíonn na conarthaí sin a áirithiú gur ann do bhearta éifeachtacha ionas nach mbainfear drochúsáid astu. D'fhéadfadh na bearta sin a bheith i bhfoirm teorannuithe ar úsáid agus ré na gconarthaí sin, i bhfoirm toimhde infhrisnéise gur ann do chonradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta lena ngabhann líon ráthaithe uaireanta íoctha bunaithe ar na huaireanta a oibríodh i dtéimhse thagartha roimhe sin, nó i bhfoirm bearta coibhéiseacha eile lena n-áirithítear go ndéantar cleachtais drochúsáide a chosc go héifeachtach.
- (36) I gcás ina bhfuil deis ag fostóirí conarthaí fostaíochta lánaimseartha nó conarthaí nach bhfuil dáta deiridh luaite leo a thairiscint d'oibrithe i gcineálacha fostaíochta neamhchaighdeánacha, ba cheart trasdul chuig cineálacha fostaíochta atá níos seasmhaí a chur chun cinn i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ba cheart d'oibrithe a bheith in ann cineál fostaíochta níos intuatha agus níos buaine a iarraidh, i gcás ina bhfuil fáil air sin, agus freagra réasúnaite a fháil i scríbhinn ón bhfostóir a chuireann idir riachtanais an fhostóra agus riachtanais an oibrí san áireamh. Ba cheart go mbeadh an deis ag na Ballstáit minicíocht na n-iarrataí sin a theorannú. Níor cheart go ndéanfadh an Treoir seo cosc a chur ar na Ballstáit a shuí, i gcás poist sa tseirbhís phoiblí a fhaightear trí bhíthin scrúdú iomaíoch, nach measfar go bhfuil na poist sin ar fáil arna iarraidh sin go simplí ag an oibrí agus, dá bhrí sin, nach dtagann siad faoi raon feidhme an chirt chun cineál fostaíochta lena ngabhann dálaí oibre atá níos intuatha agus níos sláine a iarraidh.
- (37) I gcás ina gceanglaítear ar fhostóirí faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta nó faoi chomhaontuithe comhchoiteanna oiliúint a chur ar fáil dá n-oibrithe chun an obair dá bhfuil siad fostaite a dhéanamh, tá sé tábhachtach an oiliúint sin a chur ar fáil ar bhonn cothrom do na hoibrithe go léir, lena n-áirítear dóibh siúd i gcineálacha fostaíochta neamhchaighdeánacha. Níor cheart na costais ar oiliúint den sórt sin a ghearradh ar an oibrí, ná níor cheart na costais a choinneáil siar ó luach saothair an oibrí nó iad a bhaint de. Ba cheart oiliúint den sórt sin a áireamh mar am oibre agus, i gcás inar féidir, ba cheart í a dhéanamh le linn uaireanta oibre. Ní chumhdaítear leis an oibleagáid sin gairmoiliúint ná oiliúint atá riachtanach d'oibrithe chun cáilíocht ghairmiúil a fháil, a choinneáil nó a athnuachan, chomh fada agus nach gceanglaítear ar an bhfostóir faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta nó faoi chomhaontú comhchoiteann oiliúint den sórt sin a sholáthar don oibrí. Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun oibrithe a chosaint ar chleachtais drochúsáide maidir le hoiliúint.
- (38) Ba cheart neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta agus a gcáil mar ionadaithe ar oibrithe agus ar fhostóirí a urramú. Dá bhrí sin, ba cheart go bhféadfadh na comhpháirtithe sóisialta a mheas go mbeidh forálacha atá éagsúil ó na caighdeáin fostaíochta áirithe a leagtar amach sa Treoir seo níos iomchuí in earnálacha nó i gcásanna sonracha, chun cuspóir na Treorach seo a shaothrú. Dá bhrí sin, ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit a cheadú do na comhpháirtithe sóisialta comhaontuithe comhchoiteanna atá éagsúil le forálacha áirithe sa Treoir seo a choinneáil, a chaibidliú, a thabhairt i gcrích agus a chur chun feidhme, ar choinníoll nach ndéantar leibhéal ginearálta na cosanta a thugtar d'oibrithe a ísliú.
- (39) Léiríodh leis an gcomhairliúchán poiblí ar Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta gur gá forfheidhmiú an dlí saothair san Aontas a neartú chun a éifeachtacht a áirithiú. Leis an meastóireacht ar Threoir 91/533/CEE, arna déanamh faoi Chlár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála an Choimisiúin, deimhníodh go bhféadfaí éifeachtacht dhlí saothair an Aontais a fheabhsú le sásraí forfheidhmiúcháin neartaithe. Léiríodh sa chomhairliúchán nach bhfuil córais sásaimh atá bunaithe ar éilimh ar dhamáiste amháin chomh héifeachtach leis na córais lena bhforáiltear do phionóis chomh maith, amhail cnapshuimeanna nó cailleadh ceadanna, d'fhostóirí nach n-eisíonn dearbhuithe i scríbhinn. Léiríodh ann freisin gurb annamh a dhéanann oibrithe sásamh a lorg le linn an chaidrimh fostaíochta, rud a chuireann i mbaol an cuspóir maidir le ráiteas i scríbhinn a sholáthar, eadhon a áirithiú go gcuirtear oibrithe ar an eolas maidir le gnéithe bunúsacha an chaidrimh fostaíochta. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, forálacha maidir le forfheidhmiú a thabhairt isteach lena n-áirithítear go mbainfear úsáid as toimhdí fabhracha i gcás nach gcuirtear faisnéis ar fáil faoin gcaidreamh fostaíochta, nó go mbainfear úsáid as nós imeachta faoina bhféadtar ceangal a chur ar an bhfostóir an fhaisnéis atá ar iarraidh a chur ar fáil agus faoina bhféadfadh fostóir a bheith faoi réir pionóis mura ndéanann an fostóir amhlaidh, nó an dá rud. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis ábhartha ar iarraidh, ba cheart gur féidir a áireamh i dtuimhdí fabhracha den sórt sin an toimhde go bhfuil caidreamh fostaíochta nach bhfuil dáta deiridh luaite leis ag an oibrí, nach bhfuil aon téimhse phromhaidh ann nó go bhfuil post lánaimseartha ag an oibrí a áireamh. D'fhéadfadh sásamh a bheith faoi réir nós imeachta lena ndéanann an t-oibrí nó tríú páirtí, amhail ionadaí oibrithe nó údarás nó comhlacht inniúil, a chur in iúl don fhostóir go bhfuil faisnéis ar iarraidh agus go bhfuil faisnéis iomlán agus cheart le cur ar fáil ar bhealach tráthúil.

- (40) Tá córas cuimsitheach forálacha forfheidhmiúcháin glactha don *acquis* sóisialta san Aontas ón uair a glacadh Treoir 91/533/CEE, go háirithe i réimse na córa comhionainne, ar cheart gnéithe de a chur i bhfeidhm maidir leis an Treoir seo chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag oibrithe ar phróiseas réitigh díospóidí éifeachtach agus neamhchlaonta, amhail cúirt shibhialta nó cúirt saothair agus ceart chun sásaimh acu, a bhféadfaí a áireamh ann cúiteamh leormhaith, de réir Phrionsabal Uimh. 7 de Chólún Eorpach na gCearta Sóisialta.
- (41) Go sonrach, ag féachaint do chineál bunúsach an chirt cosaint dlí éifeachtach a fháil, ba cheart leanúint den chosaint sin a thabhairt d'oibrithe fiú agus deireadh tagtha leis an gcaidreamh fostaíochta as a dtagann sárú líomhnaithe ar chearta an oibrí faoin Treoir seo.
- (42) Ceanglaítear le cur chun feidhme éifeachtach na Treorach seo cosaint bhreithiúnach agus riaracháin leormhaith a chur ar fáil ar aon chóir dhíobhálach a dhéantar mar fhreagairt ar iarracht cearta a fheidhmiú dá bhforáiltear faoin Treoir seo, ar aon ghearán a dhéantar leis an bhfostóir nó ar aon imeachtaí dlíthiúla nó riaracháin arb é is aidhm dóibh comhlíonadh na Treorach seo a fhorfheidhmiú.
- (43) Ba cheart cosaint a bheith ag oibrithe a fheidhmíonn a gcearta dá bhforáiltear sa Treoir seo ar dhífhostú nó aimhleas coibhéiseach, amhail oibrí ar éileamh nach sanntar obair dó a thuilleadh, nó ar aon ullmhú maidir le dífhostú a d'fhéadfadh a bheith ann ar an bhforas go ndearna siad iarracht na cearta sin a fheidhmiú. I gcás ina measann oibrithe gur dífhostaíodh iad nó gur fhulaing siad aimhleas coibhéiseach ar na forais sin, ba cheart go mbeadh oibrithe agus údaráis nó comhlachtaí inniúla in ann ceangal a chur ar an bhfostóir forais chuí-réasúnaithe don dífhostú nó don bheart coibhéiseach a sholáthar.
- (44) An dualgas i dtaca lena shuíomh nár tharla dífhostú nó aimhleas coibhéiseach ar an bhforas gur fheidhmigh oibrithe a gcearta dá bhforáiltear sa Treoir seo, ba cheart gur ar an bhfostóir a thitfeadh sé nuair a shuíonn oibrithe, os comhair cúirte nó údarás nó comhlacht inniúil eile, fíorais ónar féidir toimhde a dhéanamh go ndearnadh iad a dhífhostú nó go raibh siad faoi réir bearta a bhfuil éifeachtaí coibhéiseacha leo ar fhorais den sórt sin. Ba cheart go mbeadh sé indéanta ag na Ballstáit gan an riail sin a chur i bhfeidhm in imeachtaí ar faoi chúirt nó údarás nó comhlacht inniúil eile a bheadh sé na fíorais a imscrúdú, go háirithe i gcórais inar gá don údarás nó don chomhlacht sin dífhostú a fhorfheidhmiú.
- (45) Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha maidir le sárúithe ar na hoibleagáidí faoin Treoir seo. Is féidir a áireamh ar phionóis riaracháin agus airgeadais, amhail fineálacha nó cúiteamh a íoc, mar aon le cineálacha eile pionós.
- (46) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon dálaí oibre a fheabhsú trí fhostaíocht atá níos trédhearcaí agus níos intuatha a chur chun cinn agus inoiriúnaitheacht sa mhargadh saothair a áirithiú ag an am céanna, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr an ghá comhcheanglais íosta a bhunú, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (47) Leis an Treoir seo, leagtar síos ceanglais íosta, sa chaoi nach ndéantar aon athrú ar shaincheart na mBallstát forálacha níos fabhraí a thabhairt isteach agus a choinneáil. Ba cheart go mbeadh feidhm fós ag cearta a fuarthas faoin gcreat dlíthiúil atá ann cheana, mura rud é go dtugtar forálacha níos fabhraí isteach leis an Treoir seo. Ní féidir cur chun feidhme na Treorach seo a úsáid chun maolú ar na cearta atá ann cheana féin agus a leagtar amach i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta atá ann cheana sa réimse seo, ná ní fhéadfaidh sé a bheith mar fhorais bhailí chun leibhéal ginearálta na cosanta a thugtar d'oibrithe sa réimse a chumhdáitear sa Treoir seo a laghdú. Go háirithe, níor cheart go mbeadh sé ina bhforais chun conarthaí uaireanta nialasacha nó cineálacha comhchosúla conarthaí fostaíochta a thabhairt isteach.
- (48) I gcur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart do na Ballstáit staonadh ó shrianta riaracháin, airgeadais agus dlíthiúla a fhorchur ar bhealach lena gcuirfí bac ar bhunú agus ar fhorbairt micrifhiontar agus fiontar beag agus meánmhéide. Dá bhrí sin, iarrtar ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag a ngníomh trasuite ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun a áirithiú nach ndéanfar difear díréireach dóibh, agus aird faoi leith a thabhairt ar mhicrifhiontair agus ar an ualach riaracháin, agus torthaí na measúnuithe sin a fhoilsiú.

- (49) Féadfaidh na Ballstáit cur chun feidhme na Treorach seo a chur ar iontaoibh na gcomhpháirtithe sóisialta, i gcás ina n-iarrann na comhpháirtithe sóisialta go comhpháirteach é sin a dhéanamh agus ar choinníoll go ndéanann na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go bhféadfaidh siad na torthaí arna lorg faoin Treoir seo a ráthú i gcónaí. Ba cheart dóibh freisin, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, bearta leormhaithe a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach go héifeachtach agus chun an t-idirphlé sóisialta a chur chun cinn agus a fhea bhsú d'fhonn forálacha na Treorach seo a chur chun feidhme.
- (50) Ba cheart do na Ballstáit gach beart leormhaithe a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a thiocthaí as an Treoir seo, mar shampla trí chigireachtaí a dhéanamh, de réir mar is iomchuí.
- (51) I bhfianaise na n-athruithe substaintiúla a thugtar isteach leis an Treoir seo maidir le cuspóir, raon feidhme agus ábhar Threoir 91/533/CEE, níl sé iomchuí Treoir 91/533/CEE a leasú. Ba cheart, dá bhrí sin, an Treoir sin a aisghairm.
- (52) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin ⁽¹³⁾, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar leis na doiciméid sin a tharchur,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Cuspóir, ábhar agus raon feidhme

1. Is é is cuspóir don Treoir seo dálaí oibre a fheabhsú trí fhostaíocht níos trédhearcaí agus níos intuartha a chur chun cinn agus, ag an am céanna, inoiriúnaitheacht sa mhargadh saothair a áirithiú.
2. Leis an Treoir seo, leagtar síos na cearta íosta a bhfuil feidhm acu maidir le gach oibrí san Aontas ag a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm i ngach Ballstát, agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais á chur san áireamh.
3. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach mbeidh feidhm ag na hoibleagáidí sa Treoir seo maidir le hoibrithe a bhfuil caidreamh fostaíochta acu ina bhfuil am oibre réamhshocraithe agus am oibre iarbhír atá comhionann le, nó níos lú ná, 3 uair an chloig ar an meán in aghaidh na seachtaine le linn tréimhse thagartha de 4 seachtaine i ndiaidh a chéile. Agus an meán sin de 3 uair an chloig á ríomh, cuirfear san áireamh an t-am a chaitear ag obair le gach fostóir ar cuid den fhiontar, den ghrúpa nó den eintiteas céanna é nó a bhaineann leis an bhfiontar, leis an ngrúpa nó leis an eintiteas céanna.
4. Ní bheidh mír 3 infheidhme maidir le caidreamh fostaíochta i gcás nach socraítear méid ráthaithe d'obair ar íocaíocht roimh ré sula gcuirfear tús leis an bhfostaíocht.

⁽¹³⁾ IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

5. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cé hiad na daoine atá freagrach as na hoibleagáidí ar fhostóirí a leagtar síos leis an Treoir seo a fheidhmiú, ar choinníoll go gcomhlíonfar na hoibleagáidí sin ar fad. Féadfaidh siad a chinneadh freisin go sannfar na hoibleagáidí sin go léir, nó cuid díobh, do dhuine nádúrtha nó dlítheanach nach páirtí sa chaidreamh fostaíochta é.

Ní dochar an mhír seo do Threoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾.

6. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh, ar fhorais oibiachtúla, nach mbeidh feidhm ag na forálacha a leagtar síos i gCaibidil III maidir le státseirbhísigh, seirbhísí éigeandála poiblí, na fórsaí armtha, údaráis phóilíneachta, breithiúna, ionchúisitheoirí, imscrúdaitheoirí nó seirbhísí eile forfheidhmithe an dlí.

7. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 12 agus 13 agus i bpointe (a) d'Airteagal 15(1) a chur i bhfeidhm maidir le daoine nádúrtha i dteaghlaigh atá ag gníomhú mar fhostóirí i gcás inar obair do na teaghlaigh sin a dhéantar.

8. Beidh Caibidil II den Treoir seo infheidhme maidir le maraithe agus iascairí mara gan dochar do Threoir 2009/13/CE ón gComhairle ná do Threoir (AE) 2017/159 ón gComhairle faoi seach. Ní bheidh na hoibleagáidí a leagtar amach i bpointí (m) agus (o) d'Airteagal 4(2) agus Airteagail 7, 9, 10 agus 12 infheidhme maidir le maraithe nó iascairí.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn “sceideal oibre” an sceideal lena gcinntear na huaireanta agus na laethanta ar a gcuirfear tús agus deireadh le feidhmiú na hoibre;
- (b) ciallaíonn “uaireanta agus laethanta tagartha” na sliotáin ama ar laethanta sonraithe ar féidir obair a dhéanamh lena linn ar iarraidh ón bhfostóir;
- (c) ciallaíonn “patrún oibre” an cineál eagair a bhíonn ar an am oibre agus dáileadh an ama sin de réir patrún áirithe a chinnfidh an fostóir.

Airteagal 3

Faisnéis a sholáthar

Déanfaidh an fostóir an fhaisnéis a cheanglaítear a thabhairt de bhun na Treorach seo a sholáthar i scríbhinn do gach oibrí. Déanfar an fhaisnéis a sholáthar agus a tharchur ar pháipéar nó i bhfoirm inrochtana, ar choinníoll go mbeidh an fhaisnéis inrochtana ag an oibrí, gur féidir í a stóráil agus a phriontáil agus go gcoinneoidh an fostóir cruthúnas ar tharchur nó ar ghlacadh i bhfoirm leictreonach.

⁽¹⁴⁾ Treoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach (IO L 327, 5.12.2008, lch. 9).

CAIBIDIL II

FAISNÉIS FAOIN GCAIDREAMH FOSTAÍOCHTA

Airteagal 4

Oibleagáid chun faisnéis a sholáthar

1. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh sé de dhualgas ar fhostóirí oibrithe a chur ar an eolas faoi na gnéithe bunúsacha den chaidreamh fostaíochta.
2. Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 an méid seo a leanas ar a laghad:
 - (a) céannachtaí na bpáirtithe sa chaidreamh fostaíochta;
 - (b) an t-ionad oibre; i gcás nach bhfuil aon ionad seasta oibre nó príomhionad oibre ann, an prionsabal go bhfuil an t-oibrí fostaithe in ionaid éagsúla nó go bhfuil an tsaoirse ag an oibrí a ionad oibre féin nó a hionad oibre féin a chinneadh, mar aon le hoifig chláraithe nó, i gcás inarb iomchuí, áit chónaithe an fhostóra;
 - (c) ceann amháin de na cinn seo a leanas:
 - (i) teideal, grád, cineál nó catagóir na hoibre ar lena haghaidh atá an t-oibrí fostaithe nó
 - (ii) sonrúchán nó tuairisc ghairid ar an obair;
 - (d) dáta tosaithe an chaidrimh fostaíochta;
 - (e) i gcás caidreamh fostaíochta ar théarma seasta, dáta deiridh an chaidrimh fostaíochta sin nó an fad a mheastar a mhairfidh sé;
 - (f) i gcás oibrithe sealadacha gníomhaireachta, céannacht na ngnóthas úsáideora, nuair is eol agus a luaithe is eol cé hiad.
 - (g) fad agus coinníollacha na tréimhse promhaidh, más ann di;
 - (h) an teidlíocht oiliúna a sholáthróidh an fhostóir, más ann di;
 - (i) an méid saoire íoctha a mbeidh an t-oibrí ina teideal nó, i gcás nach féidir é sin a chur in iúl tráth a thugtar an fhaisnéis, na nósanna imeachta lena leithdháilfear agus lena gcinnfear an teidlíocht saoire sin;
 - (j) an nós imeachta, lena n-áirítear na ceanglais fhoirmiúla agus fad na dtréimhsí fógra atá le comhlíonadh ag an bhfostóir agus ag an oibrí má dhéantar a gcaidreamh fostaíochta a fhoirceannadh nó, i gcás nach féidir fad na dtréimhsí fógra a chur in iúl tráth a thugtar an fhaisnéis, an modh lena gcinnfear na tréimhsí fógra sin;
 - (k) an luach saothair, lena n-áirítear an bunmhéid tosaigh, aon chomheilimintí eile, más infheidhme, arna sonrú ar leithligh, agus minicíocht agus modh íocaíochta an luacha saothair a mbeidh an t-oibrí ina theideal;
 - (l) má tá an patrún oibre intuartha ina iomláine nó den chuid is mó, fad ghnáthlá oibre nó ghnáthsheachtain oibre an oibrí agus aon socrúithe maidir le ragobair agus an luach saothair i leith na ragoibre sin agus, i gcás inarb infheidhme, aon socrúithe maidir le hathruithe sceidil;

- (m) má tá an patrún oibre neamh-intuartha ina iomláine nó den chuid is mó, déanfaidh an fostóir an t-oibrí a chur ar an eolas maidir leis na nithe seo a leanas:
- (i) an prionsabal gur sceideal oibre athraitheach é, líon na n-uaireanta íoctha ráthaithe agus an luach saothair don obair a dhéantar sa bhreis ar na huaireanta ráthaithe sin;
 - (ii) na huaireanta agus na laethanta tagartha ar lena linn a d'fhéadfaí a cheangal ar an oibrí obair a dhéanamh;
 - (iii) an tréimhse fógra íosta a bhfuil an t-oibrí ina theideal nó ina teideal roimh thús sannacháin oibre agus, i gcás inarb infheidhme, an spriodhata maidir le cur ar ceal dá dtagraítear in Airteagal 10(3);
- (n) aon chomhaontuithe comhchoiteanna lena rialófar dálaí oibre an oibrí nó, i gcás comhaontuithe comhchoiteanna a thabharfaidh comhlachtaí nó institiúidí comhpháirteacha speisialta lasmuigh den ghnólacht i gcrích, ainm chomhlachtaí den sórt sin nó ainm institiúidí ar laistigh díobh a rinneadh na comhaontuithe;
- (o) i gcás inarb é freagracht an fhostóra é, céannacht na n-institiúidí slándála sóisialta dá dtugtar na ranníocaíochtaí sóisialta atá ag gabháil leis an gcaidreamh fostaíochta agus aon chosaint a bhaineann le slándáil shóisialta atá á cur ar fáil ag an bhfostóir.

3. Féadfar, i gcás inarb iomchuí, an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2(g) go (l) agus (o) a thabhairt mar thagairt d'fhorálacha reachtaíochta, rialúcháin, riaracháin nó reachtúla nó do chomhaontuithe comhchoiteanna lena rialáítear na pointí sin.

Airteagal 5

Uainiú agus modhanna faisnéise

1. I gcás nár soláthraíodh í cheana féin, déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) go (e), (g), (k), (l) agus (m) d'Airteagal 4(2) a sholáthar don oibrí i bhfoirm doiciméad amháin nó níos mó agus ar bhonn aonair le linn na tréimhse a thosnaíonn ar an gcéad lá oibre agus a chríochnaíonn tráth nach déanaí ná an 7ú lá féilire, ar a dhéanaí. Déanfar an fhaisnéis eile dá dtagraítear in Airteagal 4(2) a sholáthar don oibrí ar bhonn aonair agus i bhfoirm doiciméid laistigh de 1 mhí amháin ón gcéad lá oibre.
2. Féadfaidh na Ballstáit teimpléid agus samhlacha a fhorbairt maidir leis na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 agus iad a chur ar fáil don oibrí agus don fhostóir, lena n-áirítear trína gcur ar fáil ar shuíomh gréasáin náisiúnta oifigiúil aonair nó ar mhodhanna oiriúnacha eile.
3. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar an fhaisnéis maidir leis na forálacha reachtaíochta, rialúcháin, riaracháin nó reachtúla, nó na comhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme go huilíoch lena rialáítear an creat dlíthiúil is infheidhme atá le cur in iúl ag fostóirí, a chur ar fáil saor in aisce don phobal i gcoitinne ar mhodh atá soiléir, trédhearcach agus cuimsitheach agus go bhfuil rochtain éasca air, go leictreonach agus go cianda, lena n-áirítear trí thairseacha ar líne atá ann cheana.

Airteagal 6

Modhnú ar an gcaidreamh fostaíochta

1. I gcás aon athrú ar na gnéithe den chaidreamh fostaíochta dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus ar an bhfaisnéis bhreise dá dtagraítear in Airteagal 7 d'oibríthe a chuirfear chuig Ballstát eile nó chuig tríú tír, áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an fostóir, a luaithe is féidir agus an lá a mbeidh éifeacht ag an gcaidreamh fostaíochta ar a dhéanaí, an fhaisnéis sin a thabhairt don oibrí i bhfoirm doiciméad páipéir.

2. An doiciméad dá dtagraítear i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir le hathruithe nach ndéanann ach athrú i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin, riaracháin nó reachtúla, nó le comhaontuithe comhchoiteanna, atá luaite sna doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus, i gcás inarb ábhartha, in Airteagal 7.

Airteagal 7

Faisnéis bhreise d'oibríthe a sheoltar chuig Ballstát eile nó chuig tríú tír

1. I gcás ina gceanglófar ar oibrí obair a dhéanamh i mBallstát nó i dtríú tír nach é an Ballstát é ina mbíonn sé nó sí ag obair de ghnáth, déanfaidh an fostóir na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 5(1) a sholáthar roimh imeacht an oibrí agus áireofar sna doiciméid an fhaisnéis bhreise seo a leanas ar a laghad:

- (a) an tír nó na tíortha ina ndéanfar an obair thar lear agus an fad a mheastar a mhairfidh an obair sin;
- (b) an t-airgeadra a úsáidfear chun an luach saothair a íoc;
- (c) i gcás inarb infheidhme, na sochair in airgead nó na sochair chomhchineáil a bhaineann leis na sannacháin oibre;
- (d) faisnéis faoi cibé a dhéantar foráil d'aisdúichiú nó nach ndéantar agus, má dhéantar, na coinníollacha faoina rialaítear aisdúichiú an oibrí.

2. Lena chois sin, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar oibrí ar postú a chumhdaítear le Treoir 96/71/CE a chur ar an eolas i leith na nithe seo a leanas:

- (a) an luach saothair a mbeidh an t-oibrí ina theideal i gcomhréir leis an dlí is infheidhme de chuid an Bhallstáit óstaigh;
- (b) i gcás inarb infheidhme, aon liúntais a bhaineann go sonrath le postú agus aon socrúithe maidir le caiteachas ar thaisteal, cothú agus lóistín a aisíoc;
- (c) an nasc chuig an suíomh gréasáin náisiúnta oifigiúil aonair arna fhorbairt ag an mBallstát óstach de bhun Airteagal 5(2) de Threoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁵⁾.

3. Féadfar, i gcás inarb iomchuí, an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 agus pointe (a) de mhír 2 a thabhairt mar thagairt d'fhorálacha sonracha reachtaíochta, rialúcháin, riaracháin nó reachtúla nó do chomhaontuithe comhchoiteanna lena rialaítear an fhaisnéis sin.

4. Mura ndéanann na Ballstáit foráil dá mhalairt, ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 i gcás inar 4 seachtaine as a chéile, nó níos lú ná sin, ré gach tréimhse oibre lasmuigh den Bhallstát ina n-oibríonn an t-oibrí de ghnáth.

CAIBIDIL III

CEANGLAIS ÍOSTA MAIDIR LE DÁLAÍ OIBRE

Airteagal 8

Fad uasta aon tréimhse phromhaidh

1. I gcás ina mbeidh caidreamh fostaíochta faoi réir tréimhse phromhaidh, mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta nó sa chleachtas náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh an tréimhse sin thar 6 mhí.

2. I gcás caidrimh fostaíochta ar théarma seasta, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil fad na tréimhse promhaidh sin comhréireach le ré mheasta an chonartha agus leis an gcineál oibre. I gcás ina ndéanfar Conradh le haghaidh na feidhme agus na gcúraimí céanna a athnuachan, ní bheidh an caidreamh fostaíochta faoi réir tréimhse phromhaidh nua.

⁽¹⁵⁾ Treoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le forfheidhmiú Threoir 96/71/CE maidir le hoibríthe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ("Rialachán IMI") (IO L 159, 28.5.2014, lch. 11).

3. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh, ar bhonn eisceachtúil, do thréimhsí promhaidh níos faide i gcás ina mbeidh údar leis i ngeall ar an gcineál fostaíochta atá ann nó i gcás inar chun leas an oibrí é. I gcás ina raibh an t-oibrí as láthair ón obair le linn na tréimhse promhaidh, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhféadfar síneadh a chur go comhfhreagrach leis an tréimhse phromhaidh, i gcoibhneas le fad na neamhláithreachta.

Airteagal 9

Fostaíocht chomhuaineach

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach gcuirfidh fostóir cosc ar oibrí fostaíocht a ghlacadh le fostóirí eile, lasmuigh den sceideal oibre atá curtha ar bun ag an bhfostóir sin, ná nach gcaithfidh fostóir go díobhálach leis nó léi má dhéanann sé nó sí amhlaidh.

2. Féadfaidh na Ballstáit coinníollacha a leagan síos i dtaobh úsáid srianta neamh-chomhoiriúnachta ag fostóirí, ar fhorais oibiachtúla, amhail sláinte agus sábháilteacht, rúndacht gnó a chosaint, sláine na seirbhíse poiblí nó coinbhleachtaí leasa a sheachaint.

Airteagal 10

Intuarthacht íosta oibre

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil patrún oibre oibrí neamh-intuartha ina iomláine nó den chuid is mó, nach gcuirfidh an fostóir ceangal ar an oibrí obair a dhéanamh mura gcomhlíonfar an dá cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) déanfar an obair laistigh d'uaireanta agus laethanta tagartha réamhshocraithe, amhail dá dtagraítear i bpointe (m)(ii) d'Airteagal 4(2); agus

(b) cuirfidh an fostóir an t-oibrí ar an eolas faoina shannachán oibre nó faoina sannachán oibre laistigh de thréimhse fógra réasúnach, ar tréimhse í a bhunófar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, le comhaontuithe comhchoiteanna náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, amhail dá dtagraítear i bpointe (m)(iii) d'Airteagal 4(2).

2. I gcás nach ndéanfar ceann amháin nó an dá cheann de na ceanglais a leagtar síos i mír 1 a chomhlíonadh, beidh an ceart ag oibrí sannachán oibre a dhiúltú gan iarmhairtí díobhálacha a bheith ann.

3. I gcás ina gceadóidh na Ballstáit d'fhostóir sannachán oibre a chur ar ceal gan chúiteamh, déanfaidh siad na bearta is gá, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, le comhaontuithe comhchoiteanna náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, chun a áirithiú go mbeidh an t-oibrí i dteideal cúiteamh a fháil más rud go ndéanann an fostóir an sannachán oibre, a bhí comhaontaithe roimh ré le hoibrí, a chur ar ceal tar éis spriocdháta réasúnach sonrath.

4. Féadfaidh na Ballstáit modúlachtaí a leagan síos le haghaidh chur i bhfeidhm an Airteagail seo, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, le comhaontuithe comhchoiteanna náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta.

Airteagal 11

Bearta comhlántacha maidir le conarthaí ar éileamh.

I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit foráil maidir le conarthaí ar éileamh nó conarthaí fostaíochta comhchosúla a úsáid, déanfaidh siad ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas chun cleachtais drochúsáide a chosc:

(a) teorannuithe le húsáid agus ré conarthaí fostaíochta ar éileamh agus conarthaí fostaíochta comhchosúla;

(b) toimhde infhrisnéise gur ann do chonradh fostaíochta lena ngabhann íosmhéid uaireanta íoctha bunaithe ar na huaireanta a oibrítear ar an meán le linn tréimhse ar leith;

(c) bearta coibhéiseacha eile lena n-áirithítear go ndéantar cleachtais drochúsáide a chosc go héifeachtach.

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir leis na bearta sin.

Airteagal 12

Trasdul chuig cineál eile fostaíochta

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh oibrí a bhfuil a thréimhse phromhaidh nó a thréimhse phromhaidh tugtha i gcrích aige nó aici, más ann do thréimhse phromhaidh, agus ag a bhfuil ar a laghad 6 mhí de sheirbhís leis an bhfostóir céanna cineál fostaíochta a iarraidh a bhfuil dálaí oibre atá níos intuartha agus níos seasmhaí ag dul leis, i gcás inar ann dó, agus go bhféadfaidh sé nó sí freagra réasúnaithe i scríbhinn a fháil. Féadfaidh na Ballstáit teorainn a chur le minicíocht iarrataí lena dtionscnaítear an oibleagáid faoin Airteagal seo.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh an fostóir an freagra réasúnaithe i scríbhinn laistigh de 1 mhí amháin tar éis dó an iarraidh a fháil. Maidir le daoine nádúrtha atá ag feidhmiú mar fhostóirí, agus mar mhicrifhiontair, mar fhiontair bheaga nó mar fhiontair mheánmhéide, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go gcuirfear síneadh 3 mhí ar a mhéid leis an spriocdháta sin agus go bhféadfar freagra ó bhéal a thabhairt ar iarraidh chosúil a fuarthas ón oibrí céanna ina dhiaidh sin i gcás nach bhfuil aon athrú ann ar an údar leis an bhfreagra sin maidir le cas an oibrí.

Airteagal 13

Oiliúint éigeantach

I gcás ina gceanglófar ar fhostóir le dlí an Aontais nó le dlí náisiúnta nó le comhaontuithe comhchoiteanna oiliúint a chur ar fáil d'oibrí le go bhféadfaidh sé nó sí an obair dár fostaíodh é nó í a dhéanamh, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an oiliúint sin ar fáil don oibrí saor in aisce, go ndéanfar í a áireamh mar am oibre agus, i gcás inar féidir, go dtarlóidh sí le linn uaireanta oibre.

Airteagal 14

Comhaontuithe comhchoiteanna

I gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do chomhpháirtithe sóisialta comhaontuithe comhchoiteanna a choinneáil ar bun, a chaibidlíú, a thabhairt i gcrích agus a chur chun feidhme, lena ndéanfar, c, socrúithe a bhunú maidir le dálaí oibre oibrithe atá éagsúil leis na dálaí sin dá dtagraítear in Airteagal 8 go 13, agus urraim á tabhairt do chosaint fhoriomlán oibrithe ag an am céanna.

CAIBIDIL V

FORÁLACHA COTHROMÁNACHA

Airteagal 15

Toimhdí dhlíthiúla agus sásra luathréitigh

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás nach bhfuair oibrí gach doiciméad, nó cuid de na doiciméid, dá dtagraítear in Airteagal 5(1) nó in Airteagal 6, in am trátha, go mbeidh feidhm ag ceann amháin nó ag an dá cheann seo a leanas:

- (a) rachaidh toimhdí fabhracha, arna sainiú ag an mBallstát, chun sochair don oibrí, ina mbeidh an deis ag fostóirí na toimhdí a fhrisnéis;
- (b) beidh an deis ag an oibrí gearán a chur faoi bhráid údarás nó comhlacht inniúil agus sásamh leormhaith a fháil ar bhealach tráthúil agus éifeachtach.

2. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh cur i bhfeidhm na dtoimhdí agus an tsásra dá dtagraítear i mír 1 faoi réir fhógra an fhostóra agus mhainneachtain an fhostóra an fhaisnéis atá ar iarraidh a sholáthar ar bhealach tráthúil.

*Airteagal 16***An ceart chun sásaimh**

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag oibrithe, lena n-áirítear na hoibrithe sin a bhfuil deireadh tagtha lena gcaidreamh fostaíochta, ar phróiseas réitigh díospóidí éifeachtach neamhchlaonta agus ar cheart chun sásaimh i gcás sárúithe ar a gcearta de dhroim na Treorach seo.

*Airteagal 17***Cosaint ar chóir dhíobhálach nó ar iarmhairtí díobhálacha**

Tabharfaidh na Ballstáit na bearta is gá isteach chun oibrithe, lena n-áirítear iad arb ionadaithe iad ar son na n-oibrithe, a chosaint ar aon chóir dhíobhálach a dhéanann fostóir nó aon chóir dhíobhálach a thagann as iarmhairtí díobhálacha mar thoradh ar ghearán a cuireadh faoi bhráid an fhostóra nó mar thoradh ar aon imeachtaí ar cuireadh tús leo chun comhlíonadh na gcearta dá bhforáiltear sa Treoir seo a fhorfheidhmiú.

*Airteagal 18***Cosaint ar dhífhostú agus dualgas cruthúnais**

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun toirmeasc a chur ar dhífhostú oibrithe, nó a chomhionann, agus gach ullmhúchán chun oibrithe a dhífhostú, ar na forais go ndearna siad na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo a fheidhmiú.
2. Oibrithe a mheasann gur dífhostaíodh iad, nó go raibh siad faoi réir bearta a raibh an éifeacht chéanna leo, féadfaidh siad, ar na forais go ndearna siad na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo a fheidhmiú, a iarraidh ar an bhfostóir forais chuí-réasúnaithe leis an dífhostú, nó na bearta coibhéiseacha, a sholáthar. Déanfaidh an fostóir na forais sin a sholáthar i scríbhinn.
3. Nuair a dhéanann na hoibrithe dá dtagraítear i mír 2 fórais as ar féidir a thiomhndiú go raibh dífhostú den chineál sin, nó bearta coibhéiseacha, ann, a shuí os comhair cúirte nó údarás nó comhlacht inniúil eile, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur faoin bhfostóir a bheidh sé a chruthú go raibh an dífhostú bunaithe ar fhórais seachas iad sin dá dtagraítear i mír 1.
4. Ní chuirfidh mír 3 cosc ar na Ballstáit rialacha fianaise a thabhairt isteach atá níos fabhraí d'oibrithe.
5. Ní bheidh sé de cheangal ar na Ballstáit mír 3 a chur i bhfeidhm maidir le himeachtaí ar faoin gcúirt nó faoin údarás nó comhlacht inniúil eile atá sé fórais an cháis a imscrúdú.
6. Ní bheidh feidhm ag mír 3 maidir le himeachtaí coiriúla, mura bhforáiltear dá mhalairt sa Bhallstát.

*Airteagal 19***Pionóis**

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme i leith sárúithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo nó ar na forálacha ábhartha atá i bhfeidhm cheana maidir leis na cearta a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*Airteagal 20***Gan dul siar, agus forálacha níos fabhraí**

1. Ní bheidh an Treoir seo ina foras bailí chun an leibhéal ginearálta cosanta a thugtar cheana féin d'oibrithe laistigh de na Ballstáit a laghdú.

2. Ní dhéanfaidh an Treoir seo difear do shaincheart na mBallstát forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin atá níos fabhraí d'oibrithe a chur i bhfeidhm nó a thabhairt isteach, nó spreagadh nó cead a thabhairt comhaontuithe comhchoiteanna atá níos fabhraí d'oibrithe a chur i bhfeidhm.

3. Ní dochar an Treoir seo d'aon chearta eile a thugtar d'oibrithe trí ghníomhartha eile dlí an Aontais.

Airteagal 21

Trasú agus cur chun feidhme

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh faoin 1 Lúnasa 2022. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

2. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta dá dtagraítear i mír 1, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

3. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

4. Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta agus lena gcleachtas náisiúnta, bearta leormhaithe chun a áirithiú go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach go héifeachtach agus chun an t-idirphlé sóisialta a chur chun cinn agus a fheabhsú d'fhonn an Treoir seo a chur chun feidhme.

5. Féadfaidh na Ballstáit cur chun feidhme na Treorach seo a chur ar iontaoibh na gcomhpháirtithe sóisialta go comhpháirteach, i gcásanna ina n-iarrann na comhpháirtithe sóisialta déanamh amhlaidh agus ar choinníoll go ndéanann na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú gur féidir leo na torthaí atá á lorg faoin Treoir seo a ráthú i gcónaí.

Airteagal 22

Socruithe idirthréimhseacha

Beidh feidhm ag na cearta agus ag na hoibleagáidí atá leagtha amach sa Treoir seo maidir le gach caidreamh fostaíochta faoin 1 Lúnasa 2022. Mar sin féin, ní dhéanfaidh fostóir na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus in Airteagail 6 agus 7 a sholáthar ná a chomhlánú ach ar iarraidh a fháil ó oibrí a bheidh fostaithe cheana ar an dáta sin. I gcás nach ndéanfar iarraidh den sórt sin, ní fhágfaidh sin go ndéanfar oibrithe a eisiamh ó na cearta íosta a bhunaítear faoi Airteagal 8 go 13.

Airteagal 23

Athbhreithniú ag an gCoimisiún

Faoin 1 Lúnasa 2027, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis na gcomhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais agus an tionchar ar mhicrifhiontair, ar fhiontair bheaga agus ar fhiontair mheánmhéide á chur san áireamh aige, cur chun feidhme na Treorach seo a athbhreithniú agus, i gcás inarb iomchuí, leasuithe reachtacha a mholadh.

Airteagal 24

Aisghairm

Déanfar Treoir 91/533/CEE a aisghairm le héifeacht ón 1 Lúnasa 2022. Déanfar tagairtí do na Treoracha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 25***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 26***Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

G. CIAMBA

TREOIR (AE) 2019/1153Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**an 20 Meitheamh 2019****lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 87(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá sé riachtanach úsáid faisnéise airgeadais a éascú chun coireanna tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh.
- (2) Chun an tslándáil a mhéadú, le hionchúiseamh coireanna airgeadais a fheabhsú, sciúradh airgid a chomhrac agus coireanna cánach a chosc sna Ballstáit agus ar fud an Aontais, tá sé riachtanach rochtain níos fearr ar fhaisnéis a thabhairt d'Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais ("AFAnna") agus údaráis phoiblí atá freagrach as coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, chun cur leis an gcumas atá acu imscrúduithe airgeadais a sheoladh agus chun feabhas a chur ar an gcomhar eatarthu.
- (3) De bhun Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), tá an tAontas agus na Ballstáit chun comhoibriú le chéile. Ba cheart dóibh a bheith tiomanta freisin comhoibriú le chéile ar mhodh dílis agus mear.
- (4) Sa teachtaireacht uaidh an 2 Feabhra 2016 maidir le Plean Gníomhaíochta chun an comhrac a neartú in aghaidh mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé iniúchadh ar an bhféidearthacht atá ann ionstraim dlí neamhspleách ar leith a thabhairt isteach chun rochtain níos leithne ar chláranna lárthithe cuntas bainc agus íocaíochta a thabhairt d'údaráis na mBallstát, lena n-áirítear ag údaráis atá inniúil ar chionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, ag Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní, ag údaráis chánach agus ag údaráis frithéillithe. Ina theannta sin, iarradh sa Plean Gníomhaíochta sin freisin go mapálfaí na bacainní atá ann ar fhaisnéis a rochtain, a mhalartú agus a úsáid mar aon leis an gcomhar oibríochtúil idir AFAnna.

⁽¹⁾ IO C 367, 10.10.2018, lch. 84.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 14 Meitheamh 2019.

- (5) Tosaíocht de chuid an Aontais go fóill is ea an choireacht thromchúiseach, lena n-áirítear an chalois airgeadais agus an sciúradh airgid, a chomhrac.
- (6) Ceanglaítear le Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ ar na Ballstáit clárlanna láraithe cuntas bainc nó córais aisghabhála sonraí a chur i bhfeidhm lena gcumasaítear sainaitheint thráthúil na ndaoine a shealbháíonn cuntais bhainc, cuntais fócaíochta agus taisceadán.
- (7) De bhun Threoir (AE) 2015/849, tá an fhaisnéis a choimeádtar sna clárlanna láraithe cuntas bainc sin le bheith inrochtana go díreach ag AFAnna agus ag údaráis náisiúnta atá inniúil ar sciúradh airgid, na cionta preideacáide gaolmhara agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc.
- (8) Rochtain dhíreach láithreach ar an bhfaisnéis a choimeádtar i gclárlanna láraithe cuntas bainc, is minic a bhíonn sí riachtanach chun go n-éireoidh le himscrúdú coiriúil nó chun sócmhainní gaolmhara a shainaithint, a rianú agus a chalcadh go tráthúil ar mhaithe lena gcoigistiú. Is é rochtain dhíreach an cineál is láithrí rochtana ar an bhfaisnéis a choimeádtar i gclárlanna láraithe cuntas bainc. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha a leagan síos sa Treoir seo lena dtugtar rochtain dhíreach ar fhaisnéis a choimeádtar i gclárlanna láraithe cuntas bainc d'údaráis ainmnithe na mBallstát atá inniúil ar chionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. I gcás ina gcuireann Ballstát rochtain ar fáil ar shonraí i dtaca le faisnéis cuntas bainc trí chórais lárnacha leictreonacha aisghabhála sonraí, ba cheart don Bhallstát sin a áirithiú go ndéanfaidh an t-údarás atá ag oibriú na gcórais aisghabhála torthaí cuardaigh a thuairisciú do na húdaráis inniúla ainmnithe ar bhealach láithreach agus neamhscagtha. Níor cheart don Treoir seo difear a dhéanamh do bhealaí chun faisnéis a mhalartú idir na húdaráis inniúla nó na cumhachtaí atá acu chun faisnéis a fháil ó eintitis atá faoi oibleagáid faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. I dtaca le haon rochtain ar fhaisnéis atá i gclárlanna lárnacha ag údaráis náisiúnta Bhallstáit chun críocha eile seachas iad siúd a chumhdaítear leis an Treoir seo nó maidir le cionta coiriúla eile seachas iad siúd a chumhdaítear leis an Treoir seo, ní chuimsítear sin faoina raon feidhme.
- (9) Ós rud é gurb ann i ngach Ballstát do roinnt údarás nó comhlachtaí atá inniúil ar chionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus chun rochtain chomhréireach a áirithiú ar fhaisnéis airgeadais agus faisnéis eile faoin Treoir seo, ba cheart ceangal a chur ar na Ballstáit a ainmniú cé na húdaráis nó na comhlachtaí dá dtugtar cumhacht rochtana ar na clárlanna láraithe cuntas bainc agus atá in ann faisnéis a iarraidh ó AFAnna chun críche na Treorach seo. Agus an Treoir seo á cur chun feidhme acu ba cheart do na Ballstáit cineál, stádas eagraíochtúil, cúraimí agus sainchumais na n-údarás agus na gcomhlachtaí sin a chur san áireamh, mar a bhunaítear lena ndlí náisiúnta, lena n-áirítear sásraí atá ann cheana féin chun na córais airgeadais a chosaint in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta.
- (10) Ba cheart Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní a ainmniú as measc na n-údarás inniúil agus ba cheart rochtain dhíreach a bheith acu ar an bhfaisnéis a choimeádtar i gclárlanna láraithe cuntas bainc le linn dóibh cion coiriúil tromchúiseach ar leith a chosc, a bhrath nó a imscrúdú nó le linn dóibh tacú le himscrúdú coiriúil ar leith, lena n-áirítear sócmhainní a shainaithint, a rianú agus a chalcadh.
- (11) A mhéid atá údaráis chánach agus gníomhaireachtaí frithéillithe inniúil ar chionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh faoin dlí náisiúnta, ba cheart a mheas gur údaráis iad a fhéadfar a ainmniú chun críocha na Treorach seo freisin. Níor cheart imscrúduithe riaracháin, cé is moite díobh sin a reáchtáilann na AFAnna maidir le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath agus a chomhrac go héifeachtach, a chumhdach leis an Treoir seo.

⁽³⁾ Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

- (12) Oibríonn déantóirí cionta coiriúla, go háirithe grúpaí coiriúla agus sceimhlitheoirí, ar fud roinnt Ballstát go minic agus is minic a bhíonn a sócmhainní, cuntais bhainc san áireamh, lonnaithe i mBallstáit eile. Mar gheall ar an ngné thrasteorann a bhaineann le coireanna tromchúiseacha, an sceimhlitheoireacht san áireamh, agus leis na gníomhaíochtaí airgeadais gaolmhara, is minic is gá do na húdaráis inniúla atá i mbun imscrúduithe coiriúla i mBallstáit amháin faisnéis a rochtain ar chuntais bhainc a choimeádar i mBallstáit eile.
- (13) Féadfar an fhaisnéis arna fáil ag na húdaráis inniúla ó na clárlanna láraithe náisiúnta cuntas bainc a mhalartú leis na húdaráis inniúla atá lonnaithe i mBallstát eile, i gcomhréir le Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle ⁽⁴⁾, agus le Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ agus leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí.
- (14) Ba le Treoir (AE) 2015/849 a feabhsaíodh go suntasach creat dlíthiúil an Aontais lena rialaítear gníomhaíocht AFAnna agus an comhar eatarthu, lena n-áirítear an measúnú arna dhéanamh ag an gCoimisiún ar an bhféidearthacht a bhaineann le sásra comhordúcháin agus tacaíochta a bhunú. Ní hionann stádas dlíthiúil AFAnna ar fud na mBallstát amháin stádas riaracháin, nó forfheidhmithe dlí nó stádas measctha. Áirítear leis na cumhachtaí atá ag AFAnna an ceart chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis airgeadais, riaracháin agus forfheidhmithe dlí a theastaíonn uathu chun sciúradh airgid, na cionta preideacáide gaolmhara agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath agus a chomhrac. Ní leagtar síos le dlí an Aontais, áfach, na huirlisí agus na sásraí sonracha uile ar cheart do AFAnna teacht a bheith acu orthu chun gur féidir leo faisnéis den sórt sin a rochtain agus a gcúraimí a chur i gcrích. Ós rud é go bhfuil na Ballstáit lánfhreagrach as cineál eagraíochtúil na AFAnna a bhunú agus a chinneadh, tá méideanna éagsúla rochtana ag AFAnna éagsúla ar bhunachair shonraí rialála, rud a fhágann gur malartú easnamhach a bhíonn sa mhalartú faisnéise idir seirbhísí forfheidhmithe dlí nó seirbhísí ionchúisimh agus AFAnna.
- (15) Chun deimhneacht dhlíthiúil agus éifeachtacht oibríochtúil a mhéadú, ba cheart rialacha a leagan síos sa Treoir seo chun go dtreiseofaíon cumas atá ag na AFAnna faisnéis airgeadais agus anailís airgeadais a chomhroinnt leis na húdaráis inniúla ainmnithe ina mBallstát maidir le gach cion coiriúil tromchúiseach. Chun a bheith níos cruinne, ba cheart ceangal a bheith ar AFAnna obair i gcomhar le húdaráis inniúla ainmnithe a mBallstát agus a bheith in ann freagra a thabhairt, go tráthúil, d'iarrataí réasúnaithe i dtaca le faisnéis airgeadais nó anailís airgeadais a rinne na húdaráis inniúla ainmnithe sin i gcás go bhfuil an fhaisnéis airgeadais nó an anailís airgeadais sin riachtanach, de réir an cháis agus nuair is ábhair inní i dtaca le cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh a spreagann na hiarrataí sin, faoi réir na ndíolúintí dá bhforáiltear in Airteagal 32(5) de Treoir (AE) 2015/849. Níor cheart go gcuirfeadh an ceanglas sin bac ar uathriail na AFAnna faoi Threoir (AE) 2015/849. Go sonrath, i gcás ina dtagann an fhaisnéis arna hiarraidh ó AFA de chuid Bhallstát eile, ba cheart aon srianta nó coinníollacha arna bhforchur ag AFA sin i ndáil le húsáid na faisnéise sin a chomhlíonadh. Ba cheart aon úsáid chun críocha thar a formheasadh ar dtús, a bheith faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón AFA sin. Ba cheart do AFAnna aon diúltú maidir le hiarraidh ar fhaisnéis nó anailís a mhíniú go hiomchuí. Níor cheart don Treoir seo difear a dhéanamh do neamhspleáchas agus uathriail oibríochtúil na AFAnna faoi Threoir (AE) 2015/849, lena n-áirítear uathriail na AFAnna faisnéis a scaipeadh go spontáineach ar a dtionscnamh féin chun críocha na Treorach seo.
- (16) Ba cheart creat dlíthiúil atá sainithe go soiléir a leagan amach sa Treoir seo freisin chun AFAnna a chumasú sonraí ábhartha arna stóráil ag na húdaráis inniúla ainmnithe ina mBallstát a iarraidh chun gur féidir leo sciúradh airgid, na cionta preideacáide gaolmhara agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath agus a chomhrac go héifeachtach.
- (17) Ba cheart do AFAnna iarracht a dhéanamh faisnéis nó anailís airgeadais a mhalartú go pras i gcásanna eisceachtúla agus práinneacha, i gcás go mbaineann faisnéis nó anailís den sórt sin leis an sceimhlitheoireacht nó leis an gcoireacht eagraithe a bhfuil baint aici leis an sceimhlitheoireacht.

⁽⁴⁾ Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir leis an malartú eolais agus faisnéise a shimpliú idir na húdaráis forfheidhmithe dlí, ar údarás de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh iad (IO L 386, 29.12.2006, lch. 89).

⁽⁵⁾ Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach a úsáid in imeachtaí in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1).

- (18) Níor cheart go gcuirfeadh malartú den sórt sin bac ar an ról gníomhach atá ag AFAnna faoi Threoir (AE) 2015/849 in anailís a scaipeadh ar AFAnna eile i gcás ina nochtar san anailís sin fíorais, iompar nó amhras faoi sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta i gcás inarb ábhair spéise ar dhóigh dhíreach iad sin do na AFAnna eile. Cumhdaítear le hanailís airgeadais anailís oibríochtúil ina ndírítear ar chásanna aonair agus spriocanna sonracha nó ar fhaisnéis roghnaithe iomchuí, ag brath ar chineál agus líon na nochtuithe a fuarthas agus úsáid ionchais na faisnéise tar éis í a scaipeadh, mar aon le hanailís straitéiseach ina bhféachtar ar threochtaí agus patrúin i ndáil le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta. Mar sin féin, ba cheart nár dhochar an Treoir seo don stádas agus don ról eagraíochtúil a thugtar do AFAnna faoi dhlí náisiúnta na mBallstát.
- (19) Mar gheall ar a íogaire atá na sonraí airgeadais ar cheart do AFAnna anailís a dhéanamh orthu agus mar gheall ar na coimirce cosanta sonraí a theastaíonn, ba cheart cineál agus raon feidhme na faisnéise a fhéadfar a mhalartú idir AFAnna, idir AFAnna agus na húdaráis inniúla ainmnithe, agus idir údaráis inniúla ainmnithe i mBallstáit éagsúla, a leagan amach go sonracha sa Treoir seo. Níor cheart na modhanna bailithe sonraí atá comhaontaithe faoi láthair a athrú ar aon bhealach leis an Treoir seo. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann a chinneadh, mar sin féin, go leathnófaí raon feidhme na faisnéise airgeadais agus na faisnéise cuntas bainc ar féidir a mhalartú idir na AFAnna agus na húdaráis inniúla ainmnithe. Anuas air sin, ba cheart do na Ballstáit bheith in ann éascú a dhéanamh ar an rochtain atá ag na húdaráis inniúla ainmnithe ar fhaisnéis airgeadais agus faisnéis cuntas bainc d'fhonn cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Níor cheart maolú a dhéanamh leis an Treoir seo ar na rialacha cosanta sonraí is infheidhme.
- (20) Faoi inniúlachtaí agus cúraimí sonracha na Gníomhaireachta i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (“Europol”), arna bunú le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ agus mar a leagtar síos sa Rialachán sin, tacaíonn Europol leis na himscrúduithe trasteorann a dhéanann na Ballstáit ar na gníomhaíochtaí sciúrtha airgid de chuid eagraíochtaí coiriúla trasnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do Europol na Ballstáit a chur ar an eolas maidir le haon fhaisnéis agus naisc idir cionta coiriúla a bhaineann leo. I gcomhréir leis an Rialachán sin, is iad aonaid náisiúnta Europol na comhlachtaí idirchaidrimh idir Europol agus údaráis na mBallstát atá inniúil ar chionta coiriúla a imscrúdú. Chun an fhaisnéis a thabhairt do Europol a theastaíonn uaidh chun a chúraimí a dhéanamh, ba cheart go gceadódh gach Ballstát dá AFA freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis airgeadais agus anailís airgeadais arna ndéanamh ag Europol trí aonad náisiúnta Europol an Bhallstáit sin, nó trí theagmháil dhíreach, nuair is iomchuí. Maidir lena n-aonad náisiúnta Europol agus, nuair is iomchuí, a n-údarás inniúla, ba cheart do na Ballstáit a fhoráil freisin go mbeidh siad i dteideal freagra a thabhairt ar iarrataí arna ndéanamh ag Europol ar fhaisnéis faoi chuntais bhainc. Ba cheart údar iomchuí a bheith le haon iarrataí arna ndéanamh ag Europol. Ba cheart iad a dhéanamh de réir an cháis, laistigh de theorainneacha fhreagrachtaí Europol agus le haghaidh chomhlíonadh a chúraimí. Níor cheart go gcuirfí neamhspleáchas oibríochtúil agus uathriail na AFAnna i mbaol agus ba cheart gur faoi na AFAnna a bheidh sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis nó anailís arna hiarráidh a chur ar fáil. Chun comhar tapa éifeachtach a áirithiú, ba cheart do na AFAnna freagra a thabhairt ar iarrataí ó Europol ar bhealach tráthúil. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794, ba cheart do Europol leanúint leis an gcleachtas reatha agus aiseolas a sholáthar do na Ballstáit faoin úsáid a bhaintear as an bhfaisnéis nó anailís arna soláthar faoin Treoir seo.
- (21) Ba cheart go gcuirfí san áireamh freisin sa Treoir seo an fíric gurb amhlaidh, nuair is iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle ⁽⁷⁾, go gcumhachtaítear na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha de chuid Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh aon fhaisnéis ábhartha a stóráltar i mbunachair shonraí náisiúnta um imscrúdú coiriúil agus forfheidhmiú an dlí a fháil, mar aon leis an bhfaisnéis sin a stóráltar i gcláranna ábhartha eile de chuid údaráis poiblí, lena n-áirítear cláranna lárnaithe cuntas bainc agus córais aisghabhála sonraí, faoi na coinníollacha céanna leo sin a bhfuil feidhm acu faoin dlí náisiúnta i gcásanna den chineál céanna.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe ar Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (“OIPE”) a bhunú (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

- (22) Chun an comhar idir AFAnna a neartú, ba cheart don Choimisiún measúnú tionchair a dhéanamh, go luath amach anseo, ar an bhféidearthacht agus an oiriúnacht a bhaineann le sásra comhordúcháin agus tacaíochta, amhail “AFA de chuid an AE” a bhunú.
- (23) Chun an chothromaíocht iomchuí a bhaint amach idir éifeachtúlacht agus ardleibhéal cosanta sonraí, ba cheart ceangal a chur ar na Ballstáit a áirithiú nár cheart an phróiseáil a dhéanfaí ar fhaisnéis airgeadais íogair lena bhféadfaí sonraí íogaire a bhaineann le cine nó bunadh eitneach duine, a thuairimí polaitiúla, a chreidimh reiligiúnacha nó fhealsúnacha, nó a bhallraíocht i gceardchumann, nó sonraí a bhaineann le sláinte duine nádúrtha, a shaol gnéis nó a ghnéaschlaonadh a nochtadh, nár cheart an phróiseáil sin a cheadú ach amháin ag daoine atá údaraithe go sonrach ina leith agus i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme.
- (24) Leis an Treoir seo, urramaítear cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear le hAirteagal 6 CAE agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart go ndéanfar an saol príobháideach agus saol an teaghligh a urramú, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, an toirmeasc ar idirdhealú, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, toimhde na neamhchiontacht agus cearta na cosanta agus prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis, mar aon leis na cearta bunúsacha agus na prionsabail bhunúsacha dá bhforáiltear sa dlí idirnáisiúnta agus le comhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu nó a bhfuil na Ballstáit uile ina bpáirtí iontu, lena n-áirítear an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, agus i mbunreachtanna na mBallstát, sna réimsí faoi seach dá gcur i bhfeidhm.
- (25) Tá sé riachtanach a áirithiú go n-urramófar go hiomlán an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint le linn sonraí pearsanta a phróiseáil faoin Treoir seo. Tá aon phróiseáil den sórt sin faoi réir Rialachán (AE) 2016/679 ⁽⁸⁾ agus Threoir (AE) 2016/680 ⁽⁹⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle sa raon feidhme faoi seach dá gcur i bhfeidhm. A mhéid a bhaineann sé leis an rochtain atá ag Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní ar chláranna láraithe cuntas bainc agus ar chórais aisghabhála sonraí, tá feidhm ag Treoir (AE) 2016/680, ach níl feidhm ag Airteagal 5(2) de Chinneadh 2007/845/CGB ón gComhairle ⁽¹⁰⁾ maidir. A mhéid a bhaineann le Europol, tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/794 ina leith sin. Le haghaidh cosaint sonraí pearsanta a áirithiú, ba cheart coimircí agus coinníollacha sonracha agus breise a leagan síos sa Treoir seo i ndáil le sásraí arb é is aidhm dóibh próiseáil sonraí íogaire agus próiseáil taifead iarrataí faisnéise a áirithiú.
- (26) Maidir le haon sonraí pearsanta a fhaightear faoin Treoir seo, níor cheart do na húdaráis inniúla iad a phróiseáil i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme ach nuair is gá sin agus nuair is comhréireach sin chun críocha coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh.
- (27) Ina theannta sin, ar mhaithe leis an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint agus an ceart chun príobháideachta a urramú, agus ar mhaithe le srian a chur le tionchar na rochtana ar an bhfaisnéis atá i gcláranna láraithe cuntas bainc agus i gcórais aisghabhála sonraí, tá sé riachtanach foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha lena gcuirtear srian leis an rochtain sin. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh feidhm ag beartais iomchuí chosanta sonraí agus ag bearta iomchuí cosanta sonraí maidir leis an rochtain ar shonraí pearsanta ag na húdaráis inniúla chun críocha na Treorach seo. Is ag comhaltaí foirne údaraithe amháin a bheidh rochtain ar fhaisnéis ina bhfuil sonraí pearsanta is féidir a fháil ó na cláranna láraithe cuntas bainc nó trí phróisis fíordheimhniúcháin. Ba cheart do na bail foirne sin ar deonaíodh rochtain dóibh ar shonraí íogaire den sórt seo, oiliúint a fháil i dtaca leis na cleachtais slándála maidir leis na sonraí a mhalartú agus a láimhseáil.

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

⁽⁹⁾ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

⁽¹⁰⁾ Cinneadh Réime 2007/845/CGB an 6 Nollaig 2007 maidir le comhar idir Oifigí Gnóthaithe Sócmhainní na mBallstát i dtaca le fálta nó réadmhaoine eile a bhaineann le coireacht a rianú agus a aithint (IO L 332, 18.12.2007, lch. 103).

- (28) Níor cheart aistriú sonraí airgeadais chuig tríú tíortha agus chuig comhpháirtithe idirnáisiúnta chun críocha na Treorach seo a cheadú ach amháin faoi na coinníollacha a leagtar síos i gCaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679 nó i gCaibidil V de Threoir (AE) 2016/680.
- (29) Ba cheart don Choimisiún tuairisc a thabhairt ar chur chun feidhme na Treorach seo 3 bliana tar éis a dáta trasúil agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin. I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ⁽¹¹⁾, ba cheart don Choimisiún freisin meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir seo ar bhonn na faisnéise arna bailiú trí shocruithe faireacháin sonracha chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí iarbhrí na Treorach agus ar an ngá atá ann le haon ghníomhaíocht eile.
- (30) Is é is aidhm don Treoir seo a áirithiú go nglacfar rialacha chun leibhéal níos airde slándála a thabhairt do shaoránaigh an Aontais tríd an gcoireacht a chosc agus a chomhrac, de bhun Airteagal 67 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). De bharr a gcineáil thrasnáisiúnta, is ar an Aontas ina iomláine a théann na bagairtí sceimhlitheoireachta agus coiriúla i bhfeidhm agus, dá bhrí sin, teastaíonn freagairt uile-Aontais dóibh. Tá seans ann go ndéanadh coirpigh dúshaothrú ar an easpa úsáide éifeachtúla a bhaintear as faisnéis cuntas bainc agus faisnéis airgeadais i mBallstát agus go mbainfidh siad tairbhe as sin, agus is féidir leis an méid sin iarmhairtí a bheith aige ar Bhallstát eile.
- (31) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon feabhas a chur ar an rochtain ar fhaisnéis atá ag AFAnna agus ag údaráis phoiblí atá freagrach as coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, feabhas a chur ar a gcumas imscrúduithe airgeadais a chur i gcríoch agus comhar eatarthu a fheabhsú, a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (32) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme i ndáil le húdarú Ballstát chun comhaontuithe a chur i bhfeidhm go sealadach nó a thabhairt i gcrích le tríú tíortha atá ina bpáirtithe conarthacha den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme Chaibidil II den Treoir seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾.
- (33) Ba cheart Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle a aisghairm toisc go rialáiltear ábhar an Chinnidh sin le gníomhartha eile ón Aontas agus nach bhfuil sé ag teastáil a thuilleadh.
- (34) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe agus ag Éirinn gur mian leo bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.
- (35) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.
- (36) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾ agus thug sé tuairim an 10 Meán Fómhair 2018,

⁽¹¹⁾ Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

⁽¹²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

⁽¹³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

1. Leagtar síos leis an Treoir seo bearta arb é is aidhm dóibh éascú a dhéanamh ar an rochtain agus ar an úsáid atá ag na húdaráis inniúla ar fhaisnéis airgeadais agus faisnéis cuntas bainc d'fhonn cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Leagtar síos léi freisin bearta arb é is aidhm dóibh éascú a dhéanamh ar an rochtain atá ag Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais ("AFAnna") ar fhaisnéis forfheidhmithe dlí le haghaidh sciúradh airgid, cionta preideacáide gaolmhara agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac agus bearta chun an comhar idir AFAnna a éascú.
2. Ní dochar an Treoir seo do na nithe seo a leanas:
 - (a) Treoir (AE) 2015/849 agus forálacha gaolmhara an dlí náisiúnta, lena n-áirítear an stádas eagraíochtúil a thugtar do AFAnna faoin dlí náisiúnta mar aon le neamhspleáchas oibríochtúil agus uathriail na nAonad sin;
 - (b) bealaí chun faisnéis a mhalartú idir na húdaráis inniúla nó cumhachtaí na n-údarás inniúil faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta chun faisnéis a fháil ó eintitis atá faoi oibleagáid;
 - (c) Rialachán (AE) 2016/794;
 - (d) na hoibleagáidí a eascraíonn as ionstraimí de chuid an Aontais ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach nó maidir le haitheantas frithpháirteach cinntí i dtaca le hábhair choiriúla agus as Cinneadh Réime 2006/960/JHA.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn "clárlanna láraithe cuntas bainc" na sásraí láraithe uathoibríthe, amhail clárlanna lárnaí nó córais lárnaí leictreonacha aisghabhála sonraí, arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 32a(1) de Threoir (AE) 2015/849;
- (2) ciallaíonn "Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní" na hoifigí náisiúnta arna gcur ar bun nó arna n-ainmniú ag gach Ballstát de bhun Chinneadh 2007/845/CGB;
- (3) ciallaíonn "Aonad um Fhaisnéis Airgeadais ('AFA') AFA arna bhunú de bhun Airteagal 32 de Threoir (AE) 2015/849;
- (4) ciallaíonn "eintitis atá faoi oibleagáid" na heintitis a leagtar amach in Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2015/849;
- (5) ciallaíonn "faisnéis airgeadais" aon chineál faisnéise nó sonraí, amhail sonraí maidir le sócmhainní airgeadais, gluaiseachtaí cistí nó gaolmhaireachtaí gnó airgeadais, a choimeádann AFAnna cheana féin chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath agus a chomhrac go héifeachtach;

(6) ciallaíonn “faisnéis forfheidhmithe dlí”:

- (i) aon chineál faisnéise nó sonraí a choimeádann na húdaráis inniúla cheana féin i dtaca le cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh;
- (ii) aon chineál faisnéise nó sonraí a choimeádann na húdaráis phoiblí nó eintitis phríobháideacha i gcomhthéacs cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus atá ar fáil do na húdaráis inniúla gan bearta comhéigneacha a dhéanamh faoin dlí náisiúnta;

féadfar a áireamh san fhaisnéis sin, *inter alia*, taifid choiriúla, faisnéis i ndáil le himscrúduithe, faisnéis i ndáil le calcadh nó urghabháil sócmhainní nó i ndáil le bearta imscrúdaitheacha nó sealadacha eile agus faisnéis maidir le ciontuithé agus coigistithe;

(7) ciallaíonn “faisnéis cuntas bainc” an fhaisnéis seo a leanas maidir le cuntais bhainc agus cuntais íocaíochta agus taisceadáin atá sna clárlanna lárithé cuntas bainc:

- (i) maidir le sealbhóir an chuntais custaiméara agus aon duine a bheartaíonn a bheith ag gníomhú thar ceann an chustaiméara: an t-ainm, arna chomhlánú leis na sonraí aitheantais eile a cheanglaítear faoi na forálacha náisiúnta lena dtrasúitear pointe (a) d’Airteagal 13(1) de Threoir (AE) 2015/849 nó le huimhir aitheantais uathúil;
- (ii) maidir le húnéir tairbhiúil shealbhóir an chuntais custaiméara: an t-ainm, arna chomhlánú leis na sonraí aitheantais eile a cheanglaítear faoi na forálacha náisiúnta lena dtrasúitear i bpointe (b) d’Airteagal 13(1) de Threoir (AE) 2015/849 nó le huimhir aitheantais uathúil;
- (iii) maidir leis an gcuntas bainc nó an cuntas íocaíochta: an uimhir IBAN agus an dáta a osclaíodh agus a dúnadh an cuntas;
- (iv) maidir leis an taisceadáin: ainm an léasaí, arna chomhlánú leis na sonraí aitheantais eile a cheanglaítear faoi na forálacha náisiúnta lena dtrasúitear Airteagal 13(1) de Threoir (AE) 2015/849 nó le huimhir aitheantais uathúil, agus fad na tréimhse léasa;

(8) ciallaíonn “sciúradh airgid” an t-iompar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾;

(9) ciallaíonn “cionta preideacáide gaolmhara” na cionta dá dtagraítear i bpointe (1) d’Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/1673;

(10) ciallaíonn “maoiniú na sceimhlitheoireachta” an t-iompar a shainmhínítear in Airteagal 11 de Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁵⁾;

(11) ciallaíonn “anailís airgeadais” torthaí na hanailíse oibríochtúla agus straitéisí arna déanamh cheana féin ag AFAnna chun a gcúraimí de bhun Threoir (AE) 2015/849 a chomhlíonadh;

(12) ciallaíonn “cionta coiriúla tromchúiseacha” na sagsanna coireachta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/794.

⁽¹⁴⁾ Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil (IO L 284, 12.11.2018, lch. 22).

⁽¹⁵⁾ Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

*Airteagal 3***Údaráis inniúla a ainmniú**

1. Ainmneoidh gach Ballstát, as measc a chuid údarás atá inniúil ar chionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, na húdaráis inniúla a bhfuil an chumhacht tugtha dóibh a chlárann láraithe náisiúnta cuntas bainc a rochtain agus a chuardach. Áireofar ar na húdaráis inniúla sin, ar a laghad, na hOifigí um Aisghabháil Sócmhainní.
2. Ainmneoidh gach Ballstát, as measc a chuid údarás atá inniúil ar chionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, na húdaráis inniúla ar féidir leo faisnéis airgeadais nó anailís airgeadais a iarraidh nó a fháil ón AFA.
3. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún faoina údaráis inniúla ainmnithe de bhun mhír 1 agus mír 2 faoin 2 Nollaig 2021, agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi aon leasú ina leith. Foilseoidh an Coimisiún na fógraí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

CAIBIDIL II

ROCHTAIN AG ÚDARÁIS INNIÚLA AR FHAINSNÉIS CUNTAS BAINC*Airteagal 4***Rochtain agus cuardaigh ag údaráis inniúla ar fhaisnéis cuntas bainc**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ag na húdaráis inniúla náisiúnta arna n-ainmniú de bhun Airteagal 3(1) an chumhacht chun faisnéis cuntas bainc a rochtain agus a chuardach, go díreach agus go láithreach, nuair is gá dóibh déanamh amhlaidh chun cion coiriúil tromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh nó chun tacú le himscrúdú coiriúil ar chion coiriúil tromchúiseach, lena n-áirítear na sócmhainní a bhaineann le himscrúdú den sórt sin a shainaithe, a rianú agus a chalcadh. Measfar an rochtain agus na cuardaigh a bheith díreach agus láithreach, *inter alia*, i gcás ina dtarchuireann na húdaráis náisiúnta a oibríonn na clárlanna láraithe cuntas bainc an fhaisnéis cuntas bainc chuig údaráis inniúla go mear trí shásra uathoibríthe, ar choinníoll nach mbeidh aon institiúid idirmheánach ábalta cur isteach ar na sonraí a iarraidh ná ar an bhfaisnéis atá le cur ar fáil.
2. An fhaisnéis bhreise a mheasann na Ballstáit a bheith riachtanach agus a chuireann siad ar áireamh sna clárlanna láraithe cuntas bainc de bhun Airteagal 32a(4) de Threoir (AE) 2015/849, ní bheidh sí inrochtana ná inchuardaithe ag údaráis inniúla de bhun na Treorach seo.

*Airteagal 5***Coinníollacha don rochtain agus do na cuardaigh ag údaráis inniúla**

1. Baill foirne gach údarás inniúil ar ainmníodh agus ar údaraíodh go sonrath iad chun faisnéis cuntas bainc a rochtain agus a chuardach i gcomhréir le hAirteagal 4, is iad na daoine sin amháin a chomhlíonfaidh na cúraimí sin agus déanfaidh siad amhlaidh ar bhonn cáis.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneoidh foirne na n-údarás inniúil ainmnithe ardchaighdeáin maidir le rúndacht agus le cosaint sonraí, go mbeidh ardleibhéal ionracais acu agus go mbeidh na scileanna iomchuí acu.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil bearta teicniúla agus eagraíochtúla ar bun lena n-áirithítear slándáil na sonraí ar ardchaighdeáin teicneolaíochta chun críche feidhmiú na gcumhachtaí ag údaráis inniúla le rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le cuntais bainc i gcomhréir le hAirteagal 4 agus maidir leis an bhfaisnéis sin a chuardach.

*Airteagal 6***Faireachán a dhéanamh ar rochtain agus ar chuardaigh ag údaráis inniúla**

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil go n-áiritheoidh na húdaráis a oibríonn na clárlanna láraithe cuntas bainc go ndéanfar logaí a choinneáil gach uair a dhéanann údaráis inniúla ainmnithe faisnéis cuntas bainc a rochtain agus a chuardach. Áireofar an méid seo a leanas go háirithe leis na logaí:

- (a) an tagairt comhaid náisiúnta;
- (b) dáta agus am an fhiosraithe nó an chuardaigh;
- (c) an cineál sonraí a úsáideadh chun an fiosrú nó an cuardach a sheoladh;
- (d) sainaitheantóir uathúil na dtorthaí;
- (e) ainm an údaráis inniúil ainmnithe a bhreathnaigh ar an gclárlann;
- (f) sainaitheantóir uathúil úsáideora an oifigigh a rinne an fiosrú nó an cuardach agus, i gcás inarb infheidhme, an oifigigh a d'ordaigh an fiosrú nó an cuardach agus, a mhéid is féidir, sainaitheantóir uathúil úsáideora fhaighteoir na dtorthaí nó an fhiosraithe nó an chuardaigh.

2. Déanfaidh oifigigh cosanta sonraí na gclárlann láraithe cuntas bainc na logaí a sheiceáil go rialta. Cuirfear na logaí ar fáil, arna iarraidh sin, don údarás maoirseachta inniúil arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 41 de Threoir (AE) 2016/680.

3. Ní úsáidfeadh na logaí ach amháin chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear inghlacthacht na hiarrata agus dlíthiúlacht na próiseála sonraí a sheiceáil, agus chun slándáil sonraí a áirithiú. Cosnófar na logaí trí bhearta iomchuí a dhéanamh in aghaidh rochtain neamhúdaraithe agus léirsciosfar iad 5 bliana tar éis a gcruthaithe, ach amháin i gcás ina mbeidh siad ag teastáil le haghaidh faireachán a dhéanamh ar nósanna imeachta atá ar siúl.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis a oibreoidh na clárlanna láraithe cuntas bainc bearta iomchuí a ghlacadh ionas go mbeidh na baill foirne ar an eolas faoin dlí Aontais agus faoin dlí náisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear na rialacha cosanta sonraí is infheidhme. Áireofar ar na bearta sin cláir oiliúna speisialaithe.

CAIBIDIL III

MALARTÚ FAISNÉISE IDIR ÚDARÁIS INNIÚLA AGUS AFAnna AGUS IDIR AFAnna*Airteagal 7***Iarrataí ar fhaisnéis arna ndéanamh ag údaráis inniúla chuig AFA**

1. Faoi réir coimircí nós imeachta náisiúnta, áiritheoidh gach Ballstát go gceanglófar ar a AFA dul i gcomhar lena údaráis inniúla ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 3(2) agus a bheith in ann freagra a thabhairt, go tráthúil, ar iarrataí réasúnaithe ar fhaisnéis airgeadais nó anailís airgeadais arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla ainmnithe sin ina mBallstát faoi seach, i gcás ina mbeidh an fhaisnéis airgeadais nó an anailís airgeadais sin riachtanach, ar bhonn cáis agus i gcás inarb é is bun leis an iarraidh sin ábhair imní a bhaineann le cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh.

2. I gcás ina mbeidh forais oibiachtúla chun glacadh leis go mbeadh tionchar diúltach ag soláthar na faisnéise sin ar imscrúduithe nó anailísí leanúnacha, nó, i gcúinsí eisceachtúla, i gcás ina mbeadh nochtadh na faisnéise ar neamhréir go soiléir le leasanna dlisteanacha duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh nó neamhábhartha maidir leis na críocha dár iarradh é, ní bheidh aon oibleagáid ar an AFA an iarraidh ar fhaisnéis a chomhlíonadh.

3. Déanfar aon úsáid chun críocha thar a formheasadh ar dtús, a chur faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón AFA sin. Míneoidh AFAnna go hiomchuí aon diúltú maidir le hiarraidh ar fhaisnéis a rinneadh faoi mhír 1.

4. Is faoin AFA i gcónaí an cinneadh maidir le scaipeadh faisnéise a dhéanamh.

5. Féadfaidh na húdaráis inniúla ainmnithe an fhaisnéis airgeadais agus an anailís airgeadais a fhaightear ón AFA a phróiseáil chun na gríoch sonrach arb iad cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh seachas na críocha ar chucu a bhailítear sonraí pearsanta i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Threoir (AE) 2016/680.

Airteagal 8

Iarrataí ar fhaisnéis arna ndéanamh ag AFA chuig údaráis inniúla

Faoi réir coimircí nós imeachta náisiúnta agus i dteannta na rochtana ar fhaisnéis ag AFAnna, dá bhforáiltear in Airteagal 32(4) de Threoir (AE) 2015/849, áiritheoidh gach Ballstát go gceanglófar ar a údaráis inniúla ainmnithe freagra a thabhairt, ar bhealach tráthúil, ar iarrataí ar fhaisnéis forfheidhmithe dlí arna ndéanamh ag AFA i gcás ina mbeidh an fhaisnéis sin riachtanach, ar bhonn cáis, chun sciúradh airgid, cionta preideacáide gaolmhara agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath agus a chomhrac.

Airteagal 9

Malartú faisnéise idir AFAnna de chuid Ballstát éagsúil

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcásanna eisceachtúla práinneacha, go bhfuil a AFAnna i dteideal faisnéis airgeadais nó anailís airgeadais a mhalartú a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le próiseáil nó anailísí faisnéise a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht nó leis an gcoireacht eagraithe a bhfuil baint aici leis an sceimhlitheoireacht.

2. Áiritheoidh na Ballstáit sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 agus faoi réir a gcuid srianta oibríochtúla, go bhféachann AFAnna leis an bhfaisnéis sin a mhalartú go pras.

Airteagal 10

Malartú faisnéise idir údaráis inniúla Ballstát éagsúil

1. Faoi réir coimircí nós imeachta náisiúnta, áiritheoidh gach Ballstát go bhfuil a údaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 3(2) in ann faisnéis airgeadais nó anailís airgeadais a mhalartú, arna iarraidh sin dó agus ar bhonn cáis, a fuarthas ó AFA a Bhallstáit, le húdaráis inniúla ainmnithe i mBallstát eile, i gcás ina mbeidh an fhaisnéis airgeadais nó an anailís airgeadais sin riachtanach chun sciúradh airgid, cionta preideacáide gaolmhara agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath agus a chomhrac.

Déanfaidh gach Ballstát a áirithiú nach mbainfidh a n-údaráis inniúla ainmnithe úsáid as an bhfaisnéis airgeadais ná as an anailís airgeadais a mhalartaítear de bhun an Airteagail seo ach chun na críche ar iarradh nó ar soláthraíodh í.

Déanfaidh gach Ballstát a áirithiú go mbeidh aon scaipeadh faisnéise airgeadais nó anailíse airgeadais a fuair na húdaráis inniúla ainmnithe ó AFA an Bhallstáit sin ar aon údarás, gníomhaireacht nó roinn eile nó aon úsáid eile den fhaisnéis sin chun críocha thar a formheasadh ar dtús, faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón AFA a sholáthraíonn an fhaisnéis.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéantar iarraidh arna déanamh de bhun an Airteagail seo agus an freagra ar an iarraidh sin a tharchur agus úsáid a bhaint as tiomnaithe slán cumarsáide leictreonaí lena n-áirithítear ardleibhéal slándála sonraí.

CAIBIDIL IV

MALARTÚ FAISNÉISE LE EUROPOL

Airteagal 11

Faisnéis cuntas bainc a sholáthar do Europol

Áiritheoidh gach Ballstát go bhfuil a údarás inniúla i dteideal freagra a thabhairt, trí Aonad Náisiúnta Europol nó, má cheadaíonn an Ballstát sin é, trí theagmháil dhíreach le Europol, ar iarrataí a bhfuil údar iomchuí leo a bhaineann le faisnéis cuntas bainc arna ndéanamh ag Europol ar bhonn cáis laistigh de theorainneacha a fhreagrachtaí agus chun a chúraimí a chomhlíonadh. Beidh feidhm ag Airteagal 7(6) agus (7) de Rialachán (AE) 2016/794.

Airteagal 12

Malartú faisnéise idir Europol agus AFAnna

1. Áiritheoidh gach Ballstát go bhfuil a AFA i dteideal freagra a thabhairt ar iarrataí a bhfuil údar iomchuí leo arna ndéanamh ag Europol trí Aonad Náisiúnta Europol, má cheadaíonn an Ballstát é, nó trí theagmháil dhíreach idir an AFA agus Europol. Beidh baint ag iarrataí den sórt sin le faisnéis airgeadais agus anailís airgeadais agus déanfar iad ar bhonn cáis laistigh de theorainneacha fhreagrachtaí Europol chun a chúraimí a chomhlíonadh.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 32(5) de Threoir (AE) 2015/849 agus Airteagal 7(6) agus (7) de Rialachán (AE) 2016/794 maidir leis na malartuithe a dhéantar de bhun an Airteagail seo.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar aon mhainneachtain iarraidh a chomhlíonadh a mhíniú go hiomchuí.

Airteagal 13

Socrúithe mionsonraithe maidir le malartú faisnéise

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na malartuithe faisnéise go leictreonach de bhun Airteagail 11 agus 12 den Treoir seo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794 trí na nithe seo a leanas:

(a) SIENA nó trína chomharba, sa teanga is infheidhme maidir le SIENA; nó

(b) i gcás inarb infheidhme, trí FIU.Net nó trína chomharba.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar malartú faisnéise faoi Airteagal 12 go tráthúil agus i ndáil leis sin go gcaithfear le hiarrataí ar fhaisnéis arna ndéanamh ag Europol amhail agus gur tháinig siad ó AFA eile.

*Airteagal 14***Ceanglais cosanta sonraí**

1. Na baill foirne laistigh de Europol ar ainmníodh agus ar údaraíodh go sonrach iad chun próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta a bhaineann le faisnéis cuntas bainc, faisnéis airgeadais agus anailís airgeadais dá dtagraítear in Airteagail 11 agus 12 den Treoir seo, is iad na baill foirne sin amháin a chomhlíonfaidh na cúraimí sin i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/794.

2. Cuirfidh Europol an t-oifigeach cosanta sonraí arna cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 41 de Rialachán (AE) 2016/794 ar an eolas faoi gach malartú faisnéise de bhun Airteagail 11, 12 agus 13 den Treoir seo.

CAIBIDIL V

FORÁLACHA BREISE A BHAINNEANN LE PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA*Airteagal 15***Raon Feidhme**

Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le húdaráis inniúla ainmnithe agus AFAnna ach amháin maidir le malartú faisnéise de bhun Chaibidil III agus i ndáil le faisnéis airgeadais agus anailís airgeadais a bhaineann le haonaid náisiúnta Europol a mhalartú de bhun Chaibidil IV.

*Airteagal 16***Sonraí pearsanta íogaire a phróiseáil**

1. Ní cheadófar próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta lena nochtar bunadh cine nó eitneach duine, a thuairimí polaitiúla, a chreidimh reiligiúnacha nó fealsúnachta, ná ar shonraí a bhaineann lena bhallaíocht i gceardchumann nó sonraí a bhaineann le sláinte, saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha ach amháin faoi réir coimirce íomchuí maidir le cearta agus saoirsí an ábhair sonraí i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme.

2. Baill foirne sainoilte a bheidh údaraithe go sonrach ag an rialaitheoir déanamh amhlaidh, is iad na haon daoine sin a fhéadfaidh na sonraí dá dtagraítear i mír 1 a rochtain agus a phróiseáil faoi threoir an oifigigh chosanta sonraí.

*Airteagal 17***Taifid ar iarrataí faisnéise**

Áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneofar taifid a bhaineann le hiarrataí ar fhaisnéis de bhun na Treorach seo. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sna taifid sin:

- (a) ainm agus sonraí teagmhála na heagraíochta agus an bhaill foirne a d'iarr an fhaisnéis agus, a mhéid is féidir, faighteoir thorthaí an fhiosraithe nó an chuardaigh;
- (b) an tagairt don chás náisiúnta ar ina leith a iarradh an fhaisnéis;
- (c) ábhar na n-iarrataí; agus
- (d) aon bhearta a rinneadh chun na hiarrataí sin a chur i gcrích.

Coinneofar na taifid ar feadh tréimhse 5 bliana tar éis a gcruthaithe agus ní úsáidfeadh iad ach amháin chun dlíthiúlacht na próiseála sonraí pearsanta a sheiceáil. Cuirfidh na húdaráis lena mbaineann gach taifead ar fáil don údaráis maoirseachta náisiúnta arna iarraidh sin dó.

*Airteagal 18***Srianta ar chearta na n-ábhar sonraí**

Féadfaidh na Ballstáit bearta reachtacha a ghlacadh lena gcuirfear srian, go hiomlán nó go páirteach, ar cheart ábhar sonraí chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta a bhaineann leo a phróiseáil faoin Treoir seo i gcomhréir le hAirteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2016/679 nó le hAirteagal 15(1) de Threoir (AE) 2016/680, de réir mar is infheidhme.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*Airteagal 19***Faireachán**

1. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar a éifeachtaí atá a gcórais chun cionta coiriúla tromchúiseacha a chomhrac trí staitisticí cuimsitheacha a choinneáil.
2. Faoin 1 Feabhra 2020, bunóidh an Coimisiún clár mionsonraithe chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, torthaí agus tionchar na Treorach seo.

Leagfar amach sa chlár sin na modhanna trína mbaileofar na sonraí agus fianaise riachtanach eile agus na heatraimh ag a ndéanfar amhlaidh. Sonrófar ann an ghníomhaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit le linn dóibh na sonraí agus fianaise eile a bhailiú agus a anailísiú.

Soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún na sonraí agus fianaise eile atá riachtanach le haghaidh an fhaireacháin.

3. In aon chás, áireofar an fhaisnéis seo a leanas leis na staitisticí dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) an líon cuardach a rinne údarás inniúla ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 4;
 - (b) sonraí lena dtomhaistear an líon iarrataí a d'eisigh gach údarás faoin Treoir seo, an ghníomhaíocht a rinneadh de bhun na n-iarrataí sin, an líon cásanna a imscrúdaíodh agus an líon daoine a ionchúisíodh, an líon daoine a ciontaíodh i gcionta coiriúla tromchúiseacha, i gcás ina bhfuil faisnéis den sórt sin ar fáil;
 - (c) sonraí lena dtomhaistear an t-am a thógann sé ar údarás freagra a thabhairt ar iarraidh tar éis an iarraidh a fháil;
 - (d) má tá siad ar fáil, sonraí lena dtomhaistear costas na n-acmhainní daonna nó na n-acmhainní teicneolaíochta faisnéise atá dírithe ar iarrataí intíre agus trasteorann a thagann faoin Treoir seo.
4. Eagróidh na Ballstáit táirgeadh agus bailiú na staitisticí agus cuirfidh siad na staitisticí dá dtagraítear i mír 3 faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn bliantúil.

*Airteagal 20***An gaol le hionstraimí eile**

1. Ní chuirfear bac ar na Ballstáit, leis an Treoir seo, comhaontuithe nó socrúithe déthaobhacha nó iltaobhacha nó socrúithe eatarthu féin maidir leis an malartú faisnéise idir údarás inniúla a choimeád nó a thabhairt i gcrích, a mhéid atá comhaontuithe nó socrúithe den sórt sin ag teacht le dlí an Aontais, leis an Treoir seo go mór mór.

2. Ní dochar an Treoir seo d'aon oibleagáidí atá ar Bhallstáit nó ar an Aontas faoi chomhaontuithe déthaobhacha nó ilthaobhacha atá ann le trídís tíortha ná ar aon cheangaltais atá ar na Ballstáit nó ar an Aontas fúthu.

3. Gan dochar do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit, i gcomhréir le dlí an Aontais, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún go bhfuil rún acu dul i mbun caibidlíochta faoi chomhaontuithe idir na Ballstáit agus trídís tíortha, ar páirtithe conarthacha sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme Chaibidil II na Treorach seo, agus iad a thabhairt i gcrích,

Más rud é, laistigh de 2 mhí tar éis dó fógra a fháil go bhfuil rún ag Ballstát dul i mbun caibidlíochta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, go dtagann an Coimisiún ar an tatal gur dócha go mbainfeadh an chaibidlíocht an bonn de bheartais ábhartha an Aontais nó go dtiocfadh comhaontú as nach luíonn le dlí an Aontais, cuirfidh sé an Ballstát ar an eolas dá réir.

Coinneoidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas go rialta faoi aon chaibidlíocht den sórt sin agus, i gcás inarb infheidhme, iarrfaidh siad ar an gCoimisiún a bheith rannpháirteach mar bhreathnóir.

Údarófar dó na Ballstáit comhaontuithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur i bhfeidhm go sealadach nó a thabhairt i gcrích, ar choinníoll iad a bheith i gcomhréir le dlí an Aontais, agus nach ndéantar díobháil do chuspóir agus críoch bheartais ábhartha an Aontais. Glacfaidh an Coimisiún cinntí den sórt sin maidir le húdará trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 22.

Airteagal 21

Meastóireacht

1. Faoin 2 Lúnasa 2024, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, dréachtóidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme na Treorach seo agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í. Cuirfear an tuarascáil ar fáil don phobal.

2. I gcomhréir le hAirteagal 65(2) de Threoir (AE) 2015/849, déanfaidh an Coimisiún na bacainní agus na deiseanna a mheas ar mhaithe leis an comhar idir na AFAnna san Aontas a fheabhsú, lena n-áirítear an fhéidearthacht a bhaineann le sásra comhordúcháin agus tacaíochta a bhunú agus a iomchuí a bheidh sé sin.

3. Faoin 2 Lúnasa 2024, eiseoidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle chun a riachtanaí agus a chomhréirí atá sé cur leis an sainmhíniú ar fhaisnéis le go gcuimseofaí aon chineál faisnéise nó sonraí atá i seilbh údaráis phoiblí nó eintitis atá faoi oibleagáid agus atá ar fáil d'AFAnna gan bearta comhéigneacha a dhéanamh faoin dlí náisiúnta, agus déanfaidh sé togra reachtach a thíolacadh i gcás inarb iomchuí.

4. Faoin 2 Lúnasa 2024, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le malartú faisnéis airgeadais nó anailís airgeadais idir AFAnna laistigh den Aontas a leathnú le go gcuimseofaí malartuithe a bhaineann le cionta coiriúla tromchúiseacha seachas an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht.

5. Tráth nach luaithe ná 2 Lúnasa 2027, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Áireofar leis an tuarascáil freisin meastóireacht ar an dóigh ar urramaíodh na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

6. Chun críocha mhíreanna 1 go 4 den Airteagal seo, soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún an fhaisnéis atá riachtanach. Tabharfaidh an Coimisiún aird ar na staitisticí arna gcur isteach ag na Ballstáit faoi Airteagal 19 agus féadfaidh sé faisnéis bhreise a iarraidh ó na Ballstáit agus ó údaráis mhaoirseachta.

*Airteagal 22***Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 23***Trasú**

Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a thabhairt i bhfeidhm faoin 1 Lúnasa 2021. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas maidir an méid sin láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a dhéanfaidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh a leagan síos.

Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhforálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 24***Aisghairm Chinneadh 2000/642/CGB**

Déantar Cinneadh 2000/642/CGB a aisghairm le héifeacht ón 1 Lúnasa 2021..

*Airteagal 25***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 26***Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna déanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. CIAMBA

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
L-2985, Lúcsamburg
LÚCSAMBURG

